Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil ar

# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020

Meán Fómhair 2021

© Faoi Chóipcheart an Rialtais

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2020

Ceanglaítear le hAirteagal 33(4) de Bhunreacht na hÉireann orm tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar thráthanna sonraithe mar a chinntear le dlí. Is le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, a sholáthraítear an príomhbhonn maidir le tuairisciú den sórt sin.

### *Forálacha tuairiscithe reachtúla*

Ceanglaítear le halt 3(10) d'Acht 1993 orm tuarascáil i scríbhinn a ullmhú gach bliain, rud a chuimseoidh

- aon nithe a measaim go bhfuil sé cuí iad a thuairisciú de bhun m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag Oifigigh Chuntasaíochta na ranna agus na n-oifigí rialtais i ndáil leis na leithreasaí arna vótáil ag Dáil Éireann don bhliain airgeadais roimhe sin
- aon nithe a measaim go bhfuil sé cuí iad a thuairisciú de bhun mo scrúduithe ar na rialuithe inmheánacha cuntasaíochta arna bhfeidhmiú ag ranna agus oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe seo) chun rialtacht a n-idirbheart airgeadais, cruinneas a gcuid íocaíochtaí agus fáltais, iontaofacht agus iomláine a gcuid taifead cuntasaíochta agus cosaint na sócmhainní atá faoi úinéireacht agus atá á rialú acu a chinntiú
- torthaí na scrúduithe a rinne mé ar chuntais ioncam an Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus ar na cuntais de chuid cibé daoine eile a fhaigheann airgead is iníoctha isteach sa Státchiste le dlí – áirítear leis na scrúduithe sin measúnú ar cibé an bhfuil na cuntais iomlán agus cruinn, agus cibé an bhfuil na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais atá bunaithe agus curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus dáileadh cuí an ioncaim.

Ceanglaítear orm le reachtanna eile tuarascálacha a ullmhú agus a thíolacadh Dháil Éireann maidir le nithe sonracha áirithe in éineacht le mo thuarascáil faoi alt 3(10).

Foráiltear le halt 11 d'Acht 1993 ar leithligh go n-ullmhóidh mé tuarascálacha speisialta áirithe.

### *Cur i láthair na tuarascála seo*

Is í seo mo thuarascáil faoi alt 3(10) d'Acht 1993 a bhaineann leis an mbliain airgeadais 2020. Tá an tuarascáil leagtha amach i gceithre chuid agus baineann siad leis na nithe seo a leanas

- Príomhchiste an Rialtais
- caiteachas vótáilte in 2020
- scrúduithe ar fháltais Stáit
- tuarascálacha ar nithe eile, lena n-áirítear tuarascálacha reachtúla maidir leis na hiniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn faisnéise iniúchta, nuair a bhí sí ar fáil, agus faisnéis, cáipéisí agus míniúcháin eile a fuarthas ó na ranna agus ó na hoifigí rialtais ábhartha. Cuireadh dréachtaí de na codanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus na hoifigí lena mbaineann siad agus iarradh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt. Nuair ba chuí, ionchorpraíodh na tuairimí sin sa leagan deireanach den tuarascáil.

Déileáiltear sa tuarascáil le cuntasacht na ranna agus na n-oifigí maidir leis an gcaoi ar riar siad cistí poiblí. Ba cheart tagairtí do thríú páirtithe a léamh sa chomhthéacs sin amháin.

Tíolacaim leis seo mo thuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 do Dháil Éireann de réir alt 3(11) d'Acht 1993.

### *Cur i láthair na gcuntas leithreasa 2020*

Ceanglaítear le halt 3(11) d'Acht 1993 orm na cuntais leithreasa do na Vótaí éagsúla a thíolacadh do Dháil Éireann mar aon leis an tuarascáil arna hullmhú faoi alt 3(10).

Tá gach cuntas leithreasa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 deimhnithe agam agus tíolacaim na cuntais sin, mar aon le mo dheimhnithe iniúchta, do Dháil Éireann.

**Seamus Mac Cárthaigh**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

30 Meán Fómhair 2021

## Clár Ábhar


### Rialtas láir

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh airgeadais an Státchiste do 2020 | 11 |
| 2 | Achoimre ar chostas na freagartha do Covid-19 – Márta 2020 go Feabhra 2021 | 29 |
| 3 | Cistiú a fuair údaráis áitiúila ón rialtas láir | 39 |

### Caiteachas vótáilte

| | | |
|---|---|---|
| 4 | Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid | 57 |
| 5 | Caiteachas ar theicneolaíocht agus oiliúint spéaclaí oíche don chuardach agus tarrtháil | 67 |
| 6 | Scéimeanna deontais atosaithe Covid-19 | 73 |
| 7 | Maoirseacht ar mhaoiniú do Phríomhchathair Cultúir na hEorpa 2020 | 85 |
| 8 | Maoirseacht ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) | 99 |
| 9 | Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh | 115 |
| 10 | Bainistíocht ar achomhairc leasa shóisialaigh | 127 |
| 11 | Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19 | 143 |
| 12 | Rialuithe maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá | 159 |

### Ioncam an Stáit

| | | |
|---|---|---|
| 13 | Bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar thuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha | 179 |
| 14 | Tobhaigh an Chiste Cúitimh Árachais a mheasúnú agus a bhailiú | 193 |

### Nithe eile

| | | |
|---|---|---|
| 15 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 207 |
| 16 | Ciste eascró Apple na hÉireann | 219 |
| 17 | Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 223 |

# Tuarascáil ar

# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020

# Rialtas láir

# 1 Toradh airgeadais an Státchiste do 2020

## *Toradh 2020: príomhghnéithe*

| | | |
|---|---|---|
| Easnamh Státchiste do 2020 | €12.3bn | |
| Ollfhiachas náisiúnta iomlán | €219.5bn | |
| Athrú ar ollfhiachas náisiúnta 2020 | €12.8bn | (up) |
| Fáltais Státchiste | €65bn | |
| Athrú ar fháltais chánach | €2.1bn | (down) |
| Cáin ioncaim | €0.22bn | (down) |
| Cáin chorparáide | €0.95bn | (up) |
| CBL | €2.69bn | (down) |
| Dleachtanna máil | €0.49bn | (down) |
| Athrú ar fháltais neamhchánach | €1.3bn | (up) |
| Aistriú ó GNBS | €2bn | (up) |
| Aistriú ón mBanc Ceannais | €0.34bn | (down) |
| Athrú ar fháltais chaipitil | €1.45bn | (up) |
| Caiteachas Státchiste | €77.3bn | |
| Athrú ar chaiteachas | €13.6bn | (up) |
| Caiteachas vótáilte | €13.7bn | (up) |
| Costais seirbhísithe fiachais | €0.5bn | (down) |
| Ranníocaíocht le AE | €0.14bn | (up) |
| Iasachtaí/airleacain | €0.96bn | (up) |

## Achoimre fhioscach

1.1 Íoctar ioncam uile an Stáit isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste mura gcinntear a mhalairt leis an dlí.[1,2] Úsáidtear eisiúintí ón bPríomh-Chiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fiachais Stáit a sheirbhísiú agus a íoc ar ais.


1.2 Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach agus eisiúintí ón bPríomh-Chiste mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit.[3]

1.3 Tuairiscítear feidhmíocht fhioscach an Stáit ag amanna éagsúla i rith na bliana. Tá forbhreathnú ar na príomhfhoilseacháin fhioscacha a eisítear gach bliain san áireamh in Iarscríbhinn 1A. Chuirfí feabhas ar thrédhearcacht fhioscach dá ndéanfaí an fhaisnéis ábhartha uile a chomhdhlúthú i dtuarascáil airgeadais bhliantúil amháin.

1.4 In 2020, bhí easnamh an Státchiste beagán os cionn **€12.3 billiún**. Athrú suntasach ba ea é sin ar an mbarrachas €647 milliún a tuairiscíodh in 2019 (féach Fíor 1.1). Bhí an meath ar iarmhéid an Státchiste mar thoradh go príomha ar mhéaduithe ar chaiteachas mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

1.5 I léargas níos leithne ar fheidhmíocht fhioscach in 2020, tugtar le fios go raibh easnamh ginearálta rialtais ann dar luach **€18.4 billiún**.[4] Is de bharr coigeartuithe áirithe cuntasaíochta agus uainiúcháin an difríocht €6.1 billiún idir easnamh an rialtais ghinearálta agus easnamh an Státchiste, mar aon le roinnt gluaiseachtaí suntasacha airgeadais nach mbaineann leis an Státchiste a chur ar áireamh. Áiríodh leis an dara ceann easnamh de €3.5 billiún a thabhú ar an gCiste Árachais Shóisialaigh agus laghduithe suntasacha ar ghlansócmhainní comhlachtaí agus cistí Stáit áirithe nach comhlachtaí agus cistí Státchiste iad.

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, agus iarmhéideanna an Státchiste agus an rialtais ghinearálta, 2008 go 2020[a]**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2020 (Iarmhéid an Státchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Staidrimh Airgeadais an Rialtais, Aibreán 2021 (iarmhéid rialtais ghinearálta).

Nóta: a Cuimsítear i bhfáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste seirbhísiú fiachais náisiúnta ach ní áirítear leo iasachtaí a rinne GBCN thar ceann an Stáit agus aisíocaíocht fiachais náisiúnta. Féach Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.1 chun anailís a dhéanamh ar fháltais agus ar eisiúintí an Phríomh-Chiste do 2016 go 2020.

1 Cuimsítear in ioncam stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomh-Chiste, mar shampla, fáltais Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC), a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

2 Cuimsítear go príomha i bhfáltais an Phríomh-Chiste ioncam cánach agus fáltais na hiasachtaíochta a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit.


3 Meastar go léirítear sna Cuntais Airgeadais thart ar 75% d'ioncam agus caiteachas iomlán an rialtais.

4 Is tomhas níos leithne é iarmhéid an rialtais ghinearálta ná iarmhéid an Státchiste. Tomhaiseann sé feidhmíocht fhioscach earnáil an rialtais ghinearálta, agus is é an tagarmharc caighdeánach a úsáidtear chun críocha comparáideacha ar fud an Aontais Eorpaigh. Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staidrimh airgeadais ráithiúla agus bhliantúla rialtais ghinearálta ráithiúla. Féach Iarscríbhinn 1B le haghaidh forbhreathnú ar na staidrimh sin.

### *Réamhaisnéis agus toradh buiséid 2020*

**1.6** Bhí sé tuartha ag an mbuiséad do 2020 barrachas beag Státchiste don bhliain, le fáltais réamh-mheasta Státchiste €66.08 billiún agus caiteachas réamh-mheasta €66.04 billiún (féach Fíor 1.2).[1] Tharla an toradh - easnamh Státchiste €12.3 billiún - den chuid is mó mar gheall ar mhéaduithe suntasacha ar eisiúintí vótáilte chun bearta tacaíochta Covid-19 a mhaoiniú. Leithdháileadh an chuid is mó de na heisiúintí vótáilte breise (90%) ar fud ceithre roinn - an Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.[2]


**Fíor 1.2 Ioncam agus caiteachas Státchiste 2020, i gcomparáid leis an mbuiséad**




Foinse: Cuntas Airgeadais 2020. Meastacháin ar Fháltais agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

**1.7** Bhí tionchar Covid-19 ar fháltais chánach 2020 níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis nuair a tionscnaíodh dianghlasáil Covid-19.[3] Ní raibh na fáltais chánach iomlána ag deireadh 2020 ach 6% níos ísle ná meastacháin bhuiséid roimh an bpaindéim. Chuidigh feidhmíocht fáltas cánach corparáide, a bhí níos láidre ná mar a bhíothas ag súil leis, le laghduithe i gcánacha eile a fhritháireamh (féach Fíor 1.3).

**Fíor 1.3 Gluaiseacht i bhfáltais chánachais 2020, i gcomparáid leis an mbuiséad**




Foinse: Cuntas Airgeadais 2020. Meastacháin ar Fháltais agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

1 Tá an *Páipéar Bán - Meastacháin ar Fháltais agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020* ar fáil anseo.


2 Féach Caibidil 2, *Achoimre ar chostas na freagartha do Covid-19 - Márta 2020 go Feabhra 2021* le haghaidh sonraí ar chaiteachas díreach ar Covid-19.

3 In Aibreán 2020, mheas an Roinn Airgeadais go raibh na caillteanais chánachais fhéideartha cothrom le 16.4% ag deireadh na bliana.

## Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste

**1.8** B'ionann fáltais an Phríomh-Chiste in 2020 agus **€65 billiún**. B'ionann cánacha agus 88% de na fáltais (féach Fíor 1.4).[1] B'iomlán na n-eisiúintí in 2020 agus **€77.3 billiún**, agus iad comhdhéanta d'eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (88%), seirbhísiú fiachais náisiúnta (6%), ranníocaíochtaí le AE (3%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (3%).

**Fíor 1.4 Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste in 2020**




Foinse: Cuntas Airgeadais 2020

### *Fáltais chánach agus fáltais eile Státchiste*

**1.9** Tháinig méadú thart ar €600 milliún ar fháltais iomlána isteach sa Phríomh-Chiste in 2020, a chuimsigh laghdú €2.1 billiún i bhfáltais chánach arna fhritháireamh le méadú €2.7 billiún ar fháltais neamhchánach agus chaipitil.


*Fáltais chánach*

**1.10** Tháinig laghdú ar ioncam cánach agus ar fháltais ÁSPC (neamh-Státchiste) araon in 2020 (féach Fíor 1.5).

1 Tá anailís ar fháltais agus ar eisiúintí an Phríomh-Chiste (seachas iasachtaí GBCN) do na blianta 2016 go 2020 leagtha amach in Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.1

**1.11** Bhí laghdú i bhfad níos mó bliain i ndiaidh bliana ar fháltais ÁSPC (-8%) i gcomparáid le fáltais chánach ioncaim (-1%). Tá sé ráite ag an Roinn Airgeadais gurb é an laghdú is mó ar fháltais ÁSPC ba chúis leis toisc go raibh tionchar mór ag srianta agus dúntaí phaindéim Covid-19 ar earnálacha poiblí den gheilleagar nach raibh in ann samhail ghnó 'obair ón mbaile' a ghlacadh go suntasach. Is dóichí go mbeidh oibrithe sna hearnálacha seo ag bun íochtarach an dáilte pá, le líon mór fostaithe páirtaimseartha nó sealadacha. Bhí tionchar níos mó ar fháltais ÁSPC toisc, le fíorbheagán eisceachtaí, go n-íocann gach fostaí (agus oibrithe féinfhostaithe) ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh, díreach mar a íocann a bhfostóirí. Tá cáin ioncaim níos forásaí i gcomparáid le hioncam, agus mar thoradh air sin, ba bheag éifeacht a bhí ag na srianta ar fháltais chánach ioncaim.

**Fíor 1.5 Cáin ioncaim agus fáltais ÁSPC, 2011 go 2020**





Foinse: Cuntas Airgeadais. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nóta: a íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

### *Eisiúintí an Phríomh-Chiste*

**1.12** Mhéadaigh eisiúintí ón bPríomh-Chiste go suntasach in 2020 go €77.3 billiún, suas €13.5 billiún (21%) an bhliain roimhe sin (€63.8 billiún) (féach Fíor 1.6).

**Fíor 1.6 Caiteachas vótáilte roinne, 2019 agus 2020**




Foinse: Cuntas Airgeadais 2020


Nóta: a Cuimsítear an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nuabhunaithe, ag a raibh caiteachas €2.4 billiún in 2020.

## Sócmhainní Státchiste

### *Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais*

**1.13** B'ionann luach an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais eile a bhí ag an Státchiste agus €19.2 billiún ag deireadh 2020 (féach Fíor 1.7). Léiríonn an méadú bliantúil €664 mhilliún (3.6%) tionchar na nglaniasachtaí de bheagán faoi bhun €13 billiún agus an t-easnamh Státchiste €12.3 billiún. Féach Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.2.

**1.14** Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí beagnach €1.6 billiún san áireamh i sócmhainní airgid thirim agus airgeadais an Státchiste (2019: €1.9 billiún) de nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta. B'fhéidir nach mbeadh na sócmhainní seo inréadaithe go héasca, ag brath ar dhálaí margaidh.Fíor 1.7 Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile atá i seilbh an Státchiste, 2010 go 2020.




Foinse: Cuntas Airgeadais, 2010 go 2020

1 Féach ráiteas 1.8(A) de Chuntais Airgeadais 2020, ar féidir teacht air anseo.

2 Tá sé ráite ag an Roinn Airgeadais nach ráiteas airgeadais cuimsitheach iad na Cuntais Airgeadais don Stát, a shócmhainní agus a dhliteanais agus go bhfuil leas ag an Stát i níos mó eintiteas ná iad siúd atá leagtha amach sna Cuntais Airgeadais.

3 Is é glanluach sócmhainne, nó NAV, luach sócmhainní cuideachta lúide a dliteanais. Ag an 31 Nollaig 2013, ba é €6.54 billiún an glanluach sócmhainne ar scairsheilbh an Státchiste i gcomparáid le costas €7.89 billiún.

### *Iasachtaí agus airleacain Státchiste a eisíodh*

**1.15** Seachas nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta, bhí iasachtaí agus airleacain arna soláthar ón bPríomh-Chiste dar luach €2.1 billiún san iomlán amuigh ag deireadh 2020 - méadú €215 mhilliún i gcomparáid le 2019 (féach Iarscríbhinn 1C, Fíor 1C.3).

**1.16** Le linn 2020, tugadh €600 milliún ar aghaidh chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh chun críocha sreafa airgid thirim. Níor fabhraíodh aon ús ar an iasacht agus aisíocadh go hiomlán í ag deireadh na bliana.

**1.17** Eisíodh suimeanna dar luach €372 mhilliún ón bPríomh-Chiste chuig Uisce Éireann faoi chomhaontú iasachta a rinneadh i mí an Mheithimh 2020. Ba í aidhm na hiasachta an fiachas tráchtála neamhtheaghlaigh a bhí ag Uisce Éireann a aisíoc agus a riachtanais iasachta uisce neamhtheaghlaigh sa todhchaí a mhaoiniú.


### *Scairsheilbh i gcuideachtaí Éireannacha*

**1.18** Tá scaireanna ag an Státchiste i 24 chuideachta Stáit agus phríobháideacha mar a nochtar sna Cuntais Airgeadais.[1,2] Taifeadtar an scairchaipiteal a fuarthas sna cuideachtaí seo ag costas stairiúil sna Cuntais Airgeadais agus b'fhiú €7.97 billiún é ag an 31 Nollaig 2020.

**1.19** Is ionann scairsheilbh ar chostas i gCorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta (IBRC), Permanent TSB Group, Coillte CGA, Uisce Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus thart ar 95% (de réir luacha) den scairsheilbh iomlán mar a nochtar i gCuntais Airgeadais 2020.

**1.20** Suas go 2013, nocht na Cuntais Airgeadais mionsonraí faoi ghlanluach sócmhainne (NAV) na scaireanna freisin.[3] Léiríonn Fíor 1.8 an difríocht idir an glanluach sócmhainne agus costas stairiúil cothromais do na cúig chuideachta a bhfuil an luach is airde orthu. Ba é €7.8 billiún an glanluach sócmhainne iomlán do na cúig chuideachta ag an 31 Nollaig 2020 agus b'ionann an costas stairiúil agus €7.6 billiún. Mar sin féin, thabhaigh IBRC (- €3.6 billiún) agus Permanent TSB (- €883 mhilliún) laghduithe móra i luach, agus tá méadú suntasach tagtha ar luach Uisce Éireann (€3.1 billiún).

**Fíor 1.8 Gluaiseacht i nglanluach sócmhainne an scairchaipitil i gcomparáid le costas stairiúil**




Foinse: An Roinn Airgeadais

## Dliteanais an Státchiste


### *Ollfhiachas náisiúnta*

**1.21** Le linn 2020, tháinig méadú 6.2% (€12.8 billiún) ar ollfhiachas náisiúnta na hÉireann, agus é cothrom le €219.5 billiún ag deireadh na bliana (féach Fíor 1.9).


**1.22** B'ionann fiachas meántéarmach agus fadtéarmach ag deireadh 2020 agus 83% (€182.3 billiún) den ollfhiachas náisiúnta agus bhí bannaí rialtais ann den chuid is mó (bannaí ráta sheasta, bannaí ráta chomhlúthaigh, bannaí amúchta agus bannaí atá bainteach le boilsciú) agus iasachtaí AE agus RA (Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus Státchiste na Ríochta Aontaithe).

**1.23** Mhéadaigh an fiachas a d'eascair as na scéimeanna coigiltis Stáit éagsúla faoi 6% go €18.8 billiún ag deireadh 2020.

**Fíor 1.9 Ollfhiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, deireadh 2012 go deireadh 2020**




***Comhdhéanamh an ollfhiachais náisiúnta ag deireadh 2020*** a




Foinse: Ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann 2020, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.


Nóta: a Mar gheall ar shlánú, ní fhreagraíonn suim na méideanna fiachais aonair don iomlán.

**1.24** B'ionann fiachas gearrthéarmach agus €18.4 billiún d'ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2020, méadú 41% ó dheireadh 2019.[1] Cuimsíodh san iasacht ag deireadh 2020 fiachas 'páipéir ghearrthéarmaigh' €14 billiún, iasachtaí €2.6 billiún ó Chiste Bhanc Taisce Oifig an Phoist, agus €1.7 billiún i gcistí barrachais a aistríodh ón gcuntas airgid caiteachais phoiblí barrachais ag deireadh na bliana.[2]

**1.25** In 2020, bhí sé beartaithe ag GBCN ar dtús idir €10 billiún agus €14 billiún de bhannaí a eisiúint. Bhí gá leis sin go príomha chun fiachas a bhí ann cheana agus a bhí ag aibiú lena aisíoc a athmhaoiniú. Mar gheall ar an titim eacnamaíoch de bharr phaindéim Covid-19, áfach, rinneadh athbhreithniú ar an raon maoinithe agus ba é an eisiúint iarbhír ná €24.6 billiún.[3] Eisíodh bannaí ag meánaibíocht 11.5 bliana agus meántoradh ualaithe 0.21%. Áiríodh leis an bhfiachas eisiúint trí bhanna nua ag a bhfuil aibíochtaí 7 mbliana, 10 mbliana agus 15 bliana (féach Fíor 1.10).

**1.26** Ina theannta sin, bailíodh €1.4 billiún i socrúcháin phríobháideacha a eisíodh faoi *Chlár Nótaí Meántéarmacha Euro* GBCN Bhí seacht socrúchán ann in 2020 agus aibíochtaí idir 58 mbliana agus 100 bliain acu.[4]

**Fíor 1.10 Eisiúintí bannaí rialtais GBCN, 2020[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Nóta: a Cuimsítear ceantanna neamhiomaíocha.

### *Costais seirbhísithe fiachais*

**1.27** D'ainneoin an mhéadaithe mhóir ar iasachtaí, thit costas seirbhísithe an fhiachais faoi níos mó ná 10% in 2020 (féach Fíor 1.11). Ba é an costas seirbhísithe a íocadh as an bPríomh-Chiste ná €4.7 billiún. Cuimsíodh anseo ús €4.4 billiún ar an ollfhiachas náisiúnta, ús 'diúltach' a íocadh ar airgead tirim a coinníodh sa Bhanc Ceannais agus ar shócmhainní airgeadais eile €115 mhilliún, agus táillí agus costais oibriúcháin €161 mhilliún.

**1.28** Tá sé ráite ag GBCN gurbh iad aibíocht bannaí cúpón ard - ar eisíodh an chuid is mó díobh le linn na géarchéime airgeadais ag deireadh na 2000idí - agus maoiniú níos saoire ina n-ionad, mar aon le comhbhrú na dtorthaí bannaí ceannasacha a d'eascair as clár éascaithe chainníochtúil an Bhainc Cheannais Eorpaigh, na príomhthosca a bhí taobh thiar den titim sa bhille seirbhísithe fiachais le blianta beaga anuas.


1 Tá aibíocht bhunaidh níos lú ná bliain amháin ag fiachas gearrthéarmach.

2 Sa chuntas airgid chaiteachais phoiblí barrachais, déantar iasachtaí agus aisíocaíochtaí cistí barrachais a choinnítear i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta a thaifeadadh.

3 Áirítear leis seo €0.6 billiún a eisíodh sna ceantanna bannaí neamhiomaíocha.

4 Is éard atá i socrúchán príobháideach ná díolachán bannaí de chuid infheisteoirí agus institiúidí réamhroghnaithe seachas ar an margadh oscailte. De ghnáth, bíonn idirbhearta socrúcháin phríobháideacha mar thoradh ar chur chuige díreach ag infheisteoir i leith ceann de 'phríomhdhéileálaithe' GBCN a dhéanann téarmaí na heisiúna a chaibidliú le GBCN.


**Fíor 1.11 Costais seirbhísithe fiachais, 2012 go 2020 (ar bhonn airgid)**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**1.29** Leanadh leis an laghdú ar mheánchostas iasachtaí Stáit le linn 2020. Ag deireadh na bliana, measadh go raibh an meánchostas ualaithe foriomlán chun an t-ollfhiachas náisiúnta a sheirbhísiú cothrom le 1.74% (deireadh-2019: 2.24%) (féach Fíor 1.12).

**Fíor 1.12 Meánchostas ualaithe an ollfhiachais náisiúnta, de réir cineáil fiachais, 2012 go 2020**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

### *Sprioc fiachais an rialtais ghinearálta*

**1.30** Is tomhas níos cuimsithí ar fhiachas Stáit é fiachas rialtais ghinearálta ná fiachas náisiúnta agus is é an tomhas caighdeánaithe a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar gach tír AE tuairisc a thabhairt air faoi Chonradh Maastricht.[1]

**1.31** Luaitear i rialacha fioscacha na hEorpa nár cheart fiachas rialtais ghinearálta na mballstát a bheith níos mó ná 60% de OTI nó, agus más mó é, ba cheart é a laghdú go seasta i dtreo na sprice 60%. Ba é cóimheas fiachais rialtas ginearálta na hÉireann 58.4% ag deireadh 2020, i gcomparáid le 57.2% ag deireadh 2019 (féach Fíor 1.13).

**1.32** An 20 Márta 2020, ghníomhachtaigh an Coimisiún Eorpach 'clásal éalaithe ginearálta' an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.[2,3] Lig an gníomhachtú do bhallstáit AE ceanglais a chur ar fionraí chun a gcuid spriocanna fioscacha a bhaint amach agus bearta buiséadacha cuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí eisceachtúla a bhaineann le paindéim Covid-19. Tá sé luaite ag an gCoimisiún go leanfar den chlásal éalaithe ginearálta a chur i bhfeidhm trí 2022 agus táthar ag súil go ndéanfar é a dhíghníomhachtú in 2023.

1 Ciallaíonn fiachas rialtais ghinearálta dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus cistí rialtais, seachas fiachais atá dlite ó earnáil rialtais amháin do cheann eile.


2 Leis an gclásal in Airteagail 3(5) agus 5(2) de Rialachán (CE) 1467/97 ('gné cheartaitheach') anseo, ceadaítear bearta buiséadacha riachtanacha chun déileáil go leordhóthanach le cásanna eisceachtúla.

3 Is creat riailbhunaithe é an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis chun beartais fhioscacha náisiúnta in AE a chomhordú.

**1.33** Tá sé luaite ag an Roinn Airgeadais gurb amhlaidh, mar gheall ar shaobhadh staitistiúil in OTI na hÉireann, nach dtugann cóimheasa a bhaineann le OTI léargas ceart ar acmhainn aisíocaíochta gheilleagar na hÉireann. I mí na Nollag 2019, d'fhógair an tAire Airgeadais sprioc nua fiachais intíre, bunaithe ar OIN *.[1] Socraíodh sprioc náisiúnta chun an cóimheas fiachais le OIN* a laghdú go 60% ar luas oiriúnach, agus sprioc eatramhach de 85% de OIN* faoi 2025 (féach Fíor 1.13). Ag deireadh 2020, ba é an cóimheas fiachais le OIN* ná 104.7%. Mura gcomhlíontar an sprioc inmheánach OIN*, ní dhéanfar aon difear don dóigh a gcomhlíonann Éire rialacha fioscacha AE.

**1.34** Tá sé luaite ag an Roinn go bhféadtar oiriúnacht na spriocanna fiachais a luadh cheana a athmheasúnú a luaithe a bheidh géarchéim na paindéime críochnaithe agus an a bheidh an téarnamh ar siúl.

**Fíor 1.13 Cóimheasa fiachais le OTI agus fiachais le OIN* na hÉireann, 2010 go 2020 (céatadán)**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Roinn Airgeadais.

1 Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh OIN* mar tháscaire atá deartha chun éifeachtaí domhandaithe a bhfuil tionchar díréireach acu ar thomhas mhéid gheilleagar na hÉireann a eisiamh.

## Dliteanais eile

### *Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí*


**1.35** Is éard atá i gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní agus/nó seirbhísí bonneagair phoiblí a fháil agus a sholáthar faoi chonarthaí fadtéarmacha. Déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a mhaoiniú agus a thógáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear ar fáil í lena húsáid ag an bpobal agus íocann an Stát agus/nó úsáideoirí aisti (trí mhuirir úsáideora) thar thréimhse fhada (20 bliain - 25 bliana de ghnáth). Tagann an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ansin.

**1.36** Féachtar ar chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí mar shásra maoinithe 'lasmuigh den chlár comhardaithe' ó thaobh an rialtais ghinearálta de, toisc nach n-áirítear dliteanais faoi chonarthaí CPP de ghnáth i ríomh fhiachas an rialtais ghinearálta. Comhlíontar dliteanais de réir mar a eascraíonn siad as eisiúintí vótáilte as an bPríomh-Chiste, nó as muirir úsáideoirí i gcás thionscadail lamháltais CPP.

**1.37** Rianaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceangaltais sa todhchaí faoi thionscadail CPP. Ag deireadh 2020, bhí 27 scéim CPP ag feidhmiú go hiomlán agus bhí trí cinn acu ag céim na forbartha. Ag an dáta sin, bhí ceangaltais CPP sa todhchaí díreach os cionn €6.7 billiún (féach Fíor 1.14).

**1.38** B'ionann an caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP agus díreach os cionn €292 mhilliún in 2020. Tá an Státchiste tiomanta d'íocaíochtaí de thart ar €325 mhilliún a dhéanamh in aghaidh na bliana go 2035 agus tiocfaidh laghdú ar íocaíochtaí ag an am sin, den chuid is mó toisc go mbeidh conarthaí CPP níos sine curtha i gcrích.

**Fíor 1.14** **Comhdhéanamh an chostais iomláin réamh-mheasta ar gach íocaíocht CPP gan íoc**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nóta: a Mar gheall ar shlánú, ní fhreagraíonn suim na méideanna fiachais aonair don mhéid iomlán.

### *Ciste pinsean Uimh. 2 Eircom*

**1.39** I 1996, dhíol an Stát 20% dá shealúchas i mBord Telecom Éireann (Eircom), a bhí ann roimhe sin, le hinfheisteoirí príobháideacha.[1] Faoi dheireadh mhí Iúil 1999, bhí an chuideachta príobháidithe go hiomlán.

**1.40** Chuir an tAire Airgeadais díreach os cionn €1 billiún ar fáil do chiste pinsean Uimh. 2 Eircom nuair a bunaíodh é i mí na Nollag 1999.[2,3] Is é an Stát an t-aon ranníocóir atá ag an gciste pinsean agus ní rabhthas ag súil go mbeadh gá le maoiniú breise ón Stát.

1 Bunaíodh Bord Telecom Éireann (Eircom) i 1984 faoin Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.

2 Ceanglaíodh ar an Aire Airgeadais ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an scéim aoisliúntais chun dliteanais phinsin réamhdhílsithe a chlúdach don fhoireann agus dá marthanóirí a d'aistrigh ón Roinn Poist agus Telegrafa, a bhí ann roimhe sin, go Bord Telecom Éireann i mí Eanáir 1984.

3 De réir ailt 26, 46(9) agus 46(11) den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.

**1.41** Ag deireadh mhí an Mhárta 2020, ba iad sócmhainní an chiste pinsean €83.8 milliún agus, faoi dheireadh mhí na Samhna 2020, measadh nach raibh sócmhainní an chiste leordhóthanach chun na costais a íoc sna ceithre mhí dár gcionn. Bhí an ciste caite go hiomlán faoi thús 2021. Nocht an tuarascáil is déanaí ar dhliteanais an chiste pinsean a ndearnadh measúnú achtúireach orthu easnamh a measadh a bheith cothrom le €1 billiún.[1]

**1.42** Meastar go mbeidh maoiniú de thart ar €84.2 milliún ag teastáil le haghaidh 2021 agus go mbeidh €86 mhilliún ag teastáil sa bhliain ina dhiaidh sin chun dliteanais phinsin a chomhlíonadh. Rinneadh an chéad íocaíocht os cionn €20 milliún ón bPríomh-Chiste i mí Eanáir 2021 faoi shocruithe nua a cheadaigh an tAire.[2] Tá ranníocaíochtaí leis an gciste pinsean le déanamh ar bhonn 'íoc mar a thuillir', trína n-íocfaidh an tAire airgead leis an gciste ar bhonn sceidealta i leith na sochar atá dlite.


### *Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19*

**1.43** Seoladh Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 i mí Mheán Fómhair 2020 agus cheadaigh an Coimisiún Eorpach í faoin gCreat Sealadach maidir le Bearta Státchabhrach. Tá an scéim, a bhfuil acmhainn maoinithe €2 billiún aici, deartha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas leachtachta a bhíonn ag micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar gheall ar ghéarchéim Covid-19 trí rochtain ar mhaoiniú seachtrach a fheabhsú. Ráthaíonn an Stát 80% den airgead a thugtar ar iasacht do na hinstitiúidí rannpháirteacha is iasachtóirí. Féadfaidh iasachtaí a thugtar ar airleacan a bheith sa raon idir €10,000 agus €1 mhilliún ar a mhéad, ar feadh téarmaí suas le cúig bliana go leith. Ní theastaíonn aon ráthaíochtaí pearsanta maidir le hiasachtaí faoi €250,000. Bhíothas ag súil go rithfeadh an scéim go dtí an 31 Nollaig 2020, ach fadaíodh í go deireadh 2021 ina dhiaidh sin.

**1.44** Faoin 12 Lúnasa 2021, bhí iasachtaí dar luach iomlán €410 milliún, arb ionann iad agus díreach faoi bhun 21% d'acmhainn iomlán na scéime, tarraingthe anuas (féach Fíor 1.15).

**1.45** Tá sé luaite ag an Roinn Airgeadais gur cuireadh €26 mhilliún i leataobh le haghaidh caillteanais scéime agus costais oibriúcháin i mbuiséad 2021. Faoi láthair, measann an Roinn caillteanais iomlána fhéideartha na scéime a bheith cothrom le €34.3 milliún in 2021. Tá an Roinn ag súil le méid caillteanais níos airde in 2022, ach níl an méid caillteanais réamh-mheasta aici go fóill do 2022 ná do bhlianta ina dhiaidh sin. Léiríonn sé seo dliteanas teagmhasach don Státchiste.

**Fíor 1.15 Achoimre ar luachanna iasachta de réir míosa, 2020-2021[a]**




Foinse: Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann *Tuarascáil feidhmíochta ar Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta*

Nóta: a Léiríonn sé seo na méideanna iomlána arna dtarraingt anuas go dtí an tseachtain dar críoch an 12 Lúnasa 2021.

1 Ullmhaítear luacháil an chiste pinsean ar bhonn tríbhliantúil. Tá an luacháil achtúireach is déanaí a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2018 ceangailte leis an *Tuarascáil Bhliantúil um Chiste Aoisliúntais Uimh. 2* Eircom don bhliain dar críoch an 31 Márta 2020.

2 Cuireadh Gníomhas Leasaithe Chiste Aoisliúntais Uimh. 2 Eircom, Scéim Aoisliúntais Eircom (Leasú), 2016, i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do mhaoiniú Chiste Uimh. 2 Eircom sa todhchaí.

## Iarscríbhinn 1A Forbhreathnú ar na príomhfhoilseacháin fhioscacha a eisítear gach bliain

| Comhlacht Eisiúna | Tuarascáil | Minicíocht | Ábhar |
|---|---|---|---|
| **An Roinn Airgeadais** | Monatóir fioscach | Míosúil | Soláthraítear tráchtaireacht ar ioncam agus caiteachas sealadach an Státchiste don mhí ábhartha agus taispeánann sé an staid charnach don bhliain go dtí seo.<br><br>Déantar comparáid idir figiúirí toraidh bliana go dtí seo agus an phróifíl réamh-mheasta. |
| **An Roinn Airgeadais** | Sonraí fioscacha | Míosúil | Soláthraítear meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas gach earnála den rialtas ginearálta ar bhonn míosúil.[a]<br><br>Tá sé mar aidhm aige sonraí tráthúla a sholáthar ar thionchar gach fo-earnála (i.e. rialtas láir agus rialtas áitiúil) ar staid fhoriomlán an rialtais ghinearálta. |
| **An Roinn Airgeadais** | Tuarascáil bhliantúil ar fhiachas poiblí | Bliantúil | Soláthraítear anailís leathan ar athruithe ar fhiachas poiblí in Éirinn, mar aon le hanailís ar chomhdhéanamh, úinéireacht agus próifíl aibíochta fhiachas na hÉireann. |
| **An Roinn Airgeadais** | Nuashonrú ar dhliteanais theagmhasacha | Bliantúil | Soláthraítear sonraí faoi dhliteanais theagmhasacha rialtais a bhféadfadh tionchair mhóra a bheith acu ar bhuiséid phoiblí. |
| **An Roinn Airgeadais** | Cuntas airgeadais | Bliantúil | Ráitis airgeadais iniúchta an Státchiste, ina bhfuil anailís agus aicmiú ar na híocaíochtaí isteach agus amach as an bPríomh-Chiste chomh maith le sonraí faoin bhfiachas náisiúnta. |
| **POS** | Staidrimh an rialtais ghinearálta | Dhá uair sa bhliain | Soláthraítear faisnéis staidrimh ar idirbhearta airgeadais agus neamhairgeadais ag earnáil an rialtais (féach Iarscríbhinn 1B). |
| **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** | Sonraí tionscadail CCP | Bliantúil | Soláthraítear sa nuashonrú achomair ar CPPanna faisnéis tháscach maidir le tionscadail CPP i gcoitinne, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn ranna agus gníomhaireachtaí. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá cuid de na sonraí sealadach agus bunaithe ar na meastacháin is fearr ar dháta an fhoilsithe. Déantar figiúirí a nuashonrú sna míonna ina dhiaidh sin de réir mar a bhíonn sonraí níos fearr ar fáil.

## Iarscríbhinn 1B Staidrimh airgeadais rialtais na Príomh-Oifige Staidrimh

Ceanglaíonn Europol, údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, ar gach ballstát raon staidreamh airgeadais a tháirgeadh a chomhlíonann na sainmhínithe comhchuibhithe agus na caighdeáin chomhchuibhithe laistigh den Chóras Eorpach na gCuntas 2010.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) freagrach as tuairisciú oifigiúil a dhéanamh ar staidrimh airgeadais rialtas ginearálta na hÉireann.

Cuimsíonn na haschuir ráithiúla airgeadais rialtais ghinearálta agus na staidrimh rialtais ghinearálta ó POS na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1 — idirbhearta rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2 — rialtas ginearálta: glanfhiúchas, ollfhiachas agus glanfhiachas
- Tábla 3 — rialtas ginearálta: aicmiú mionsonraithe ar ioncam agus aschur
- Tábla 4 — rialtas ginearálta: aicmiú mionsonraithe ar chaiteachas agus tomhaltas
- Tábla 5 — idirbhearta airgeadais rialtais ghinearálta
- Tábla 6 — rialtas ginearálta: miondealú mionsonraithe ar ghlanfhiúchas ag luach an mhargaidh, gan dliteanais phinsin a áireamh
- Tábla 7 — ollfhiachas agus glanfhiachas rialtais ghinearálta.

Cuimsítear in earnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta ceadaithe is mó agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Iarscríbhinn 1C Táblaí sonraí

**Fíor 1C.1 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, 2016 go 2020[a]**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fáltais** | | | | | |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | |
| Ioncam cánach | 47,864 | 50,737 | 55,557 | 59,314 | 57,165 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | 318 | 230 | — | — | — |
| Ioncam barrachais an Bhainc Ceannais[b] | 1,800 | 1,836 | 2,108 | 2,395 | 2,050 |
| Ioncam barrachais an Chrannchuir Náisiúnta | 219 | 227 | 225 | 251 | 270 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 269 | 324 | 261 | 262 | 133 |
| Ioncam reatha eile | 498 | 248 | 311 | 440 | 197 |
| Ioncam barrachais GNBS | — | — | — | — | 2,000 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | |
| Airleacain/iasachtaí a aisíocadh[c] | 2,143 | 1,021 | 933 | 1,055 | 1,680 |
| Fáltais bhearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 1,871 | 3,723 | 341 | 682 | 3 |
| Fáltais chaipitil eisceachtúla[d] | — | — | — | — | 1,500 |
| Fáltais chaipitil eile | 75 | 30 | 572 | 31 | 30 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **55,057** | **58,376** | **60,308** | **64,429** | **65,028** |
| **Eisiúintí** | | | | | |
| Eisiúintí maidir le caiteachas vótáilte | 43,986 | 46,291 | 50,445 | 54,146 | 67,849 |
| Seirbhísiú fiachais náisiúnta | 6,845 | 6,227 | 5,967 | 5,220 | 4,676 |
| Ranníocaíocht le buiséad AE | 2,023 | 2,016 | 2,519 | 2,432 | 2,569 |
| Coimisiún an Oireachtais | 114 | 110 | 131 | 126 | 132 |
| Airleacain/iasachtaí [c] | 2,320 | 963 | 975 | 935 | 1,523 |
| Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 4 | — | — | — | — |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) | 184 | 270 | — | 758 | 372[c] |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil[e] | 463 | 480 | 12 | — | — |
| Íocaíochtaí eile | 136 | 113 | 160 | 165 | 224 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **56,075** | **56,470** | **60,209** | **63,782** | **77,345** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **(1,018)** | **1,906** | **99** | **647** | **(12,317)** |

Foinse: Cuntas Airgeadais 2016 go 2020. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:

a Is comhdhlúthaithe atá idirbhearta chuntas an Phríomh-Chiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Coinníonn GBCN an cuntas deireanach seo chun fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísiú.

b Is éard atá sa mhéid a fhaightear isteach sa Phríomh-Chiste gach bliain go príomha an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann.

c Féach Fíor 1C.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

d Tá fáltais chaipitil eisceachtúla neamh-athfhillteach. Baineann figiúr 2020 leis an gCúlchiste Barrachais Náisiúnta.

e Bainteach le cur i bhfeidhm fáltas cánach maoine áitiúla (CMÁ), a cuireadh san áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, íocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go hindíreach tríd an bPríomh-Chiste.

**Fíor 1C.2 Gluaiseachtaí in iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2016 go 2020**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** |
| Glaniasachtú/ (glan-aisíocaíocht) Státchiste sa bhliain | (1,417) | 193 | 4,276 | 297 | 12,981 |
| Barrachas/(easnamh) Státchiste | (1,018) | 1,906 | 99 | 647 | (12,317) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** |

| Comhdhéanamh airgid thirim agus sócmhainní airgeadais ag an 31 Nollaig | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Cuntas státchiste[a] | 8,385 | 10,533 | 15,338 | 16,502 | 17,362 |
| Taiscí bainc tráchtála | 199 | — | — | — | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha SBCI[b] | 85 | 85 | 85 | 25 | — |
| Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta | 2,032 | 1,742 | 1,558 | 1,913 | 1,586 |
| Maoiniú comhthaobhachta | 418 | 857 | 612 | 96 | 252 |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** |

Foinse: Cuntas Airgeadais 2016 go 2020. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí: a Áirítear iarmhéid €216,000 i seilbh sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA) (2019: €250,000).

b Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is é an aidhm atá léi rochtain ar mhaoiniú solúbtha a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann trí sholáthar maoinithe ar chostas níos ísle agus táirgí solúbtha a éascú. Is leis an Aire Airgeadais scairchaipiteal eisithe SBCI.

**Fíor 1C.3 Iasachtaí agus airleacain, 2016 go 2020**

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 599 | 770 | 740 | 725 | 750 |
| Aisíocaíochtaí | (599) | (770) | (740) | (725) | (750) |
| Iasachtaí a eisíodh | 770 | 740 | 725 | 750 | 670 |
| **Iarmhéid deiridh** | **770** | **740** | **725** | **750** | **670** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (1,370) | — | — | — | (600) |
| Airleacain | 1,370 | — | — | — | 600 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 812 | 706 | 636 | 636 | 556 |
| Aisíocaíochtaí | (106) | (70) | — | (80) | (142) |
| Iasachtaí a eisíodh | — | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **706** | **636** | **636** | **556** | **414** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 347 | 347 | 347 | 347 | 347 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | (3) |
| **Iarmhéid deiridh** | **347** | **347** | **347** | **347** | **344** |
| **Uisce Éireann** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 96[a] | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | — |
| Airleacain | — | — | — | — | 372 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **372** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 81 | 194 | 236 | 293 | 228 |
| Aisíocaíochtaí/tiontú iasachtaí | (67) | (181) | (193) | (250) | (185) |
| Iasachtaí a eisíodh | 180 | 225 | 250 | 185 | 253 |
| **Iarmhéid deiridh** | **194** | **236** | **293** | **228** | **296** |

Foinse: Cuntas Airgeadais 2016 go 2020. Tá aon difríochtaí dealraitheacha mar gheall ar shlánú.

Nóta: a I mí na Nollag 2016, rinneadh an iasacht a thiontú ina ranníocaíocht caipitil neamhchoinníollach, neamh-inchúlghairthe agus neamh-inaisíoctha.

# 2 Achoimre ar chostas na freagartha do Covid-19 – Márta 2020 go Feabhra 2021

**2.1** An 30 Eanáir 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an ráig de Covid-19 mar éigeandáil sláinte poiblí lenar bhain ábhar imní idirnáisiúnta. Tuairiscíodh an chéad chás d'ionfhabhtú Covid-19 in Éirinn an 29 Feabhra 2020.

**2.2** Tháinig athrú ar fhreagairt an Rialtais do Covid-19 le linn na paindéime chun aghaidh a thabhairt ar an staid a bhí ag athrú agus chun aird a thabhairt ar thosca sláinte poiblí agus ar thosca sóisialta agus eacnamaíocha. Foilsíodh plean gníomhaíochta náisiúnta chun freagairt do Covid-19 i mí an Mhárta 2020. Ba iad na príomhaidhmeanna a bhí leis an bplean sin ná íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go n-éireodh daoine tinn, íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar sláinte, folláine agus sóisialta ar na daoine sa bhaol is mó agus laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann le Covid-19.

D'fhoilsigh an Rialtas cúig cinn de phleananna náisiúnta freagartha straitéisí go dtí seo.

- An plean gníomhaíochta náisiúnta chun freagairt do Covid-19 (Márta 2020)
- Treochlár chun sochaí agus gnó a athoscailt (Bealtaine 2020)
- Teacht aniar agus téarnamh 2020-2021: Plean maidir le maireachtáil le Covid-19 (Meán Fómhair 2020)
- Teacht aniar agus téarnamh Covid-19 2021: An bóthar amach romhainn (Feabhra 2021)
- Covid-19: Tuiscint nua ar an dúshlán, leanúint dár dtéarnamh agus athnascadh (Lúnasa 2021).


**2.3** Ullmhaíodh an tuarascáil seo chun forbhreathnú a thabhairt ar an gcostas a bhaineann leis na freagairtí díreacha do Covid-19 nó dá thionchair, mar a thuairiscigh na ranna ábhartha rialtais iad. Áirítear leis na figiúirí atá curtha i láthair na costais a tabhaíodh ar scéimeanna tacaíochta nó ar chaiteachas díreach ar fhreagairtí do Covid-19 sa 12 mhí suas go deireadh mhí Feabhra 2021. Ós rud é go raibh a lán tacaí fós ar siúl tar éis an dáta sin, leantar le costais a thabhú ina leith. Mar sin, ba cheart caitheamh leis na figiúirí mar mheastacháin eatramhacha ar chostais na bhfreagairtí. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear leis na costais atá tuairiscithe na costais phá ná na costais chaiteachais riaracháin/ghinearálta a thabhaigh na vótaí, e.g., costais phá na mball foirne a ath-imlonnaíodh chun obair ar fhreagairtí do Covid-19.

## Cuid 1 Costais dhíreacha iomlána ar idirghabhálacha Covid-19


### Caiteachas iomlán

Meastar gurb ionann agus €17.1 billiún an caiteachas díreach iomlán a tabhaíodh mar thoradh ar Covid-19 sa tréimhse aon bhliana dar críoch an 28 Feabhra 2021 (féach Fíor 2.1 agus Fíor 2.2). Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Sláinte, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as 90% den fhigiúr sin.


**Fíor 2.1 Miondealú ar an gcaiteachas iomlán de réir roinn rialtais**




**Fíor 2.2 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




**Fíor 2.3 Amlíne an chaiteachais iomláin**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Iompair; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Cosanta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta miondealú míosúil ar 95% dá caiteachas iomlán.

## Coimirce Shóisialach


Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí gur thabhaigh sí caiteachas €11.1 billiún ar scéimeanna a bhaineann le Covid-19 suas go deireadh mhí Feabhra 2021.

Bhí íocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19 (ÍDP) freagrach as níos mó ná leath chaiteachas na Roinne (55%) ar Covid-19 (féach caibidil 11 chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoin scéim sin).


Le chéile, bhí an scéim fóirdheontais shealadaigh pá (SFSP) (Márta go Lúnasa 2020) agus an scéim a tháinig ina diaidh, an scéim fóirdheontais pá fostaíochta (SFPF), freagrach as 43% de chaiteachas na Roinne. Ba í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a riar na scéimeanna sin (tugtar tuilleadh mionsonraí faoin scéim fóirdheontais shealadaigh pá i gcaibidil 12).

Tá uainiú na n-íocaíochtaí faoi scéimeanna na Roinne ag teacht le buaicthréimhsí na srianta ar oibriú gnólachtaí (féach Fíor 2.6).


**Fíor 2.4 Caiteachas Coimirce Sóisialaí ar thacaí**




**Fíor 2.5 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




**Fíor 2.6 Amlíne an chaiteachais Choimirce Sóisialaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Áirítear le caiteachas na scéime fóirdheontais shealadaigh pá €3.4 milliún a bhaineann leis an scéim aisíocaíochta d'fhostóirí a bhí i bhfeidhm sular tugadh an scéim fóirdheontais shealadaigh pá isteach.

## Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)


### Sláinte

Bhí trealamh cosanta pearsanta freagrach as beagán níos mó ná aon trian den chaiteachas €2.7 billiún a bhaineann le Covid-19 faoin vóta don tsláinte.


Bhí cistiú chun freastal ar chostais foirgneamh agus trealaimh a bhaineann leis an bpaindéim freagrach as 14% (féach Fíor 2.7).

Ba i míonna tosaigh na paindéime, i.e. Aibreán go Meitheamh 2020, a tabhaíodh an bhuaic-chaiteachas ar fhreagairtí do Covid-19 san earnáil sláinte (féach Fíor 2.9).


**Fíor 2.7 Caiteachas Sláinte ar thacaí Covid-19**




**Fíor 2.8 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




**Fíor 2.9 Amlíne an chaiteachais Sláinte**




Foinse: An Roinn Sláinte


## Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)

### Tithíocht, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht


Suas go deireadh mhí Feabhra 2021, d'íoc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta €840 milliún san iomlán amach i riocht tacaí.

Rinneadh an oibleagáid chun rátaí tráchtála a íoc le húdaráis áitiúla a tharscaoileadh do ghnólachtaí a raibh srianta trádála a bhaineann le Covid-19 ag déanamh difear suntasach dóibh. Rinneadh caillteanas an ioncaim sin a leigheas trí chistiú deontais breise a thabhairt d'údaráis áitiúla ar chostas €729 milliún.


**Fíor 2.10 Caiteachas Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar thacaí Covid-19**




**Fíor 2.11 Dáileadh an tarscaoilte rátaí tráchtála**




**Fíor 2.12 Amlíne an chaiteachais Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nóta: Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta miondealú míosúil ar 95% dá caiteachas iomlán. Is é ollchaiteachas a léirítear san amlíne. Níl aisíocaíochtaí an tarscaoilte rátaí tráchtála arbh fhiú €2.8 milliún iad ar áireamh inti.


## Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €783 mhilliún i riocht tacaí do ghnólachtaí a raibh tionchar ag Covid-19 orthu. Ina theannta sin, sholáthair an Roinn cistiú iasachta €82.5 milliún a bhaineann le Covid-19 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus trí Mhicrea-Airgeadas Éireann.


Ba iad na scéimeanna deontas atosaithe an tionscnamh lenar bhain an leibhéal is airde caiteachais, agus é cothrom le €640 milliún (féach caibidil 6 le haghaidh tuilleadh mionsonraí).

Reáchtáladh roinnt scéimeanna chun tacú le leanúnachas gnó freisin. Íocadh beagán os cionn €98 milliún faoin Scéim um Fhiontair a Chothú le beagnach 340 gnólacht, rud a bhí cothrom le meántacaíocht arbh fhiú thart ar €290,000 í in aghaidh an ghnólachta.


Fíor 2.13 Caiteachas Fiontar ar thacaí Covid-19




Fíor 2.14 Dáileadh na scéimeanna deontas atosaithe




Fíor 2.15 Amlíne an chaiteachais Fiontar




Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

## Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)


### An Earnáil Oideachais

Le chéile, thabhaigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta caiteachas díreach a measadh a bheith cothrom le €586 mhilliún de bharr Covid-19. Bhain beagnach leath an chaiteachais sin (€268 milliún) le tacaí le haghaidh athoscailt scoileanna agus le tacaí oideachais do dhaltaí.


Cé gur athosclaíodh scoileanna i mí Mheán Fómhair 2020, ba i mí na Nollag 2020 a eisíodh an chuid is mó den tacaíocht airgeadais don earnáil.

Dúnadh scoileanna arís i mí Eanáir 2021, agus athoscailt chéimnithe ag tosú i mí Feabhra 2021.


**Fíor 2.16 Caiteachas Oideachais ar thacaí Covid-19 scoileanna agus ar thacaíocht oideachais do dhaltaí**




**Fíor 2.17 Miondealú ar thacaí le haghaidh athoscailt**




**Fíor 2.18 Amlíne an chaiteachais Oideachais**




Foinse: An Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta


**Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)**

## Iompar


Bhí cur isteach suntasach ann ar an taisteal mar thoradh ar Covid-19. Tháinig laghdú suntasach ar an leibhéal éilimh ar an iompar poiblí (bunaithe ar an líon turas paisinéirí). Mar fhreagairt dó sin, tugadh tacaíocht airgeadais do chuideachtaí iompair i riocht deontas breise oibleagáide seirbhíse poiblí (OSP).

Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a rinne na híocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí leis na cuideachtaí, agus leas á bhaint as an Vóta don Iompar. Bhí sé mar chuspóir leo a chinntiú go leanfaí le seirbhísí iompair atá tairbhiúil ón taobh sóisialta de a sholáthar.


**Fíor 2.19 Caiteachas Iompair ar thacaí Covid-19**




**Fíor 2.20 Anailís ar chaiteachas ar an scéim oibleagáide seirbhíse poiblí sa bhliain 2020**




**Fíor 2.21 Amlíne an chaiteachais Iompair**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Is meastacháin iad na figiúirí a sholáthair an Roinn do chaiteachas oibleagáide seirbhíse poiblí i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2021.


## Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)

### Na Coimisinéirí Ioncaim

Thabhaigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim caiteachas díreach €329 milliún ar scéim tacaíochta srianta Covid-19. Tosaíodh an scéim sin i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun tacú le gnólachtaí a raibh na srianta a tugadh isteach chun paindéim Covid-19 a chomhrac ag déanamh difear suntasach dóibh. Féadfaidh duine cáilitheach a sheolann gníomhaíocht gnó éileamh a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar íocaíocht (ardchreidmheas chun críocha trádála), faoi réir suim uasta €5,000 do gach seachtain ina ndearna na srianta difear don ghnólacht.

Cistíodh na híocaíochtaí faoin scéim ó ollfháltais chánach.

**Fíor 2.22 Amlíne chaiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Cuid 3 Costas iomlán de réir cineál tacaíochta

### Roinnt an chostais iomláin


Tá anailís ar an gcaiteachas iomlán de réir cineál faighteora leagtha amach i bhFíor 2.23, agus foinse an chistiúcháin léirithe i bhFíor 2.24.

Bhí tacaí do dhaoine aonair freagrach as 37% den chaiteachas ar fad a tabhaíodh, agus an chuid is mó díobh á gcistiú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí tacaí do ghnólachtaí freagrach as 36% den chaiteachas, agus an chuid is mó díobh á gcistiú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.


Tá amlíne an chaiteachais ar na príomhthacaí do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí suas go mí Feabhra 2021 leagtha amach i bhFíor 2.25.

Tá sláinte agus cúram sóisialta freagrach as 16% den chaiteachas iomlán. Is í an Roinn Sláinte a chistigh an chuid is mó den chaiteachas sin.


**Fíor 2.23 Anailís ghrúpáilte ar chaiteachas ar Covid-19**




**Fíor 2.25 Amlíne na dtacaí do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí**




**Fíor 2.24 Anailís ghrúpáilte ar chaiteachas roinne**





Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Iompair; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Cosanta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 3 Cistiú a fuair údaráis áitiúla ón rialtas láir

**3.1** Faigheann údaráis áitiúla cuid mhór dá gcistiú bliantúil ó réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir (féach Fíor 3.1). Is é príomhchuspóir na tuarascála seo breac-chuntas a thabhairt ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí rialtais láir, agus tríothu araon, chuig údaráis áitiúla agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí lena n-aghaidh.

**Fíor 3.1 Sreabhadh cistiúcháin rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2020**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a B'fhéidir nach ionann an sreabhadh cistiúcháin chuig an gCiste Rialtais Áitiúil agus uaidh araon in aon bhliain ar leith, agus tagann athruithe ar iarmhéideanna an Chiste Rialtais Áitiúil ag deireadh na bliana dá bharr sin.

## Aistrithe ón rialtas láir

**3.2** In 2020, b'ionann an cistiú iomlán a sholáthair an rialtas láir d'údaráis áitiúla agus €6.08 billiún — rud ar mhéadú 46% é ar an €4.17 billiún a soláthraíodh in 2019.[1] Ba é ba phríomhchúis leis an méadú €1.91 billiún ná costais a bhain le Covid-19 (€1.42 billiún). Bhain méaduithe suntasacha eile le tithíocht agus athghiniúint (€0.21 billiún) agus bóithre (€0.23 billiún).


**3.3** Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cáin mhaoine áitiúil (CMÁ) agus íocann siad na fáltais go díreach leis an gCiste Rialtais Áitiúil. Bainistíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) an Ciste, agus leithdháileann sé cistiú CMÁ ar údaráis áitiúla aonair trí úsáid a bhaint as foirmle chasta cistiúcháin. Tugtar achoimre in Iarscríbhinn 3A ar an gcistiú CMÁ a eisíodh in 2020.

1 Áirítear ann gach aistriú sainaitheanta os cionn €1 mhilliún. D'fhéadfaí go mbeadh aistrithe ní ba lú eile ann nár cuireadh san áireamh iad.

## Cistiú rialtais láir a úsáid

**3.4** Is féidir cistiú a fhoinsítear ón rialtas láir agus a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla a ghrúpáil isteach i sé chatagóir fhairsinge cláir (féach Fíor 3.2) — Tá miondealú mionsonraithe ar chistiú leagtha amach in Iarscríbhinn 3B.


**Fíor 3.2 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla, de réir foinse agus cuspóra, 2020**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tithíocht agus athghiniúint

**Fíor 3.3** **Sreabhadh cistiúcháin rialtais láir chuig údaráis áitiúla lena infheistiú i dtithíocht agus in athghiniúint, 2015 go 2020**





Foinse: Iarscríbhinn 3B

**3.5** Cuireann an Roinn formhór an chistiúcháin ar fáil do chaiteachas údaráis áitiúil ar thithíocht agus athghiniúint — meastar gur sholáthair an Roinn 97% de in 2020. Úsáideann na húdaráis áitiúla an cistiú le haghaidh na gcuspóirí seo a leanas

- stoc tithíochta sóisialta a sholáthar (a bhainistíonn údaráis áitiúla nó comhlachtaí tithíochta ceadaithe) agus réimse tacaí eile tithíochta, an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP), an scéim cóiríochta cíosa (SCC) agus cóiríocht do dhaoine gan dídean san áireamh
- feabhas a chur ar aonaid reatha tithíochta údaráis áitiúil agus deontais oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine breacaosta agus daoine faoi mhíchumas.

## Infheistíocht san iompar

**Fíor 3.4 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla do bhonneagar iompair, 2015 go 2020**




Foinse: Iarscríbhinn 3B

**Fíor 3.5 Infheistíocht san iompar, de réir eagraíochta agus róil**


| Eagraíocht | Méid cistiúcháin €milliún | Ról |
|---|---|---|
| **An Roinn Iompair** | 546 | ▪ cistiú a sholáthar go díreach d'údaráis áitiúla chun cothabháil a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla |
| **Bonneagar Iompair Éireann**[a] | 429 | ▪ bóithre náisiúnta a fheabhsú agus a chothabháil<br>▪ údaráis áitiúla a úsáid mar a ghníomhairí chun tionscadail bóithre náisiúnta a sholáthar, agus caiteachas a chur ar fáil tríothu |
| **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**[a] | 109 | ▪ údaráis áitiúla a chistiú chun feabhas a chur ar an gcóras iompair phoiblí<br>▪ i measc na gcuspóirí tá teacht níos fearr ar an iompar poiblí i measc daoine breacaosta, sruthanna feabhsaithe tráchta, níos mó bealaí do rothaithe agus coisithe agus rochtain níos fearr do bhusanna agus tacsaithe |
| **An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | 11 | ▪ cistiú a chur ar fáil chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre neamhphoiblí i gceantair thuaithe agus ar bhóithre ar oileáin amach ón gcósta |

Foinse: An Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Nóta: a Oibríonn Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi choimirce na Roinne Iompair agus na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

## Tionscnaimh chomhshaoil

**Fíor 3.6 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla do thionscnaimh chomhshaoil, 2015 go 2020**




Foinse: Iarscríbhinn 3B


**3.6** Áirítear le cistiú do thionscnaimh chomhshaoil in 2020

- cistiú €31 mhilliún d'oibreacha faoisimh ó thuilte a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil do 29 n-údarás áitiúla
- cistiú €26 mhilliún do chláir bhainistíochta dramhaíola, lenar áiríodh €12 mhilliún maidir le líonadh talún a réiteach.

**3.7** Baineann an laghdú suntasach ar chistiú do sheirbhísí uisce agus sláintíochta in 2020 le cistiú ón gCiste Rialtais Áitiúil, arbh ionann é agus €47 milliún in 2019 ach nialas in 2020. Cuireadh an líne cistiúcháin sin ar fáil ó 2014 go 2019 in ionad rátaí tráchtála a ghearr údaráis áitiúla maidir le saoráidí Uisce Éireann atá suite ina limistéir. Cuireadh stop leis na híocaíochtaí cúitimh ón gCiste Rialtais Áitiúil ó Eanáir 2020 nuair a d'éirigh Uisce Éireann inrátáilte.

## Cláir chaipitil ilghnéitheacha

**Fíor 3.7 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla do chláir chaipitil ilghnéitheacha, 2015 go 2020**





Foinse: Iarscríbhinn 3B

**3.8** Cuireann an rialtas láir cistiú ar fáil do chláir chaipitil ilghnéitheacha faoina dtugann údaráis áitiúla — tháinig méadú ar an gcistiú ó €14 mhilliún in 2015 go €103 mhilliún in 2020. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an cistiú go léir ar fáil in 2020 agus áiríodh leis

- €38 milliún do chlár LEADER
- €30 milliún d'athghiniúint tuaithe
- €20 milliún d'athghiniúint bailte agus sráidbhailte.

## Scéimeanna fostaíochta

**Fíor 3.8 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla do scéimeanna fostaíochta, 2015 go 2020**





Foinse: Iarscríbhinn 3B

**3.9** Áirítear le cistiú do scéimeanna fostaíochta in 2020

- cistiú €44 mhilliún (€38 milliún in 2019) a sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí Fhiontraíocht Éireann, don chlár forbartha fiontraíochta áitiúla a soláthraíodh trí oifigí fiontair áitiúil (OFÁnna) — cuireadh €11 mhilliún ar fáil don fhoireann agus do chostais riaracháin OFÁnna agus soláthraíodh €33 mhilliún do chúnamh deontais, oiliúint agus meantóireacht, agus tacaí a bhain le Brexit
- cistiú €40 milliún (€38 milliún in 2019) a sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maidir leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CGISP), rud a bhainistíonn Pobal agus a gcomhchistíonn Ciste Sóisialta na hEorpa é — tá mar aidhm ag an gclár sin tacú le daoine aonair faoi mhíbhuntáiste trí thacaí foghlama agus margaidh saothair a sholáthar ar feadh an tsaoil, agus dul i ngleic le saincheisteanna i ndáil le comhionannas sóisialta agus eisiamh.

## Seirbhísí eile

**Fíor 3.9 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla do sheirbhísí eile, 2015 go 2020**




Foinse: Iarscríbhinn 3B

**3.10** Cistíonn comhlachtaí rialtais láir údaráis áitiúla freisin chun cabhrú le réimse seirbhísí a sholáthar. Léirítear i bhFíor 3.9 an treocht sa leibhéal cistiúcháin maidir leis na seirbhísí siúd, an cistiú seo a leanas a cuireadh ar fáil in 2020 san áireamh

- €45 mhilliún do dheontais spóirt, clóis súgartha agus seirbhísí cultúrtha, lenar áiríodh €29 milliún ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus €14 mhilliún ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- €12 mhilliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do sheirbhísí dóiteáin agus éigeandála
- €7 milliún ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail do sheirbhísí leabharlainne
- €5 mhilliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do sheirbhísí oidhreachta
- €48 milliún ó ranna éagsúla rialtais láir do réimse seirbhísí eile, lenar áiríodh €7 milliún ón Roinn Sláinte do sheirbhísí tréidliachta údaráis áitiúil agus €5 mhilliún ón Roinn Cosanta do ghníomhaíochtaí cosanta sibhialta.

## Cistiú speisialta chun tionchar Covid-19 a mhaolú

**3.11** Chuir an rialtas láir cistiú breise €1.42 billiún ar fáil d'údaráis áitiúla in 2020 chun tionchar Covid-19 a mhaolú. Áiríodh leis sin

- €730 milliún a bhain le rátaí tráchtála a tharscaoileadh ag údaráis áitiúla
- Cistiú €687 milliún do mhicreaghnólachtaí agus do ghnólachtaí beaga do scéimeanna a riar údaráis áitiúla — €633 mhilliún a bhain leis an scéim atosaithe do mhicreaghnólachtaí agus do ghnólachtaí beaga, agus bhain an t-iarmhéid (€53 mhilliún) le scéim dearbhán trádála ar líne Covid-19 agus leis an scéim dearbhán leanúnachais gnó.

### *Tarscaoileadh rátaí tráchtála*

**3.12** Bhí buiséadú déanta don bhliain 2020 ag údaráis áitiúla d'ioncam comhiomlán €1.67 billiún ó rátaí tráchtála gnólachtaí. Fógraíodh i mBealtaine 2020 go ndéanfaí rátaí a tharscaoileadh ar feadh tréimhse thosaigh trí mhí do ghnólachtaí ar imir Covid-19 tionchar orthu. D'aithin sé sin go raibh iallach ar go leor íocóirí rátaí a ngnólachtaí a dhúnadh mar gheall ar cheanglais sláinte poiblí agus go raibh go leor díobh a lean de bheith ar oscailt thíos le laghduithe móra ar láimhdeachas. Cuireadh síneadh roinnt uaireanta leis an tarscaoileadh rátaí, agus lean sé de bheith i bhfeidhm, i ndeireadh na dála, ar feadh tréimhse naoi mí ón 27 Márta 2020. Tá tarscaoileadh rátaí tráchtála níos spriocdhírithe i bhfeidhm don bhliain 2021 a bhfuil súil leis, tráth an tuairiscithe, go gcuirfí críoch leis i Meán Fómhair 2021.

**3.13** Bhí gnólachtaí in earnálacha sonraithe incháilithe go huathoibríoch don tarscaoileadh, earnálacha cosúil le miondíol neamh-bhunriachtanach, fáilteachas, fóillíocht agus siamsaíocht, seirbhísí pearsanta, cosúil le gruagairí agus bearbóirí, seirbhísí sláinte agus roinnt catagóirí eile. Fágadh gnólachtaí san earnáil bhaincéireachta, tráchtála agus réadmhaoine tionsclaíche (i gcás gur sháraigh an bille rátaí bliantúla €100,000 in 2020), fóntais, agus ollmhargaí móra as an áireamh ó raon feidhme an tarscaoilte.

**3.14** D'iarr an Roinn ar gach údarás áitiúil anailís a chur isteach ar an líon íocóirí rátaí agus ar luach na rátaí ar thart ar 300 catagóir réadmhaoine. D'úsáid an Roinn an t-eolas sin chun costas foriomlán measta an tarscaoilte rátaí a ríomh agus chun an tarscaoileadh measta rátaí a phróifíliú maidir le gach údarás áitiúil. Cuireadh cistiú €730 milliún san iomlán ar fáil d'údaráis áitiúla in 2020 — tá miondealú de réir údaráis áitiúil ar fáil in Iarscríbhinn 3C.[1] Leagadh na rialacha agus na coinníollacha a bhaineann leis an tarscaoileadh rátaí amach i gciorcláin ón Roinn agus dheimhnigh ceann airgeadais agus príomhfheidhmeannach gach údaráis áitiúil tuairisceán chuig an Roinn, inar leagadh amach an méid iomlán rátaí a tarscaoileadh.

### *An scéim deontais atosaithe — €633 mhilliún*

**3.15** Rinne údaráis áitiúla scéim deontais atosaithe a riar freisin agus chuir Fiontraíocht Éireann cistiú ar fáil, rud a cistíodh ón Vóta don Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht.[2]

### *Ciste scéimeanna dearbhán trádála ar líne Covid-19 agus dearbhán leanúnachais gnó agus spreagthaí cliant Covid-19 — €53 mhilliún*

**3.16** Riaradh scéim dearbhán trádála ar líne Covid-19 trí oifigí fiontair áitiúil sna húdaráis áitiúla. Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide €18.2 milliún agus sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €4.8 milliún trí Fhiontraíocht Éireann. B'ionann an cúnamh airgeadais a tugadh do ghnólachtaí beaga agus a mhéid le €2,500 an gnólacht, agus cuireadh comhchistiú 10% ar a laghad ar fáil ón ngnólacht.[3]

1 Íocadh €1.9 milliún sa bhreis le húdaráis áitiúla i bhFeabhra agus Márta 2021, maidir le rátaí a tarscaoileadh in 2020. D'aisíoc údaráis áitiúla €2.8 milliún leis an gCiste Rialtais Áitiúil in 2021, maidir le réadmhaoin nár cheart tarscaoileadh rátaí 2020 a chur i bhfeidhm ina leith.

2 Déantar tuairisciú i gCaibidil 6 ar oibriú rialuithe maidir leis an scéim deontais atosaithe.

3 Theastaigh comhchistiú 10% d'éilimh a tháinig chun solais i gcaitheamh na tréimhse ó Aibreán go Nollaig 2020. Is é an riachtanas comhchistithe do dhearbháin ar líne ó Eanáir 2021 50%.

**3.17** Bhí gnólachtaí incháilithe don scéim dearbhán trádála má bhí láithreacht theoranta nó láithreacht ar bith ar líne acu, má bhí deichniúr fostaithe nó níos lú acu, má bhí láimhdeachas níos lú ná €2 mhilliún acu, agus má bhí trádáil ar bun acu ar feadh ar sé mhí ar a laghad. Áiríodh le caiteachas incháilithe comhairliúchán TF, córais íocaíochta ar líne a chur i bhfeidhm agus bogearraí ábhartha a cheannach.

**3.18** Chistigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an scéim dearbhán leanúnachais gnó (€21.9 milliún in 2020). Chuir an scéim dearbhán a mhéid le €2,500 ar fáil do ghnólachtaí ina bhfuil a mhéid le 50 fostaí, i measc na n-earnálacha go léir, i dtreo costais sainchomhairleoireachta tríú páirtí chun cabhrú le straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt chun freagairt do shrianta a bhain le Covid-19 agus a ngnólachtaí a ullmhú d'athoscailt an gheilleagair ar deireadh thiar.

**3.19** Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €8.4 milliún sa bhreis ar fáil do chiste spreagthaí cliant ar mhaithe le cliaint reatha oifigí fiontair áitiúil a chothú sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta, trí spreagadh airgid thirim a sholáthar chun cabhrú le tacú le costais oibriúcháin, agus bhí a mhéid le €20,000 ar fáil do ghnólachtaí incháilithe.

### *Tacaí breise ón Roinn — €131 mhilliún*

**3.20** Seachas caillteanais ioncaim mar gheall ar tharscaoileadh rátaí, d'aithin an Roinn go dtabhódh údaráis áitiúla caillteanais i sruthanna eile ioncaim agus go dtabhóidís costais bhreise mar gheall ar thionchair Covid-19.

**3.21** Tuaradh an méid seo a leanas in anailís a rinne an earnáil rialtais áitiúil

- thiocfadh laghdú thart ar €71 mhilliún in 2020 ar ioncam 'earraí agus seirbhísí' údarás áitiúil mar gheall ar chaillteanas ioncaim a bhaineann le fíneálacha páirceála agus muirir pháirceála, ceadúnais chorrthrádála, agus gníomhaíochtaí fóillíochta agus turasóireachta
- thiocfadh costais bhreise ghinearálta riaracháin €65 mhilliún aníos i measc údaráis áitiúla mar gheall ar Covid-19, costais ath-imlonnaithe, costas oiriúnaithe do chianoibriú, trealamh cosanta pearsanta, agus costais bhreise ghlantacháin ina measc.[1]

**3.22** Rinne údaráis áitiúla an t-ioncam a chaill siad agus na costais bhreise ar mheas siad go raibh orthu iad a íoc nó go dtabhóidís iad a thabhairt le fios don Roinn trí shleachta óna gcórais airgeadais — dheimhnigh ceann airgeadais gach údaráis áitiúil na sonraí a tuairiscíodh. Thug an Roinn faoi fhíorú ar chaillteanais mheasta ioncaim a thuairiscigh deich n-údarás áitiúla a roghnaíodh go fánach agus tuairiscíodh fíorú na gcostas breise do gach údarás áitiúil. Ní dhearnadh aon athruithe ábhartha de bhun na bpróiseas fíoraithe.

**3.23** Íocadh cistiú €131 mhilliún maidir le tionchair Covid-19 2020 ón gCiste Rialtais Áitiúil le húdaráis áitiúla i Márta 2021 — tá miondealú air sin tugtha in Iarscríbhinn 3D.

1 Bunaíodh an réamh-mheastachán ar chostais iarbhír a tabhaíodh don tréimhse ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2020 agus ar chostais mheasta do thréimhse na Samhna agus na Nollag 2020.

## Iarscríbhinn 3A Fáltais Chánach Maoine Áitiúil a leithdháileadh

Ríomhtar leithdháiltí CMÁ, agus an cuspóir ar lena aghaidh a fhéadfar na fáltais siúd a úsáid, trí thagairt a dhéanamh do bhunriachtanas cistiúcháin gach údaráis áitiúil. Ba é an bunriachtanas cistiúcháin do gach údarás áitiúil in 2020 €353 mhilliún.[1]

Is é an pointe tosaigh go gcoimeádtar 80% den toradh réamh-mheasta CMÁ go háitiúil san údarás mar a ndéantar an cháin a ghearradh agus go gcuirtear 20% ar fáil lena n-athdháileadh mar chistiú comhionannaithe.[2] Cuirtear an leithdháileadh 80% a choimeádtar i gcomparáid leis an mbunriachtanas cistiúcháin do gach údarás áitiúil agus, i gcás gurb ísle é sin ná an bunriachtanas cistiúcháin, leithdháiltear cistiú breise comhionannaithe ar an údarás sin. I gcás gurb airde an leithdháileadh 80% ná an bunriachtanas cistiúcháin, ní leithdháiltear aon chistiú breise.

Déantar coigeartú deiridh ar an leithdháileadh maidir le haon athruithe ar an ráta cánach a chuir údaráis áitiúla aonair i bhfeidhm. Laghdaigh ceithre údarás áitiúla a rátaí CMÁ in 2020 agus, mar thoradh air sin, laghdaíodh a leithdháiltí CMÁ faoi €28 milliún. Chinn naoi n-údarás déag (cúig údarás in 2019) a rátaí CMÁ 2020 a mhéadú os cionn an bhunráta agus rinneadh €20 milliún sa bhreis a leithdháileadh orthu (aníos ó €3 mhilliún in 2019).

In 2020, bhí €135 mhilliún ar fáil do na haon údarás déag a raibh staid cistiúcháin barrachais bainte amach acu (i gcoibhneas leis an mbunchistiú) lena n-úsáid féin. Cuirtear san áireamh ansin glanlaghdú €22 mhilliún mar gheall ar mheascán de laghduithe athraithe áitiúil a chuir ceithre údarás áitiúla i bhfeidhm agus de mhéaduithe a chuir ceithre údarás i bhfeidhm. Leithdháileadh €107 milliún sa bhreis chun seirbhísí tithíochta agus bóithre a fhéinchistiú.[3]

I gcás na 20 údarás áitiúil ónar theastaigh comhionannú, bhí €275 mhilliún ar fáil dóibh lena n-úsáid féin, lena áiríodh €13 mhilliún sa bhreis a d'eascair as cinntí faoi athrú áitiúil a chuir cúig cinn déag de na húdaráis áitiúla siúd i bhfeidhm.

**Fíor 3A.1 Leithdháileadh CMÁ ar údaráis áitiúla don bhliain 2020[a]**

| | 2020 | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | Coinneáil 80% > bun | Coinneáil 80% < bun | Gach ceann | Gach ceann |
| **Líon údarás áitiúil** | **11** | **20** | **31** | **31** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Fáltais iomlána CMÁ | 329 | 159 | 488 | 486 |
| Coinneáil áitiúil (80%) | 263 | 127 | 390 | 389 |
| Cistiú comhionannaithe | | | | |
| - Athdháileadh CMÁ (20%) | — | 98 | 98 | 97 |
| - Ranníocaíocht leis an Státchiste | — | 37 | 37 | 41 |
| **Leithdháiltí CMÁ réamhathraithe** | **263** | **262** | **526** | **528** |
| Coigeartú d'athruithe áitiúla ar an ráta cánach | (22) | 13 | (9) | (25) |
| **Leithdháiltí CMÁ iarathraithe** | **241** | **275** | **517** | **503** |
| **Atá ceaptha** | | | | |
| - **d'úsáid ghinearálta féin an údaráis** | **135** | **275** | **410** | **394** |
| - **do sheirbhísí tithíochta/bóithre a fhéinchistiú** | **107** | **—** | **107** | **109** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nóta: a D'fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.

1 Tá nasc idir an bunriachtanas cistiúcháin, den chuid is mó, agus an leibhéal cistiúcháin a leithdháileadh roimhe seo in 2014 ar gach údarás áitiúil ón gCiste Rialtais Áitiúil mar dheontais ilchuspóireacha (€282 mhilliún in 2014) agus ar an leibhéal asbhaintí a bhaineann le pinsean a choinnigh údaráis áitiúla (€74 mhilliún in 2014). Tríd is tríd, cuirtear an leithdháileadh CMÁ in ionad an dá iarfhoinse cistiúcháin sin anois.

2 Ríomhtar an toradh measta CMÁ do gach údarás áitiúil trí úsáid a bhaint as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar ghlandliteanais dhearbhaithe sa bhliain roimhe sin.

3 I gcás go bhfuil staid bharrachais bainte amach ag údarás, dáiltear an barrachas idir cuspóirí lánroghnacha 'féinúsáide' agus ranníocaíochtaí ordaithe i dtreo chaiteachas an údaráis ar thithíocht agus ar bhóithre. Ba é comhréir an leithdháilte fhoriomláin in 2020 chun tithíocht a chistiú €90.5 milliún (85%) agus ba é an chomhréir le bóithre a chistiú €16.2 milliún (15%). Tugann an Roinn fógra do gach údarás áitiúil faoi leithdháileadh an bharrachais.

## Iarscríbhinn 3B

Léirítear na treochtaí i gcistiú a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla i gcaitheamh na tréimhse ó 2015 go 2020 i bhFíor 3B.1. Rinneadh coigeartuithe ar roinnt suimeanna a tuairiscíodh roimhe seo le suimeanna nár cuireadh san áireamh roimhe seo agus le hathrangú a chur san áireamh. D'fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.

### *Foinsí cistiúcháin*

Is í foinse an chistiúcháin atá tuairiscithe i bhFíor 3B.1 thíos

- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- An Roinn Iompair
- An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Dlí agus Cirt
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Cosanta
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Ciste Rialtais Áitiúil (níl iniúchadh déanta ar ráitis an chiste do 2020)
- Ráitis Airgeadais an Chiste Comhshaoil (níl iniúchadh déanta ar na ráitis do 2020).

**Fíor 3B.1 Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2015 go 2020**

| Catagóir caiteachais | 2015<br>€m | 2016<br>€m | 2017<br>€m | 2018<br>€m | 2019<br>€m | 2020<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tithíocht agus athghiniúint** | | | | | | |
| Tithíocht shóisialta a sholáthar | 614 | 759 | 1,133 | 1,704 | 2,024 | 2,156 |
| Tithíocht inacmhainne, etc. | 3 | 2 | 3 | — | — | — |
| Cistiú bonneagair | — | — | — | 7 | 22 | 32 |
| Tacaí eile tithíochta | 114 | 92 | 79 | 215 | 258 | 340 |
| Athghiniúint | 50 | 60 | 78 | 86 | 79 | 67 |
| | **781** | **913** | **1,293** | **2,012** | **2,383** | **2,595** |
| **Infheistíocht san iompar** | | | | | | |
| Bóithre náisiúnta a fheabhsú | 236 | 200 | 239 | 315 | 330 | 429 |
| Bóithre réigiúnacha agus áitiúla a fheabhsú | 337 | 394 | 368 | 461 | 512 | 573 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitil) | 54 | 45 | 30 | 36 | 40 | 109 |
| | **627** | **639** | **637** | **812** | **882** | **1,111** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 102 | 98 | 98 | 102 | 107 | 63 |
| Oibreacha faoisimh ó thuilte | 44 | 34 | 28 | 31 | 28 | 31 |
| Bainistíocht dramhaíola | 3 | 18 | 17 | 25 | 23 | 26 |
| Bearta eile comhshaoil | 18 | 3 | 7 | 13 | 6 | 3 |
| | **167** | **153** | **150** | **171** | **164** | **123** |
| **Cláir chaipitil ilghnéitheacha** | **14** | **24** | **22** | **64** | **85** | **103** |
| **Scéimeanna fostaíochta** | **37** | **38** | **81** | **84** | **86** | **91** |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Linnte snámha | 1 | 4 | 6 | 1 | — | — |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 6 | 9 | 12 | 13 | 13 | 12 |
| Seirbhís leabharlainne | 2 | 2 | 7 | 7 | 6 | 7 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tionscadail chultúrtha | 9 | 28 | 13 | 22 | 30 | 45 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 1 | 1 | 2 | 1 | 4 | 5 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | 41 | 76 | 27 | 44 | 34 | 48 |
| | **60** | **120** | **67** | **88** | **87** | **117** |
| **Tacaí Covid-19** | | | | | | |
| Cistiú a bhaineann le Covid-19 do rátaí tarscaoilte | — | — | — | — | — | 730 |
| Cistiú a bhaineann le Covid-19 do ghnólachtaí | — | — | — | — | — | 687 |
| | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **1,417** |
| Leithdháiltí CMÁ — ilchuspóireach/lánroghnach | 306 | 310 | 393 | 395 | 394 | 410 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair a íocadh ón gCiste Rialtais Áitiúil | — | 25 | 20 | 60 | 86 | 109 |
| **Cistiú iomlán a soláthraíodh d'údaráis áitiúla** | **1,993** | **2,223** | **2,662** | **3,686** | **4,167** | **6,076** |

Foinse: Iarscríbhinn 3B

## Iarscríbhinn 3C Cistiú an tarscaoilte rátaí tráchtála, de réir údarás áitiúil, 2020

| Údarás áitiúil | Íocaíochtaí | Líon na gcuntas rátaí a tarscaoileadh | Meánluach na rátaí a tarscaoileadh |
|---|---|---|---|
| | € | | € |
| Comhairle Contae Cheatharlach | 7,666,442 | 1,945 | 3,942 |
| Comhairle Contae an Chabháin | 5,923,215 | 1,661 | 3,566 |
| Comhairle Contae an Chláir | 13,569,087 | 3,321 | 4,086 |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | 54,255,518 | 8,166 | 6,644 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 34,661,632 | 9,094 | 3,811 |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | 14,987,401 | 4,155 | 3,607 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 160,435,140 | 18,775 | 8,545 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 44,490,505 | 4,914 | 9,054 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 80,951,299 | 5,894 | 13,735 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 20,722,672 | 3,478 | 5,958 |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | 10,491,034 | 3,508 | 2,991 |
| Comhairle Contae Chiarraí | 18,469,939 | 4,231 | 4,365 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 22,159,259 | 4,001 | 5,538 |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | 8,633,724 | 2,268 | 3,807 |
| Comhairle Contae Laoise | 5,987,788 | 1,394 | 4,295 |
| Comhairle Contae Liatroma | 2,176,750 | 591 | 3,683 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | 25,016,190 | 4,518 | 5,537 |
| Comhairle Contae an Longfoirt | 3,996,936 | 945 | 4,230 |
| Comhairle Contae Lú | 19,385,802 | 3,237 | 5,989 |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | 13,090,158 | 3,330 | 3,931 |
| Comhairle Contae na Mí | 18,629,990 | 3,562 | 5,230 |
| Comhairle Contae Mhuineacháin | 6,061,545 | 1,934 | 3,134 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 4,426,109 | 1,674 | 2,644 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | 4,014,759 | 1,421 | 2,825 |
| Comhairle Contae Shligigh | 5,469,375 | 1,503 | 3,639 |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | 59,115,862 | 6,740 | 8,771 |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | 12,746,687 | 2,547 | 5,005 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | 14,837,558 | 3,563 | 4,164 |
| Comhairle Contae na hIarmhí | 8,221,948 | 2,007 | 4,097 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 15,994,934 | 3,434 | 4,658 |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 13,326,036 | 3,520 | 3,786 |
| **Iomlán** | **729,915,293** | **121,331** | |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

## Iarscríbhinn 3D Cistiú a soláthraíodh d'údaráis áitiúla don ioncam a cailleadh agus do chostais bhreise a tabhaíodh in 2020 mar gheall ar Covid-19, de réir údarás áitiúil, a íocadh i Márta 2021

| Údarás áitiúil | Caillteanas ioncaim<br>€ | Costais bhreise<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Cheatharlach | 225,000 | 1,100,027 | 1,325,027 |
| Comhairle Contae an Chabháin | 626,855 | 519,415 | 1,146,270 |
| Comhairle Contae an Chláir | 4,454,328 | 1,923,809 | 6,378,137 |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | 5,428,750 | 2,460,397 | 7,889,147 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2,249,646 | 4,507,437 | 6,757,083 |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | 1,070,596 | 2,478,940 | 3,549,536 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 23,611,216 | 10,466,751 | 34,077,967 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 4,407,077 | 2,149,100 | 6,556,177 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 952,850 | 3,715,031 | 4,667,881 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 3,921,080 | 368,575 | 4,289,655 |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | 1,013,526 | 1,464,153 | 2,477,679 |
| Comhairle Contae Chiarraí | 2,019,391 | 3,332,950 | 5,352,341 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 1,128,486 | 2,118,679 | 3,247,165 |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | 1,105,648 | 1,184,699 | 2,290,347 |
| Comhairle Contae Laoise | 493,654 | 517,754 | 1,011,408 |
| Comhairle Contae Liatroma | 191,892 | 739,227 | 931,119 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | 1,549,447 | 2,103,102 | 3,652,549 |
| Comhairle Contae an Longfoirt | 1,088,035 | 629,570 | 1,717,605 |
| Comhairle Contae Lú | 1,392,527 | 1,239,881 | 2,632,408 |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | 2,368,648 | 1,752,543 | 4,121,191 |
| Comhairle Contae na Mí | 622,949 | 1,142,256 | 1,765,205 |
| Comhairle Contae Mhuineacháin | 333,232 | 825,566 | 1,158,798 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 626,673 | 673,839 | 1,300,512 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | 80,924 | 725,177 | 806,101 |
| Comhairle Contae Shligigh | 1,117,660 | 1,287,909 | 2,405,569 |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | 437,637 | 1,571,188 | 2,008,825 |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | 2,320,354 | 2,425,503 | 4,745,857 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | 1,516,957 | 1,684,874 | 3,201,831 |
| Comhairle Contae na hIarmhí | 1,636,699 | 1,233,568 | 2,870,267 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 1,660,585 | 2,523,326 | 4,183,911 |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 1,443,769 | 1,347,967 | 2,791,736 |
| **Iomlán** | **71,096,091** | **60,213,213** | **131,309,304** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

# Caiteachas vótáilte

# 4 Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid

**4.1** Faigheann ranna agus oifigí Rialtais maoiniú bliantúil ón Státchiste chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar soláthar do chaiteachas faoi 'vótaí' arna gceadú ag Dáil Éireann, agus clúdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige. Tugtar éifeacht dhlíthiúil chríochnaitheach do na vótaí san Acht Leithreasa bliantúil.

**4.2** Ceaptar ceann gach roinne nó oifige mar 'Oifigeach Cuntasaíochta' le haghaidh an vóta/na vótaí ábhartha, agus oibleagáid reachtúil air cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú le haghaidh gach seirbhíse vótáilte ábhartha, ag cur an toraidh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim a sholáthair Dáil Éireann. Tá na cuntais seo faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**4.3** Rinneadh soláthar leis an Acht Leithreasa, 2020, do mhaoiniú le haghaidh seirbhísí vótáilte (leithreasaí) dar luach iomlán €72.4 billiún. Údaraíodh leis an Acht vótaí dar luach €69.7 billiún a eisiúint ó Phríomh-Chiste an Státchiste (dá dtagraítear deontais soláthair) agus úsáid a bhaint as fáltais vóta ionchais áirithe (dá dtagraítear leithreasaí-i-gcabhair) dar luach €2.7 billiún. Ina theannta sin, tugadh maoiniú caipitil neamhúsáidte dar luach €215 milliún anonn ó 2019 lena chaitheamh in 2020, rud a chiallaigh go raibh an maoiniú vóta iomlán a bhí ar fáil cothrom le €72.6 billiún.[1]

## Torthaí iniúchtaí 2020 ar chuntais leithreasa

**4.4** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2020 le haghaidh na vótaí ar fad curtha i gcrích. Tá gach cuntas, i dteannta na tuarascála iniúchta gaolmhaire, á gcur faoi bhráid Dháil Éireann.

## Éabhlóid na meastachán vóta in 2020

**4.5** Rinneadh soláthar sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2020*, a foilsíodh i mí na Nollag 2019, le haghaidh maoiniú vótáilte iomlán de bheagnach €57 billiún a bhain le 44 vóta. Rinneadh athbhreithniú air seo roinnt babhtaí ina dhiaidh sin.

**4.6** Mar gheall ar phaindéim Covid-19, cuireadh meastacháin athbhreithnithe le haghaidh 2020 ar fáil le haghaidh roinnt seirbhísí vótáilte a raibh tionchar díreach ag an bpaindéim orthu. Níor tugadh aon athrú faoi deara sna meastacháin le haghaidh 31 vóta, ach bhí glanmhéadú €9.2 billiún le tabhairt faoi deara sa mhaoiniú a bhí á chur ar fáil do na 13 vóta eile.

**4.7** Tugadh athruithe eile faoi deara i meastacháin 2020 mar gheall ar bhunú Rialtais nua, rud arbh é an toradh a bhí air feidhmeanna a aistriú idir seacht seirbhís vótáilte reatha, vóta nua a chruthú (Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht) agus ainmneacha roinnt vótaí reatha a athrú. Is éard a bhí sa toradh deiridh soláthar chomhiomlán €69.7 billiún le haghaidh seirbhísí vótáilte in 2020.

1 Nuair a bhíonn meastacháin agus tuairiscí maidir le caiteachas vótáilte á gcur i láthair, déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna a chur ar áireamh san ollchaiteachas vótáilte iomlán de ghnáth. Measann an Roinn go soláthraíonn sé seo léargas níos iomláine ar chaiteachas foriomlán an Rialtais.


## Leithreasaí

4.8 Tá achoimre ar na suimeanna a leithreasaíodh in 2020 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte le fáil in Iarscríbhinn 4A (Fíor 4A.1). Chomh maith leis sin, taispeántar an toradh don bhliain, i dteannta an fharasbairr leithreasaí i gcomparáid le caiteachas.

## Toradh Vóta

4.9 Tá eolas maidir le caiteachas agus leithreasaí-i-gcabhair comhiomlána le haghaidh gach vóta le haghaidh na mblianta idir 2012 agus 2020 le fáil i bhFíor 4.1. Bhí an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2020 cothrom le €70.1 billiún (ollchaiteachas). I ndiaidh leithreasaí-i-gcabhair réadaithe a bhí cothrom le €2.8 billiún a bhaint, bhí an glanchaiteachas sa bhliain cothrom le €67.3 billiún.

**Fíor 4.1 Toradh caiteachais vótáilte, 2012 - 2020**





Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 - 2020, Iarscríbhinn 4A Fíor 4A.1

## Farasbarr

4.10 Ní cheadaítear do ranna agus oifigí níos mó ná an tsuim a leithreasaíodh le haghaidh gach vóta a chaitheamh. I gcás go bhfuil an glanchaiteachas sa bhliain níos lú ná an tsuim a cuireadh ar fáil, tá an farasbarr le géilleadh don Státchiste.

4.11 Thaifead gach vóta farasbarr in 2020. Bhí farasbarr 2020 cothrom le €2,653 milliún — an farasbarr is airde le blianta fada anuas (féach Fíor 4.2). As an tsuim sin, ceadaíodh €710 milliún a thabhairt anonn go 2021. Bhí an t-iarmhéid €1,943 milliún le géilleadh. Tá eolas maidir leis na suimeanna atá faoi dhliteanas le géilleadh nó le tabhairt anonn go 2021 le haghaidh gach vóta le feiceáil in Iarscríbhinn 4A (Fíor 4A.2).

**Fíor 4.2 Leithreasaí farasbairr, 2012 - 2020**





Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 - 2020, Iarscríbhinn 4A Fíor 4A.2

## Difríocht buiséid

4.12 Is ionann na suimeanna measta bunaidh arna gceadú ag Dáil Éireann le haghaidh 2020 agus an réamhaisnéis ar an tsuim atá riachtanach chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a chlúdach.[1] Is éard atá i gceist leis an difríocht buiséid an difríocht idir an meastachán ar ghlanchaiteachas seo agus an toradh iarbhír i mbliain.[2] Gach bliain ó 2016, bhí an glanchaiteachas iomlán le haghaidh gach vóta níos lú ná an figiúr iomlán a cuireadh ar fáil (féach Fíor 4.3).

**Fíor 4.3 Difríocht idir an glancaiteachas agus an buiséad bunaidh, gach vóta, 2012 - 2020**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Le haghaidh 2020, léiríonn na suimeanna measta na meastacháin athbhreithnithe socraithe a cheadaigh Dáil Éireann, ina ndearnadh cuntas ar cheanglais agus athruithe a bhain le Covid-19 i struchtúr an vóta ag eascairt as an athrú Rialtais i lár 2020.

2 Tá foráil reachtúil ann lena gceadaítear leithdháiltí caipitil neamhchaite a thabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn lena n-úsáid chun na críche céanna, le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna tugtha anonn mar seo mar chuid de leithreasaí bliantúla (an bhliain dár gcionn).

## Fáltais Státchiste

**4.13** Tá gach fáltas de chuid ranna agus oifigí rialtais láir faoi dhliteanas le haghaidh lóisteála sa Phríomh-Chiste, mura gcinneann Dáil Éireann go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm mar leithreasaí-i-gcabhair.

**4.14** Áirítear i measc na samplaí d'fháltais nach gcaitear leo mar leithreasaí-i-gcabhair fáltais na hÉireann ó Chóras Trádála Astaíochtaí AE, táillí an Údaráis Clárúcháin Maoine agus fáltais fíneálacha cúirte. Aistrítear iad seo chuig an bPríomh-Chiste, agus tagraítear dóibh mar fháltais 'bhreise' Státchiste. Is iondúil go ndéantar cuntas ar fháltais amhantair mar seo freisin, lena n-áirítear fáltais díolachán suntasach maoine, fáltais de bhua ioncam farasbairr nó brabúis de chuid cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh agus géilleadh deonach tuarastail.

**4.15** Taispeántar fáltais bhreise Státchiste in 2020 sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. Bhí na fáltais bhreise Státchiste a thaifead ranna agus oifigí cothrom le €245 milliún in 2020 (2019: €301 milliún). Tá eolas maidir le suim chomhiomlán na bhfáltas seo atá tuairiscithe i ngach cuntas le fáil in Iarscríbhinn 4A (Fíor 4A.3).

## Iarscríbhinn 4A Toradh airgeadais Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin maidir leis na suimeanna a theastaíonn le haghaidh na seirbhísí seo in imeacht bliana a sholáthar, agus éifeacht reachtúil á tabhairt do na meastacháin seo san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a chur ar fáil le haghaidh gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a sholáthar maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim arna cur ar fáil ag Dáil Éireann.

Tá achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2020, de réir vóta, le fáil i bhFíor 4A.1.

Tá eolas le fáil i bhFíor 4A.2 maidir le conas a cuireadh leithreasaí farasbairr i bhfeidhm in 2020 — trí chaiteachas a iarchur go 2021, nó trí chaiteachas a ghéilleadh don Státchiste.

Tá eolas le fáil i bhFíor 4A.3 faoi na fáltais bhreise Státchiste a taifeadadh i gcomparáid le gach vóta in 2020.

Tá cuid de na téarmaí a úsáideadh sna táblaí le fáil thíos.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead arna dheonú (nó arna vótáil) ag Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2019** | Suim an mhaoinithe chaipitil neamhchaite in 2019 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar sheirbhísí caipitil in 2020. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna seo. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Is féidir fáltais Roinne, le comhaontú Dháil Éireann, a choimeád chun costais an vóta lena mbaineann siad a íoc. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, an airgid chaipitil a iarchuireadh in 2019 (más ann dá leithéid) agus leithreasaí-i-gcabhair. |
| **Farasbarr don bhliain** | Farasbarr leithreasaí iomlána Dháil Éireann thar ollchaiteachas i dteannta aon fharasbairr ar leithreasaí-i-gcabhair. Tá an farasbarr don bhliain le géilleadh don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Suim an mhaoinithe chaipitil neamhchaite in 2020 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais in 2021. Cheadaigh Dáil Éireann an tabhairt anonn seo. |
| **Farasbarr le géilleadh** | An tsuim airgid a leithreasaíodh in 2020 ach nár caitheadh sa bhliain nó a iarchuireadh go 2021, agus a cheanglaítear a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais Roinne nach leithreasaí-i-gcabhair sa vóta iad, ach a aistrítear chuig an Státchiste. |

**Fíor 4A.1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2020, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Suim a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurth a ó 2019 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-fharasbarr (easnamh) | Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais | Glan-fharasbarr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 4,500 | — | 74 | 4,574 | 3,922 | 81 | 3,841 | 652 | 7 | 659 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 54,013 | — | 855 | 54,868 | 42,808 | 626 | 42,182 | 12,060 | (229) | 11,831 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 16,180 | — | 705 | 16,885 | 15,682 | 542 | 15,140 | 1,203 | (163) | 1,040 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 65,690 | — | 1,320 | 67,010 | 64,979 | 1,469 | 63,510 | 2,031 | 149 | 2,180 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 43,968 | — | 845 | 44,813 | 44,248 | 701 | 43,547 | 565 | (144) | 421 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 37,381 | — | 810 | 38,191 | 38,050 | 904 | 37,146 | 141 | 94 | 235 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 38,573 | — | 1,310 | 39,883 | 35,977 | 753 | 35,224 | 3,906 | (557) | 3,349 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 9,116 | — | 6,031 | 15,147 | 14,301 | 6,616 | 7,685 | 846 | 585 | 1,431 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 411,794 | — | 59,387 | 471,181 | 467,231 | 60,278 | 406,953 | 3,950 | 891 | 4,841 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 3,233 | — | 75 | 3,308 | 3,018 | 63 | 2,955 | 290 | (12) | 278 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 42,745 | 146 | 2,184 | 45,075 | 41,720 | 3,062 | 38,658 | 3,355 | 878 | 4,233 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 375,517 | — | 264,600 | 640,117 | 628,412 | 366,104 | 262,308 | 11,705 | 101,504 | 113,209 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 490,427 | 8,000 | 15,000 | 513,427 | 488,307 | 12,113 | 476,194 | 25,120 | (2,887) | 22,233 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 10,271 | — | 1,046 | 11,317 | 11,061 | 1,028 | 10,033 | 256 | (18) | 238 |
| 15 | An tSeirbhís Rúnda | 2,000 | — | - | 2,000 | 1,068 | -— | 1,068 | 932 | - | 932 |
| 16 | An Oifig Luachála | 16,354 | — | 1,283 | 17,637 | 10,282 | 895 | 9,387 | 7,355 | (388) | 6,967 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 16,291 | 150 | 154 | 16,595 | 13,940 | 312 | 13,628 | 2,655 | 158 | 2,813 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 55,400 | 1,024 | 6,005 | 62,429 | 47,862 | 5,911 | 41,951 | 14,567 | (94) | 14,473 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 11,839 | — | 482 | 12,321 | 10,136 | 383 | 9,753 | 2,185 | (99) | 2,086 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,826,906 | — | 115,563 | 1,942,469 | 1,927,814 | 117,237 | 1,810,577 | 14,655 | 1,674 | 16,329 |
| 21 | Príosúin | 397,211 | — | 10,880 | 408,091 | 400,879 | 10,825 | 390,054 | 7,212 | (55) | 7,157 |

| Vóta | Seirbhís | Suim a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurth a ó 2019 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-fharasbarr (easnamh) | Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais | Glan-fharasbarr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 129,245 | — | 31,933 | 161,178 | 154,628 | 32,634 | 121,994 | 6,550 | 701 | 7,251 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 31,788 | — | 531 | 32,319 | 31,100 | 607 | 30,493 | 1,219 | 76 | 1,295 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 350,994 | — | 67,061 | 418,055 | 399,206 | 72,192 | 327,014 | 18,849 | 5,131 | 23,980 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,733 | — | 81 | 6,814 | 6,154 | 70 | 6,084 | 660 | (11) | 649 |
| 26 | Oideachas | 8,378,554 | — | 331,931 | 8,710,485 | 8,595,589 | 354,947 | 8,240,642 | 114,896 | 23,016 | 137,912 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 549,702 | — | 1,030 | 550,732 | 547,719 | 1,046 | 546,673 | 3,013 | 16 | 3,029 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 225,444 | — | 44,701 | 270,145 | 254,896 | 38,264 | 216,632 | 15,249 | (6,437) | 8,812 |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 488,923 | 27,296 | 25,224 | 541,443 | 428,267 | 13,120 | 415,147 | 113,176 | (12,104) | 101,071 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 1,402,659 | 19,800 | 354,255 | 1,776,714 | 1,674,994 | 388,488 | 1,286,506 | 101,720 | 34,233 | 135,953 |
| 31 | Iompar | 3,028,511 | 19,162 | 22,323 | 3,069,996 | 2,679,587 | 17,800 | 2,661,787 | 390,409 | (4,523) | 385,886 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 1,855,169 | 42,150 | 52,708 | 1,950,027 | 1,764,678 | 49,781 | 1,714,897 | 185,349 | (2,927) | 182,422 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spóirt agus Meán | 754,609 | 32,796 [b] | 248,296 | 1,035,701 | 972,063 | 234,462 | 737,601 | 63,638 | (13,834) | 49,804 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 5,410,287 | 33,500 | 57,910 | 5,501,697 | 5,272,561 | 55,318 | 5,217,243 | 229,136 | (2,592) | 226,544 |
| 35 | Arm-Phinsin | 254,150 | — | 5,000 | 259,150 | 251,027 | 4,986 | 246,041 | 8,123 | (14) | 8,109 |
| 36 | Cosaint | 756,961 | — | 24,070 | 781,031 | 780,999 | 30,210 | 750,789 | 32 | 6,140 | 6,172 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 17,132,485 | 1,187 | 218,190 | 17,351,862 | 16,472,360 | 201,541 | 16,270,819 | 879,502 | (16,649) | 862,853 |
| 38 | Sláinte | 20,412,200 | 30,000 | 463,222 | 20,905,422 | 20,809,989 | 487,723 | 20,322,266 | 95,433 | 24,501 | 119,934 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 18,352 | 59 | 358 | 18,769 | 16,497 | 453 | 16,044 | 2,272 | 95 | 2,367 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Gnóthaí Óige | 1,800,071 | - | 36,530 | 1,836,601 | 1,712,990 | 35,646 | 1,677,344 | 123,611 | (884) | 122,727 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 3,366 | - | 47 | 3,413 | 2,817 | 66 | 2,751 | 596 | 19 | 615 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 293,442 | - | 81,390 | 374,832 | 359,418 | 84,677 | 274,741 | 15,414 | 3,287 | 18,701 |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 21,704 | - | 125 | 21,829 | 21,436 | 143 | 21,293 | 393 | 18 | 413 |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 16,686 | - | 230 | 16,916 | 12,218 | 155 | 12,063 | 4,698 | (75) | 4,623 |

| Vóta | Seirbhís | Suim a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurth a ó 2019 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-fharasbarr (easnamh) | Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais | Glan-fharasbarr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 2,445,714 | - | 103,442 | 2,549,156 | 2,526,540 | 105,710 | 2,420,830 | 22,616 | 2,268 | 24,884 |
| | **Iomlán** | **69,697,158** | **215,270[b]** | **2,659,197** | **72,571,625** | **70,059,430** | **2,799,942** | **67,259,488** | **2,512,195** | **140,745** | **2,652,939** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2020. Baineann aon difríochtaí follasacha sna figiúirí iomlána le slánú.

Nótaí:
a Cuimsítear sa ghlanfharasbarr farasbarr leithreasaí iomlána Dháil Éireann thar ollchaiteachas i dteannta an fharasbairr (easnamh) ar leithreasaí-i-gcabhair.
b Aontaíodh an figiúr seo leis an Meastacháin Athbhreithnithe 2021 in ionad an Acht Leithreasa, 2020 arna leasú de réir ionstraim reachtúil 85 de 2021.

**Fíor 4A.2 Úsáid leithreasaí farasbairr 2020, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Farasbarr don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go 2021) | Farasbarr le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 658 | — | 658 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 11,831 | — | 11,831 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,040 | — | 1,040 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 2,180 | — | 2,180 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 421 | — | 421 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 235 | — | 235 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 3,349 | — | 3,349 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,431 | — | 1,431 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4,841 | — | 4,841 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 278 | — | 278 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 4,233 | — | 4,233 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 113,209 | — | 113,209 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 22,233 | 20,000 | 2,233 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 238 | — | 238 |
| 15 | An tSeirbhís Rúnda | 932 | — | 932 |
| 16 | An Oifig Luachála | 6,967 | — | 6,967 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 2,813 | 200 | 2,613 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 14,473 | 1,435 | 13,038 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 2,086 | — | 2,086 |
| 20 | An Garda Síochána | 16,329 | 12,750 | 3,579 |
| 21 | Príosúin | 7,157 | 5,468 | 1,689 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 7,251 | 4,895 | 2,356 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,295 | — | 1,295 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 23,980 | 3,900 | 20,080 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 649 | — | 649 |
| 26 | Oideachas | 137,912 | — | 137,912 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 3,029 | — | 3,029 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 8,812 | — | 8,812 |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 101,072 | 37,747 | 63,325 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 135,953 | 31,600 | 104,353 |
| 31 | Iompar | 385,886 | 151,480 | 234,406 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 182,422 | 106,200 | 76,222 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spóirt agus Meán | 49,804 | 16,892 | 32,912 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 226,544 | 214,000 | 12,544 |
| 35 | Arm-Phinsin | 8,109 | — | 8,109 |
| 36 | Cosaint | 6,172 | — | 6,172 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 862,853 | 910 | 861,943 |
| 38 | Sláinte | 119,934 | 68,174 | 51,760 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 2,367 | 59 | 2,308 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Gnóthaí Óige | 122,727 | 4,100 | 118,627 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 615 | — | 615 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 18,701 | 13,180 | 5,521 |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 411 | — | 411 |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 4,623 | — | 4,623 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 24,884 | 16,700 | 8,184 |
| **Iomlán** | | **2,652,938** | **709,690** | **1,943,248** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2020. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Fíor 4A.3 Fáltais bhreise Státchiste 2020, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise a réadaíodh |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 55 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 899 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 2 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2,069 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 460 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 12,042 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | An tSeirbhís Rúnda | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 116 |
| 20 | An Garda Síochána | 4,524 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 5,608 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 59,698 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 26 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas | 2 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | — |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 123,155 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 118 |
| 31 | Iompar | 5,055 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 13,607 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spóirt agus Meán | 53 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 8,910 |
| 35 | Arm-Phinsin | — |
| 36 | Cosaint | — |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 11 |
| 38 | Sláinte | 48 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 121 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Gnóthaí Óige | 7,432 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | — |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | — |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 75 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 527 |
| **Iomlán** | | **244,613** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2020. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 5 Caiteachas ar theicneolaíocht agus oiliúint spéaclaí oíche don chuardach agus tarrtháil

**5.1** Tá Garda Cósta na hÉireann mar chuid den Roinn Iompair. Is é a phríomhról seirbhísí cuardaigh agus tarrthála, freagartha taismeach muirí agus truaillithe a sholáthar.

**5.2** Oibríonn an Garda Cósta seirbhís cuardaigh agus tarrthála héileacaptair a sholáthraítear faoi chonradh ó bhunáiteanna atá lonnaithe i Sligeach, Sionainn, Baile Átha Cliath agus Port Láirge.

**5.3** I ndiaidh próiseas tairisceana poiblí in 2012, dámhadh conradh do chuideachta chun an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála a sholáthar agus a oibriú ó na bunáiteanna ar feadh tréimhse deich mbliana (Iúil 2012 go Meitheamh 2022), agus d'fhéadfaí síntí breise a chur leis ar feadh a fhaide le trí bliana eile. Cuireadh síneadh leis an gconradh faoi dhó, agus tá sé le bheith i bhfeidhm anois a fhaide le 2024.

**5.4** Leis an gconradh leis an gcuideachta, rinneadh soláthar do chúig héileacaptar chun an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála a chur ar fáil (héileacaptar amháin nua agus ceithre héileacaptar inseirbhíse). Is éagsúil an aois atá bainte amach ag na héileacaptair atá á n-úsáid faoi láthair (in 2021), idir beagán faoi bhun seacht mbliana agus tuairim is 15 bliana ó dháta na déantúsaíochta.

**5.5** Ba é costas na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála a gearradh ar Vóta 31 Iompar in 2020 €60.014 milliún.

**5.6** Sular cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana, moladh i dtuarascáil a ullmhaíodh i Márta 2010 gur cheart 'córas íomháithe oíche' (NVIS) a fheistiú ar na héileacaptair a úsáidtear leis an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála a sholáthar faoin gconradh nua. Moladh, ina theannta sin, gur cheart spéaclaí oíche agus oiliúint oíche a chur ar an gcriú nuair a bheadh an cistiú ar fáil.

**5.7** Sonraíodh i gconradh 2012 go ndéanfadh an Roinn íocaíocht €4.305 milliún,[1] nó €861,000 in aghaidh an héileacaptair, chun mionathrú a dhéanamh amach anseo ar an bhflít beartaithe chun comhoiriúnacht NVIS a bhaint amach.

**5.8** Soláthraíodh NVIS sna trí chéim seo a leanas:

- gach ceann de na cúig héileacaptar a mhionathrú do chomhoiriúnacht NVIS
- spéaclaí oíche a cheannach
- oiliúint a chur ar an gcriú.

**5.9** Tosaíodh an chéim mionathraithe héileacaptar in 2013, agus d'íoc an Roinn €4.305 milliún leis an gcuideachta ina leith sin. Áiríodh leis seo mionathruithe oíche a chur i bhfeidhm ar chórais eitleonaice chró an phíolóta, soilsiú i gcúl an chábáin agus soilsiú seachtrach. Críochnaíodh an chéim sin in 2015. Mionathraíodh an héileacaptar nua a tugadh isteach sa tseirbhís in 2015 i dtaobh NVIS sular tháinig sé i láthair lena oibriú.

1 Áirítear CBL ar an ráta ábhartha le figiúirí caiteachais a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, mura dtugtar a mhalairt le fios.

**5.10** I ndiaidh próiseas tairisceana iomaíche a chríochnú, íocadh €527,000 leis an gcuideachta i Samhain 2015 maidir le 24 thacar spéaclaí oíche a cheannach. Trealamh láimhe iad na spéaclaí agus déantar seiceálacha calabraithe ar na spéaclaí gach bliain.

**5.11** Measadh go raibh costais tosaigh €37,000 in 2009 ar an oiliúint a sholáthar agus gurbh ionann na costais leanúnacha reatha agus €65,000 sa bhliain.

**5.12** Fuarthas togra chun oiliúint tosaigh agus leantach NVIS a sholáthar do chriúnna héileacaptair ón gcuideachta i Meán Fómhair 2017 ar chostas €4.144 milliún. Déantar an miondealú seo a leanas air sin:

- oiliúint a chur ar phíolótaí — €3.154 milliún
- oiliúint a chur ar an gcriú cúil — €411,000
- oiliúint agus cothabháil leanúnach — €579,000.

**5.13** Tar éis an togra a fháil do chostais oiliúna, forbraíodh cás gnó i Márta 2018 chun an réasúnaíocht a athbhailíochtú chun leanúint ar aghaidh leis an oiliúint. Aithníodh sa chás gnó go raibh an caiteachas ar oiliúint bheartaithe oíche ag titim amach ag céim dhéanach sa chonradh leis an gcuideachta ach luadh ann go gcuirfeadh aon síneadh leis an gconradh don tseirbhís cuardaigh agus tarrthála le saolré fhónta na hinfheistíochta in NVIS. Leanfadh an Garda Cósta le húinéireacht a ghlacadh ar na spéaclaí oíche agus, ar éag an chonartha reatha, leanfadh na spéaclaí a bheith ar fáil lena n-úsáid ag gcriú na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála. Luadh, sa mhullach air sin, go n-áireofaí le hionadú beartaithe an chonartha don tseirbhís cuardaigh agus tarrthála an gá go mbeadh cumas NVIS ag na héileacaptair ón tosach agus go gcuirfí an oiliúint oiriúnach ar na criúnna ar a n-úsáid. Bhí coinne leis sa chás gnó freisin go nglacfadh sé roinnt blianta le tabhairt isteach na hoiliúna a sholáthar chun leanúint le hacmhainn oibríochtúil a chur ar fáil.

**5.14** Rinneadh íocaíocht tosaigh €1.714 milliún leis an gcuideachta maidir le hoiliúint i Samhain 2018. Cuireadh tús le hoiliúint ar NVIS agus ar na spéaclaí a úsáid i Samhain 2019, agus tá sí ar bun go fóill.

**5.15** Ábhar buartha é an tréimhse shuntasach ama a d’éag idir an tráth a ceannaíodh agus a suiteáladh an trealamh oíche agus a soláthraíodh oiliúint riachtanach ar an trealamh a úsáid mar gheall go bhféadfadh gur tháinig laghdú ar luach an airgid a caitheadh, go háirithe i gcomhthéacs dheireadh théarma an chonartha, a tosaíodh in 2012, a bheith ag teacht i gcóngar. Tugadh na ceisteanna seo a leanas chun solais san iniúchadh, dá réir sin, leis an Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta don Iompar.

- Cén tairbhe a bhain an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála go dtí seo as an infheistíocht i dtrealamh NVIS a shuiteáil sa héileacaptar?
- Murar baineadh na tairbhí beartaithe go fóill, cathain a cheapann an Roinn go dtosófar le hiad a bhaint?
- Nuair a chuirtear gnáthmhéaduithe praghais san áireamh, cad is cúis leis an difríocht shuntasach idir costas na hoiliúna oíche a tuaradh in 2009 agus costas ionchasach na hoiliúna atá á soláthar anois?
- Cén fáth a ndearna an Roinn réamhíocaíocht shuntasach €1.714 milliún ar oiliúint, nuair a chuirtear an t-amscála ina soláthrófaí an clár oiliúna san áireamh?
- An bhféadfadh an infheistíocht i dtrealamh NVIS do na héileacaptair buntáiste iomaíoch a bhronnadh ar an soláthraí seirbhíse reatha sa chomórtas tairisceana a bheartaítear a chur ar siúl amach anseo chun an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála a sholáthar?

## Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

### *Tairbhí ón infheistíocht*

**5.16** Leag an tOifigeach Cuntasaíochta na tairbhí amach a mheastar is féidir le trealamh oíche a sholáthar d'acmhainn na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála (féach Fíor 5.1).

**5.17** Luaigh sé, ina theannta sin, nach féidir le hoiliúint titim amach ach nuair a bhíonn an trealamh ceart sna héileacaptair. Dá réir sin, soláthraíodh an córas iomlán trí úsáid a bhaint as cur chuige céimnithe. Déanfar tairbhí a bhaint tar éis an oiliúint ar NVIS a úsáid a chur i gcrích agus tar éis cead rialála a fháil.

**5.18** Bhí an oiliúint le tosú in 2018. Mar gheall ar imeacht teagascóra oiliúna agus ar an ngá a bhí le teagascóir ionaid a fhostú, áfach, níor cuireadh tús le hoiliúint ach i Samhain 2019. Leanadh le hoiliúint a sholáthar, cé gur soláthraíodh go headrannach í mar gheall ar Covid-19. Thug Údarás Eitlíochta na hÉireann cead do bhunáit Shligigh tabhairt faoi eitiltí aeriompair tráchtála (AIT) rialaithe faoi NVIS i Meitheamh 2021. Tá an oiliúint nár críochnaíodh go fóill le críochnú faoin mbliain 2022 agus déanfar na tairbhí a bhaint go hiomlán ón uair sin i leith.

**5.19** Chuir an Garda Cósta brú seasmhach ar an gcuideachta an oiliúint a sholáthar a thapúla is féidir, chun gach rogha fhéideartha a fhiosrú agus is féidir agus chun idirchaidreamh a dhéanamh le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann lena linn sin lena dheimhniú cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí gnéithe áirithe a bhrostú, agus an aird chuí á tabhairt i gcónaí ar shábháilteacht agus ar a chinntiú nach ndéanfaí aon difear don fháil a bheadh ar an gcroíseirbhís cuardaigh agus tarrthála.

### *Amlínte chun tairbhí a sholáthar*

**5.20** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh an dara rogha ann ach NVIS a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Is soiléir nach féidir le hoiliúint titim amach ach nuair a bhíonn an trealamh ceart sna héileacaptair agus nuair a bhíonn spéaclaí ar fáil lena n-úsáid. Ar an drochuair, b'fhaide i bhfad na hamlínte ná mar a bhíothas ag súil leis i dtosach ar na cúiseanna a leagadh amach. Déanfar tairbhí a bhaint tar éis oiliúint ar na spéaclaí oíche a chur i gcrích agus tar éis cead rialála a fháil.

**5.21** Tosaíodh le tairbhí a bhaint nuair a fuair an chuideachta cead i dtaobh NVIS le haghaidh eitiltí rialaithe AIT — agus ba é sin an chéad uair a tugadh an cead sin d'oibreoir sibhialta in Éirinn. Tá bunáit Shligigh oibríochtúil d'oibríochtaí AIT ó Mheitheamh 2021 agus leanfar le bunáiteanna eile a dhéanamh oibríochtúil sna míonna amach romhainn. Tá an oiliúint nár críochnaíodh go fóill le críochnú faoin mbliain 2022 agus déanfar na tairbhí a bhaint go hiomlán ón uair sin i leith.

**5.22** Luaigh sé, maidir le saolré fhónta an trealaimh NVIS, go bhfuil cró an phíolóta, an cábán agus an soilsiú ábhartha go léir comhoiriúnach don eitilt agus trealamh íomháithe oíche á úsáid. Níl aon saolré ar leith i gceist maidir le cró píolóta/cábán na héileacaptar a mhionathrú mar gheall gur mionathraíodh na héileacaptair trí scagairí a shuiteáil iontu chun úsáid na spéaclaí a éascú. Níl aon teorainn saolré leo, go héifeachtach. Maidir leis na spéaclaí oíche, luaigh sé gur trealamh láimhe atá iontu seo agus go mairfidh siad go dtí an tráth sin nach n-oibríonn siad a thuilleadh. Déantar seiceálacha calabraithe orthu gach bliain agus déantar codanna a athsholáthar dóibh mar is gá. Is féidir go n-imeoidh siad as feidhm ag pointe áirithe amach anseo má chuirtear spéaclaí níos nua-aimseartha ina n-ionad nó más deacair teacht ar chodanna spártha. Coimeádann an chuideachta stoc maith codanna, de ghnáth.

**Fíor 5.1 Na tairbhí a bhfuil an Roinn ag súil leo ó NVIS úsáid don tseirbhís cuardaigh agus tarrthála**

Maidir leis na tairbhí a mheasfar a bheith ag baint NVIS, luaigh an Roinn go mbaineann buntábhacht le tagairt amharc na bpíolótaí don domhan seachtrach maidir le heitilt shábháilte agus éifeachtach. Braitheann an píolóta i rith uaireanta sholas an lae ar an radharc amach an gaothscáth ar an aerspás agus ar an talamh ar mhaithe le feasacht staide. Nuair a bhítear ag eitilt i rith na hoíche, is féidir leis an bpíolóta an radharc amach an gaothscáth a fheabhsú trí NVIS a úsáid. Ar an iomlán, déanann NVIS, mar áis bhreise a chuirtear ar fáil don loingseoireacht agus don chuardach, in aerárthaí ina bhfuil an trealamh oiriúnach agus ina n-úsáidtear criúnna ar cuireadh an oiliúint chuí orthu éifeachtacht agus sábháilteacht oibríochtúil a fheabhsú d'oibríochtaí na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála agus na seirbhíse leighis éigeandála héileacaptair araon.

- Léirítear gur féidir le NVIS soilse beaga, cosúil le soilse ar sheaicéid tarrthála, tóirsí boise agus feithiclí i gcéin a aimsiú ag fad atá i bhfad níos faide ná mar is féidir leis an tsúil féin a dhéanamh.
- Nuair a bhíonn oibriú ar bun thar tír, cabhraíonn NVIS leis an gcriú an loingseoireacht, talamh agus bacainní a fheiceáil agus a sheachaint agus a bheith in ann marthanóirí a shainaithint níos luaithe ná mar is féidir a dhéanamh gan ach an tsúil a úsáid.
- Is féidir le NVIS a úsáid cumas cuardaigh an chriú, ar an iomlán, a mhéadú mar gheall go bhfeabhsaíonn NVIS an infheictheacht.
- Is féidir le NVIS tacaíocht a sholáthar don chóras infridhearg réamhbhreathnaitheach (FLIR), má bhíonn an córas sin thíos le neamhfhóinteacht eitilte.
- Is féidir le NVIS cabhrú le suíomhanna oiriúnacha tuirlingthe a shainaithint níos fusa faoi rialacha eitilte na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála. Cuirfidh sé sin ar chumas na héileacaptar freisin teacht ar na hoileáin amach ón gcósta nach bhfuil bonneagar eitlíochta acu, cosúil le hInis Bó Finne i gcás aslonnú leighis faoi rialacha eitilte na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála.
- Ní cheadaítear tuirlingt i rith oibríochtaí aeriompair tráchtála istoíche (i.e. teagmhais a bhaineann leis an tseirbhís leighis éigeandála héileacaptair) ach ag suíomhanna ar a ndearnadh suirbhéireacht agus atá ceadaithe ag an gcuideachta. Is féidir le NVIS an srian sin a bhaint agus a cheadú do chriúnna tuirlingt go sábháilte ag suíomhanna nach ndearnadh suirbhéireacht orthu. Chuirfeadh sé sin leis an gcumas oibríochtúil praiticiúil thar thír atá ag aerárthaí i gcás oibríochtaí na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála agus na seirbhíse leighis éigeandála héileacaptair araon.

Cuireann úsáid spéaclaí oíche leis an úsáid a bhaintear as NVIS. Ar an iomlán, méadaíonn úsáid teicneolaíochta áise oíche an fheasacht staide istoíche i measc píolótaí agus an chriú theicniúil. Cumasaíonn úsáid spéaclaí don úsáideoir rudaí a fheiceáil nach bhfeicfí de ghnáth leis an tsúil. Úsáideann na spéaclaí teicneolaíocht chun feabhas a chur ar speictrim éagsúla solais agus déanann siad teicneolaíocht íomháithe solais agus theirmigh a neartú, rud a fhágann gur féidir íomhá a fheiceáil agus a fheabhsaíonn feasacht staide sa dorchadas. Laghdaíonn úsáidspéaclaí oíche an fhéidearthacht go mór go dtarlódh imbhuailtí faoin talamh nó faoi bhacainní de dhéantús an duine.

Foinse: An Roinn Iompair

**5.23** Maidir le saolré ionchasach na héileacaptar, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb amhlaidh, go ginearálta, go leanann héileacaptair throma mheánraoin le seirbhís a sholáthar ar feadh 25 bliana ar a laghad agus go gcuirtear aerárthaí de ghlúin níos nuaí ina n-ionad ansin, ag brath ar shonraíocht róil agus ar an timpeallacht oibriúcháin.

**5.24** Maidir leis an aois uasta héileacaptar a mheastar a bheidh inghlactha faoin gconradh seirbhíse nua a bheartaítear, luaigh sé nach critéar meastóireachta í aois aerárthaigh sa chonradh nua. Caithfidh an t-aerárthach a bheartaíonn fortháirgeoir ceanglais áirithe róil a shásamh agus ceanglais deimhniúcháin Údarás Eitlíochta na hÉireann a shásamh. De ghnáth, dá shine an t-aerárthach is ea is airde na costais chothabhála agus d'éireodh le tairgeoir eile a bhfuil aerárthach barainneach nach bhfuil chomh sean céanna an tairgeoir sin a shárú. Mar shampla, baineadh héileacaptar meán-tromardaithe Sikorsky S61 de sheirbhís na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála sa Ríocht Aontaithe in 2009 i ndiaidh seirbhís 35 bliana a sholáthar.

### *Géarú an chostais oiliúna*

**5.25** Maidir leis an difríocht idir an meastachán in 2009 agus an costas iarbhír atá ar oiliúint NVIS a sholáthar, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur sáraíodh an meastachán tosaigh chun ceanglais rialála reatha Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) a shásamh i dtaobh oiliúint a chur ar chriúnna maidir le NVIS, agus leanúint de sholáthar iomlán seirbhíse a chur ar fáil i rith tréimhsí oiliúna.

### *Íocaíocht as oiliúint roimh ré*

**5.26** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur áiríodh leis an togra oiliúna tráchtála íocaíochtaí céime chun an oiliúint a sholáthar. Theastaigh an chéad íocaíocht, go páirteach, ón gcuideachta chun go mbeadh cistiú i bhfeidhm aici in 2018 chun an soláthraí oiliúna a fháil agus ar an mbunús go gcuirfí tús leis an gclár oiliúna faoi mar a leagtar amach. Ní dhearnadh ná ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise leis an gcuideachta don oiliúint atá ar bun go dtí go bhfuil an Roinn sásta gur baineadh na garspriocanna go léir amach, agus lorgóidh sí, ag an bpointe sin, cuntas iomlán ar an gcaiteachas a thabhaigh an chuideachta don chuspóir sin.

**5.27** Luaigh sé go raibh an fhreagracht ar an gcuideachta a chinntiú go gcuirtear an oiliúint chuí ar a criúnna chun tabhairt faoi sheirbhís cuardaigh agus tarrthála ar aon dul lena hoibleagáidí conartha agus a ceanglais rialála agus, ar an ábhar sin, is faoin gcuideachta a bhfuil oiliúint á cur ar a foireann atá sé a chinntiú go bhfuil an oiliúint NVIS oiriúnach agus go bhfuil sí ar aon dul le caighdeáin rialála. Ar an ábhar sin, tá freagracht ar an gcuideachta oiliúint a eagrú agus an faomhadh ó Údarás Eitlíochta na hÉireann a shocrú chun deimhniú oibriúcháin aerárthaigh a fháil mar gheall nach féidir leis na haerárthaí eitilt gan é sin.

**5.28** Luaigh sé go raibh an acmhainn agus an saineolas soláthair ag an gcuideachta chun tairiscint a chur amach chun oiliúint NVIS a sholáthar, atá comhoiriúnach do na haerárthaí agus do na mionathruithe a rinneadh orthu agus chun faomhadh a iarraidh ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. Dá dtabharfadh an Roinn faoin soláthar sin, ghlacfadh sé le húinéireacht as na rioscaí go léir a bhaineann le soláthar na seirbhíse.

**5.29** Luaigh sé gurb é an chuideachta an chéad oibríocht tráchtála a cheadaigh Údarás Eitlíochta na hÉireann d'oibríochtaí NVIS in Éirinn. Chun cead a fháil, is gá athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar lámhleabhair oibríochtaí na cuideachta d'oibríochtaí AIT agus seirbhíse cuardaigh agus tarrthála. Caithfidh Údarás Eitlíochta na hÉireann an oiliúint ar fad, an t-ionsamhlóir, agus siollabais cúrsa gnáthoiliúna chomh maith le hoibríochtaí a fhaomhadh sula dtiteann oiliúint amach agus, a luaithe a chríochnaítear oiliúint, is gá iarratas a dhéanamh chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann chun faomhadh deiridh a fháil freisin.

### *An fhéidearthacht go mbronnfar aon bhuntáiste iomaíoch*

**5.30** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é tuairim na Roinne nach mbronntar buntáiste iomaíoch ar an gcuideachta sa chomórtas tairisceana amach anseo trí na héileacaptair a aisfheistiú chun go mbeidh siad comhoiriúnach d'oibríochtaí NVIS . Is é an dea-chleachtas go n-úsáidtear NVIS do na róil a bheartaítear in oibríochtaí garda cósta agus is feistiú caighdeánach é sin sa Ríocht Aontaithe agus i ndlínsí eile d'fheidhmeanna Stáit, cosúil leis an ngarda cósta, róil slándála agus faireachais.

**5.31** Sa chás nach n-úsáidfear na héileacaptair seo sa chéad chonradh eile, is dóchúla go dtabharfar an oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann reatha chuig an gconraitheoir nua trí rialacha TUPE (fostaithe a chosaint ar ghnóthais a aistriú), faoi mar a tharla nuair a bhí aistrithe á ndéanamh roimhe seo. Is leis an nGarda Cósta na spéaclaí agus aistreofar iad chuig an gconraitheoir nua más rud é go dtarlóidh sé sin.

**5.32** Mhínigh an Roinn go ndéanfadh an síneadh conartha go dtí an bhliain 2024 soláthar seirbhíse nua a éascú i gcomhréir le ceanglais *an Chóid Chaiteachais Phoiblí* agus go n-aistreofaí go réidh ó sholáthraí seirbhíse amháin go ceann eile.

## Conclúidí

**5.33** In 2013, d'íoc an Roinn €4.305 milliún leis an gcuideachta a sholáthraíonn an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála in Éirinn lena chinntiú go bhfuil acmhainn NVIS ag na cúig héileacaptar a úsáidtear don tseirbhís. Íocadh €527,000 eile in 2015 ar 24 thacar spéaclaí oíche. Rinneadh íocaíocht tosaigh €1.714 milliún in 2018 i ndáil leis an oiliúint a tosaíodh i Samhain 2019 agus a bhfuil an Roinn ag súil leis go gcríochnófar í faoi 2022.

**5.34** Amhail Meitheamh 2021, ní raibh ach ceann amháin de na ceathair bhunáit de chuid na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála ceadaithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann chun seirbhís atá cumasaithe ag NVIS a oibriú. Cuireadh tús leis an tseirbhís ón mbunáit sin ach glacfaidh sé roinnt ama sula mbeidh na bunáiteanna go léir ag oibriú ar an mbealach céanna.

**5.35** Aithnítear na tairbhí féideartha a bhaineann le hacmhainn oíche d'oibríochtaí na seirbhíse cuardaigh agus tarrthála. Rinneadh íocaíochtaí suntasacha ó chistí vótáilte a fhaide siar le 2013, áfach, agus níor soláthraíodh an acmhainn bheartaithe go fóill ar fud na seirbhíse. Ar an mbonn sin, nílim cinnte gur baineadh luach maith ar airgead amach don cháiníocóir ón gcaiteachas seo.

# 6 Scéimeanna deontais atosaithe Covid-19

**6.1** Bunaíodh roinnt scéimeanna deontais atosaithe chun cúnamh airgeadais a sholáthar do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide a ndearna an cur isteach a bhain le Covid-19 ar thrádáil in 2020 difear dóibh. Cheadaigh an Rialtas na scéimeanna i rith na gcéimeanna éagsúla de shrianta áitiúla agus náisiúnta sláinte poiblí (féach Iarscríbhinn 6A).

**6.2** Leithdháileadh €652 mhilliún san iomlán ar na scéimeanna — €250 milliún don deontas atosaithe, €300 milliún don deontas atosaithe breise agus €102 mhilliún do bhreisithe éagsúla an deontais atosaithe. D'oibrigh agus chistigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Roinn) na scéimeanna agus chuir na húdaráis áitiúla ábhartha na híocaíochtaí ar fáil.[1] Cuireadh an cistiú ar fáil do na húdaráis áitiúla trí Fhiontraíocht Éireann. Tugtar in Iarscríbhinn 6B eolas breise ar fhreagrachtaí faoi seach na gcomhlachtaí.

**6.3** Chun cáiliú do dheontas, ba ghá do ghnólachtaí a bheith ina n-eintitis tráchtála agus oibriú in áitreabh atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála údaráis áitiúil a íoc. Beartaíodh go n-íocfaí an deontas mar ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhaineann le hathoscailt, i dtreo costais leanúnacha sheasta, cosúil le fóntais, árachas agus athchóiriú, nó i dtreo beart le sábháilteacht fostaithe agus custaiméirí a chinntiú. Mar gheall ar na riachtanais phráinneacha sreafa airgid a bhí ag gnólachtaí, níor ghá an caiteachas a dheimhniú, ach leagadh critéir áirithe cháilitheacha amach do na deontais (féach Fíor 6.1).

**Fíor 6.1 Critéir cháilitheacha do na scéimeanna deontais atosaithe**

**Deontas atosaithe**

**Ó Bhealtaine go hIúil 2020**

- Caithfidh go raibh láimhdeachas bliantúil níos lú ná €5 mhilliún ag an ngnólacht roimh Covid-19.
- Caithfidh 50 fostaí nó níos lú ag bheith ag an ngnólacht.
- Caithfidh go raibh an gnólacht thíos le caillteanas 25% nó níos mó ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2020.
- Caithfidh an gnólacht gealltanas a thabhairt go bhfanfaidh sé ar oscailt nó go n-athosclófar é.
- Caithfidh go bhfuil sé i gceist ag an ngnólacht fostaithe a choimeád ar an scéim fóirdheontais shealadaigh pá.

**Scéim deontais atosaithe bhreise[a]**

**Ó Lúnasa go Deireadh Fómhair 2020**

- Caithfidh go raibh láimhdeachas bliantúil níos lú ná €100,000 in aghaidh an fhostaí (uasmhéid foriomlán €25 mhilliún) ag an ngnólacht.
- Caithfidh 250 fostaí nó níos lú ag bheith ag an ngnólacht.
- Caithfidh go raibh an gnólacht thíos le caillteanas 25% nó níos mó ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2020.
- Caithfidh an gnólacht gealltanas a thabhairt go bhfanfaidh sé ar oscailt nó go n-athosclófar é.
- Caithfidh go bhfuil sé i gceist ag an ngnólacht fostaithe a choimeád ar an scéim fóirdheontais shealadaigh pá.
- Tá cumainn spóirt a bhfuil gníomhaíochtaí tráchtála acu agus siopaí carthanais atá i mbun trádála incháilithe.

Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nóta: a Cheadaigh an Rialtas breisithe éagsúla deontais idir Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2020 do chontaetha agus do thithe tábhairne fliucha nuair a tugadh srianta sláinte poiblí isteach go náisiúnta agus ar leibhéal contae aonair. Cuireadh deontais bhreisithe i bhfeidhm go huathoibríoch má cháiligh an gnólacht cheana féin do dheontas atosaithe nó do dheontas atosaithe breise.

[1] Riar Fáilte Éireann scéim bheag chun cabhrú le fiontair thrádála neamh-inrátáilte 'leaba agus bricfeasta' (B&B), ar chostas iomlán de thart ar €7.6 milliún, thar ceann na Roinne. Ní chuirtear é sin san áireamh i scóip an scrúdaithe seo.

**6.4** B'ionann luach an deontais agus an measúnú rátaí a rinneadh ar an ngnólacht don bhliain 2019, faoi réir méideanna íosta agus uasta. I gcaitheamh shaolré na scéimeanna, idir €2,000 agus €4,000 a bhí an t-íosmhéid agus idir €10,000 agus €25,000 a bhí an t-uasmhéid, móide coigeartuithe de réir mar a tháinig an scéim chun cinn, íocaíochtaí breisithe contae, earnála agus náisiúnta san áireamh.

**6.5** Luaigh an Roinn gur dhóchúil go gcuirfí an leibhéal ab airde íocaíochta ar fáil faoi choinníollacha na scéime do ghnólacht teach tábhairne atá lonnaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath (áit arb airde na dliteanais rátaí). Mar shampla, más rud é gurbh ionann an measúnú rátaí ar theach tábhairne agus €25,000 agus nár éiligh an gnólacht ach an deontas atosaithe breise, bhí sé incháilithe deontas €25,000 móide breisiú iomlán dianghlasála 50% agus breisiú 'teach tábhairne fliuch' 40% a fháil, rud a thug deontas iomlán féideartha €47,500.[1]

**6.6** Úsáideadh an córas rátaí mar bhealach le gnólachtaí dlisteanacha a shainaithint. Ar an ábhar sin, bhí gnólacht incháilithe don deontas, is cuma cibé acu

- a d'íoc nó nár íoc sé a rátaí údaráis áitiúil don bhliain 2019
- a bhí nó nach raibh chun deiridh lena rátaí údaráis áitiúil
- a rinneadh nó nach ndearnadh measúnú rátaí ar an áitreabh in 2019.[2]

**6.7** Dúnadh an scéim atosaithe bhreise d'iarratasóirí nua údaráis áitiúil an 31 Deireadh Fómhair 2020, ach leanadh le deontais a íoc go lár mhí an Mheithimh 2021. Luaigh an Roinn gur tharla sé, cé go raibh sé ar intinn aici íocaíochtaí a thabhairt chun críche faoin scéim faoi dheireadh 2020, nárbh fhéidir le líon beag údarás áitiúil déanamh amhlaidh mar gheall ar mhoilleanna a bhí ar roinnt iarratas a phróiseáil.

**6.8** Tháinig Scéim Tacaíochta Srianta Covid-19 in ionad na scéimeanna deontais atosaithe, rud a oibríonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar cuireadh tús leis i nDeireadh Fómhair 2020.

## Socruithe bainistíochta agus cuntasachta

**6.9** Tríd is tríd, is éard a bhaineann le deontais ná cistiú poiblí a aistriú do chuspóir ar leith lena úsáid i gcomhréir le sraith téarmaí agus coinníollacha. Ceanglaítear i nósanna imeachta airgeadais poiblí gur cheart do ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais socruithe cuí a bheith i bhfeidhm acu lena chinntiú go ndéantar cistí poiblí a chuirtear ar fáil a riar agus a úsáid i gceart do na cuspóirí a bheartaítear. Tá na príomhghnéithe a bhaineann le cistiú deontais a riar agus a mhaoirsiú go héifeachtach leagtha amach in Iarscríbhinn 6C.[3]

**6.10** Mar gheall ar chineál práinneach na scéime deontais atosaithe, shínigh iarratasóirí dearbhú á dheimhniú go sásaíonn siad coinníollacha cáilitheacha na scéime. Cuireadh comhaontuithe seirbhíse i bhfeidhm idir na comhlachtaí poiblí éagsúla ina leagtar amach na socruithe rialachais agus maoirseachta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na scéimeanna.

**6.11** Tugadh faoin scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe maoirseachta na Roinne do na scéimeanna deontais atosaithe. Níor áiríodh leis an scrúdú athbhreithniú ar na córais rialaithe a d'oibrigh na húdaráis áitiúla ar na híocaíochtaí deontais, mar gheall nach dtagann na húdaráis áitiúla faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Níor féachadh sa scrúdú ach oiread ar na nósanna imeachta a bhí á n-oibriú i bhFiontraíocht Éireann, a ghníomhaigh mar chainéal chun cistiú a tharchur chuig na húdaráis áitiúla.

1 Coimeádtar sonraí faoi íocaithe aonair ar leibhéal údaráis áitiúil.

2 Sa chás seo, mheas an t-údarás áitiúil cad a bheadh i gceist leis na rátaí don bhliain 2019.

3 Ciorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht as na Deontais sin.*

## Toradh na scéime

**6.12** Mheas an Roinn go meallfadh an scéim atosaithe tosaigh a mhéid le 80,000 iarratas. I ndeireadh na dála, ní bhfuarthas ach beagán de bhreis ar 57,500 iarratas. I ndiaidh an scéim deontais atosaithe bhreise a thabhairt isteach, fuarthas nach mór 66,000 iarratas, lenar áiríodh uathu siúd a rinne iarratas cheana féin faoin scéim tosaigh. Faoi mar atá léirithe i bhFíor 6.2, bhí deontais atosaithe dar luach iomlán €633 mhilliún íoctha ag na húdaráis áitiúla faoi lár mhí an Mheithimh 2021.

**Fíor 6.2 Deontais atosaithe a d'íoc údaráis áitiúla a fhaide leis an tseachtain dar críoch an 18 Meitheamh 2021**

| | Líon na n-iarratas | | Deontais iomlána a íocadh |
|---|---|---|---|
| Saghas | a seoladh | a ceadaíodh | €m |
| Deontas atosaithe | 57,531 | 49,265 | 195 |
| Deontas atosaithe breise | 65,849 | 59,369 | 438 |
| **Iomlán** | | | **633**[a,b] |

Foinse: An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Nótaí: a Áirítear leis seo thart ar €1.1 milliún maidir le híocaíochtaí a choimeád na húdaráis áitiúla siar ar feitheamh deimhniúchán imréitigh cánach a fháil ón ngnólacht.

b Ní áirítear leis seo suim bhreise €167,479 a cuireadh ar fáil do na húdaráis áitiúla maidir le costais forbartha TF ar an scéim a riar.

### *Rialuithe cistiúcháin*

**6.13** Foráladh le comhaontuithe seirbhíse na Roinne leis na húdaráis áitiúla d'athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim deontais atosaithe nuair a bhain an ceadú deontais i measc na 31 údarás áitiúla €200 milliún amach. Beartaíodh go scrúdódh an t-athbhreithniú éifeachtacht, leibhéil éilimh agus cistiú gaolmhar na scéime. Tháinig an scéim deontais atosaithe bhreise ina hionad thart ar dhá mhí i ndiaidh an scéim atosaithe a thabhairt isteach, agus níor ghá an t-athbhreithniú seo a dhéanamh dá bharr sin.[1]

**6.14** I gcás na scéime deontais atosaithe bhreise, foráladh leis na comhaontuithe seirbhíse leis na húdaráis áitiúla d'athbhreithniú a dhéanamh nuair a bhain an ceadú €250 milliún amach. Luadh go scrúdódh an t-athbhreithniú riar na scéime ar leibhéal údaráis áitiúil, ar leordhóthanacht agus ar dháileadh an chistiúcháin agus ar na leibhéil éilimh.

**6.15** Níor tugadh faoi aon athbhreithniú foirmiúil dá mhacasamhail a beartaíodh. Luaigh an Roinn gur sholáthair na tuairisceáin sheachtainiúla ó na húdaráis áitiúla eolas dóthanach ar an éileamh agus ar chaitheamh chun go bhféadfaí bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an éileamh leanúnach ar leithdháiltí breise, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal údaráis áitiúil araon.

[1] Tugadh scéim atosaithe bhreise isteach in Iúil 2021 mar chuid de phacáiste spreagthaí nua a bhí á thabhairt isteach ag an Rialtais.

## Gníomhaíocht na scéime a thuairisciú


**6.16** Bhí ar údaráis áitiúla aonair tuarascáil sheachtainiúil a sholáthar don Roinn ina leagtar amach

- líon na n-iarratas a fuarthas, a próiseáladh, a ceadaíodh agus a diúltaíodh
- luach na n-iarratas a fuarthas agus a ceadaíodh
- iarmhéid an chistiúcháin atá dlite don údarás áitiúil.

**6.17** Léirítear sna tuarascálacha a sholáthair na húdaráis áitiúla gur íocadh luach €633 mhilliún de dheontais atosaithe agus de bhreisithe faoi lár mhí an Mheithimh 2021.Léirítear i bhFíor 6.3 na deontais atosaithe a íocadh mar chéatadán de na rátaí tráchtála a bhí le gearradh ó bhuiséad an údaráis áitiúil don bhliain 2019. I dtaobh cúrsaí airgeadaíochta, d'íoc Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an méid ba mhó de dheontais atosaithe (thart ar €98 milliún) agus d'íoc Comhairle Contae Liatroma an méid ba lú deontais atosaithe (beagán de bhreis ar €4 mhilliún).

**6.18** Níl anailís earnála ar fáil mar gheall nár cuimsíodh an t-eolas sin sna tuarascálacha seachtainiúla. Creideann an Roinn gur dhóchúla go mbeadh formhór mór na n-iarratas faighte ón earnáil mhiondíola.

**Fíor 6.3 Deontais atosaithe a íocadh mar chéatadán de rátaí tráchtála, de réir contae**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Dearbhú i leith íocaíochtaí

**6.19** Mar gheall ar chineál práinneach na scéime, íocadh deontais atosaithe le gnólachtaí ar bhunús dearbhú a fháil ón iarratasóir á rá gur shásaigh an gnólacht critéir na scéime. Bhí seiceálacha ag na húdaráis áitiúla teoranta don iarratas a dheimhniú in aghaidh cuntas rátaí, i gcás gurbh ann don chuntas sin, do stádas imréitigh cánach an iarratasóra a fhíorú agus dá fhíorú go ndearnadh an fhoirm iarratais agus an féindearbhú a chomhlánú go hiomlán. Ní raibh ar údaráis áitiúla aon eolas eile a cuireadh san áireamh san iarratas a dheimhniú.[1]

**6.20** Ceadaíodh thart ar 88% de na hiarratais a rinneadh leis na húdaráis áitiúla. Dar leis an Roinn, diúltaíodh iarratais mar gheall nach raibh siad comhlánaithe go hiomlán nó nár comhlánaíodh i gceart iad nó mar gheall nár léirigh an t-eolas a cuireadh ar fáil ar an iarratas gur shásaigh an gnólacht critéir na scéime.[2]

**6.21** Dheimhnigh údaráis áitiúla méid an deontais a bhí le híoc trí thagairt a dhéanamh don mheasúnú a rinneadh ar rátaí tráchtála gach gnólachta don bhliain 2019. Ní dhearna an t-údarás áitiúil ná an Roinn fíorú díreach ar chritéir na scéime (mar shampla, leibhéal an láimhdeachais agus rannpháirtíocht sa scéim fóirdheontais shealadaigh pá) sula ndearnadh an íocaíocht deontais.

**6.22** Nuair a bhraitheann scéim ar fhéindearbhú, tá baol méadaithe ann nach n-úsáidfí an cistiú deontais do na cuspóirí a beartaíodh. Tá roinnt rialuithe maolaithe ann is féidir a chur i bhfeidhm, áfach. Tá na rialuithe sin agus a mhéid atá siad i bhfeidhm iad don scéim atosaithe leagtha amach i bhFíor 6.4.

**Fíor 6.4 Príomhrialuithe do scéimeanna deontais a bhraitheann ar fhéindearbhú**

| Príomhrialú | Rialuithe atá i bhfeidhm don scéim atosaithe |
|---|---|
| **Critéir dheontais** atá leagtha amach go soiléir sna treoracha agus sa treoir d'éilitheoirí. | Critéir atá leagtha amach go soiléir san fhoirm iarratais agus sa cháipéis ceisteanna coitianta. |
| **Sonraíocht na cáipéisíochta,** ina soláthraítear fianaise i leith teidlíochta le seoladh ar aghaidh leis an iarratas nó le coimeád mar fhianaise chun seiceáil a dhéanamh ag dáta níos déanaí. | Cé go sonraítear sna ceisteanna coitianta gur cheart do ghnólachtaí cáipéisíocht tacaíochta a choimeád, ní shonraítear iontu saghas na cáipéisíochta. |
| **Cigireacht** ar cháipéisíocht a thacaíonn le incháilitheacht. | Ní raibh ar éilitheoirí cáipéisíocht a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas. |
| **Seiceálacha iaríocaíochta** lena dheimhniú gur shásaigh éilitheoirí coinníollacha na scéime agus go bhfuair siad méid deontais a bhí siad i dteideal a fháil. | Foráladh le comhaontuithe seirbhíse d'iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an scéim agus do mheasúnú neamhspleách a dhéanamh ar chaiteachas.<br>Spotseiceálacha ar fhaighteoirí deontais lena chinntiú gur comhlíonadh an scéim. |
| **Socrú le comhlacht ábhartha Stáit** chun teacht ar eolas chun cruinneas éileamh a dheimhniú. | Ní dhearnadh breithniú air seo nuair a bhí na scéimeanna atosaithe á gcur ar bun. |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Theastaigh fianaise i leith imréiteach cánach nuair a bhí deontais cothrom le €10,000 san iomlán nó níos mó.

2 D'fhéadfaí achomhairc a bhain le cinneadh chun iarratas a dhiúltú a dhéanamh i scríbhinn leis an údarás áitiúil ábhartha laistigh de sheacht lá i ndiaidh fógra a fháil faoin gcinneadh.

### *Cruthúnas incháilitheachta*

**6.23** Riar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an scéim fóirdheontais shealadaigh pá (SFSP) agus tugadh isteach í chun tacú le leanúnachas caidreamh fostaíochta i rith na tréimhse tosaigh den chur isteach a bhain le Covid-19. I gcomparáid leis na scéimeanna atosaithe, bhain a mhacasamhail de phríomhchritéir incháilitheachta leis an scéim seo — laghdú ionchasach 25% ar a laghad ar láimhdeachas agus é ar intinn ag an ngnólacht fostaithe a choimeád ar an bpárolla. Deimhníodh incháilitheacht i leith na scéime sin ar bhunús féinmheasúnaithe agus dearbhaithe ón bhfostóir. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim samplaí léiritheacha ar fáil ina dtreoirlínte den saghas cruthúnais a d'fhéadfaí a lorg amach anseo agus a léireodh incháilitheacht don scéim go réasúnta.

**6.24** Chuir sé sin ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim roinnt athbhreithnithe incháilitheachta a dhéanamh ar fhostóirí. Faoi dheireadh Feabhra 2021, bhí seiceálacha incháilitheachta déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh 95% de na fostóirí a chláraigh don scéim agus a fuair íocaíochtaí faoin scéim.[1]

**6.25** I gcás na scéimeanna deontais atosaithe, níor shonraigh an Roinn an cruthúnas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le hincháilitheacht do na scéimeanna atosaithe a dheimhniú. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh gur deacair na héilimh a íocadh a dheimhniú. Luaigh an Roinn gurb amhlaidh, mar chuid den iniúchadh agus den mheastóireacht ar an scéim, gur féidir saincheisteanna cosúil le láimhdeachas, fostaíocht agus stádas SFSP a dheimhniú trí chuntais agus taifid fostaíochta an ghnólachta agus trí dhul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim.

*Foinsí cruthúnais tríú páirtí*

**6.26** Is féidir eolas atá á choimeád ag comhlachtaí Stáit eile a úsáid freisin chun éilimh a dheimhniú. Mar shampla, chabhródh eolas a bhí á choimeád ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an Roinn láimhdeachas an ghnólachta agus a rannpháirtíocht sa scéim fóirdheontais shealadaigh pá a dheimhniú.

**6.27** Ní dhearnadh breithniú air sin nuair a bhí na scéimeanna atosaithe á gcur ar bun. Luaigh an Roinn gur cuireadh an bhéim ar an bpróiseas iarratais, fíoraithe agus íocaíochta deontais a shimpliú nuair a bhí na scéimeanna á ndearadh agus á soláthar. Cumasaíodh le córas rátaí an údaráis áitiúil dlisteanacht gnólachta a sheiceáil agus bhí sé ina shásra éifeachtúil do na híocaíochtaí deontais a dhéanamh freisin.

### *Seiceálacha iaríocaíochta*

**6.28** Foráladh leis na comhaontuithe seirbhíse leis na húdaráis áitiúla go socródh an Roinn iniúchadh neamhspleách ar chaiteachas agus meastóireacht neamhspleách ar chaiteachas ar an scéim deontais atosaithe bhreise. Tugadh le fios sna comhaontuithe freisin go ndéanfadh an Roinn socrú do spotseiceálacha ar fhaighteoirí deontais lena chinntiú gur comhlíonadh an scéim.

**6.29** Chuir feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne tús leis an iniúchadh ar an scéim. Tabharfaidh sainchomhairleoir seachtrach faoi, agus é faoi mhaoirseacht ag bord tionscadail ardleibhéil laistigh den Roinn. Rinne Bord Bainistíochta na Roinne breithniú agus comhaontú ar na téarmaí tagartha don iniúchadh i mBealtaine 2021. Eisíodh an iarraidh ar thairiscintí don sainchomhairleoir seachtrach an 29 Iúil 2021 agus luaigh an Roinn go bhfuil súil aici go gcríochnófaí an t-iniúchadh faoi dheireadh 2021.

1 Déantar scrúdú níos mionsonraithe ar SFSP i gcaibidil 12, an toradh a bhí ar na hathbhreithnithe seo ar incháilitheacht san áireamh.

**6.30** Áirítear le scóip na scéime, mar a fógraíodh, a dheimhniú cibé acu

- A rinneadh nó nach ndearnadh na cistí a bhainistiú, a réiteach agus a chur i gcuntas i gceart ag gach céim ó d'íoc an Stát amach iad chuig na faighteoirí deiridh.
- A cloíodh nó nár cloíodh leis na ceanglais rialachais agus tuairiscithe faoi na comhaontuithe seirbhíse a shínigh na páirtithe.
- A cloíodh nó nár cloíodh leis na critéir incháilitheachta agus a riaradh nó nár riaradh an próiseas diúltaithe agus achomhairc i gceart. Is éard a bhainfidh leis sin ná spotseiceáil ionadaíoch a dhéanamh agus ábhar tacaíochta a fháil ó na faighteoirí deiridh.

**6.31** Tá measúnú rioscabhunaithe ar shampla ionadaíoch de dheontais i measc láithreacha tíreolaíocha, earnálacha, comhlachtaí íocaíochta amach agus faighteoirí deontais le húsáid chun bonn eolais a chur faoin iniúchadh ar an scéim. Áireofar leis freisin cistiú a soláthraíodh don scéim a réiteach.

### *An tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil*

**6.32** Tá an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil freagrach as tabhairt faoi iniúchtaí ar na ráitis airgeadais ó údaráis áitiúla. Luaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go scrúdódh an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil na scéimeanna deontais atosaithe mar chuid dá hiniúchadh bliantúil ar na ráitis airgeadais ó údaráis áitiúla.

**6.33** Ba cheart aon torthaí ón obair seo a measann iniúchóir an údaráis áitiúil ar cheart tuairisciú orthu a chur san áireamh sa tuarascáil iniúchta nó sa litir bhainistíochta reachtúil don údarás áitiúil. Ar leithligh, tá tuarascáil á hullmhú ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil ina soláthrófar léargas ginearálta fíorasach ar an scéim deontais atosaithe agus an scéim deontais atosaithe bhreise ach ní chuimseofar aon torthaí iniúchta inti.

### *Measúnú ar an scéim*

**6.34** Ceanglaítear sa chód caiteachais phoiblí go ndéanfaí measúnú ar chláir chaiteachais lena dheimhniú cibé acu

- a baineadh nó nár baineadh na tairbhí agus na torthaí a raibh súil leo amach
- a bhí nó nach raibh na torthaí beartaithe ina bhfreagairtí cuí do riachtanais phoiblí
- a bhí nó nach raibh na nósanna imeachta breithmheasa agus bainistíochta sásúil.[1]

**6.35** Thug an Roinn le fios go dtabharfaí faoi mheastóireacht tráth a chríochnófar an t-iniúchadh ar an scéim. Cabhróidh sé sin le heolas a sholáthar do na téarmaí tagartha don mheastóireacht. Cé nár leagadh méadrachtaí sonracha feidhmíochta síos don scéim, beidh an mheastóireacht bunaithe ar an rannchuidiú a rinne deontais maidir le cosc a chur ar dhúnadh buan gnólachtaí agus maidir le fostaíocht a chaomhnú.

1 *An Cód Caiteachais Phoiblí, Treoir maidir le Caiteachas Reatha a Mheasúnú, a Phleanáil agus a Bhainistiú*, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Conclúidí agus moltaí

**6.36** Fuair gnólachtaí beaga agus meánmhéide deontais atosaithe arbh fhiú thart ar €633 mhilliún iad idir 2020 agus 2021 i dtreo chostais na hathoscailte. Ríomhadh méid an deontais a íocadh trí thagairt a dhéanamh do mheasúnú ar rátaí an ghnólachta don bhliain 2019.

**6.37** Deimhníodh incháilitheacht ar bhunús dearbhaithe ón ngnólacht gur shásaigh sé critéir na scéime — caillteanas láimhdeachais 25% nó níos mó; é a bheith ar intinn aige baill foirne a choimeád ar SFSP; agus gealltanas an gnólacht a oscailt nó a athoscailt. Ní dhearna an t-údarás áitiúil ná an Roinn fíorú air sin sula ndearnadh an deontas a íoc. Sheiceáil údaráis áitiúla, áfach, go raibh gnólachtaí cláraithe do rátaí tráchtála agus d’fhíoraigh siad a stádas imréitigh cánach, rud a thugann méid dearbhaithe éigin nár íocadh an deontas ach le gnólachtaí dlisteanacha.

**6.38** Mar gheall ar choinníollacha na scéime, ba dhóchúil go gcáileodh líon mór gnólachtaí don chúnamh airgeadais a bhí ar fáil. Mar gheall nár críochnaíodh athbhreithnithe ar incháilitheacht go fóill, níl dearbhú ar bith ann gur shásaigh na híocaithe go léir na critéir fhorordaithe nó gur íocadh leo an leibhéal íocaíochtaí a raibh siad ina dteideal.

**6.39** Tá iniúchadh neamhspleách ar an scéim á sholáthar ag an Roinn faoi láthair. Áireofar leis sin scrúdú a dhéanamh ar cibé acu a cloíodh nó nár cloíodh leis na critéir incháilitheachta trí chruthúnas incháilitheachta a lorg ó shampla d’fhaighteoirí deontais. D’fhéadfadh sé sin a bheith deacair, áfach, nuair a chuirtear san áireamh nár shonraigh an Roinn saghas an chruthúnais is féidir a lorg ón éilitheoir.

### Moladh 6.1

Agus an t-iniúchadh ar an scéim á choimisiúnú, ba cheart don Roinn féachaint lena dheimhniú an bhfuil fianaise ann i leith leibhéal ábhartha rochtana neamh-incháilithe ar an scéim nó ar íocadh ní ba mhó le gnólachtaí ná mar a bhí siad i dteideal a fháil. Ba cheart é sin a bheith bunaithe ar thástáil a dhéanamh ar shampla dóthanach ionadaíoch cásanna.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Cuirfear é sin i bhfeidhm i ráithe 4 de 2021.

**6.40** Tabharfaidh an Roinn faoi mheastóireacht ar an scéim tráth a chríochnófar an t-iniúchadh ar an scéim. Áireofar léi scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an cúnamh airgeadais a bhí ar fáil cosc ar dhúnadh buan gnólachtaí agus a mhéid a chaomhnaigh sé fostaíocht.

### Moladh 6.2

Ba cheart go ndíreofaí sa mheastóireacht ar an scéim freisin ar cheachtanna a shainaithint i dtaobh conas a d’fhéadfadh scéimeanna cúnaimh gnó dá macasamhail a dhearadh agus a riar ar bhealach níos fearr i gcás éigeandála amach anseo.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Cuirfear é sin i bhfeidhm sa chéad leath de 2022.

## Iarscríbhinn 6A Amlíne na scéimeanna deontais atosaithe agus na srianta sláinte poiblí

**Scéimeanna deontais atosaithe** | **Srianta ábhartha sláinte poiblí**

**Márta 2020**

**12 Márta 2020** — D'fhógair an rialtas an chéad sraith beart chun dul i ngleic le paindéim COVID-19.

**Bealtaine 2020**

**22 Bealtaine 2020** — seoladh **<u>an scéim deontais atosaithe</u>**.

**Iúil 2020**

**22 Iúil 2020** — Dúnadh an scéim deontais atosaithe.

**Lúnasa 2020**

**10 Lúnasa 2020** — seoladh **<u>an scéim deontais atosaithe bhreise</u>**.

**14 Lúnasa 2020** — Breisiú 20% do ghnólachtaí ar imríodh tionchar orthu i gCill Dara, Laois agus Uíbh Fhailí.

**21 Lúnasa 2020** — Breisiú breise 20% do ghnólachtaí i gCill Dara.

**28 Lúnasa 2020** — Breisiú 40% do thithe tábhairne, beáir agus clubanna oíche.

**07 Lúnasa 2020** — Fógraíodh srianta breise i gCill Dara, Laois agus Uíbh Fhailí.

**21 Lúnasa 2020** — Fógraíodh síneadh leis na srianta i gCill Dara.

**Meán Fómhair 2020**

**18 Meán Fómhair 2020** — Breisiú 30% do ghnólachtaí atá bunaithe i mBaile Átha Cliath.

**25 Meán Fómhair 2020** — Breisiú 30% do ghnólachtaí atá bunaithe i Dún na nGall.

**18 Meán Fómhair 2020** — Aistríodh cathair agus contae Bhaile Átha Cliath go srianta leibhéal 3 ar feadh trí seachtaine.

**25 Meán Fómhair 2020** — Aistríodh Dún na nGall go srianta leibhéal 3 ar feadh trí seachtaine.

**Deireadh Fómhair 2020**

**6 Deireadh Fómhair 2020** — Breisiú 30% do gach contae. Cuireadh breisiú breise 20% agus 10% ar fáil do Bhaile Átha Cliath agus Dún na nGall, faoi seach.

**13 Deireadh Fómhair 2020** — Rinneadh **<u>Scéim Tacaíochta Srianta Covid-19</u>** a bhí le riar ag na Coimisinéirí Ioncaim, a fhógairt mar chuid de Bhuiséad 2021, rud a thiocfadh in ionad na scéime deontais atosaithe bhreise.

**31 Deireadh Fómhair 2020** — Dúnadh an scéim deontais atosaithe bhreise a riar údaráis áitiúla d'iarratasóirí nua.

**6 Deireadh Fómhair 2020** — Aistríodh gach contae go srianta leibhéal 3.

**Bealtaine 2021**

**11 Bealtaine 2021** — Cheadaigh bord bainistíochta na Roinne na téarmaí tagartha don iniúchadh.

**Meitheamh 2021**

**18 Meitheamh 2021** — Rinneadh na híocaíochtaí deireanacha deontais atosaithe.

**Deireadh Fómhair 2021**

**Go luath i nDeireadh Fómhair 2021** — Dáta ionchasach le haghaidh an t-iniúchadh a thosú.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Iarscríbhinn 6B Freagrachtaí as na scéimeanna deontais atosaithe

| Comhlacht stáit | Freagrachtaí |
|---|---|
| **An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** | ▪ Maoirseacht ar na scéimeanna i gcomhréir leis an gcinneadh ón Rialtas.<br>▪ Cistiú do na scéimeanna a leithdháileadh ar na húdaráis áitiúla trí Fhiontraíocht Éireann.<br>▪ Athbhreithniú leanúnach ar na scéimeanna.<br>▪ Iniúchadh agus measúnú ar chaiteachas faoin scéim atosaithe bhreise agus spotseiceálacha ar fhaighteoirí deontais a shocrú lena chinntiú gur comhlíonadh an scéim. |
| **Fiontraíocht Éireann** | ▪ Cistiú scéime a cheadú agus a ioc leis na húdaráis áitiúla.<br>▪ An cistiú a chur i gcuntas i gcomhréir leis na treoracha íocaíochta a sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. |
| **31 údarás áitiúla**[a] | ▪ Próiseáil iarratas agus íocaíochtaí a bhainistiú laistigh den limistéar údaráis áitiúil i gcomhréir leis na critéir do na scéimeanna.<br>▪ Tuarascálacha a sholáthar tríd an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun gur féidir leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**[b] | ▪ Maoirseacht ar ghníomhaíocht agus cistiú na n-údarás áitiúil. |

Foinse: Comhaontuithe seirbhíse do na scéimeanna deontais atosaithe

Nótaí: a Níl na húdaráis áitiúla faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

b Ní raibh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina páirtí sa scéim deontais atosaithe bhreise.

## Iarscríbhinn 6C Creat maoirseachta éifeachtach ar chistiú deontais

| Gné | Ceanglas |
|---|---|
| **Cuspóir** | Cuspóirí soiléire agus feidhm shoiléir dheontais. |
| **Téarmaí agus coinníollacha** | Cuirtear cuspóir an chistiúcháin in iúl go soiléir don deontaí. |
| **Comhaontú seirbhíse (CS)** | Comhaontú ar na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag an Roinn agus an t-aschur atá le baint amach ag an gComhlacht. |
| **Monatóireacht agus tuairisciú** | Socruithe go ndéanfar tuairisciú cuí airgeadais agus feidhmíochta, agus rochtain ar na taifid ábhartha atá á gcoimeád ag an deontaí. |
| **Cigireacht** | Cuirtear an deontaí ar an eolas faoi chearta cigireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. |
| **Íocaíocht ar bhonn caiteachais dheimhnithe** | Dearbhú ón deontaí maidir le sonraisc a thacaíonn leis an éileamh. |
| **Réamhíocaíocht** | Réasúnaíocht dhoiciméadaithe le réamhchistiú agus le socruithe monatóireachta agus rialaithe a bhaineann leis an réamhíocaíocht. |
| **Íocaíocht uathoibríoch ar bith** | Níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh ach nuair is gá. |
| **Dliteanais aibithe** | Ba cheart dliteanais aibithe (íocaíochtaí atá le déanamh) a ghlanadh roimh dheireadh na bliana. |
| **Iarmhéideanna ag deireadh na bliana a choimeád** | Ba cheart aon iarmhéideanna atá á gcoimeád ag deontaí, faoi réir cead deontóra, a choimeád chomh híseal agus is féidir. |
| **Ilchistiú** | Dearbhú ón deontaí nach bhfuil aon dúbláil á déanamh ar an gcistiú don aon ghníomhaíocht/tionscadal amháin. |
| **Deontais a íoc ar aghaidh** | Ba cheart sonraí faoi aon deontais a íocadh ar aghaidh a sholáthar don deontóir. |
| **Infheistíocht an stáit a chosaint** | Teastaíonn cead ón deontóir chun sócmhainní a chistítear go poiblí a dhiúscairt. |

Foinse: Ciorclán 13/14 — Bainistíocht Deontas ó Chistí an Státchiste agus Cuntasacht as na Deontais sin, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# 7 Maoirseacht ar mhaoiniú do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020

**7.1** Forbraíodh an tionscnamh um Príomhchathracha Cultúir na hEorpa sa bhliain 1985 chun aird a tharraingt ar shaibhreas agus éagsúlacht na gcultúr san Eoraip, ceiliúradh a dhéanamh ar na gnéithe cultúir a chomhroinneann Eorpaigh, cur le braistint shaoránaigh na hEorpa go mbaineann siad le comhlimistéar cultúir agus rannchuidiú an chultúir le forbairt cathracha a chothú.[1]

**7.2** I mí Aibreáin 2014, bhunaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle liosta de na ballstáit a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh chun teideal Phríomhchathair Chultúir na hEorpa a óstáil go bliantúil ó 2020 go 2033.  Liostaíodh Éire agus an Chróit do 2020.

**7.3** Foilsíonn na ballstáit óstacha glao ar iarratais, rud a dhéanann siad de ghnáth tríd an gcomhlacht rialtais ina dtír a bhfuil freagracht air as an gcultúr, sé bliana roimh bhliain an teidil.  Ní mór do chathracha ar spéis leo páirt a ghlacadh togra a chur isteach lena bhreithniú sa chomórtas.

**7.4** Cheap institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus Coiste na Réigiún) painéal de dheichniúr saineolaithe neamhspleácha chun an t-iarratas rathúil a roghnú.  Chinn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn) gan an ceart a bhí aici suas le beirt bhall a cheapadh ar an bpainéal a fheidhmiú.

**7.5** Ainmníodh Gaillimh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 ar bhonn na bpleananna atá leagtha amach ina 'Leabhar Tairisceana', i.e. an t-iarratas a cuireadh isteach thar ceann na Gaillimhe chuig an bpainéal AE.  De réir rialacháin ó AE, ceanglaíodh ar Ghaillimh dul i mbun próiseas faireacháin i gcomhar leis an bpainéal AE ó ainmniú an teidil i leith chun an maoiniú gaolmhar €1.5 milliún ó AE a fháil.  Tá an maoiniú sin iníoctha laistigh den chéad trí mhí den bhliain ar leith a ainmníodh.[2]

**7.6** Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn an chuid is mó den mhaoiniú le haghaidh oibriú Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 ar fáil óna Vóta.  San amlíne i bhFíor 7.1, déantar achoimre ar na príomhimeachtaí eagraíochtúla agus ar an maoiniú vótáilte.

1 Cinneadh Uimh 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014.

2 Íoctar an maoiniú (ar a dtugtar Duais Melina Mercouri) faoi réir coinníollacha áirithe a urramú, mar atá leagtha amach in Airteagal 14(2) de Chinneadh Uimh. 445/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 16 Aibreán 2014.

**Fíor 7.1 Amlíne na bpríomhimeachtaí eagraíochtúla agus an mhaoinithe vótáilte**

| Gníomhaíocht | Bliain | Maoiniú arna íoc ag an Roinn |
| --- | --- | --- |
| **17 Nollaig —** Glao na Roinne ar iarratais. | 2014 | |
| **17 Deireadh Fómhair —** Fuarthas ceithre iarratas ó Bhaile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach agus an Triúr Deirfiúracha (Port Láirge, Loch Garman agus Cill Chainnigh) faoin dáta deiridh. | 2015 | |
| **12 agus 13 Samhain —** Díbríodh Baile Átha Cliath ag cruinniú réamhroghnúcháin AE agus chuaigh na trí iarratas eile ar aghaidh go dtí an chéim deiridh roghnúcháin. | 2015 | |
| **3 Feabhra —** Cláraíodh Galway Cultural Development and Activity Company, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, atá ag trádáil mar Ghaillimh 2020, leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. | 2016 | |
| **14 agus 15 Iúil —** Ainmníonn cruinniú deiridh roghnúcháin AE Gaillimh mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. | 2016 | |
| **8 Márta —** An chéad chruinniú faireacháin AE sa Bhruiséil idir an painéal roghnúcháin agus Gaillimh 2020. | 2017 | **€250,000** do Ghaillimh 2020. |
| **28 Meitheamh —** An dara cruinniú faireacháin AE in Rijeka idir an painéal roghnúcháin agus Gaillimh 2020. | 2018 | **€650,000** do Ghaillimh 2020. |
| **6 Samhain —** Shínigh Gaillimh 2020 agus an Roinn comhaontú soláthar feidhmíochta go dtí an 1 Iúil 2021. | 2018 | |
| **15 Deireadh Fómhair** — An tríú cruinniú faireacháin AE i nGaillimh idir an painéal roghnúcháin agus Gaillimh 2020 agus moladh maoiniú AE €1.5 milliún a dhámhachtain. | 2019 | **€5,110,185** do Ghaillimh 2020.<br>**€889,815** do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| **15 Samhain —** Shínigh an Roinn agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe comhaontú soláthar feidhmíochta chun €2.8 milliún de mhaoiniú Phríomhchathair Chultúir na hEorpa do thrí thionscadal a atreorú ó Ghaillimh 2020 chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe. | 2019 | |
| | 2020 | **€5,158,085** do Ghaillimh 2020.<br>**€1,941,915** do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| **6 Eanáir —** Shínigh an Roinn agus Gaillimh 2020 leasú ar an gcomhaontú soláthar feidhmíochta a síníodh i mí na Samhna 2018 le Gaillimh 2020 chun €2.8 milliún de mhaoiniú a atreoraíodh chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe a léiriú. | 2021 | **Tá €1 mhilliún geallta fós do Ghaillimh 2020 ach níor tarraingíodh anuas fós é**. |
| **1 Iúil —** Shínigh an Roinn agus Gaillimh 2020 síneadh leis an gcomhaontú soláthar feidhmíochta bunaidh ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. | 2021 | |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Socruithe rialachais agus maoirseachta

### *Corprú cuideachta*

**7.7** Is eintiteas dlíthiúil neamhspleách é Galway Cultural Development and Activity Company, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, atá ag trádáil mar Ghaillimh 2020, agus ní fochuideachta d'aon ghníomhaireacht náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil é. Is é príomhchuspóir na cuideachta gníomhaíochtaí ealaíne agus cultúir a chruthú, a eagrú, a chur chun cinn agus a fhorbairt go hinbhuanaithe sa bhaile agus go hidirnáisiúnta ar mhaithe le leas sóisialta, tionsclaíoch nó tráchtála agus, mar thoradh air sin, feabhas díreach nó indíreach a chur ar Chathair na Gaillimhe, ar Chontae na Gaillimhe agus ar an bpobal i gcoitinne.[1]

**7.8** Ba iad na síntiúsóirí le meabhrán comhlachais na cuideachta a síníodh i mí na Nollag 2015

- an Príomhfheidhmeannach ag an am ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- an Príomhfheidhmeannach eatramhach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe, agus
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

**7.9** Ceapadh an Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe mar chomhaltaí boird ag céim an chorpraithe. Chun nasc cuí a chinntiú idir Gaillimh 2020 agus Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, luaitear san iarratas go mbeidh sé de chumhacht ag na príomhfheidhmeannaigh ar an dá chomhairle stiúrthóir amháin a cheapadh chuig an gcuideachta — bhí cead acu iad féin a cheapadh chun na bpost sin.

**7.10** Rinne na comhairlí cathrach ábhartha bainistíocht ar ainmniúcháin 'phríomhchathair an chultúir' roimhe seo in Éirinn (i.e. Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach).[2] Dúirt an Roinn gurb amhlaidh, cé go raibh an tsamhail cuideachta neamhspleáiche difriúil leis na príomhchathracha cultúir in Éirinn roimhe seo, gurb í cuideachta nó fondúireacht sainchuspóra an tsamhail a roghnaíonn príomhchathracha eile cultúir na hEorpa go rialta. I measc na samplaí le déanaí tá Aarhus 2017, Leeuwarden 2018 agus Matera Basilicata 2019.

### *An bord stiúrthóirí*

**7.11** Deirtear san iarratas deiridh go bhféadfadh an chuideachta suas le 15 chomhalta Boird a bheith aici. Tá ról an Bhoird mionsonraithe san iarratas, agus áirítear leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile

- feidhmeannaigh shinsearacha a fhostú leis an gcuideachta
- cuspóirí straitéiseacha beartais a bhunú agus cur chun feidhme na gcuspóirí sin a chinntiú
- na caighdeáin rialachais agus trédhearcachta is airde a chinntiú
- fochoistí/grúpaí oibre a cheapadh chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag an gcuideachta ar an raon is leithne saineolais agus comhairle i ngach gné dá cuid oibre.
- cuntas iomlán a thabhairt ar ghníomhaíochtaí Ghaillimh 2020 agus go háirithe ceannaireacht agus leanúnachas a sholáthar chun buntáistí leagáide bhliain Phríomhchathair Chultúir na hEorpa a uasmhéadú.

1 Meabhrán comhlachais, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

2 Ainmníodh Baile Átha Cliath mar phríomhchathair chultúir na hEorpa i 1991. Ainmníodh Corcaigh mar phríomhchathair chultúir na hEorpa in 2005. Bronnadh ar chathair Luimnigh ainmniú tionscnaimh mar chathair chultúir náisiúnta do 2014, rud nárbh ainmniúchán Eorpach é.

**7.12** Ón gcruinniú tionscnaimh i mí an Mheithimh 2016 i leith, bhí 28 gcomhalta boird éagsúla ann agus níl ach beirt de na comhaltaí boird bunaidh fós ag fónamh. Ba é an meánfhad ama a d'fhóin gach comhalta boird suas go deireadh na bliana 2020 ná dhá bhliain agus trí mhí.

**7.13** Ó mhí Aibreáin 2017, tá ainmní an Aire ar Bhord Ghaillimh 2020. Dúirt an Roinn, áfach, nach bhfuil aon ról aici i mBord Ghaillimh 2020 ná ina cuid oibríochtaí. Ní bhfuair an Roinn téarmaí tagartha fhochoistí an Bhoird, miontuairiscí ar chruinnithe an Bhoird ná miontuairiscí ar aon chruinnithe fochoiste.

### *Earcaíocht — poist an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóra Chruthaithigh*

**7.14** Mar chuid den iarratas, gheall Gaillimh 2020 go gcloífeadh sí le prionsabal na hiomaíochta oscailte chun poist an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Stiúrthóra Chruthaithigh a líonadh, ag rá go líonfaí an dá phost trí earcaíocht oscailte ar bhonn idirnáisiúnta. Líonadh an dá phost trí cheapacháin a rinneadh i mBealtaine 2017 (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) agus i mí Iúil 2017 (Stiúrthóir Cruthaitheach).

**7.15** D'éirigh an Stiúrthóir Cruthaitheach as i mí na Bealtaine 2018 agus d'éirigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin as i mí Mheán Fómhair 2018. Líonadh post an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ina dhiaidh sin trí oifigeach de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a fháil ar iasacht i mí Dheireadh Fómhair 2018. Líonadh post an Stiúrthóra Chruthaithigh trí Artichoke a cheapadh, cuideachta phríobháideach a ceapadh i mí Eanáir 2019 chun Gaillimh 2020 a threorú agus chun airgead a bhailiú don tionscadal.

### *Comhaontú soláthar feidhmíochta*

**7.16** Síníodh comhaontú soláthar feidhmíochta idir an Roinn agus Gaillimh 2020 an 6 Samhain 2018 chun róil agus freagrachtaí na Roinne agus Ghaillimh 2020 faoi seach a shainiú. Sa chomhaontú soláthar feidhmíochta, cumhdaíodh an tréimhse go dtí an 1 Iúil 2021 agus bhí sé mar aidhm aige a chinntiú go n-úsáidfí acmhainní ar bhealach éifeachtach agus costéifeachtach chun clár oibre arna chomhaontú ag Gaillimh 2020 a sholáthar.[1]

**7.17** Gealltar sa chomhaontú soláthar feidhmíochta a chinntiú go bhfreastalaíonn ionadaithe na Roinne ar chruinnithe faireacháin déthaobhacha le Gaillimh 2020 agus cruinnithe ar leith leis na húdaráis áitiúla (i.e. na maoinitheoirí poiblí eile) gach ráithe ar a laghad. Bhí líon na gcruinnithe déthaobhacha a tionóladh ina dhiaidh sin ar aon dul le gealltanais an chomhaontaithe soláthar feidhmíochta, go dtí gur thosaigh paindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020.

**7.18** Dúirt an Roinn go ndearnadh cruinnithe coicísiúla le feidhmeannas Ghaillimh 2020 de na cruinnithe faireacháin déthaobhacha, ar chruinnithe iad a tosaíodh i mí Lúnasa 2020 tar éis don Aire clár cultúir athstruchtúraithe a cheadú. Dúirt an Roinn freisin gur tharla sé in 2020, tar éis hiatas i ngníomhaíocht an chláir chultúir mar thoradh ar an bpaindéim, gur cuireadh tús arís le cruinnithe le maoinitheoirí poiblí eile sa ráithe tar éis seoladh an chláir athstruchtúraithe.

1 Comhaontú soláthar feidhmíochta idir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (ainm na Roinne an tráth sin) agus Galway Cultural Development and Activity Company, atá ag trádáil mar Ghaillimh 2020. Féach Iarscríbhinn 7A.

**7.19** Tá an comhaontú soláthar feidhmíochta faoi réir athbhreithnithe bliantúil, mar chuid den phróiseas cruinnithe athbhreithnithe déthaobhacha. Dúirt an Roinn gur cuireadh athbhreithniú a tosaíodh i mí na Samhna 2019 ar sos mar gheall ar thús na paindéime i mí an Mhárta 2020. Cuireadh tús leis an athbhreithniú arís sa dara leath de 2020 agus, mar thoradh air sin, síníodh leasú ar an gcomhaontú i mí Eanáir 2021. I miontuairiscí an chruinnithe ráithiúil idir an Roinn agus Gaillimh 2020 i mí na Nollag 2019, tugtar faoi deara gur pléadh an comhaontú agus gur ardaíodh an t-ábhar maidir leis na sócmhainní a cheannaigh Gaillimh 2020 ó mhaoiniú deontais na Roinne a dhiúscairt. Bhí an Roinn chun an comhaontú a leasú chun aghaidh a thabhairt ar dhiúscairt sócmhainní agus bhí sí chun an dréacht a scaipeadh lena chomhaontú.

**7.20** Sa leasú ar chomhaontú soláthar feidhmíochta Ghaillimh 2020 a síníodh i mí Eanáir 2021, léiríodh cinneadh go n-íocfadh an Roinn €2.8 milliún den tsuim €15 mhilliún a gealladh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa go díreach le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.[1] Léiríodh soláthar an mhaoinithe sin don Chomhairle Cathrach cheana féin i gcomhaontú soláthar feidhmíochta ar leith a rinneadh idir an Roinn agus an Chomhairle i mí na Samhna 2019.

**7.21** Luaigh an Roinn go ndearnadh athbhreithniú arís ar chomhaontú soláthar feidhmíochta Ghaillimh 2020 sular síníodh comhaontú an 1 Iúil 2021 chun an clár a fhadú go deireadh mhí na Nollag 2021 agus nach ndearnadh aon athruithe air.

**7.22** Ceanglaítear leis an gcomhaontú soláthar feidhmíochta ar Ghaillimh 2020 cloí le ceanglais reachtúla agus mhaoinithe ábhartha ar nós chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar teideal *Bainistíocht Cistí Státchiste agus Cuntasacht as na Cistí sin*, *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*, le forálacha ábhartha d'Acht na gCuideachtaí, le ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim, le ceanglais an Rialálaí Carthanas, leis an g*Cód Caiteachais Phoiblí* agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### *Comhlíonadh chiorclán 13/2014*

**7.23** Le linn an iniúchta ar chuntas leithreasa 2019 do Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht, tugadh faoi deara nár chomhlíon ráitis airgeadais bhliantúla Ghaillimh 2020 do 2018 ceanglais chiorclán 13/2014. Bhain an neamhchomhlíonadh leis an bhfaisnéis a chaithfidh deontaithe a thuairisciú ina ráitis airgeadais. Tugadh faoi deara freisin san iniúchadh nach raibh aon fhianaise ann go ndearna an Roinn athbhreithniú ar ráitis airgeadais na cuideachta do 2018 maidir le comhlíonadh na nochtaí a cheanglaítear sa chiorclán, nó go ndearna sí aon obair leantach ina leith sin.

**7.24** Ina freagra ar fhiosruithe an iniúchta, luaigh an Roinn go n-ullmhódh iniúchóirí Ghaillimh 2020 sceideal forlíontach leis na ráitis airgeadais do na blianta 2018 agus 2019, ina dtabharfaí breac-chuntas ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin gciorclán.[2]

**7.25** Ní raibh an Roinn in ann fianaise a sholáthar go bhfuair sí an dearbhú a cheanglaítear faoin gciorclán i gcás go bhfuil maoiniú á sholáthar mar chuid de shocrú cómhaoinithe. I gcásanna cómhaoinithe den sórt sin, tá gá le foinse, méid agus cuspóir an mhaoinithe eile go léir a fhaigheann an deontaí, mar aon le dearbhú nach mbeidh aon dúbailt maoinithe ann don ghníomhaíocht chéanna/don tionscadal céanna, a sholáthar gach bliain. Ba cheart a lua sa dearbhú sin freisin cé acu is mó nó nach mó an maoiniú Státchiste ó gach foinse ná 50% den ioncam iomlán.

1 Ní raibh aon tionchar ag an athrú ar mhaoiniú ar ról Ghaillimh 2020 mar chomhordaitheoir ar sholáthar foriomlán gach gné de Ghaillimh – Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.

2 Nochtann an sceideal forlíontach gurb é cuspóir an mhaoinithe ná gníomhaíocht charthanúil.

**7.26** Dúirt an Roinn gurb amhlaidh, cé nár sonraíodh an ceanglas maidir le dearbhú bliantúil sa chomhaontú soláthar feidhmíochta, go bhfuil rialú cúitimh i bhfeidhm trína ndeimhníonn an Príomhfheidhmeannach ar Ghaillimh 2020, i gcás gach iarrata tarraingthe anuas, nach bhfuil aon dúbailt maoinithe ann don tionscadal/don ghníomhaíocht agus go dtugann Gaillimh 2020 tuairisc gach ráithe ar gach ioncam agus caiteachas faoin tionscadal.

*Caighdeáin tuairiscithe airgeadais*

**7.27** Suas go bliain airgeadais 2018 na cuideachta, agus an bhliain sin san áireamh, d'ullmhaigh Gaillimh 2020 a ráitis airgeadais de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

**7.28** In 2019, tugadh stádas carthanúil do Ghaillimh 2020. Luaitear i ráitis airgeadais na cuideachta do 2019 go gcomhlíonann siad an Ráiteas faoi Chleachtas Aitheanta do Charthanais (RA) (SORP) freisin. Ceanglaítear leis sin go nochtfaí i bhfad níos mó faisnéise ar luach do mhaoinitheoirí agus don phobal i gcoitinne sna ráitis airgeadais ná mar a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

## Maoiniú

### *Ioncam*

**7.29** Fuair Gaillimh 2020 gealltanais mhaoinithe €12 mhilliún ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Chomhairle Contae na Gaillimhe roimh an gcéim roghnúcháin deiridh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 agus bhí siad mar chuid den bhuiséad a cuireadh isteach san iarratas chuig an bpainéal roghnúcháin AE.

**7.30** Chomh maith leis sin roimh an roghnú deiridh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, gheall an Roinn i bprionsabal maoiniú €15 mhilliún a sholáthar ón Vóta. Bhí an méid a gealladh faoi réir maoiniú Státchiste nach mó ná 50% de chostas airgeadais foriomlán an imeachta.[1] Léirítear sa chomhaontú soláthar feidhmíochta idir an Roinn agus Gaillimh 2020 gealltanas maoinithe na Roinne, ach ní shonraítear ann an ceanglas nach rachadh an méid thar 50% den mhaoiniú foriomlán.

**7.31** Go deireadh 2020, bhí €11.2 milliún íoctha ag an Roinn le Gaillimh 2020 mar mhaoiniú díreach Státchiste — ba é sin 54% d'ioncam carnach Ghaillimh 2020. D'íoc an Roinn €2.8 milliún le Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar a foráladh dó sa chomhaontú soláthar feidhmíochta a rinneadh leis an gComhairle in 2019. Bhí an méid sin le húsáid chun trí cinn de bhunthionscadail bheartaithe Ghaillimh 2020 a mhaoiniú — Mirrored Pavilion, Middle Island agus Gilgamesh[2] — agus íocadh é trí tharraingt anuas deontas. Dúirt an Roinn go bhfuil seiceálacha i bhfeidhm aici maidir le cistí a tharraingt anuas chun a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ceanglais an chomhaontaithe soláthar feidhmíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas

- iarraidh i scríbhinn um tharraingt anuas arna síniú ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle, nó ag an Stiúrthóir Seirbhísí thar a cheann
- cóip den tuarascáil bainistíochta ráithiúil is déanaí ó Ghaillimh 2020, rud ina leagtar amach an dul chun cinn i gcoinne garspriocanna an chláir chultúir
- fianaise gur íoc an Chomhairle an tarraingt anuas roimhe seo
- cóip den sreabhadh airgid/de na sreafaí airgid, fianaise ar chaiteachas ag faighteoir an deontais agus fianaise ar sheiceálacha roinne ar gach tarraingt anuas.

1 Cinneadh S180/20/10/1629 ón Rialtas.

2 Bhí na trí thionscadal mar chuid den tionscadal 'Weigh Anchor'.

**7.32** I bhFíor 7.2, déantar anailís ar an ioncam réamh-mheasta agus iarbhír do Ghaillimh 2020 ó 2017 go 2020.

**7.33** Bhí an t-iarratas buiséadaithe ar ioncam €3 mhilliún ó AE. Íocadh maoiniú €1.5 milliún ó AE go díreach le Gaillimh 2020 i mí Feabhra 2020 de réir rialacháin ó AE. Ba é an €1.5 milliún eile i maoiniú AE a bhí beartaithe san iarratas ná maoiniú a bhféadfaí iarratas a dhéanamh air ach nach raibh aon bhaint aige leis an ainmniú mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Dheimhnigh an Roinn nár chuir Gaillimh 2020 isteach ar aon mhaoiniú AE eile.

**7.34** I gcomparáid leis an bpróifíl maoinithe a bhí leagtha amach san iarratas agus sa chomhaontú soláthar feidhmíochta leasaithe, bhí ioncam Ghaillimh 2020 go deireadh 2020 i bhfad níos ísle. Cé go bhfuil an laghdú ar ioncam réamh-mheasta suntasach, níl sé scaipthe go cothrom ar fud na bhfoinsí maoinithe éagsúla (féach Fíor 7.2). Dúirt an Roinn gur chuir teacht Covid-19 go luath in 2020 stad ar mhaoiniú breise ó údaráis áitiúla agus ón earnáil phríobháideach. Chuir an Roinn in iúl freisin go bhfuil €1 mhilliún eile fós geallta don chlár.

**Fíor 7.2 Anailís ar an maoiniú réamh-mheasta agus ar an maoiniú iarbhír, 2017 go 2020**

| Foinse ioncaim | Réamh-mheasta[a] | | Iarbhír | | Difríocht | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | %[b] | €m | % | €m | % |
| An Roinn | 15.0 | 33 | 14.0[c] | 61 | -1.0 | -7 |
| Údaráis áitiúla | 12.0 | 26 | 6.0 | 26 | -6.0 | -50 |
| Réigiún | 3.5 | 8 | — | — | -3.5 | -100 |
| AE | 3.0 | 7 | 1.5 | 7 | -1.5 | -50 |
| Earnáil phríobháideach | 6.8 | 15 | 1.0 | 4 | -5.8 | -85 |
| Eile | 5.5 | 12 | 0.4 | 2 | -5.1 | -93 |
| **Iomlán** | **45.8** | | **22.9** | | **-22.9** | |

Foinse: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Ioncam réamh-mheasta de réir iarratais.
b Tá aon difríochtaí dealraitheacha in iomlán na gcéatadán mar gheall ar shlánú.
c Áirítear leis seo €2.8 milliún a íocadh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun tionscadail a bhí beartaithe mar chuid de Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a sholáthar.

### *Ioncam ón earnáil phríobháideach*

**7.35** Samhlaíodh san iarratas ó Ghaillimh 2020 ar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa ioncam €6.8 milliún a fháil ón earnáil phríobháideach, rud a chuimsigh urraíocht agus fáltais díoloifige. Cuimsíonn an t-ioncam iarbhír €1 mhilliún a thuairiscigh Gaillimh 2020 €401,141 in airgead tirim agus €520,958 in ioncam '*comhchineáil'* mar mheastachán costais ar an am agus ar na hacmhainní eile a sholáthair geallsealbhóirí.

**7.36** B'ionann an t-ioncam iomlán díoloifige a fuair Gaillimh 2020 agus €36,180 [2020: €14,976, 2019: €21,204]. Tá an méid sin glan ar €58,465 a aisíocadh le haghaidh imeachtaí a cuireadh ar ceal mar gheall ar Covid-19.

1 Bhí €2.2 milliún eile caite ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar chuid den chéim tairisceana.

### *Caiteachas*

**7.37** Sna comhaontuithe soláthar feidhmíochta idir an Roinn agus Gaillimh 2020 agus an Roinn agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ceanglaítear ar Ghaillimh 2020 agus ar an gComhairle ábhar a sholáthar chun freagraí i scríbhinn ar aon chomhfhreagras a chuirtear chuig an Aire a éascú faoi phróisis agus nósanna imeachta maidir le caiteachas an deontais €15 mhilliún. Cumhdaítear sa chlásal ábhartha i ngach comhaontú soláthar feidhmíochta an tréimhse 2017 – 2020 agus, trí shocrú le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, cumhdaítear an tréimhse sé bliana ina dhiaidh sin.

**7.38** Ar aon dul leis an gcomhaontú soláthar feidhmíochta idir an Roinn agus Gaillimh 2020, déanann gnólacht cuntasaíochta neamhspleách athbhreithniú airgeadais ráithiúil ar thaifid Ghaillimh 2020 agus tuairiscítear a thorthaí don Roinn. Cuireadh tús leis na hathbhreithnithe sin i ráithe 4 de 2018 agus dhearbhaigh gach athbhreithniú, i bhfianaise a méide agus a struchtúir, gur lean Gaillimh 2020 “an dea-chleachtas maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus luach ar airgead a fháil”.

**7.39** I bhFíor 7.3, déantar anailís ar an gcaiteachas réamh-mheasta agus ar an gcaiteachas iarbhír do Ghaillimh 2020 ó 2017 go 2020.[1] Dúirt an Roinn gur bainistíodh caiteachas Ghaillimh 2020 mar chuid den chlár cultúir athstruchtúraithe a ceadaíodh i mí Iúil 2020, chun a chinntiú go bhfanfadh sé laistigh den leithdháileadh reatha Státchiste de réir cheanglais an cheadaithe.

**Fíor 7.3 Anailís ar chaiteachas réamh-mheasta agus ar chaiteachas iarbhír, 2017 go 2020**

| Catagóir | Réamh-mheasta €m[a] | Iarbhír €m[b] | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Caiteachas ar an gclár | 33.4 | 13.6 | -59% |
| Cur chun cinn agus margaíocht | 5.5 | 1.8 | -67% |
| Pá, forchostais agus riarachán | 6.9 | 5.4 | -22% |
| **Iomlán** | **45.8** | **20.8** | **-55%** |

Foinse: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Caiteachas réamh-mheasta a asbhaineadh as an iarratas.

b Caiteachas iarbhír a asbhaineadh as ráitis airgeadais 2017, 2018 agus 2019 a ndearnadh iniúchadh neamhspleách orthu agus as dréachtráitis airgeadais 2020.

## Socruithe chun éifeachtacht an chaiteachais a mheas

### *Comhaontú soláthar feidhmíochta*

**7.40** Ceanglaítear leis an gcomhaontú soláthar feidhmíochta idir an Roinn agus Gaillimh 2020 ar an dara ceann tuarascáil bainistíochta a sholáthar don Roinn roimh na cruinnithe déthaobhacha ráithiúla maidir leis an dul chun cinn ar garspriocanna comhaontaithe faoi na príomhtháscairí feidhmíochta, agus na codanna seo a leanas ar áireamh inti

- forbhreathnú ar an dul chun cinn ar an gclár a sholáthar
- an t-eolas is deireanaí ar shocruithe rialachais, bainistíocht riosca agus soláthar foirne
- buiséad v caiteachas
- an dul chun cinn ar chláir chomhpháirtíochta, agus
- an dul chun cinn ar fhaireachán agus meastóireacht, agus cláir leagáide.

**7.41** Is luachanna intomhaiste iad príomhtháscairí feidhmíochta, lena léirítear cé chomh héifeachtach agus atá idirghabháil ag baint amach príomhchuspóirí. Ba cheart dóibh comparáid a thairiscint ina dtomhaistear méid an athraithe feidhmíochta le himeacht ama.

**7.42** Ní chuimsíonn na príomhtháscairí feidhmíochta atá sonraithe lena dtuairisciú ag Gaillimh 2020 bearta ar nós 'Maoiniú Státchiste mar chéatadán den mhaoiniú iomlán' nó 'costais phárolla agus riaracháin mar chéatadán den chaiteachas iomlán'.

**7.43** Dúirt an Roinn go dtugtar sa tuarascáil bainistíochta an t-eolas ráithiúil is deireanaí ar an dul chun cinn i gcoinne garspriocanna faoi gach príomhtháscaire feidhmíochta atá leagtha amach sa sceideal leis an gcomhaontú soláthar feidhmíochta. Luaigh sí go n-áirítear leo sin, faoi na príomhtháscairí feidhmíochta 'airgeadais agus iniúchóireachta', an t-eolas ráithiúil is deireanaí agus miondealú ráithiúil ar ioncam agus caiteachas bunaithe ar an athbhreithniú ráithiúil ag an iniúchóir neamhspleách.

### *Meastóireacht neamhspleách*

**7.44** San iarratas, déantar cur síos ar na pleananna chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an ainmniúcháin mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa ar an gcathair agus chun torthaí na meastóireachta a scaipeadh. Tá sceideal gníomhaíochtaí beartaithe ann ina liostaítear an amlíne, na gníomhaíochtaí agus na torthaí.

**7.45** Rinne Gaillimh 2020 fógairt oscailte (ar eTenders) i mí an Mheithimh 2019 do phríomh-chomhpháirtí don chlár faireacháin agus meastóireachta. Dámhadh an conradh d'eagraíocht neamhspleách meastóireachta (The Audience Agency). Tá an conradh don obair sin idir Gaillimh 2020 agus The Audience Agency. B'ionann luach iomlán na tairisceana rathúla agus €199,450, agus íocadh díreach faoi bhun 90% de sin faoi dheireadh na bliana 2020.

**7.46** Luaigh an Roinn gur áiríodh i dtuarascáil meastóireachta eatramhach, inar cumhdaíodh an tréimhse go mí na Nollag 2020, bailiú sonraí agus anailís ar rannpháirtíocht lucht féachana le himeachtaí agus an clár oibrithe deonacha go dtí an pointe sin, agus go mbaileofaí sonraí ó phríomhpháirtithe leasmhara aitheanta eile níos déanaí sa mheastóireacht.[1] Ar an gcúis sin, tugtar faoi deara sa tuarascáil eatramhach gur cheart féachaint ar na sonraí atá curtha i láthair mar shonraí táscacha.

1 Níl an tuarascáil eatramhach, arna dréachtú i mí an Mhárta 2021 críochnaithe fós.

**7.47** Tá an tuarascáil faireacháin agus meastóireachta deiridh le soláthar faoi dheireadh 2021 agus beidh torthaí inti ar líon na n-eagraíochtaí cultúir ar tacaíodh leo, na poist a cruthaíodh chun an clár a sholáthar, na tionscadail nua a coimisiúnaíodh, an acmhainn chultúir a forbraíodh, na himeachtaí a tionóladh, líon na daoine sa lucht féachana agus miondealú ar an ioncam agus an caiteachas iomlán. Tabharfar aghaidh inti freisin ar thionchar phaindéim Covid-19 ar aidhmeanna foriomlána an tionscadail a bhaint amach. In Iarscríbhinn 7B, tugtar breac-chuntas ar an bhfreagairt don tionchar a bhí ag na srianta sláinte poiblí ar Ghaillimh 2020.

## Foirceannadh Ghaillimh 2020

**7.48** Ag a chruinniú i mí Aibreáin 2021, d'aontaigh Bord Ghaillimh 2020 an chuideachta a choinneáil i bhfeidhm tar éis mhí an Mheithimh 2021 chun céim phleanála leagáide thionscadal Ghaillimh 2020 a éascú. Tá an chéim phleanála leagáide sin ar siúl anois agus tá sé beartaithe tabhairt faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara sna míonna amach romhainn. Cuimseoidh an chéim sin scrúdú freisin ar na roghanna don mheán/do na meáin trína soláthrófar an leagáid agus beidh Gaillimh 2020 ar cheann de na roghanna a bhreithneofar ina leith sin.

## Conclúidí agus moltaí

**7.49** Bhí an tsamhail a roghnaíodh chun Gaillimh - Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 a sholáthar difriúil leis an tsamhail a úsáideadh roimhe seo le haghaidh imeachtaí den chineál céanna do chathracha eile in Éirinn. Úsáideadh cuideachta neamhspleách. Bhí iomlaoid shuntasach ann i gcomhaltas bhord stiúrthóirí na cuideachta. Bhí athruithe suntasacha ann freisin i gceannaireacht feidhmiúcháin na cuideachta go luath i bpleanáil chlár Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.

**7.50** Samhlaíodh ag an tús nach dtiocfadh formhór an mhaoinithe le haghaidh ghníomhaíochtaí na cuideachta ón Státchiste. Mar sin féin, bhí an chuideachta spleách ar dheontais arna maoiniú ag an Státchiste don chuid is mó dá maoiniú. Chuir údaráis áitiúla na Gaillimhe cuid mhaith den mhaoiniú eile ar fáil.

**7.51** Níor tháinig an leibhéal maoinithe réamh-mheasta do Ghaillimh 2020, go háirithe ó fhoinsí earnála príobháidí, chun cinn. Mar thoradh air sin, tháinig an Roinn/Státchiste chun a bheith ina maoinitheoir tromlaigh (61%) do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020. Bhí sé sin contrártha leis an gcinneadh ón rialtas nach rachadh an maoiniú Státchiste thar 50%. Nuair a chuirtear maoiniú údaráis áitiúil na cuideachta san áireamh, ardaíonn an chuid iomlán maoinithe phoiblí go 87%.

**7.52** Cuid den ranníocaíocht Státchiste le Phríomhchathair Chultúir na hEorpa ba ea maoiniú €2.8 milliún a sholáthar do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i leith trí thionscadal a bhí mar chuid de chlár foriomlán Ghaillimh 2020. Rinne an Roinn comhaontú déthaobhach ar leith leis an gComhairle chun na tionscadail sin a sholáthar.

**7.53** Bhí an tuairisciú airgeadais poiblí ag an gcuideachta teoranta ar dtús. Cé gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais do 2018 i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014, bhí leibhéal an nochta i bhfad níos lú ná mar a bhí cuí do chuideachta a bhí ag brath go mór ar mhaoiniú Státchiste. Níor chomhlíon sé freisin na nochtaí a cheanglaítear faoi threoracha na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le tuairisciú a dhéanamh ar dheontais ó chistí Státchiste. Tugadh aghaidh air sin den chuid is mó nuair a tháinig an chuideachta chun a bheith ina carthanas, a d'fhág go raibh sí faoi réir caighdeán tuairiscithe airgeadais níos trédhearcaí. Ina theannta sin, rinne an Roinn socruithe d'iniúchóirí Ghaillimh 2020 sceideal forlíontach a ullmhú chun

dearbhú a thabhairt maidir leis an dóigh a raibh an creat tuairiscithe deontais á chomhlíonadh ag an gcuideachta.

**Moladh 7.1**

Ba cheart don Roinn rialuithe láidre a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh deontaithe sa todhchaí na ceanglais ábhartha bhainistíochta agus tuairiscithe deontais.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Leanfaidh an Roinn ag obair chun a chinntiú go ndéanfar na forálacha bainistíochta deontais ábhartha uile a chur san áireamh agus a chur i bhfeidhm go hiomlán mar chuid de mhaoirseacht agus tuairisciú ar dheontais sa todhchaí.

**7.54** Bhí soláthar an chláir do Ghaillimh - Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 i bhfad níos teoranta ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Seachas an tionchar a bhí ag na leibhéil mhaoinithe earnála príobháidí a bheith i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, chuir na srianta a forchuireadh ar fud na tíre mar fhreagairt do Covid-19 isteach go mór ar an gclár sceidealta freisin.

**7.55** Tá próiseas ar bun chun éifeachtacht Phríomhchathair Chultúir na hEorpa a mheas go foirmiúil. Tá meastóirí neamhspleácha ag tabhairt faoi sin, agus ba cheart go gcabhródh sé le ceachtanna a shainaithint a chuirfidh bonn eolais faoi thionscadail nó tograí den chineál céanna sa todhchaí.

## Iarscríbhinn 7A Achoimre ar ghealltanais an chomhaontaithe soláthar feidhmíochta

| Comhlacht stáit | Gealltanais |
|---|---|
| **An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán** | ▪ Maoiniú nach mó ná €15 mhilliún a sholáthar do Ghaillimh 2020 chun an clár Making Waves a sholáthar, ar bhonn na bpríomhtháscairí feidhmíochta comhaontaithe agus an sceidil chomhaontaithe, agus faoi réir na gceanglas ábhartha reachtacha, beartais, airgeadais agus tuairiscithe.<br>▪ Maoiniú a sholáthar de réir sceideal arna chomhaontú go frithpháirteach maidir le caiteachas incháilithe arna thabhú, lena n-áirítear costais riaracháin cháilitheacha.<br>▪ Ionadaí de chuid an Aire a cheapadh chun fónamh ar Bhord Ghaillimh 2020.<br>▪ A chinntiú go bhfreastalaíonn ionadaithe na Roinne ar chruinnithe faireacháin déthaobhacha le Gaillimh 2020 agus ar chruinnithe ar leith le Gaillimh 2020 agus leis na maoinitheoirí poiblí eile gach ráithe ar a laghad.<br>▪ Beidh an comhaontú soláthar feidhmíochta faoi réir athbhreithniú bliantúil ag na cruinnithe athbhreithnithe ráithiúla ábhartha leis an Roinn.<br>▪ Rinneadh leasú ar an gcomhaontú soláthar feidhmíochta i mí Eanáir 2021 chun maoiniú €2.8 milliún a atreoraíodh chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe a léiriú le haghaidh trí léiriúchán Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, rud a laghdaigh an bunmhaoiniú a gealladh go €12.2 milliún. |
| **Gaillimh 2020** | ▪ Clár éifeachtach a sholáthar do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 de réir sceideal comhaontaithe agus de réir Making Waves.<br>▪ Clár meastóireachta agus faireacháin a bhunú le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann Gaillimh (ÓE Gaillimh) i gcomhairle leis an Roinn.<br>▪ Clár leagáide a sholáthar de bhun Chlár Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.<br>▪ Na ceanglais tarraingthe anuas seo a leanas a chomhlíonadh<br>• iarratas a dhéanamh i scríbhinn ar gach tarraingt anuas den deontas<br>• a chinntiú go gcuimsíonn an iarraidh tuarascáil ar dhul chun cinn, ráiteas nuashonraithe ar shreabhadh airgid agus tuarascáil ráithiúil iniúchóra neamhspleách.<br>▪ Cruinnithe ráithiúla a thionól leis na maoinitheoirí poiblí uile de chuid Ghaillimh 2020 agus cruinnithe déthaobhacha ar leith a thionól leis an Roinn maidir leis an dul chun cinn i gcoinne garspriocanna faoin gcomhaontú. Seachtain roimh na cruinnithe sin, ní mór do Ghaillimh 2020 an méid seo a leanas a sholáthar<br>• tuarascáil bainistíochta don Roinn ar a dul chun cinn maidir leis na garspriocanna comhaontaithe a chomhlíonadh de réir na bpríomhtháscairí feidhmíochta<br>• tuarascáil iniúchóra neamhspleách ina ndearbhaítear gur cuireadh dea-chleachtas airgeadais i bhfeidhm maidir le cistí a tharraingt anuas.<br>▪ Cloí le moltaí an Phainéil Saineolaithe AE do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa.<br>▪ Cláir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear cumarsáid, oibrithe deonacha, gnó, turasóireacht agus brandáil.<br>▪ A chinntiú go bhfreastalaíonn ionadaithe ó Ghaillimh 2020 ar chruinnithe faireacháin déthaobhacha leis an Roinn agus cruinnithe ar leith leis an Roinn agus leis na maoinitheoirí poiblí eile araon gach ráithe ar a laghad. |
| **Frithpháirteach** | ▪ Gabháil orthu féin tabhairt faoi chomhoibriú réamhghníomhach agus cumarsáid thráthúil.<br>▪ Freagraí pras tráthúla a sholáthar ar chomhfhreagras, iarrataí ar fhaisnéis agus nithe gaolmhara.<br>▪ An páirtí eile a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi gach saincheist ábhartha.<br>▪ Cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, nósanna imeachta airgeadais poiblí, reachtaíocht soláthair agus gach ceanglas reachtach, beartais agus tuairiscithe eile. |

Foinse: Comhaontú soláthar feidhmíochta 2018 (arna leasú i mí Eanáir 2021)

## Iarscríbhinn 7B Tionchar na srianta sláinte poiblí ar Ghaillimh 2020 — amlíne

| | |
|---|---|
| **7 Aibreán 2020** | Eisíonn Gaillimh 2020 ráiteas maidir le todhchaí an chláir lena bhreithniú. |
| **28 Bealtaine 2020** | Cuireann Gaillimh 2020 clár athbhreithnithe faoi bhráid na Roinne, i bhfianaise thionchar Covid-19 ar mhaoiniú agus oibríochtaí, lena cheadú. |
| **15 Iúil 2020** | Ceadaíonn an Roinn an clár athbhreithnithe. |
| **Lúnasa 2020** | Cuireadh tús le cruinnithe coicísiúla idir an Roinn agus Gaillimh 2020 agus leanadh ar aghaidh leo go ráithe 2 de 2021. |
| **Meán Fómhair 2020** | Tugtar an rogha do thionscadail éagsúla a bheith ar siúl ar bhonn fíorúil nó a chur siar go dtí gur féidir leo tarlú i bpearsa. |
| **Deireadh Fómhair 2020** | Bogann imeachtaí chuig ardán ar líne agus cuirtear aon imeacht i bpearsa ar atráth. |
| **Samhain 2020** | Comhaontaítear go gcaithfidh an Roinn aon phreasráiteas maidir le himeachtaí a chur siar a cheadú. |
| **Nollaig 2020** | Pleanáil theagmhasach do thionchar dhianghlasáil leibhéal 5 ar an gclár. Fógraíodh dianghlasáil Leibhéal 5 an 30 Nollaig. |
| **Eanáir 2021** | Comhaontaítear leasuithe ar an gcomhaontú soláthar feidhmíochta amhail an 6 Eanáir 2021. |
| **Márta 2021** | Níl ach imeachtaí ar líne ar siúl; ceadaítear scannánú do thionscadail ar líne ach le hoibrithe bunriachtanacha amháin agus níl aon rud le tarlú a spreagfadh daoine teacht le chéile. |
| **Aibreán 2021** | Deireadh le dianghlasáil leibhéal 5 go luath i mí Aibreáin. Tá an traith deiridh de 50 imeacht le tarlú sula dtiocfaidh deireadh leis an ainmniú mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 an 30 Aibreán. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 8 Maoirseacht ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

**8.1** Tacaíonn an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) le teaghlaigh a bhfuil acu riachtanas fadtéarmach tithíochta nach bhfuil siad in ann freastal air gan chúnamh.[1] Is é príomhchuspóir na scéime HAP cabhrú le faighteoirí fadtéarmacha fhorlíonadh cíosa na Roinne Coimirce Sóisialaí gluaiseacht chuig tacaíocht tithíochta níos iomchuí agus aontaithe.

**8.2** Tá an scéim á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) agus tá sí á hoibriú ag na húdaráis áitiúla ina gcáil mar údaráis tithíochta aonair.

**8.3** Seoladh HAP den chéad uair i dtrí údarás áitiúla i mí Mheán Fómhair 2014.[2,3] D'oibrigh HAP in 28 n-údarás áitiúla in 2016, agus cuireadh i bhfeidhm é sna trí údarás áitiúla deiridh i mí an Mhárta 2017. In 2020, chaith an Roinn €465 mhilliún, beagnach, ar HAP, agus tacaíocht á tabhairt aici do 60,000 tionónta, beagnach - meánchostas bliantúil €7,800 in aghaidh na tionóntachta ar tugadh tacaíocht di.

**8.4** Ceanglaítear ar ranna rialtais a thaispeáint gur bhain siad úsáid as maoiniú a soláthraíonn an tOireachtas é ar an mbealach a bhí sé beartaithe agus go héifeachtach. Rinneadh an scrúdú sin chun socruithe maoirseachta na Roinne maidir le HAP a mheas, agus béim ar leith á leagan ar struchtúir rialachais, ar na rialuithe atá i bhfeidhm, ar mhonatóireacht ar éifeachtacht na scéime agus ar an gcostas seachadta.

**8.5** Díríodh in athbhreithniú ar chostas chun críche an scrúdaithe sin ar an tréimhse 2018 - 2020 toisc gurbh í 2018 an chéad bhliain iomlán d'oibriú na scéime ar bhonn náisiúnta.

## Struchtúr rialachais HAP

**8.6** Cuirtear na príomhghnéithe de na socruithe rialachais agus maoirseachta i láthair in Iarscríbhinn 8B agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas.

- Déanann an Roinn maoirseacht ar an scéim trí Ghrúpa Maoirseachta HAP a sholáthraíonn treoir straitéiseach don scéim agus a thuairiscíonn don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tAire). Faigheann an Grúpa Maoirseachta tacaíocht ó Bhord Tionscadail HAP a chinntíonn go sainaithnítear spriocanna inghnóthaithe, go bhforbraítear pleananna agus scálaí ama agus go ndéantar monatóireacht orthu.
- Riarann údaráis áitiúla an scéim agus déantar í a chomhordú trí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (CCCL).
- In 2016, tar éis próiseas foirmiúil measúnaithe, bhuaigh CCCL an conradh chun HAP a bhainistiú thar ceann na 31 údarás áitiúla ar fud an Stáit agus Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath. Déanann CCCL bainistíocht ar HAP tríd an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP), a fheidhmíonn mar stiúrthóireacht laistigh den Chomhairle.[4] Déanann Grúpa Rialachais HAP, atá faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach CCCL, maoirseacht ar oibríochtaí an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP.

1 Tá an bunús dlí le haghaidh HAP leagtha amach i gCuid 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Tugtar léargas ginearálta ar an bpróiseas HAP in Iarscríbhinn 8A, Fíor 8A.1.

2 Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

3 Ag an am céanna, thosaigh Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath ag comhordú scéim oiriúnaithe HAP do Dhaoine gan Dídean (HHAP) do theaghlaigh gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2014. Is é aidhm HHAP teaghlaigh incháilithe a bhogadh amach as cóiríocht éigeandála, lena n-áirítear óstáin, agus isteach i dtionóntachtaí príobháideacha ar cíos.

4 Comhlíonann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP a ról mar ionad náisiúnta idirbheart agus tuairiscithe airgeadais don scéim HAP trí gach idirbheart cíosa gaolmhar do thionóntaí, tiarnaí talún agus údaráis áitiúla a bhainistiú.

**8.7** Tháinig an Grúpa Maoirseachta HAP le chéile sé huaire le linn 2015. Mar sin féin, bhí cruinnithe i bhfad ní b'annaimhe le blianta beaga anuas - níor tháinig an Grúpa le chéile ach uair nó dhó sa bhliain idir 2018 agus 2020. Luaigh an Roinn, de réir mar a tháinig an scéim in aibíocht, go mbeadh gá le maoirseacht nach mbeadh chomh minic sin. Luadh gur tháinig an Grúpa Maoirseachta agus Bord Tionscadail HAP le chéile le linn ráithí malartacha, rud a choinnigh treo straitéiseach na scéime.

**8.8** Bhí an líon a d'fhreastail ar chruinnithe an Ghrúpa Maoirseachta athraitheach freisin. Ar an meán, d'fhreastail leath na mball ar na cruinnithe a tionóladh idir 2018 agus 2020.[1] Níor fhreastail ceachtar den bheirt chomhchathaoirleach - Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí - ar chruinniú den Ghrúpa ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith. Cé nár fhreastail ceachtar Ard-Rúnaí ar chruinnithe ina dhiaidh sin, luaigh an Roinn go ndearnadh ionadaíocht don dá Roinn lena linn agus gur tarmligeadh ról an chathaoirligh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, atá freagrach as HAP.[2]

**8.9** Tá na socruithe idir údaráis áitiúla aonair agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP (trí CCCL) leagtha amach i meabhrán caighdeánaithe tuisceana. Cé gur cheart formáid an mheabhráin tuisceana a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil ag Bord Tionscadail HAP, ní dhearnadh aon athbhreithniú den sórt sin.

**8.10** Tá an caidreamh idir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus an Roinn leagtha amach i meabhrán comhaontaithe (an comhaontú), a síníodh i mí Dheireadh Fómhair 2019. Sa chomhaontú, tugtar breac-chuntas ar róil agus freagrachtaí an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP agus ar róil agus freagrachtaí na Roinne, agus leagtar amach ann na socruithe comhlíonta agus monatóireachta. Mar sin féin, ní dhéanann cainníochtú sa chomhaontú ar ranníocaíocht airgeadais na Roinne leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte ná ní chuimsítear ann mionsonraí sonracha maidir le hionchuir nó spriocanna feidhmíochta do HAP.

**8.11** Tá an Roinn freagrach as athbhreithnithe rialta ar an gcomhaontú a éascú ach cuireadh athbhreithniú a bhí le déanamh faoi mhí Mheán Fómhair 2020 ar fionraí go dtí go dtabharfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú ar struchtúr rialachais HAP chun críche.[3]

## Rialú ar HAP

**8.12** I bhfianaise chostas na scéime HAP, tá éifeachtacht rialuithe na scéime tábhachtach. Tá measúnú ar na príomhrialuithe leagtha amach i bhFíor 8.1.

1 Bhí idir naonúr ball agus 11 bhall ann i mballraíocht an Ghrúpa Maoirseachta thar an tréimhse.

2 Aimsíodh sa scrúdú go raibh ionadaíocht á déanamh don Roinn Coimirce Sóisialaí trí fhreastalaithe seachas trí bhaill den Ghrúpa Maoirseachta.

3 Tugadh an t-athbhreithniú chun críche I mí Aibreáin 2021 agus rinneadh roinnt moltaí maidir le cuíchóiriu an struchtúir rialachais HAP reatha. Luaigh an Roinn nár ghlac an Grúpa Maoirseachta an tuarascáil go fóill ach, tar éis í a ghlacadh go foirmiúil, go gcuirfidh sí tús le cur chun feidhme na moltaí atá ann.

**Fíor 8.1 Measúnú ar phríomhrialuithe scéime do HAP**

| Réimse | Príomhrialú | Measúnú ar oibriú an rialaithe | Measúnú foriomlán |
|---|---|---|---|
| Measúnú agus bainistíocht riosca | Clár rioscaí á chothabháil ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP.<br>Déanann Grúpa Rialachais HAP athbhreithniú gach ráithe agus déanann Coiste Iniúchóireachta CCCL athbhreithniú gach bliain.<br>Rialuithe chun rioscaí atá leabaithe i gcóras bainistíochta cáilíochta an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP a mhaolú. | Cuimsítear rioscaí móra sa chlár rioscaí.<br>Déantar athbhreithniú rialta ar an gclár rioscaí.<br>Tá seiceálacha agus nósanna imeachta riaracháin leabaithe i gcóras bainistíochta cáilíochta an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP. | 🟢 |
| Rialuithe glactha | Sraith seiceálacha incháilitheachta a rinne údaráis áitiúla agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP (féach Iarscríbhinn 8A, Fíor 8A.2). | Braitheann an Roinn ar dhearbhú sínithe ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP maidir le hincháilitheacht. Ní dhéantar spotseiceálacha chun oibriú seiceálacha a bhailíochtú. | 🟡 |
| Rialuithe ar íocaíochtaí | Sa chreat um uasteorainneacha cíosa mhíosúil, leagtar amach na cíosanna is féidir a íoc le tiarnaí talún le haghaidh aicmithe éagsúla tí i ngach limistéar údaráis áitiúil.<br>Níl na cíosanna a íoctar níos mó ná na teorainneacha ordaithe. | Tá an creat reatha um uasteorainneacha cíosa mhíosúil i bhfeidhm ó bhí an bhliain 2017 ann.<br>Níl aon athbhreithniú sceidealta.<br>Déanann an Roinn monatóireacht ar mheánísocaíochtaí míosúla le tiarnaí talún agus ar na rátaí lánrogha a thugann údaráis áitiúla lena chinntiú nach sáraítear cíosanna uasteorannaithe (lena n-áirítear roghanna). | 🟡 |
| | Tá sé de dhualgas ar thionóntaí a n-údarás áitiúil a chur ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí, mar shampla méadú ar ioncam. | Ní dhéantar athmheasúnú ar thionóntaí maidir le hincháilitheacht le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta má thagann méadú ar a n-ioncam. Ina áit sin, méadófar a gcíos difreálach de réir scéim cíosa dhifreálaigh an údaráis áitiúil. Má tá briseadh ann sa tacaíocht, is féidir go n-athmheasúnófar iad le haghaidh tithíocht shóisialta. | 🔴 |
| | Íoctar ranníocaíochtaí tionóntaí atá dlite do na tréimhsí a fóirdheonaíodh.<br>Déantar foráil sa Bheartas Bainistíochta Fiachais go n-eiseofar litreacha fógra/meabhrúcháin fiachais ar bhonn seachtainiúil (gach Déardaoin), bunaithe ar fhrámaí ama ar leith agus ar leibhéil fiachais. | Ó 2016 i leith, tá bailiú cíosa tionóntaí fós ard agus tá drochfhiacha fós íseal. Chuir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP leis sin trí struchtúr soiléir a sholáthar chun aon riaráistí tionóntaí a fhorbraíonn a bhainistiú tríd an mBeartas Bainistíochta Fiachais. | 🟢 |
| | Meastachán ar leibhéal na calaoise agus na hearráide amhrasta a tharlaíonn. | Ní dhéantar bailiú ná foilsiú go rialta ar fhaisnéis faoi earráid agus calaois a bhaineann le scéim an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP. | 🔴 |
| TFC agus slándáil sonraí | Soláthraíonn OGCIO tacaíocht 'teipaistrithe' don bhunachar sonraí CMR de chuid an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP.[a, b]<br>Tá próisis i bhfeidhm ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP chun sáruithe sonraí a thuairisciú.<br>Déanann an Grúpa Maoirseachta monatóireacht ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus ar shlándáil. | Críochnaíodh athbhreithniú neamhspleách ar thimpeallacht TF an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP in 2017. Taispeánann faisnéis a chuir an Roinn ar fáil gurb amhlaidh, amhail mí an Mheithimh 2021, go raibh 44% de na moltaí curtha i gcrích, go raibh 47% ar siúl agus nach ndearnadh 9% a ghlacadh ná a chur i ngníomh iad. | 🟡 |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Tá ról ceannaireachta ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) don chlár oibre digiteach ar fud an Rialtais.

b Is samhail oibríochta cúltaca é teipaistriú ina nglacann comhpháirt thánaisteach le feidhmeanna comhpháirte córais nuair nach bhfuil an phríomh-chomhpháirt ar fáil - trí mhainneachtain nó trí aga neamhfhónaimh sceidealaithe. Tástáladh córas teipaistrithe an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP.

Eochair:
- 🟢 Tá príomhrialú leordhóthanach i bhfeidhm.
- 🟡 Deis chun feabhsúcháin.
- 🔴 Níl aon phríomhrialuithe i bhfeidhm.

**8.13** Tá deiseanna ann an timpeallacht rialaithe a fheabhsú. Mar shampla, tá scála na scéime HAP oiriúnach do bhearta áirithe a n-úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí iad a ghlacadh, mar shampla córas athbhreithnithe foirmiúla rialaithe agus suirbhéanna rialaithe chun minicíocht earráide oifigiúla, earráid iarratasóra agus calaois amhrasta a bhrath in íocaíochtaí.

**8.14** D'fhéadfadh an Roinn beartas frithchalaoise foriomlán a fhorbairt do HAP freisin, rud a chuimsíonn oibríochtaí an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP agus údaráis áitiúla, agus atá ag teacht leis an dea-chleachtas reatha sa réimse sin.

## Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus feidhmíocht HAP

**8.15** Sprioc straitéiseach na Roinne maidir leis an scéim HAP, mar atá leagtha amach in *Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta (2016 - 2021)* is ea tacaíocht aontaithe tithíochta a chruthú dóibh siúd a bhfuil acu riachtanas fadtéarmach tithíochta nach bhfuil siad in ann freastal air gan chúnamh.[1] Glacadh roinnt cuspóirí gaolmhara eile freisin maidir leis an scéim HAP, inar cuimsíodh

- tacaíocht tithíochta arna maoiniú go poiblí a chomhdhlúthú faoi na húdaráis áitiúla ina gcáil mar údaráis reachtúla tithíochta
- éifeachtacht na rialála san earnáil cíosa phríobháideach a fheabhsú
- tacaíocht sholúbtha tithíochta a sholáthar
- fáil réidh le constaicí féideartha 'gaiste bochtaineachta' ar fhostaíocht
- ceannródaíocht a dhéanamh ar athchóirithe nuachóirithe níos leithne san earnáil tithíochta sóisialta, lena n-áirítear cíos a asbhaint ag an bhfoinse
- tacaíocht tithíochta a sholáthar go barainneach.

**8.16** Níor glacadh bearta ná spriocanna sonracha maidir le tacaíocht sholúbtha tithíochta sóisialta a sholáthar, fáil réidh le constaicí féideartha 'gaiste bochtaineachta' ar fhostaíocht agus ceannródaíocht a dhéanamh ar athchóiriú nuachóirithe níos leithne san earnáil tithíochta sóisialta, lena n-áirítear cíos a asbhaint ag an bhfoinse.

### *Tacaíocht tithíochta a chomhdhlúthú faoi na húdaráis áitiúla*

**8.17** In 2016, bhí thart ar 48,041 duine aonair ag fáil forlíonadh cíosa, agus rangaíodh 36,666 dhuine díobh mar fhaighteoirí fadtéarmacha (níos mó ná 18 mí). Bhí sé mar aidhm ag an Roinn gach duine a bhí ag fáil forlíonadh cíosa agus ag a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta a aistriú chuig HAP faoi 2020. Ag deireadh 2020, bhí 19,304 thionóntacht faoin scéim forlíonadh cíosa, agus rangaíodh 11,438 gcinn de na tionóntachtaí sin mar fhaighteoirí fadtéarmacha.[2] Luaigh an Roinn gur cuireadh stop go ginearálta le haistrithe faighteoirí forlíonadh cíosa chuig HAP in 2020 (agus in 2021) mar gheall ar phaindéim Covid-19, agus go raibh acmhainní údaráis áitiúil dírithe ar thionóntachtaí atá ann cheana a choinneáil agus ar thionóntachtaí nua a bhunú. Tá an Roinn ag súil le méadú ar aistrithe forlíonadh cíosa in 2022.

### *Rialáil a fheabhsú san earnáil cíosa phríobháideach*

**8.18** Ceanglaítear go reachtúil ar údaráis áitiúla cigireachtaí ar chóiríocht bheartaithe tionóntachta HAP a dhéanamh (nó a shocrú) laistigh de thréimhsí forordaithe mar chuid de mhórchóras cigireachtaí faoi alt 41 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 (Acht 2014). Tá gach údarás áitiúil freagrach as comhlíonadh na gceanglas ábhartha a chinntiú.

1 Doiciméad straitéise na Roinne dar teideal *Tithíocht do Chách,* ina gcumhdaítear an tréimhse go 2030, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2021.

2 Aistrítear roinnt faighteoirí forlíonadh cíosa chuig an scéim cóiríochta ar cíos (RAS) a tugadh isteach in 2004.

**8.19** Ní mór cigireachtaí ar chóiríocht HAP a shocrú laistigh d'ocht mí ó dhátaí tosaithe tionóntachtaí HAP, nó ní mór iad a bheith déanta laistigh de dhá mhí dhéag roimh an dáta tosaithe.[1]

**8.20** Tá dúshláin ann ar leibhéal an údaráis áitiúil chun an sainordú foriomlán cigireachtaí a chomhlíonadh. B'ionann cigireachtaí HAP agus os cionn leath na gcigireachtaí príobháideacha ar chóiríocht ar cíos a rinneadh in 2019 agus 2020.[2,3] B'ionann cigireachtaí HAP a rinneadh in 2019 agus 23,424 cinn agus rinneadh 12,031 chigireacht HAP ar an láthair in 2020.

**8.21** Chuir ráig Covid-19 bac mór ar chigireachtaí ar mhaoine HAP. Tugadh tosaíocht do chigireachtaí a measadh a bheith práinneach. D'eisigh an Roinn treoir chuig údaráis áitiúla, a leag amach gur cheart leanúint de chigireachtaí a shocrú agus, i gcásanna práinneacha, iad a dhéanamh. Spreag an Roinn údaráis áitiúla freisin chun cigireachtaí fíorúla a bhreithniú, agus gheall sí go soláthródh sí maoiniú chun é sin a éascú. In 2020, rinneadh 991 chigireacht fhíorúil ar thionóntachtaí HAP (1,388 gcigireacht fhíorúla san iomlán).

**8.22** Luaigh an Roinn gur chuir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP modúl ar a chóras bainistíochta tionóntachta ar áireamh chun cur ar chumas na n-údarás áitiúil torthaí na gcigireachtaí ar mhaoine tionóntachtaí HAP a thaifeadadh.[4] Thuairiscigh go leor údarás, áfach, dúshláin maidir le dhá thacar sonraí ar leithligh a chothabháil, agus luaigh siad gurbh fhearr leo leanúint ar aghaidh ag úsáid a gcórais TFC féin chun torthaí gach cigireachta ar mhaoine tionóntachta príobháidí a thaifeadadh.

**8.23** Tá sé mar chuspóir ag an scéim rialáil na hearnála tionóntachta príobháidí a fheabhsú. Thug an Roinn faoi deara go mbaintear an cuspóir sin amach trí na ceanglais dhlíthiúla ar údaráis áitiúla cigireacht a dhéanamh ar áitribh HAP agus go bhfoilsítear sonraí bliantúla ar leibhéal na gcigireachtaí foriomlána, lena n-áirítear cigireachtaí tionóntachta HAP a dhéanann gach údarás áitiúil, ar a suíomh Gréasáin.

**8.24** Luaigh an Roinn go bhfuil sí tiomanta d'obair i gcomhar le húdaráis áitiúla chun go bhféadfar anailís a dhéanamh ar thorthaí na gcigireachtaí HAP, agus luaigh sí gur forbraíodh liosta íosriachtanas sonraí maidir le cigireachtaí HAP chun an anailís sin a éascú. Chuir an Roinn in iúl freisin do gach údarás áitiúil an gá práinneach atá ann le sonraí stairiúla a uaslódáil chuig modúl an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP.

**8.25** Faoi láthair, ní thuairiscíonn an Roinn ar chigireachtaí HAP mar phríomh-mhéadracht. Luaigh an Roinn gur taifeadadh 738 gcinn (2.5%) de na 29,584 cinn de scoir/dhúntaí HAP go deireadh mhí an Mhárta 2021 mar gheall ar dhroch-chaighdeáin mhaoine. Luaigh sí go bhfuil sé de fhreagracht reachtúil ar na húdaráis áitiúla a chinntiú go ndéanann siad na cigireachtaí agus aon obair leantach riachtanach, agus go bhfuil údaráis áitiúla ag dul i mbun cigireachtaí ar bhonn dícheallach, go háirithe cigireachtaí HAP.

### *Tacaíocht tithíochta a sholáthar go heacnamaíoch*

**8.26** Chun a cuspóirí a bhaint amach maidir le HAP, bhain an Roinn de thátal as go gcaithfeadh sí 84,000 tionóntacht HAP breise a fháil thar na sé bliana idir 2016 agus 2021. Rinneadh an sprioc charnach a mhéadú ina dhiaidh sin, go 91,510 tionóntacht nua faoi dheireadh 2021.

1 Tá na hamlínte do chigireachtaí HAP leagtha amach sna Rialacháin um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta 2014 (IR Uimh. 407 de 2014).

2 Bhí dhá chigireacht HAP freagrach as 58% agus 51% faoi seach de na cigireachtaí foriomlána a rinneadh in 2019 agus 2020.


3 Sa *Straitéis don Earnáil Cíosa* 2016, cuimsítear príomhghníomhaíocht chun clúdach agus comhlíonadh cigireachtaí a mhéadú trí mhaoiniú imfhálaithe sonrach agus trí spriocanna cigireachta bliantúla. Is é an cuspóir líon na gcigireachtaí a mhéadú go hincriminteach gach bliain agus é mar aidhm ráta cigireachta bliantúil atá cothrom le 25% den chóiríocht phríobháideach ar cíos a bhaint amach faoi 2021.

4 Is é SUGAR CRM an t-ardán bogearraí a n-úsáideann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus údaráis áitiúla é chun gach idirbheart cíosa a bhaineann le HAP a bhainistiú don tionónta, don údarás áitiúil agus don tiarna talún.

### *Tionóntachtaí nua ar cruthaíodh*

**8.27** Chun an sprioc bhunaidh amach, bhí sé riachtanach 14,000 tionóntacht nua ar an meán a chruthú gach bliain. Tá líon na dtionóntachtaí nua HAP a cruthaíodh beagán chun tosaigh ar an leibhéal sin ar bhonn seasta (féach Fíor 8.2).

**Fíor 8.2 An sprioc agus tionóntachtaí iarbhír HAP a cruthaíodh, 2016 go 2020[a]**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta


Nóta: a Ba é an sprioc fhoriomlán a socraíodh in 2016 ná tacú le 84,000 tionóntacht nua, beagnach, a fháil faoi dheireadh 2021. Rinneadh an sprioc sin a athbhreithniú chun 86,510 tionóntacht nua a sholáthar faoi dheireadh 2019 agus 91,510 tionóntacht nua a sholáthar faoi dheireadh 2021.

### *Scoir den scéim*

**8.28** Críochnaíonn tionóntachtaí HAP ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear toisc go gcinneann tionónta bogadh amach as an maoin ar cíos, toisc go seirbheálann an tiarna talún fógra don tionónta an mhaoin a fhágáil folamh, nó toisc go dtairgtear cineál difriúil tacaíochta tithíochta sóisialta don teaghlach a dtugtar tacaíocht dó, ar thithíocht í a oireann níos mó dá riachtanais. Scoireadh de 27,161 tionóntacht san iomlán sa tréimhse 2016 go 2020.[1]

**8.29** D'aistrigh níos mó ná an ceathrú cuid (28%) de na tionóntaí a bhí ag fágáil HAP idir 2016 agus 2020 go díreach chuig cineálacha eile tithíochta sóisialta. Tá an ráta sin ag méadú thar shaolré na scéime HAP, suas ó 14% de na scoir den scéim in 2016 go 38% in 2020 (féach Fíor 8.3).

**Fíor 8.3 Scoir de thionóntachtaí HAP, 2016 go 2020**




Foinse: Tuarascáil ráithiúil an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP do Ráithe 4 2020

1 Réamhaisnéisíonn an Roinn scoir den scéim HAP bunaithe ar thuairiscí seachtainiúla agus ráithiúla ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP. Tugann na tuarascálacha ráithiúla breac-chuntas ar líon na dtionóntachtaí gníomhacha agus dúnta HAP agus na cúiseanna féintuairiscithe le HAP a fhágáil agus soláthraíonn siad miondealú ar na tionóntachtaí a scoir den scéim HAP.

**8.30** Déantar timpeall 37% de na scoir go léir de HAP ó cuireadh tús leis an scéim i leith a chatagóiriú mar 'scoir faoi stiúir tionónta'. Taifeadann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP 'scor deonach' nó 'thug an tionónta fógra' mar chúis i 79%, beagnach, de na scoir sa chatagóir seo.

**8.31** Mura bhfuil tuilleadh mionsonraí ann, ní féidir a dhéanamh amach cé na bunchúiseanna a d'eascair as scoir faoi stiúir tionónta nó cibé an bhfuil socrú tionóntachta nua déanta le tiarna talún eile mar thoradh ar chuid acu sin.

### *Monatóireacht feidhmíochta ar an scéim*

**8.32** Tá cuspóirí dea-dheartha agus táscairí feidhmíochta dea-dheartha ríthábhachtach chun cláir Rialtais a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun éifeachtacht a léiriú. Díríonn na príomhspriocanna atá leagtha síos don scéim HAP ar líon na dtionóntachtaí nua arna gcruthú agus ní éascaíonn siad meastóireacht ar an gcéatadán de na daoine a dteastaíonn tacaíochtaí uathu agus atá á bhfáil dáiríre.

**8.33** Luaigh an Roinn go ndéanann sí monatóireacht ar líon na ndaoine ar liostaí feithimh tithíochta údaráis áitiúil agus go ndéantar faisnéis a sholáthraíonn údaráis áitiúla faoi theaghlaigh a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ach nach bhfuil a riachtanas tithíochta sóisialta á chomhlíonadh faoi láthair a thiomsú san fhoilseachán bliantúil dar teideal *Achoimre ar Mheasúnuithe ar Thithíocht Shóisialta*.[1] Dúirt an Roinn freisin gur ceist do na húdaráis áitiúla an cineál tacaíochta tithíochta sóisialta is iomchuí do gach teaghlach a chinneadh.[2]

**8.34** Tá na tuarascálacha gníomhaíochta a tháirgeann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP faoi láthair dírithe ar phróisis inmheánacha, seachas ar thorthaí inmhianaithe HAP. Tá scóip ann chun raon na dtáscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá ar fáil don phobal a leathnú, mar shampla trí tháscairí a fhorbairt a fhéachann le monatóireacht a dhéanamh orthu seo

- an meánchostas in aghaidh an aonaid a bhaineann le tionóntacht HAP ar fud na tíre (agus de réir údaráis áitiúil) de réir aicmiú teaghlaigh
- an céatadán de scoir chuig tithíocht shóisialta arna bainistiú ag údarás áitiúil nó ag Comhlacht Tithíochta Ceadaithe (AHB)
- feabhsú ar chaighdeáin cháilíochta na cóiríochta ar cíos mar gheall ar HAP, arna thomhas ag rátálacha BER (atá éigeantach don chuid is mó de thionóntachtaí) nó ag tagarmharc(anna) ábhartha eile[3]
- an céatadán de theaghlaigh a bhfuil an riachtanas tacaíochta is mó acu (na trí dheicíl ioncaim is ísle, b'fhéidir) a fhaigheann rochtain ar HAP, mar a mhol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina hathbhreithniú caiteachais do 2018.[4]

**8.35** Luaigh an Roinn gur féidir machnamh a dhéanamh ar roinnt de na táscairí molta a fhoilsiú.[5]

## Treochtaí i gcostas HAP

**8.36** Tá costas foriomlán na scéime HAP bainteach le líon na dteaghlach a fhaigheann tacaíocht agus an mheántacaíocht cíosa a íocann an Státchiste. Tá an caiteachas a tabhaíodh agus líon na dtionóntachtaí ar tacaíodh leo idir 2018 agus 2020 leagtha amach i bhFíor 8.4.

1 Meastar teaghlaigh atá i dtionóntacht HAP faoi láthair mar theaghlaigh a bhfuil a riachtanas tithíochta á gcomhlíonadh. Dá bharr sin, ní áirítear iad ar liostaí feithimh tithíochta.


2 Thug an Roinn faoi deara go mb'fhéidir nár mhaith le teaghlaigh ar liostaí feithimh a cháilíonn le haghaidh HAP leas a bhaint as.

3 I Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh) 2012 (I.R. Uimh. 243/2012), leagtar amach go dteastaíonn deimhniú rátála fuinnimh foirgnimh (mura bhfuiltear díolmhaithe) aon uair a thairgtear foirgneamh (lena n-áirítear teaghais) le díol nó le ligean. Príomhchuspóir de chuid na straitéise *Tithíocht do Chách* is ea na híoschaighdeáin BER a chur chun feidhme, nuair is indéanta, maidir le maoin ar cíos príobháideach, ag tosú in 2025.

4 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Caiteachas reatha agus caipitil ar shásraí seachadta tithíochta sóisialta*, 2018.

5 I gCaibidil 11 'Feidhmíocht a thomhas maidir le caiteachas Státchiste ar thithíocht shóisialta' sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2019*, moladh go ndéanfadh an Roinn athscrúdú ar na táscairí aschuir a úsáidtear dá clár foriomlán tithíochta san *Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe* chun a chinntiú go léiríonn líon na spriocanna a leagtar síos i ndáil le fotheidil éagsúla na leibhéil choibhneasta caiteachais. Tá an tuarascáil ar fáil ag www.audit.gov.ie

**Fíor 8.4 Caiteachas HAP agus líon na dtionóntachtaí gníomhacha, 2018 go 2020[a,b]**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a I gcaiteachas na Roinne ar HAP, cumhdaítear íocaíochtaí le tiarnaí talún, costais riaracháin agus oibriúcháin áirithe a thabhaíonn an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus costais riaracháin eile. Taispeántar caiteachas glan ó chíos difreálach a íocann tionóntaí.

b Déantar caiteachas a thabhaítear ar HAP a fhritháireamh trí chíos difreálach a bhailiú ó thionóntaí. Tá suim an chíosa dhifreálaigh a íoctar nasctha go díreach le hioncam an teaghlaigh agus le cumas íocaíochta an tionónta - tá uasteorainneacha glanioncaim i bhfeidhm (arna gcoigeartú de réir mhéid an teaghlaigh), le roinnt éagsúlachta ar fud na n-údarás áitiúil.

### *Teorainneacha cíosa HAP*

**8.37** Faoi reachtaíocht HAP, tá na teorainneacha le haghaidh íocaíochtaí cíosa bunaithe ar líon na ndaoine i dteaghlach agus ar mheasúnú ar an margadh cíosa áitiúil. Socraíodh na teorainneacha reatha le hordú ón Aire in 2017 (de réir contae) agus níor athraíodh chun dáta iad ó shin i leith.[1]

**8.38** I gcás go bhfuil an cíos míosúil arna chomhaontú idir an tionónta agus an tiarna talún ag sárú na huasteorann reachtúla cíosa atá iníoctha ag an údarás áitiúil, tá dhá rogha ann.


- Féadfaidh an íocaíocht cíosa a fhaigheann tacaíocht trí HAP dul thar an uasteorainn reachtúil ábhartha cíosa de rogha an údaráis áitiúil bunaithe ar dhálaí an mhargaidh cíosa áitiúil faoi suas le 20%, nó faoi suas le 50% i réigiún Bhaile Átha Cliath do na teaghlaigh sin atá gan dídean, nó atá i mbaol láithreach easpa dídine.
- Íocann an tionónta an difríocht go díreach leis an tiarna talún.

**8.39** Mhéadaigh meáníocaíocht mhíosúil HAP ó €801 in aghaidh na míosa in 2018 go €880 in aghaidh na míosa in 2020 – figiúr arbh ionann é agus méadú 9.9%. Bhí sé sin cosúil leis an meánmhéadú ar phraghas cíosa sa mhargadh cíosa príobháideach go ginearálta (féach Fíor 8.5). Tharla na méaduithe is mó thar an tréimhse i gceantair údaráis áitiúil Chomhairle Contae na Gaillimhe, Chomhairle Contae Mhuineacháin agus Chomhairle Contae an Chláir.

**8.40** Tá méadú seasta tagtha ar líon na dteaghlach a fhaigheann tacaíocht, ag méadú ó dhíreach os cionn 43,000 tionóntacht in 2018 go díreach faoi bhun 60,000 in 2020.

1 Tá na huasteorainneacha míosúla cíosa do gach údarás áitiúil leagtha amach sna Rialacháin um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (Leasú) 2017 (I.R. Uimh. 56 de 2017).

**Fíor 8.5 Meáníocaíocht cíosa mhíosúil, 2018 go 2020**




Foinse: An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), *Tuarascáil Innéacs Cíosa,* R4 2020, agus Tuarascáil an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP, R4 2020

**8.41** Luaigh an Roinn go ndéanann sí monatóireacht dhlúth ar leibhéal na rogha a úsáideann údaráis áitiúla, agus foinsí eile sonraí á gcur san áireamh, lena n-áirítear foilseacháin ráithiúla sonraí cíosa an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB).

**8.42** Mhéadaigh úsáid na roghanna ar dheonaigh údaráis áitiúla iad ó 33% de na tionóntachtaí in 2018 go 50% de na tionóntachtaí faoi mhí na Nollag 2020. Mar sin féin, ní gá go n-áirítear sa tacaíocht bhreise a chuirtear ar fáil an tsuim iomlán atá incheadaithe faoin treoir. Níl tionchar suntasach ag feidhmiú na rogha ar chaiteachas foriomlán na scéime, agus ní raibh ann ach 1.3% de chaiteachas iomlán na scéime HAP in 2020.

**8.43** Déanann roinnt tionóntaí íocaíochtaí ‘breisithe’ chun an t-iarmhéid idir an teorainn cíosa HAP (lena n-áirítear rogha, más infheidhme) agus an cíos margaidh a éilítear orthu a íoc chun cóiríocht oiriúnach a fháil. In anailís ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tugtar le tuiscint go raibh timpeall 28% d’fhaighteoirí HAP ag déanamh íocaíochtaí breise ‘breisithe’ le tiarnaí talún sna chéad sé mhí de 2019.[1]

**8.44** Measann an Roinn gurb amhlaidh, tríd is tríd, gur leor na huasteorainneacha reatha cíosa, mar aon leis an tsolúbthacht bhreise atá ar fáil d’údaráis áitiúla, chun tacú le hoibriú éifeachtach na scéime HAP.[2]

**8.45** Cé go n-áirítear faisnéis maidir le suim an chíosa i dtús na tionóntachta sna doiciméid HAP, ní cuid de phróiseas caighdeánach tuairiscithe don Roinn é faisnéis a bhailiú maidir le líon na dteaghlach a dhéanann íocaíocht ‘breisithe’ lena dtiarna talún.[3]

1 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Anailís ar Threochtaí: Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (2014 - 2019)*, arn foilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2019.


2 Luaigh an Roinn gur gealladh i g*Clár an Rialtais* go gcinnteofaí go mbeadh leibhéil ÍCT leordhóthanach chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, agus an soláthar tithíochta sóisialta á mhéadú. Gealltar in *Tithíocht do Chách* freisin go ndéanfaíanailís ar an ngá le leibhéal na rogha atá ar fáil d’údaráis áitiúla faoin scéim a leasú, mar fhreagairt ar an treocht in úsáid mhéadaithe roghanna.

3 Baineann doiciméid HAP leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe a sholáthraíonn an tionónta don údarás áitiúil i dtús na tionóntachta mar aon leis na doiciméid riachtanacha tacaíochta.

### *An tionchar atá ag cíos difreálach*

**8.46** Bíonn tionchar ar an nglanchostas HAP don Stát ag luach na ranníocaíochtaí ó na tionóntaí - rud ar a dtugtar cíosanna difreálacha. Tá laghdú beag tagtha ar ranníocaíocht na dtionóntaí le costas na scéime ó 25% in 2018 go 24% in 2020, mar a thaispeántar i bhFíor 8.6.

**Fíor 8.6 Costas HAP, 2018 go 2020**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP.

Nóta a Áirítear costais oibriúcháin agus riaracháin i ranníocaíocht na Roinne.

### *Rátaí bailiúcháin*

**8.47** Luaigh an Roinn go léiríonn tuairiscí ráithiúla HAP ar chíos difreálach rátaí bailiúcháin de 96% - 99% roimh phaindéim Covid-19.

**8.48** Tá rialuithe i bhfeidhm lena chinntiú go mbailíonn an Roinn (trí na húdaráis áitiúla) an cíos difreálach atá dlite ag tionóntaí. Mura bhfuil tionónta in ann an t-iarmhéid atá gan íoc a aisíoc, íocfaidh an Roinn an costas sa deireadh. Is í an fhianaise atá ann go raibh údaráis áitiúla measartha éifeachtach maidir leis na suimeanna sin a aisghabháil.

**8.49** Faoi dheireadh 2020, bhí riaráistí ag 9.7% de thionóntaí gníomhacha maidir lena gcíosanna difreálacha, i gcomparáid le 3.8% ag deireadh 2019 - faoi phróiseas bainistíochta fiachais an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP, meastar go bhfuil riaráistí ag tionóntaí nuair atá trí seachtaine de chíos nó níos mó le híoc acu. Thug an Roinn faoi deara go bhfuil an méadú mar gheall ar thionchar Covid-19 go príomha.

**8.50** Ag deireadh 2020, bhí riaráistí dar luach €2.1 milliún dlite ag 5,826 thionónta HAP. Díobh sin, bhí an cúigiú cuid tar éis pleananna aisíocaíochta a dhéanamh. Ó bunaíodh an scéim go dtí deireadh 2020, cuireadh deireadh le 1,376 thionóntacht mar gheall ar neamhíoc cíosa dhifreálaigh (5.1% de na scoir go léir). I gcás go bhfanann an fiach gan íoc ar feadh níos mó ná sé mhí tar éis dheireadh na tionóntachta, déantar é a dhíscríobh. Is ionann drochfhiacha agus níos lú ná 0.1% de chaiteachas iomlán na scéime.

**8.51** Tá sé mar aidhm ag an scéim tacaíocht tithíochta a sholáthar ar bhonn barainneach. Cé go bhfuil faisnéis faoin gcostas HAP, faoin meáníocaíocht le tiarnaí talún agus faoin meánchíos difreálach a íocann tionóntaí ar fáil go héasca, tá easpa faisnéise ann faoin luach ar airgead a thairgeann an scéim.

## Conclúidí agus moltaí

**8.52** Tá fás tagtha ar an scéim HAP sa tréimhse measartha gearr ó bunaíodh í go dtí an áit ina bhfuil sí ina príomhghné de chóras tacaíochta an Stáit do theaghlaigh atá ag déileáil le deacrachtaí freastal ar a riachtanais chóiríochta leis na hacmhainní atá ar fáil dóibh ar bhealach eile.

### *Struchtúr rialachais HAP*

**8.53** Tá sé casta HAP a mhaoirsiú agus a bhainistiú de bharr líon na bpáirtithe atá i gceist. Sainaithníodh sa scrúdú roinnt deiseanna chun na socruithe rialachais a fheabhsú.

#### Moladh 8.1

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha maoirseachta agus bainistíochta atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad ‘oiriúnach don fheidhm’ agus go léiríonn siad an dea-chleachtas. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san athbhreithniú sin:

- athbhreithniú ar na téarmaí tagartha don Ghrúpa Maoirseachta HAP ionas go mbeidh aschur an Ghrúpa sainithe níos soiléire
- rialú a thabhairt isteach chun a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar bhonn rialta ar éifeachtacht na socruithe atá i bhfeidhm idir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus na húdaráis áitiúla agus idir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus an Roinn; agus
- an comhaontú atá i bhfeidhm idir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus an Roinn a athrú chun dáta chun ionchuir agus aschuir níos sainiúla a áireamh.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaím.

In 2020, thionscain an Roinn athbhreithniú ar struchtúir rialachais reatha HAP, le cúnamh ón nGníomhaireacht Tithíochta. Scrúdaigh sainchomhairleoir seachtrach na struchtúir atá ann cheana agus tá dréacht deiridh den tuarascáil athbhreithnithe curtha isteach aige. Tháinig an Grúpa Maoirseachta le chéile an 7 Meán Fómhair 2021 chun an tuarascáil a ghlacadh go foirmiúil agus chun tús a chur le struchtúr rialachais athbhreithnithe a chur i bhfeidhm do HAP. Nuair a bheidh siad glactha, tabharfar aghaidh le cur chun feidhme na moltaí ar na hábhair a ardaíodh thuas.

### *Rialú ar HAP*

**8.54** Tá creat rialaithe seanbhunaithe i bhfeidhm maidir le bainistíocht riosca, bailiú ranníocaíochtaí cíosa tionóntaí agus bainistíocht sonraí. Tá scóip ann riarachán na scéime a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le rialuithe ar ghlacadh éileamh, athbhreithnithe ar éilimh atá á n-íoc agus meastachán ar mhinicíocht calaoise amhrasta agus earráide (más ann) a dhéanann difear don scéim.

**Moladh 8.2**

Ba cheart don Roinn beartas frithchalaoise a fhorbairt do HAP agus próiseas athbhreithnithe foirmiúla rialaithe roinne agus suirbhéanna rialaithe roinne a chur i bhfeidhm chun minicíocht earráide agus calaoise amhrasta in íocaíochtaí a shainaithint.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaím.

Tá lucht bainistíochta na n-údarás áitiúil freagrach as dearadh, cur chun feidhme agus cothabháil a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh chun earráidí agus calaois amhrasta a chosc agus a bhrath. Ina theannta sin, roghnaíonn iniúchadh na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil ar an Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP roinnt íocaíochtaí HAP chun incháilitheacht a thástáil agus chun a sheiceáil an raibh an ríomh cíosa ceart nó nach raibh.

Chuir an tAonad Léasaithe, HAP agus RAS laistigh den Roinn tús sna míonna tosaigh in 2021 le scrúdú ar an bhféidearthacht a bhaineann le seiceálacha a dhéanamh in údaráis áitiúla chun leibhéal maoirseachta níos mó ar chaiteachas HAP a chinntiú. Tabharfar tosaíocht don phróiseas sin in 2021, mar fhreagairt don mholadh sin. Breithneoidh an Roinn, mar a mholtar, bearta áirithe a n-úsáideann an Roinn Coimirce Sóisialaí iad a ghlacadh, mar shampla córas athbhreithnithe foirmiúla rialaithe agus suirbhéanna rialaithe chun minicíocht earráide oifigiúla, earráid iarratasóra agus calaois amhrasta in íocaíochtaí a bhrath. Breithneoidh an Roinn freisin beartas frithchalaoise a fhorbairt don scéim.

### *Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht HAP*

**8.55** Tá sé mar aidhm ag HAP freastal ar theaghlaigh a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu i gcóras aontaithe tacaíochta. Cé go leagtar síos spriocanna chun tionóntachtaí nua a chruthú, áfach, ní úsáideann an Roinn faisnéis atá ar fáil chun tuairisc a thabhairt ar an líon teaghlach a shainaithnítear a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu agus cé mhéad atá ag fáil na tacaíochta sin dáiríre. Cuireann sé sin bac ar éifeachtacht na scéime a mheas.

**8.56** B'ionann líon na dtionóntachtaí gníomhacha ag deireadh 2020 agus thart ar 70% de na tionóntachtaí foriomlána a bunaíodh faoi HAP ó bunaíodh é in 2014. Faoi 2020, bhí baint ag níos mó ná aon trian de na scoir ó thionóntachtaí HAP le haistrithe chuig cineálacha eile tithíochta sóisialta.

**8.57** Faoin scéim HAP, éilítear cigireachtaí a dhéanamh nó a shocrú ar gach cóiríocht HAP laistigh d'amlínte sonraithe. Níl aon fhaisnéis ag an Roinn maidir leis an gcéatadán de thionóntachtaí beartaithe HAP a ndearna údaráis áitiúla cigireacht orthu iarbhír ná faoi thorthaí na gcigireachtaí sin.

**Moladh 8.3**

I bhfianaise leibhéal chaiteachais an Státchiste ar HAP, ba cheart don Roinn a chinntiú go bhfuil dóthain faisnéise iomchuí aici maidir le cáilíocht na maoine ar cíos a mbaintear leas astu don scéim. Éileoidh sé seo creat cuimsitheach a fhorbairt chun cáilíocht na cóiríochta HAP a ghabháil agus tuairisciú a dhéanamh uirthi.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaím.

Is gné í seo den scéim a aithníonn an Roinn mar ghné atá ag dul in olcas, in ainneoin na sonraí mionsonraithe a bailíodh ar gach gné eile den scéim HAP.

Rinneadh díospóireachtaí maidir le feabhas a chur ar an tacar sonraí atá ar fáil don Roinn agus leanfaimid orainn ag obair chun réiteach a dhéanamh ar na saincheisteanna lena gcoisctear dóthain faisnéise iomchuí a bheith ar fáil go héasca maidir le cáilíocht na maoine ar cíos laistigh den scéim.

**8.58** Tá faisnéis a fhoilsíonn an Roinn teoranta maidir le measúnú a éascú ar éifeachtacht na scéime, cé go bhfuil sí úsáideach. Ní fhoilsítear ach dhá phríomh-mhéadracht ardleibhéil HAP mar chuid de mheastacháin athbhreithnithe na Roinne.

**Moladh 8.4**

Ba cheart don Roinn smaoineamh ar an raon faisnéise feidhmíochta a fhoilsítear go rialta a leathnú chun trédhearcacht na scéime a mhéadú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaím.

Tar éis fhoilsiú an phlean nua tithíochta dar teideal *Tithíocht do Chách*, tá mo Roinn ag smaoineamh ar fhaisnéis iomchuí faoi fheidhmíocht a fhoilsiú agus breithneofar an moladh sin sa chomhthéacs sin.

### *Costas HAP*

**8.59** Bhí pas beag faoi bhun 60,000 teaghlach ag fáil tacaíochta faoin scéim HAP ag deireadh 2020.

**8.60** Tá costas HAP ar an Státchiste – arbh ionann é agus €465 mhilliún, beagnach, in 2020 - glan ó ranníocaíochtaí a bailíodh ó thionóntaí – rud ar a dtugtar cíos difreálach. D’ainneoin méaduithe ar chostais chíosa margaidh, níor athbhreithníodh na huaschíosanna is iníoctha faoi HAP ó bhí 2017 ann. Tá méadú de thart ar 10% tagtha ar an meáníocaíocht mhíosúil HAP le tiarnaí talún idir 2018 agus 2020.

**8.61** Déanann roinnt tionóntaí íocaíochtaí breise ‘breisithe’ freisin chun aon difríocht idir an cíos is iníoctha leis an tiarna talún agus an t-uaschíos is iníoctha ag an Stát a chlúdach. In athbhreithniú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, aimsíodh go raibh timpeall 28% de thionóntaí HAP ag déanamh íocaíochtaí ‘breisithe’ le tiarnaí talún sna chéad sé mhí de 2019. Níl aon sonraí cothrom le dáta ar fáil faoi mhéid na n-íocaíochtaí seo agus ní dhéanann an Roinn iad a rianú go rialta.

## Iarscríbhinn 8A

### Fíor 8A.1 Forbhreathnú ar an bpróiseas HAP

**Cóiríocht**

- Faigheann tionóntaí a gcóiríocht féin san earnáil cíosa phríobháideach. Is é seo an socrú céanna agus atá faoin scéim RS, ach tá sé difriúil leis na socruithe a rialaíonn an RAS.

**Iarratas**

- Déanann tionóntaí iarratas chuig a n-údarás áitiúil ar rochtain a fháil ar HAP. Déanann údaráis áitiúla iarratais a mheas.[a] Déantar mionsonraí faoi iarratais cheadaithe a logáil leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP le haghaidh próiseála agus íocaíochta. Meastar go gcomhlíontar a riachtanais tithíochta do theaghlach a fhaigheann HAP agus níl sé ar áireamh a thuilleadh ar liosta feithimh an údaráis áitiúil. Féadfaidh an tionónta HAP iarratas a dhéanamh, áfach, go gcuirfí ar liosta 'aistrithe' an údaráis é chun rochtain a fháil ar thacaí eile tithíochta sóisialta.

**Ranníocaíocht tionónta**

- Síníonn tionóntaí comhaontú ranníocaíochta cíosa ina leagtar amach an cíos difreálach a íocfaidh siad leis an údarás áitiúil ar bhonn seachtainiúil. De ghnáth, déantar ranníocaíochtaí cíosa trí bhuanordú bainc nó trí Scéim Buiséid Teaghlaigh An Post.

**Íocaíocht cíosa**

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP tiarnaí talún thar ceann na n-údarás áitiúil ar bhonn míosúil, faoi réir téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear teorainneacha cíosa atá i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil). Mar sin féin, níl aon ghaol conarthach ann idir tiarnaí talún agus údaráis áitiúla.

**Forfheidhmiú**

- Mura n-íocann an tionónta an ranníocaíocht cíosa, cuirtear íocaíochtaí HAP leis an tiarna talún ar fionraí agus stoptar iad sa deireadh. Tá an tionónta freagrach ansin as an gcíos iomlán atá dlite a íoc.

**Cigireachtaí**

- Déanann údaráis áitiúla cigireacht ar thithe tionóntaí lena chinntiú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an teach íoschaighdeáin, cosúil leis na cinn atá leagtha amach faoi na Rialacháin um Thithíocht (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019.

**Scor ón gclár**

- Chomh luath agus a fhaigheann tionóntaí HAP, meastar go bhfuil cineál tacaíochta tithíochta sóisialta á fháil acu agus ní dhéantar athmheasúnú orthu maidir le hincháilitheacht le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta má thagann méadú ar a n-ioncam. Ina áit sin, méadófar a gcíos difreálach de réir scéim cíosa dhifreálaigh an údaráis áitiúil. Má tá briseadh ann sa tacaíocht, féadfar iad a athmheasúnú ansin le haghaidh tithíocht shóisialta.

Foinse: Treoir HAP arna foilsiú ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Chun cáiliú le haghaidh HAP, caithfidh teaghlach a bheith cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta lena údarás áitiúil agus a bheith curtha ar liosta tithíochta. Cuirfear roinnt tosca san áireamh sa mheasúnú tithíochta sóisialta, lena n-áirítear ioncam teaghlaigh, riaráistí cíosa roimhe seo, oiriúnacht na cóiríochta reatha, inbhuanaitheacht morgáiste (más infheidhme) agus cibé an bhfuil forlíonadh cíosa á fháil ag an teaghlach.

**Fíor 8A.2 Rialuithe a bhaineann le HAP**

**Rialuithe údaráis áitiúil**


- Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann seiceálacha 'glactha' éagsúla. Áirítear leis na tástálacha sin, a dhearbhú:
  - go bhfuil an tionónta incháilithe le haghaidh HAP, agus tagairt á déanamh don liosta tithíochta sóisialta nó don mheasúnú ar riachtanais tithíochta sóisialta
  - go dtagann an íocaíocht cíosa leis an tiarna talún laistigh de na teorainneacha ceadaithe (lena n-áirítear rogha, más infheidhme)
  - gur cuireadh an ríomh cíosa dhifreálaigh i gcrích agus go bhfuil sé ceart
  - gur baineadh an tionónta den liosta feithimh tithíochta agus gur cuireadh ar an liosta aistrithe é
  - go bhfuil gach doiciméad cuí comhlánaithe agus ar comhad agus gur síníodh í, lena n-áirítear foirm iarratais agus comhaontú ranníocaíochta cíosa.

**Rialuithe an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP**

- Tá roinnt tástálacha i gceist le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS) an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte HAP chun an riosca calaoise agus earráide a mhaolú. Áirítear leis na tástálacha seo, a sheiceáil:
  - go bhfuil Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPanna) an tionónta agus an tiarna talún ceart, agus úsáid á baint as córais na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na gCoimisinéirí Ioncaim faoi seach
  - go bhfuil an cruthúnas ar úinéireacht maoine cothrom le dáta agus bailí
  - go bhfuil an tiarna talún ag comhlíonadh na rialacha cánach
  - nach bhfuil an tionónta ag fáil forlíonadh cíosa, agus úsáid á baint as córais na Roinne Coimirce Sóisialaí
  - go bhfuil an ráta íocaíochta tiarna talún ceart
  - gur soláthraíodh sonraí bainc agus sonraí teagmhála
  - go bhfuil gach doiciméad ábhartha ar comhad.
- Tá an tIonad Seirbhísí Comhroinnte freisin faoi réir iniúchadh inmheánaigh agus faoi réir athbhreithniú ag Grúpa Rialachais HAP de chuid CCCL agus coiste iniúchóireachtata CCCL.

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte HAP. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Iarscríbhinn 8B Socruithe rialachais agus maoirseachta HAP amhail an 31 Nollaig 2020




Foinse: Meabhrán Comhaontaithe. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Téann an Roinn i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla faoi HAP trí chiorcláin agus treoirlínte.

b Ar an nGrúpa Maoirseachta agus ar an mBord Tionscadail tá ionadaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ó údaráis áitiúla agus ón nGníomhaireacht Tithíochta.

# 9 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**9.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú gur cuireadh an caiteachas a thabhaíonn sí i bhfeidhm ar na cuspóirí dár chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go bhfuil a hidirbhearta airgeadais ag teacht leis na húdaráis faoina maítear gur tugadh fúthu. Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá cheann de na coinníollacha sin.

**9.2** Tá aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa neamhrialta, dá réir sin. Tagann na híocaíochtaí siúd aníos mar gheall ar chalaois, earráid éilitheora nó earráid oifigiúil (féach Iarscríbhinn 9A).

**9.3** Mar gheall ar an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Roinn gach bliain, d'fhéadfadh an Státchiste, a chistíonn Vóta 37 Coimirce Shóisialach, nó an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a chistítear trí fháltais ranníocaíochta árachais shóisialaigh, a bheith thíos le caillteanas mór airgeadaíochta mar gheall ar theagmhas beag earráide agus calaoise amhrasta, fiú.


**9.4** Thabhaigh an Roinn caiteachas ar fiú thart ar €20 billiún é gach bliain ó 2013 go 2019, faoi thart ar 80 scéim agus clár. D'imir an fhreagairt do phaindéim Covid-19 tionchar an-suntasach ar oibríochtaí na Roinne i rith 2020.

- ***Scéimeanna éigeandála a thabhairt isteach:*** Chistigh an Roinn caiteachas iomlán €9.1 billiún in 2020 maidir le ceithre scéim nua a tugadh isteach chun tacaí a sholáthar do dhaoine aonair ar imir na srianta a cuireadh i bhfeidhm chun tionchair na paindéime a laghdú drochthionchar orthu. Chuir an Roinn dhá cheann de na scéimeanna — an íocaíocht dífhostaíochta paindéime (ÍDP) agus sochar breoiteachta breisithe (SBB) — i bhfeidhm. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim dhá scéim eile — an scéim fóirdheontais shealadaigh pá (SFSP) agus an scéim fóirdheontais pá fostaíochta (SFPF) — a riar ach chistigh an Roinn iad.[1]
- ***Rialuithe áirithe scéime a chur ar fionraí:*** Áirítear le straitéis comhlíonta agus frithchalaoise na Roinne a chumhdaíonn an tréimhse 2019 go 2023 sraith chuimsitheach rialuithe agus beart atá dírithe ar chalaois agus earráid a chosc, a dhíspreagadh agus a bhrath. D'imir srianta oibríochtúla a forchuireadh i rith 2020 mar gheall ar Covid-19 tionchar ar chóras rialaithe na Roinne do scéimeanna reatha a chur i bhfeidhm.

**9.5** In 2020, b'ionann ollchaiteachas na Roinne agus €31.3 billiún san iomlán, dar bhain €757 milliún le speansais riaracháin agus dar íocadh €717 milliún leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Cuirtear miondealú ar fáil ar chaiteachas scéime i bhFíor 9.1.

1 Tá freagracht ar na Coimisinéirí Ioncaim as SFSP agus SFPF a riar (agus a chomhlíonadh). Dá réir sin, is faoi na Coimisinéirí Ioncaim atá sé plé le cur i bhfeidhm rialuithe do na scéimeanna siúd.

**Fíor 9.1 Caiteachas scéime Vóta agus CÁS in 2020**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Fágadh costais riaracháin Roinne as an áireamh.

b Fágadh íocaíochtaí ó CÁS leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna as an áireamh mar gheall gur suimeanna iad seo a bailíodh thar ceann na Roinne Oideachais go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2020 agus a bailíodh ina dhiaidh sin thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**9.6** Ba é scéim ÍDP agus SFSP ba chúis le comhréir mhór de na tacaí a bhain le Covid-19 in 2020. Nuair a dhéantar scrúdú ar shampla d’éilimh ÍDP, tugtar le fios gur dóchúil gur patrún ábhartha é an leibhéal d’íocaíocht neamhrialta don scéim sin in 2020. Cuirtear na torthaí ina leith sin i láthair i gcaibidil 11. Amhail deireadh Iúil 2021, shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim fóirdheontais iomlána €311 mhilliún, arb ionann é sin agus 11% d’eisíocaíocht iomlán SFSP, amhail a bheith inaisíoctha, agus bhí €18 milliún le haisghabháil go fóill. Cuirtear na torthaí ina leith sin i láthair i gcaibidil 12.

## Suirbhéanna rialaithe

**9.7** Áirítear le straitéis comhlíonta agus frithchalaoise na Roinne tabhairt faoi shuirbhéanna ar íocaíochtaí scéime chun an leibhéal d’íocaíocht iomarcach atá á dhéanamh a dheimhniú. Príomhthomhas é seo ar an rath a bhí ar an Roinn calaois agus earráid a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh ina híocaíochtaí scéime. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus an gá atá le haon athruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.

**9.8** Is éard a bhaineann leis na suirbhéanna athbhreithnithe a dhéanamh ar shamplaí randamacha d’éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na híocaíochtaí atá á bhfáil faoi láthair acu a fháil agus má tá, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo.

**Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe**

Déanann suirbhéanna rialaithe athbhreithniú ar idir 500 agus 1,000 éileamh, de ghnáth, a roghnaítear go randamach do gach scéim agus tá mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — ar leibhéal muiníne 95% — ar an leibhéal d'íocaíocht mhícheart ag pointe ama ar leith. Is gnách go léirítear an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- ***an ollíocaíocht iomarcach*** arb é luach iomlán na ró-íocaíochta a sainaithníodh
- ***an ghlaníocaíocht iomarcach*** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh ní ba mhó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a dteidlíochtaí ar an scéim a rinneadh a athbhreithniú, ach go raibh teideal acu d'íocaíocht eile leasa sochair.

Measann an Roinn gurb é an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaithníodh an tomhas is cruinne ar an leibhéal d'íocaíocht iomarcach ar scéimeanna.

**9.9** Níor tugadh faoi shuirbhéanna rialaithe maidir le roinnt scéimeanna reatha nó maidir leis na scéimeanna nua a bhaineann le Covid-19 a cuireadh i bhfeidhm in 2020.[1] Ina ainneoin sin, caitheadh formhór caiteachais scéime na Roinne in 2020 ar scéimeanna a bhí cumhdaithe ag suirbhéanna rialaithe a rinneadh le blianta beaga anuas (féach Fíor 9.2).

**Fíor 9.2 Cumhdach suirbhéanna rialaithe[a], a léirítear mar chéatadán den chaiteachas foriomlán in 2020**

| Foinse cistithe | Mar % den chaiteachas ar scéimeanna reatha | Mar % den chaiteachas scéime iomlán (scéimeanna Covid-19 san áireamh) |
|---|---:|---:|
| Vóta | 84% | 56% |
| CÁS | 90% | 66% |
| **Iomlán** | **87%** | **61%** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cumhdach a sholáthair suirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó Eanáir 2012.

## Impleachtaí suirbhéanna rialaithe d'iniúchtaí

**9.10** Léirítear i bhFíor 9.3 an caiteachas in 2020 ar scéimeanna Vóta agus CÁS ar tugadh faoi shuirbhéanna rialaithe ina dtaobh (uair amháin ar a laghad) ó 2012 agus an leibhéal d'íocaíocht neamhrialta a sainaithníodh. Tá éagsúlacht leathan ann sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a aimsíodh i suirbhéanna.

- Maidir le scéimeanna atá cistithe ag an Vóta, seachas sochar linbh, arb íocaíocht uilíoch í (i.e. nach ndéantar tástáil mhaoine air), is idir 0.6% de chaiteachas scéime (íocaíocht teaghlaigh oibre) agus 12.7% de chaiteachas scéime (cúnamh feirme) atá na rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.

1 Luaigh an Roinn, mar gheall go bhfuil deireadh á chur leis an scéim ÍDP de réir a chéile, gur beag tairbhe a bhainfeadh le suirbhé rialaithe a dhéanamh ar an scéim ÍDP maidir le rialuithe na scéime a leasú.

- Tá éagsúlacht ann chomh maith sa leibhéal íocaíochta iomarcaí i scéimeanna CÁS a ndearnadh suirbhé orthu. Is idir 0.7% (pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh) agus 6% (sochar breoiteachta) iad na rátaí measta glaníocaíochtaí iomarcacha do na scéimeanna seo.

**9.11** Is ábhartha atá an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta a aimsíodh i suirbhéanna rialaithe na Roinne. Dá réir sin, rinne mé tagairt i mo thuarascálacha iniúchta ar chuntas leithreasa 2020 do Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus do ráitis airgeadais CÁS 2020 don leibhéal ábhartha neamhrialtachta d'íocaíochtaí scéime.

**Fíor 9.3 Leibhéal measta d'íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna a bhí ina n-ábhar do shuirbhéanna rialaithe a foilsíodh idir 2012 agus 2021**

| Scéim[a] | Costas scéime in 2020 €m | Leibhéal measta de ghlaníocaíocht iomarcach[b] | Bliain foilsithe thorthaí an tsuirbhé |
|---|---|---|---|
| Sochar linbh | 2,102 | 0.5% | 2013 |
| Liúntas míchumais | 1,812 | 4.6% | 2012 |
| Liúntas cuardaitheora poist | 1,657 | 8.3% | 2021 |
| Pinsean stáit (neamhranníocach) | 1,049 | 6.5% | 2019 |
| Liúntas cúramóra | 926 | 9.1% | 2018 |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | 565 | 5.9% | 2021 |
| Íocaíocht teaghlaigh oibre[c] | 377 | 0.6% | 2016 |
| Forlíonadh cíosa | 133 | 6.0% | 2014 |
| Liúntas leasa forlíontach (BASI) | 115 | 2.6% | 2017 |
| Cúnamh feirme | 66 | 12.7% | 2016 |
| Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair | 39 | 3.3% | 2019 |
| Pinsin stáit (ranníocach) | 5,835 | 2.1% | 2017 |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh | 1,587 | 0.7% | 2014 |
| Pinsean easláine | 760 | 1.5% | 2015 |
| Sochar breoiteachta | 593 | 6.0% | 2015 |
| Sochar cuardaitheora poist | 416 | 1.6% | 2012 |

Scéimeanna atá cistithe ag an Vóta (Sochar linbh go Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair)

Scéimeanna atá cistithe ag an gCiste Árachais Shóisialach (Pinsin stáit (ranníocach) go Sochar cuardaitheora poist)

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair teaghlaigh in 2016 san áireamh mar gheall nár bhain an suirbhé ach leis na tairbhithe nach bhfuil íocaíocht leasa eile á fáil acu agus níorbh ionann iad ach 7% díobh siúd a bhfuil an pacáiste sochar á fháil acu. Scrúdaíodh scéimeanna ina raibh 62% eile d'fhaighteoirí sochair teaghlaigh ó 2016 ar aghaidh mar chuid de shuirbhéanna rialaithe don phinsean Stáit (ranníocach), an pinsean Stáit (neamhranníocach) agus liúntas cúramóra — measann an Roinn gurb é an ráta earráide maidir le teidlíocht do na pacáistí sochar do na scéimeanna ar a ndearnadh suirbhé 1.3% de réir luacha.

b Is é glaníocaíocht iomarcach luach na n-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Glaníocaíochtaí iomarcacha iad na figiúirí a thaispeántar a sainaithníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh san áireamh sna cásanna suirbhé.

c Tugadh an forlíonadh ioncam teaghlaigh air seo roimhe seo.

## Suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le déanaí

### *Liúntas cuardaitheora poist*

**9.12** D'fhoilsigh an Roinn na torthaí a bhí ar shuirbhé rialaithe in Eanáir 2021 ar an scéim liúntais cuardaitheora poist. Scrúdaigh an suirbhé 900 éileamh a bhí á n-íoc in 2019 in dhá bhaisc — 602 éileamh in Aibreán 2019 agus 298 n-éileamh i Meán Fómhair 2019. Seo an chéad suirbhé 'rollach' a d'fhoilsigh an Roinn — luaigh an Roinn go ndéanfaí suirbhé ráithiúil ar bhaisceanna éileamh gach ráithe i mblianta amach anseo.

**9.13** Dheimhnigh an suirbhé rialaithe gurbh ionann an leibhéal d'ollíocaíocht iomarcach agus 8.6% den chaiteachas ar na cásanna a rinneadh a shampláil.[1] Sainaithníodh íocaíochtaí a sháraigh an teidlíocht i 17.1% de na héilimh ar a ndearnadh suirbhé. Mar thoradh ar aistrithe go scéimeanna eile ar luach 0.3% den chaiteachas scéime, baineadh glanleibhéal íocaíochta iomarcaí 8.3% amach.[2]

**9.14** Dheimhnigh an suirbhé rialaithe freisin gur sainaithníodh ganníocaíocht i 2.3% de na héilimh a scrúdaíodh (ar chomhluach 0.4% den chaiteachas ar na cásanna a rinneadh a shampláil).

**9.15** Is ard atá an leibhéal glaníocaíochta iomarcaí a bhraith an suirbhé – 8.3%. Thug an Roinn cuntas ar roinnt beart a mbeartaíonn sí tabhairt fúthu chun dul i ngleic leis na príomhrioscaí scéime a sainaithníodh mar chuid den suirbhé agus chun feabhas a chur ar na rialuithe ar liúntas cuardaitheora poist (féach Fíor 9.4).

**Fíor 9.4 Liúntas Cuardaitheora Poist — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

| Riosca scéime | Athruithe a bheartaítear ar an gcóras rialaithe |
|---|---|
| Níor chuir an t-éilitheoir an Roinn ar an eolas faoi athrú ar mhaoin | Eatramh uasta trí bliana idir athbhreithnithe d'éilitheoirí a bhfuil maoin acu agus eatramh cúig bliana d'éilitheoirí nach bhfuil aon mhaoin dhearbhaithe acu a chur i bhfeidhm.<br>Feachtas feasachta a chur ar siúl lena mheabhrú d'éilitheoirí an Roinn a chur ar an eolas nuair a thagann athrú ar a maoin. |
| Riosca méadaithe a bhaineann le héilimh dhadtéarmacha a íoctar trí EFT | Aonad Imscrúduithe Speisialta na Roinne a úsáid chun díriú ar earnálacha ardriosca, neamhchónaitheacht, agus oibriú comhreatha fad a bhíonn tacaíocht á héileamh. |
| Riosca níos airde de ró-íocaíocht ina n-áirítear fostaíocht ócáideach leis an éileamh | Úsáid teicnící anailísíochta sonraí a fhiosrú chun cuardaitheoirí poist ócáideacha is airde riosca a shainaithint (roghnaíodh thart ar 2,000 cás go luath in 2020, as ar baineadh coigiltí amach don Roinn mar thoradh ar 300 cás). |
| Dearbhú éilitheora nuair a bhíonn an t-éilitheoir pósta/ag comhchónaí agus/nó nuair a bhíonn cleithiúnaithe acu | Úsáid teicnící anailísíochta sonraí a fhiosrú chun feabhas a chur ar rátaí braite i measc scéimeanna. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

1 Ba iad na príomhchúiseanna a bhí le híocaíochtaí iomarcacha maoin custaiméara (3.9% de chaiteachas scéime), mainneachtain an chustaiméara an t-eolas riachtanach a sholáthar (2.4% de chaiteachas scéime) agus mainneachtain na critéir incháilitheachta a shásamh (2.1% de chaiteachas scéime).

2 Sainaithníodh sa suirbhé rialaithe a rinneadh roimhe seo ar liúntas cuardaitheora poist, a foilsíodh in 2014, leibhéal glaníocaíochta iomarcaí 3.5%. Luaigh an Roinn nach féidir suirbhé rialaithe 2014 a chur i gcomparáid leis an suirbhé is déanaí mar gheall ar dhifríochtaí sa chur chuige modheolaíoch a úsáideadh nuair a tugadh faoi na suirbhéanna.

### *Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora*

**9.16** Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Roinn na torthaí a bhí ar shuirbhé rialaithe ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora in Eanáir 2021. Scrúdaigh an suirbhé 600 éileamh a bhí á n-íoc i Lúnasa 2019.

**9.17** Dheimhnigh an suirbhé rialaithe go ndearnadh íocaíocht iomarcach i 21% de na héilimh ar a ndearnadh suirbhé. Ba é an leibhéal measta ollíocaíochta agus glaníocaíochta iomarcaí 5.9% den chaiteachas ar na cásanna a sampláladh.[1,2]

**9.18** Dheimhnigh an suirbhé rialaithe gur sainaithníodh ganníocaíocht in 1.5% eile de na héilimh a scrúdaíodh (1.3% den chaiteachas ar na cásanna a rinneadh a shampláil).

**9.19** Leagtar amach rioscaí na scéime agus na hathruithe a bheartaítear ar an gcóras rialaithe a eascraíonn as an suirbhé i bhFíor 9.5.

**Fíor 9.5 Liúntas teaghlaigh aontuismitheora — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

| Riosca scéime | Athruithe a bheartaítear ar an gcóras rialaithe |
|---|---|
| Níor chuir an t-éilitheoir an Roinn ar an eolas faoi athrú ar mhaoin | Thug na bainisteoirí ábhartha oibríochtúla agus beartais faoi athbhreithniú ar thorthaí an tsuirbhé — áiríodh leis an athbhreithniú breithniú ar athruithe ar rialacha na scéime. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé, níl aon phleananna ag an Roinn na rialacha ná na beartais a athrú. |
| Bhain an fhoireann míthuiscint as rialacha na scéime | Atheisíodh treoir d'oifigigh bhreithiúnachta agus cigirí leasa shóisialaigh lena chinntiú gur cuireadh rialacha na scéime i bhfeidhm i gceart. |
| I gcás éilitheoirí atá 25 bliana d'aois nó níos sine, b'airde an riosca go raibh comhchónaí ar bun. | Tabharfar faoi athbhreithniú ar bheartas maidir le minicíocht na n-athbhreithnithe ar éilimh. Soláthróidh an t-aonad anailísíochta gnó samhlacha chun cabhrú le cásanna atá le hathbhreithniú a roghnú. |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**9.20** Ní dóchúil go ndéanfaidh atheisiúint treorach d'oifigigh bhreithiúnachta chun dul i ngleic le míthuiscint a bhaint as rialuithe scéime ag foireann na Roinne feabhas mór a chur ar rialuithe — níor eascair ach 0.5% den 5.9% d'íocaíochtaí neamhrialta ó earráid oifigiúil. Maidir leis an riosca i leith comhchónaithe i measc éilitheoirí atá 25 bliana d'aois nó níos sine, is dóchúil go gcabhróidh obair an aonaid anailísíochta gnó le measúnú riosca a dhéanamh ar chásanna a roghnaíodh lena n-athbhreithniú.

## Tionchar Covid-19 ar rialuithe scéime sa Roinn

**9.21** Déantar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta a dheimhnítear i suirbhé rialaithe a thomhas nuair a bhíonn gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne ag oibriú mar is gnách. D'imir Covid-19 tionchar ar chumas na Roinne roinnt dá gnáthrialuithe a oibriú ar a scéimeanna nuair a bhí iarratais nua á bpróiseáil agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialaithe eile d'éilimh a bhí á n-íoc. Luaigh an Roinn an méid seo a leanas maidir leis an mbliain 2020

- ba ghá an fhoireann a ath-imlonnú go forleathan chun tabhairt faoi obair eile ar tugadh tús áite di mar gheall ar an tionchar a d'imir srianta sláinte poiblí
- d'imir srianta ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhú tionchar ollmhór ar an margadh saothair agus tháinig méadú ar dhífhostaíocht nach raibh súil leis dá bharr sin

1 Ba iad na príomhchúiseanna a bhí le híocaíochtaí iomarcacha mainneachtain na critéir incháilitheachta a shásamh (2.4% de chaiteachas scéime), maoin mhícheart an chustaiméara (1.9% de chaiteachas scéime), agus mainneachtain an chustaiméara an t-eolas riachtanach a sholáthar (1% de chaiteachas scéime).

2 Sainaithníodh sa suirbhé rialaithe a rinneadh roimhe seo ar an scéim íocaíochta teaghlaigh aontuismitheora, a foilsíodh in 2012, leibhéal glaníocaíochta iomarcaí 2.7%. Luaigh an Roinn nach féidir torthaí shuirbhéanna rialaithe 2012 agus 2019 a chur i gcomparáid lena chéile mar gheall ar dhifríochtaí sa chur chuige modheolaíoch a úsáideadh.

- rinne bainisteoirí limistéar scéime, i gcomhar leis an Rúnaí Cúnta atá freagrach, cinntí maidir le rialuithe áirithe scéime a chur ar fionraí nó a chiorrú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na rioscaí ábhartha, agus iad ag cloí a fheabhas agus ab fhéidir leis na srianta sláinte agus sábháilteachta.

**9.22** Measann an Roinn go ndearna an córas rialaithe a oibríodh i rith 2020 an riosca i leith íocaíocht neamhrialta a íoslaghdú agus measadh gur chruthaigh aon chinn de na hathruithe a rinneadh ar phríomhrialuithe riosca íseal.

**9.23** Tugtar achoimre in Iarscríbhinn 9B ar na hathruithe a rinneadh ar na príomhrialuithe i gcaitheamh 14 scéim mar gheall ar shrianta Covid-19 agus ar ghníomhartha na Roinne chun tionchar na n-athruithe a mhaolú agus na rialuithe siúd a chur ar bun an athuair. Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na hathruithe a rinneadh ar phríomhrialuithe agus rinneadh measúnú ann ar thionchar na n-athruithe seo ar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta ag an scéim.

**9.24** As ceithre scéim déag a measúnaíodh don scrúdú seo, deimhníodh nár dhóchúil go dtiocfadh méadú iontu ar an leibhéal íocaíochtaí neamhrialta ar leibhéal scéime mar gheall ar athruithe a rinneadh ar phríomhrialuithe mar thoradh ar Covid-19.

### *Ró-íocaíochtaí a aisghabháil*

**9.25** Nuair a dheimhníonn an Roinn go ndearnadh íocaíocht iomarcach, is féidir ró-íocaíocht a thabhairt chun solais. Cuireadh aisghabháil ró-íocaíochtaí ar fionraí i Márta 2020 agus cuireadh tús léi arís i Meitheamh 2020. Dheimhnigh an Roinn go ndearnadh na híocaíochtaí iomarcacha a shainaithin an Roinn in 2020 a athbhreithniú agus a thabhairt chun solais mar ró-íocaíochtaí, sa chás gur chuí.

## Rialuithe ar an scéim sochair breoiteachta bhreisithe

**9.26** Tá an scéim sochair breoiteachta bhreisithe ar cheann de na scéimeanna nua a bhaineann le Covid-19 a tugadh isteach i Márta 2020. Níor cuireadh an scéim sin san áireamh san athbhreithniú a rinneadh sa scrúdú ar phríomhrialuithe ar scéimeanna reatha a athraíodh in 2020. Bhí an scéim ar fáil d'fhostaithe agus daoine féinfhostaithe nach bhféadfadh oibriú sa ghearrthéarma mar gheall go raibh Covid-19 orthu nó go raibh deimhniú leighis acu a mhol dóibh féinleithlisiú nó srian a chur ar a ngluaiseachtaí. Ba é caiteachas scéime in 2020 €57 milliún. Mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh do 2020, tugadh faoi athbhreithniú ar an scéim sochair breoiteachta bhreisithe. Dheimhnigh an t-iniúchadh nár seiceáladh stair ranníocaíochtaí ÁSPC le déanaí de chuid éilitheoirí sular tosaíodh ar an éileamh a íoc, agus d'eascair baol i leith íocaíocht neamhrialta dá bharr, sa chás nár shásaigh éilitheoirí na coinníollacha incháilitheachta. Luaigh an Roinn go dtabharfadh sí faoi anailís ar roinnt custaiméirí ardriosca a bhfuil SBB á fháil acu lena n-incháilitheacht a dheimhniú.[1]

1 Chun go mbeidh an t-éilitheoir incháilithe sochar breoiteachta breisithe a fháil, caithfidh ranníocaíocht cháilitheach árachais shóisialaigh amháin ar a laghad a bheith íoctha acu sna ceithre seachtaine díreach sular éiligh siad an íocaíocht agus caithfidh teastas dochtúra ó dhochtúir tacú le héilimh — is gnách go ndéantar íocaíocht ar feadh fad dhá sheachtain, agus bíonn fad uasta íocaíochta 10 seachtaine ann faoi chúinsí eisceachtúla.

## Conclúidí

### *Íocaíochtaí iomarcacha ábhartha*

**9.27** Tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil gurb ann do phatrún ábhartha íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi go leor scéimeanna leasa. Deimhníodh é sin tríd an leibhéal íocaíochtaí neamhrialta a aimsíodh sna suirbhéanna rialaithe is déanaí ón Roinn.

**9.28** Rinne an Roinn athruithe ar an gcóras rialaithe tar éis suirbhéanna rialaithe a fhoilsiú go luath in 2021 ar an scéim liúntais cuardaitheora poist agus ar an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora. Is ard atá na leibhéil d'íocaíocht neamhrialta a sainaithníodh ar an dá shuirbhé agus beidh ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe a bheartaítear ar an timpeallacht rialaithe lena chinntiú gur laghdaíodh an riosca go ndéanfaí íocaíocht iomarcach. Is dóchúil go laghdóidh na hathruithe a bheartaítear a dhéanamh ar an scéim liúntais cuardaitheora poist an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta. Braitheann na hathruithe ar rialuithe na híocaíochta teaghlaigh aontuismitheora go príomha ar úsáid níos fearr a bhaint anailísíocht sonraí.

### *Tionchar shrianta Covid-19 ar rialuithe scéime*

**9.29** D'imir Covid-19 tionchar ar chumas na Roinne roinnt dá gnáthrialuithe a oibriú ar a scéimeanna nuair a bhí iarratais nua á bpróiseáil nó tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialaithe d'éilimh a bhí á n-íoc. Mar thoradh air sin, cuireadh rialuithe scéime ar fionraí nó rinneadh iad a chiorrú ar feadh tréimhse. D'aithin an Roinn gur tháinig méadú ar an riosca i leith íocaíocht neamhrialta dá thoradh sin, ach mheas sí go bhfuil an éifeacht i leith caiteachas scéime ríbheag.

**9.30** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na hathruithe a rinneadh in 2020 ar na príomhrialuithe ar scéimeanna reatha agus rinneadh measúnú ann ar thionchar na n-athruithe sin ar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta do na 14 scéim arb ionann iad agus formhór de ghnáthchaiteachas na Roinne. Bhí an scrúdú ar aon dul leis an measúnú a rinne an Roinn a dheimhnigh nach dóchúil gur imir na hathruithe rialaithe tionchar suntasach ar ráta na n-íocaíochtaí neamhrialta do na scéimeanna.

**9.31** Ní dóchúil go ndearna go leor de na hathruithe ar ghníomhaíocht rialaithe na Roinne in 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19, ar a laghad sa ghearrthéarma, an leibhéal íocaíochtaí a sháraigh teidlíochtaí a mhéadú go suntasach. Ina ainneoin sin, ba cheart gnáthrialuithe a chur i bhfeidhm athuair a luaithe agus is féidir, agus díriú á leagan ar scéimeanna ardluacha ar dtús.

### *Íocaíochtaí iomarcacha ar scéimeanna sealadacha Covid-19*

**9.32** Nuair a dhéantar scrúdú ar shampla d'éilimh ÍDP, tugtar le fios gur dóchúil gur patrún ábhartha é an leibhéal d'íocaíocht neamhrialta don scéim sin in 2020. Cuirtear na torthaí ina leith sin i láthair i gcaibidil 11. Amhail deireadh Iúil 2021, shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim fóirdheontais iomlána €311 mhilliún, arb ionann é sin agus 11% d'eisíocaíocht iomlán SFSP, amhail a bheith inaisíoctha, agus bhí €18 milliún le haisghabháil go fóill. Cuirtear na torthaí ina leith sin i láthair i gcaibidil 12.

**9.33** Mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh do 2020, tugadh faoi athbhreithniú ar an scéim sochair breoiteachta bhreisithe — b'ionann an caiteachas in 2020 agus €57 milliún. Dheimhnigh an t-iniúchadh nár seiceáladh stair ranníocaíochtaí ÁSPC le déanaí de chuid éilitheoirí sular tosaíodh ar na héilimh a íoc, agus d'eascair baol i leith íocaíocht neamhrialta dá bharr, sa chás nár shásaigh éilitheoirí na coinníollacha incháilitheachta. Luaigh an Roinn go dtabharfadh sí faoi anailís ar roinnt custaiméirí ardriosca a bhfuil SBB á fháil acu lena n-incháilitheacht a dheimhniú.

## Iarscríbhinn 9A

Íocaíochtaí neamhrialta a chatagóiriú:

- **Calaois amhrasta** — sa chás go bhfuil amhras ann go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa eolas neamhiomlán nó míchruinn ar fáil d'aon turas maidir le héileamh nó go mainníonn sé/sí d'aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d'éileamh atá á íoc.
- **Earráid éilitheora** — a thagann chun cinn nuair a chuir an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó nuair a mhainnigh sé/sí athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- **Earráid oifigiúil** — sa chás go n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar neamhghníomhaíocht, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1,2]

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná mar an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).

2 Sa chás gur tugadh faoin athbhreithniú deireanach ar éileamh breis agus cúig bliana roimhe seo (nó trí bliana roimhe seo i gcás scéimeanna ar aois oibre), déantar an cás a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

## Iarscríbhinn 9B

### Fíor 9B.1 Athruithe a bhaineann le Covid-19 ar phríomhrialuithe scéimeanna leasa, de réir scéime

| Catagóir/ainm na scéime (caiteachas 2020) | Athruithe ar phríomhrialuithe ar scéimeanna |
|---|---|
| **Pinsin** | |
| Pinsean stáit ranníocach (€5.8 billiún) | Chuir an Roinn athbhreithnithe ar incháilitheacht d'éilitheoirí neamhchónaithe ar fionraí ó Mhárta 2020 go Bealtaine 2021. Éilitheoirí neamhchónaithe iad thart ar 12% de na 450,000 éilitheoir agus meastar gurb iad an grúpa riosca is airde — rinne 4.2% de na héilitheoirí neamhchónaithe íocaíochtaí neamhrialta sa suirbhé rialaithe deireanach a rinneadh ar an scéim seo. Faoi chóras rialaithe na Roinne, rinneadh athbhreithniú ar an gcúigiú cuid d'éilimh neamhchónaithe gach bliain. Is ionann seo agus thart ar 10,000 athbhreithniú gach bliain, agus beagán de bhreis ar 2% den daonra iomlán éilitheoirí. |
| Pinsin stáit neamhranníocach (€1 billiún) | I gcás éileamh atá á n-íoc, bhí 12,000 athbhreithniú ar rialú beartaithe don bhliain 2020, rud arb ionann é agus thart ar 13% den daonra éilitheoirí. Tugadh faoi bheagán de bhreis ar leath de na hathbhreithnithe ar rialú a beartaíodh. |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (€1.6 billiún) | Mar gheall ar shrianta ar ghluaiseacht phearsanta, fágadh éilitheoirí a bhí 70 bliain d'aois nó níos sine as an áireamh ó na hathbhreithnithe a rinneadh ar incháilitheacht leanúnach in 2020 — ní mheastar go bhfuil na héilitheoirí sin sa chatagóir ardriosca — rinneadh íocaíochtaí neamhrialta le 0.7% d'éilitheoirí sa suirbhé rialaithe deireanach a rinneadh ar an scéim seo. Cuirtear na cohóirt aoise go léir san áireamh in athbhreithnithe in 2021. |
| **Tacaíocht ioncaim do dhaoine atá in aois oibre** | |
| Liúntas cuardaitheora poist (€1.7 billiún)<br>Sochar cuardaitheora poist (€0.4 billiún) | Ní raibh ar iarratasóirí a chuir éilimh nua isteach a bheith cláraithe ó thaobh SAFE2 (próiseas fíoraithe aitheantais) ó lár mhí an Mhárta 2020, mar gheall ar shrianta ar ghluaiseacht phearsanta ) — dámhadh 10,250 éileamh ar liúntas cuardaitheora poist agus 16,000 éileamh ar shochar cuardaitheora poist in 2020 sa chás nár buaileadh leis an éilitheoir i bpearsa. Ní raibh thart ar 4,600 (breis agus 3%) d'éilitheoirí liúntais cuardaitheora poist agus 6,300 (15%) d'éilitheoirí sochair cuardaitheora poist cláraithe i dtaobh SAFE2 ag deireadh mhí na Nollag 2020 — tá an Roinn ag oibriú ó dheireadh Iúil 2021 chun na héilitheoirí eile a chlárú ó thaobh SAFE2.<br>Gnáthrialú is ea go n-iarrtar ar éilitheoirí áirithe a bhfuil íocaíocht á fáil acu síniú ag oifigí áitiúla ar bhonn tréimhsiúil: cuireadh síniú ar fionraí ó lár mhí an Mhárta 2020, mar gheall ar an laghdú ar an dóchúlacht go rabhthas ag oibriú, nuair a chuirtear an tionchar a d'imir Covid-19 ar an margadh saothair san áireamh.<br>Bhí 8.3% d'íocaíochtaí liúntais cuardaitheora poist agus 1.6% d'íocaíochtaí sochair cuardaitheora poist neamhrialta de réir na suirbhéanna rialaithe deireanacha a rinneadh — ba é ceann de na príomhchúiseanna le híocaíochtaí neamhrialta nár chuir éilitheoirí liúntais cuardaitheora poist an Roinn ar an eolas faoi athrú ar mhaoin. |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (€565 mhilliún) | Príomhrialú na scéime seo is ea go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar na héilimh go léir. Níor tugadh faoi na hathbhreithnithe siúd in 2020. Is é an chúis is coitianta le híocaíocht neamh-incháilithe ná maoin mhícheart — bhí 5.9% de na híocaíochtaí neamhrialta sa suirbhé rialaithe deireanach a rinneadh ar an scéim. |
| Sochar máithreachais (€258 milliún) | Thug ball foirne ar ghrád níos ísle faoi sheiceálacha rialaithe cáilíochta ó lár mhí an Mhárta 2020 ar leibhéal laghdaithe agus níos déanaí ná mar is gnách le cruinneas próiseála éileamh nua a chinntiú. |

**Fíor 9B.1 Athruithe a bhaineann le Covid-19 ar phríomhrialuithe scéimeanna leasa, de réir scéime (ar lean)**

| | |
|---|---|
| **Tacaíocht fostaíochta do dhaoine atá in aois oibre** | |
| Clár fostaíochta pobail (FP)<br>(€341 mhilliún) | Mar gheall ar shrianta ar ghluaiseacht phearsanta ó lár mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh, íocadh le rannpháirtithe agus maoirseoirí FP i rith tréimhsí dianghlasála gan bheith orthu freastal ar a n-áiteanna oibre. |
| **Tacaí do leanaí** | |
| Sochar linbh<br>(€2.1 billiún) | Bhí ar gach éilitheoir nua ó lár mhí an Mhárta 2020 a n-iarratas a sheoladh ar líne seachas i bpearsa, rud a laghdaigh an dearbhú go raibh cónaí ar an éilitheoir sa Stát.<br>Tugadh faoi athbhreithnithe rialaithe ar 36% de na héilitheoirí in 2020 agus ba é an líon iomlán athbhreithnithe 229,000 ceann. Ba lú é sin ná an sprioc atá cothrom le thart ar 50% a leagtar amach i gcóras rialaithe na Roinne — rinneadh íocaíochtaí neamhrialta le 0.5% d'éilitheoirí sa suirbhé rialaithe deireanach a rinneadh ar an scéim seo. |
| **Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí** | |
| Liúntas míchumais<br>(€1.8 billiún) | Cuireadh athbhreithnithe leighis agus tástáil mhaoine i bpearsa ar fionraí i Márta 2020 agus níor atosaíodh orthu go fóill amhail deireadh Mheithimh 2021. Cuireadh tús le measúnuithe leighis ar an nguthán i Meitheamh 2020 chun maolú a dhéanamh ar an tionchar a tháinig as gan tabhairt faoi mheasúnuithe leighis i bpearsa. |
| Liúntas cúramóra (€926 mhilliún) agus sochar cúramóra<br>(€49 milliún) | Cuireadh gníomhaíochtaí rialaithe ar éilimh a bhí á n-íoc, cosúil le hathbhreithnithe leighis agus tástáil mhaoine, ar fionraí i Márta 2020 agus cuireadh tús leo arís i Meitheamh 2020 — tugadh faoi 69% de na 6,000 athbhreithniú a beartaíodh a dhéanamh in 2020. Faoi chóras rialaithe na Roinne, déantar athbhreithniú gach bliain ar 6.5% de na héilitheoirí go léir. |
| Sochar breoiteachta<br>(€593 milliún) | Níor tugadh faoi aon mheasúnuithe leighis i bpearsa ó Mhárta 2020 ar aghaidh. Cuireadh tús le measúnuithe ar an nguthán i Meitheamh 2020 — measann measúnóirí leighis na Roinne gur modh daingean measúnaithe iad measúnuithe ar an nguthán. Tháinig laghdú ar an ráta ar ar measadh go raibh éilimh a athbhreithníodh neamh-incháilithe anuas ó 12% in 2019 go níos lú ná 6% in 2020. Braitheadh ráta neamh-incháilitheachta 21% de na héilimh trí mheasúnuithe ar an nguthán ó Shamhain 2020 go lár mhí Iúil 2021. |
| **Scéimeanna eile** | |
| Forlíonadh cíosa<br>(€133 mhilliún) | Áirítear leis na rialuithe caighdeánacha ar an scéim seo a sheiceáil gur ghá go raibh cíos á íoc ag an éilitheoir ar feadh sé mhí sa réadmhaoin (lena chinntiú go raibh an cíos laistigh den mhaoin) agus cuairteanna ar áiteanna cónaithe a thabhairt — cuireadh na rialuithe sin ar fionraí ó lár mhí an Mhárta 2020 agus tá siad ar fionraí go fóill amhail deireadh Mheithimh 2021. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 10 Bainistíocht ar achomhairc leasa shóisialaigh

**10.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) formhaoirseacht ar sholáthar tacaíochta ioncaim agus seirbhísí sóisialta eile faoi raon leathan scéimeanna.


**10.2** I gcás go ndéanann duine iarratas ar thacaíocht ioncaim faoi cheann de scéimeanna reachtúla na Roinne agus go ndiúltaítear dó/di, féadfaidh sé/sí an cinneadh a achomharc chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (an Oifig Achomhairc) i bhformhór na gcásanna.[1] Faigheann an Oifig Achomhairc achomhairc freisin maidir le cinntí eile a dhéanann an Roinn, amhail inárachaitheacht fostaíochta agus aisíocaíocht teidlíochtaí.

**10.3** Chomh maith le hachomharc foirmiúil a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc, tá sé de cheart ag éilitheoirí a iarraidh ar an Roinn cinneadh a athbhreithniú. Féadfar an iarraidh an cinneadh céanna a athbhreithniú a dhéanamh ag an am céanna agus a dhéantar achomharc a thaisceadh. Ní dhéanann an Roinn taifead ar leithligh ar líon na gcinntí a ndéanann sí athbhreithniú orthu trí iarrataí ó éilitheoirí seachas a thaifeadadh go ndearnadh cinneadh nua ‘athbhreithnithe’.

**10.4** Luaigh an Roinn gurbh ionann líon iomlán na gcinntí ar éilimh leasa a rinneadh in 2020 agus thart ar dhá mhilliún cinneadh agus gurbh é 1.3% an ráta achomhairc do 2020.[2] Ní raibh ach dhá scéim tacaíochta ioncaim freagrach as níos mó ná 40% de na hachomhairc a fuarthas: liúntas míchumais a bhí freagrach as níos mó ná an ceathrú cuid d’achomhairc; agus scéim liúntais an chúramóra a bhí freagrach as 15% de na hachomhairc iomlána a fuarthas.

**10.5** In 2020, tugadh pas beag faoi bhun 26,000 cinneadh achomhairc chun críche – b’ionann é agus méadú 21% ó 2019 (féach Fíor 10.1).[3] Tháinig laghdú suntasach ar líon na gcásanna achomhairc a bhí idir lámha in 2020.

**Fíor 10.1** **Achomhairc a fuarthas agus a tugadh chun críche sa bhliain agus a bhí idir lámha ag deireadh na bliana, 2016 - 2020**




Foinse: An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

1 Ní fhéadfar cinntí maidir le teidlíochtaí áirithe, cosúil le liúntas breosla, a achomharc leis an Oifig Achomhairc. Féadfaidh éilitheoirí athbhreithniú a lorg ón Roinn ar chinntí nach bhfuil faoi shainchúram na hOifige Achomhairc.

2 Cuimsítear i líon iomlán na gcinntí a dhéanann an Roinn gach bliain cinntí maidir le héilimh nua, athbhreithnithe éilimh agus cothabháil a dhéantar ar feadh shaolré éilimh, agus féadfar achomharc a dhéanamh ar gach ceann acu.

3 In 2020, tugadh 25,724 chinneadh achomhairc chun críche. Ní chuimsítear san fhigiúr seo an 1,066 chás a tarraingíodh siar.


## Achomhairc a dhiúscairt

**10.6** Nuair a chuireann éilitheoir achomharc isteach, téann sé, ar an gcéad dul síos, chuig an Roinn ina bhfuil deis ag an oifigeach breithiúnachta bunaidh sa chás, nó ag oifigeach cinnidh eile, an cinneadh a athbhreithniú, e.g. a bhreithniú ar tugadh aon fhaisnéis nua nó faisnéis bhreise nár áiríodh sa bhunchinneadh. Mura ndéantar an cinneadh a athbhreithniú, seolann an Roinn comhad an achomharcóra chuig an Oifig Achomhairc.[1]

**10.7** San Oifig Achomhairc, is féidir an t-achomharc a chinneadh 'go hachomair' trí athbhreithniú deisce ag an oifigeach achomhairc, nó trí éisteacht ó bhéal inar féidir leis an achomharcóir a chás/cás a dhéanamh i bpearsa.

**10.8** I níos mó ná leath (55%) na gcásanna achomhairc a tugadh chun críche (lena n-áirítear cinntí athbhreithnithe ón Roinn) in 2020, leasaíodh an cinneadh bunaidh.[2] I níos mó ná aon trian de na cásanna sin a tugadh chun críche go rathúil, leasaíodh an cinneadh bunaidh ar athbhreithniú ag an Roinn. Taispeántar i bhFíor 10.2 an chaoi ar diúscraíodh cásanna in 2020.

**Fíor 10.2 Cásanna achomhairc a tugadh chun críche in 2020**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, b'amhlaidh, mar thoradh ar na srianta paindéime, gur tionóladh líon beag éisteachtaí glaonna comhdhála teileafóin agus físe in ionad éisteachtaí i bpearsa agus measadh gur éisteachtaí ó bhéal iad.

1 Is éard atá i gceist le hathbhreithniú ná go ndéanfaidh an t-oifigeach breithiúnachta gné (gnéithe) dá chinneadh/cinneadh bunaidh a leasú.

2 Tá roinnt gnéithe éagsúla ann d'aon chinneadh e.g. measúnacht acmhainne, ráta íocaíochta, critéir leighis agus cumas chun obair. Féadfar na gnéithe sin a achomharc ina n-aonair nó i gcomhcheangal. Féadfaidh toradh achomhairc an ghné/na gnéithe a dhéanann an t-éilitheoir a achomharc a dhícheadú, a cheadú nó a cheadú go páirteach. D'fhéadfadh cinneadh athbhreithnithe ar an ngné sin a bheith mar thoradh ar an achomharc ach ní fhéadfaidh sé an cinneadh foriomlán ceada / dícheada a athrú.

## Cuspóirí an scrúdaithe

**10.9** Maidir leis na cinntí a ndearnadh achomharc ina n-aghaidh chuig an Oifig Achomhairc, is amhlaidh, sa chaibidil seo,

- go ndéantar meastóireacht ar cibé an bhfuil córas achomhairc cothrom, trédhearcach agus éifeachtach i bhfeidhm ag an Oifig Achomhairc[1]
- go ndéantar measúnú ar a mhéid a dhéanann an Roinn anailís ar na saintréithe d'achomhairc rathúla agus go n-úsáideann sí an fhaisnéis sin chun a cuid oibríochtaí a fheabhsú.

**10.10** Le linn an scrúdaithe, rinneadh athbhreithniú ar shampla a roghnaíodh go randamach de 75 achomharc a tugadh chun críche in 2019 ar fud trí scéim éagsúla - pinsean easláine, liúntas míchumais agus liúntas cúraim baile.[2] Roghnaíodh na scéimeanna sin mar gheall ar a rátaí achomhairc measartha ard.

## Bunús oibríochta don Oifig Achomhairc

**10.11** Foráiltear le reachtaíocht don cheart reachtúil chun achomharc a dhéanamh agus d'oifigigh achomhairc, Príomhoifigeach Achomhairc agus Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc a bheith á gceapadh ag an Aire, laistigh den Roinn.[3] Cosúil le hoifigigh bhreithiúnachta sa Roinn, tá ainmniú agus ról cinnteoireachta neamhspleáiche na n-oifigeach achomhairc leagtha amach sa reachtaíocht.[4] Cuireann an Príomhoifigeach Achomhairc tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc faoi bhráid an Aire gach bliain.[5]

**10.12** Faigheann an Príomhoifigeach Achomhairc agus an Leas-Phríomhoifigeach Achomhairc tacaíocht ó thart ar 40 oifigeach achomhairc eile agus ó 40 ball foirne riaracháin. Ina theannta sin,

- tá an Príomhoifigeach Achomhairc ina bhall de Bhord Bainistíochta na Roinne, a bhfuil an tArd-Rúnaí mar chathaoirleach air
- cuirtear maoiniú na hOifige Achomhairc agus an sprioc do líon na n-achomharc ar láimh ag deireadh na bliana ar áireamh mar chuid de mheastacháin athbhreithnithe bhliantúla na Roinne
- socraíonn an Roinn leibhéil foirne na hOifige Achomhairc, agus eagraíonn an Roinn acmhainní daonna agus earcaíocht foirne ar an mbealach céanna le státseirbhísigh eile sa Roinn.

**10.13** Is trí úsáid a bhaint as samhlacha éagsúla a fheidhmíonn comhlachtaí achomhairc maidir le cinntí ranna agus oifigí na státseirbhíse. Feidhmíonn cuid acu go neamhspleách ar an gcomhlacht a ndéanann siad athbhreithniú ar a chinntí ina leith, agus oibríonn cuid eile mar aonaid laistigh dá ranna faoi seach ach fanann siad neamhspleách ina gcinnteoireacht. Mar shampla,

- Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún um Achomhairc Chánach agus tá a Vóta féin aige.[6] Is é an tOifigeach Cuntasaíochta cathaoirleach an Choimisiúin agus ceaptar é/í trí chomórtas oscailte seachtrach.
- Ní comhlacht ar leithligh é an Oifig Achomhairc Talmhaíochta ach is cuid den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara í. Ceanglaítear leis an reachtaíocht, áfach, go gceapfar a Stiúrthóir trí chomórtas seachtrach oscailte agus cinntítear leis an reachtaíocht go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách agus cinntí á ndéanamh aige/aici.

1 Cuirtear tuairisc achoimre ar an bpróiseas achomhairc i láthair in iarscríbhinn 10A.

2 Áiríodh sna 75 chás a scrúdaíodh trí achomharc a tarraingíodh siar in 2019 sular thángthas ar chinneadh.

3 Cuid 10, Caibidil 2 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

4 Is baill foirne sa Roinn iad oifigigh bhreithiúnachta atá ainmnithe faoin reachtaíocht chun teidlíochtaí éilitheoirí a chinneadh maidir leis na forálacha árachais shóisialta agus cúnaimh shóisialta sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

5 Alt 308(1) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

6 Is éard is comhlacht corpraithe ann grúpa daoine nó eagraíocht ag a bhfuil féiniúlacht dhlíthiúil ar leith.

## Trédhearcacht sa phróiseas achomhairc

### *Faisnéis a fhaigheann éilitheoirí leasa faoi chinntí*

**10.14** I gcás go ndiúltaítear íocaíocht tacaíochta ioncaim d'éilitheoir, cuirtear é/í ar an eolas trí litir ón oifigeach breithiúnachta. Ceanglaítear ar éilitheoirí ar mian leo achomharc a dhéanamh déanamh amhlaidh laistigh de 21 lá tar éis dó/di an cinneadh a fháil.[1]

**10.15** Ceanglaítear ar oifigigh bhreithiúnachta an chúis ar diúltaíodh d'éileamh a sholáthar. Úsáideann gach réimse scéime a bhformáid teimpléid féin dá litir chinnidh chuig an éilitheoir ina dtagraítear don Acht nó do chuid den Acht mar chúis le diúltú i bhformhór na scéimeanna a scrúdaíodh. I ngach cinneadh a eisíodh i leith na 75 chás achomhairc shamplacha a scrúdaíodh, leagadh amach cúis leis an gcinneadh a rinneadh. Bhí sé suntasach, áfach, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar maidir le cinntí ar liúntais chúraim baile níos mionsonraithe ná maidir leis an dá scéim eile.

**10.16** Chuir an Roinn in iúl go raibh próisis chinnidh ina n-ábhar dlíthíochta go minic agus ghlac na cúirteanna leis na cúiseanna a thug an Roinn leis na diúltuithe.

**10.17** Tar éis achomharc a thaisceadh, féadfaidh an t-éilitheoir cóip a iarraidh d'aon tuarascálacha/doiciméid nár thug an t-éilitheoir iad agus ar úsáid an t-oifigeach breithiúnachta iad agus é/í ag teacht ar a chinneadh.

### *Faisnéis a fhaigheann achomharcóirí*

**10.18** Faigheann an t-achomharcóir comhfhreagras i scríbhinn ón Oifig Achomhairc lena ndeimhnítear toradh a achomhairc/hachomhairc nó comhfhreagras i scríbhinn ón Roinn lena ndeimhnítear cinneadh athbhreithnithe. Scrúdaíodh an comhfhreagras sin le haghaidh sampla cásanna mar chuid den scrúdú sin agus i ngach cás, beag beann ar thoradh an chinnidh, bhí míniú ar an gcinneadh sa litir chinnidh.

### *Cás-staidéir achomhairc a fhoilsiú*

**10.19** Foilsíonn an Oifig Achomhairc roinnt cás-staidéir gach bliain ina tuarascáil bhliantúil. Foilsíodh 70 cás-staidéar den sórt sin san iomlán maidir le 2020. Cé nach meastar gur fasaigh iad, is treoir úsáideach iad d'oifigigh bhreithiúnachta na Roinne, agus d'fhéadfadh gur foinse úsáideach faisnéise iad d'achomharcóirí ionchasacha agus/nó dá gcomhairleoirí. Mar sin féin, toisc go bhfuil na cás-staidéir ar leithligh i dtuarascáil bhliantúil gach bliana, seachas i dteannta a chéile i mbunachar sonraí lárnach, d'fhéadfadh sé bheith deacair d'úsáideoirí ionchasacha rochtain a fháil ar an gcatalóg iomlán de chás-staidéir roimhe seo agus é a chuardach.

1 Ceanglaítear leis na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Achomhairc) 1998 (I.R. Uimh. 108/1998) ar éilitheoirí achomharc a dhéanamh laistigh de 21 lá ó eisiúint an chinnidh. Ceadaítear leis, áfach, don Phríomhoifigeach Achomhairc glacadh le hachomhairc tar éis an spriocdháta sin.

## Éifeachtacht an chórais achomhairc

**10.20** Ba cheart go gcinnteodh próiseas achomhairc éifeachtach go dtabharfaí achomhairc chun críche laistigh de thréimhse ama réasúnach.

### *Cineálacha fóraim cinnteoireachta*

**10.21** Féadfar achomhairc a chinneadh ar bhealaí éagsúla, mar a leagtar amach i bhFíor 10.2.

- Déanann an Roinn athbhreithniú ar na hachomhairc a fhaightear ar an gcéad dul síos. I gcás thart ar 20% de na cásanna a ndéantar achomharc ina leith, déanann an Roinn a cinneadh bunaidh a athbhreithniú agus cuireann sí an t-achomharcóir ar an eolas dá réir. I gcás nach ndéantar cinntí a athbhreithniú (80% de na hachomhairc a fhaightear), aistrítear na cásanna chuig an Oifig Achomhairc.
- Rinneadh 92% de na cásanna a thug an Oifig Achomhairc chun críche in 2020 trí chinneadh achoimre, agus socraíodh na cásanna eile tar éis éisteacht ó bhéal. Athrú suntasach ba ea é sin i gcomparáid le 2019, nuair a déileáladh le 65% d'achomhairc trí chinneadh achoimre. Mar gheall ar phaindéim Covid-19, cuireadh ar fionraí éisteachtaí ó bhéal i bpearsa i mí an Mhárta 2020 agus cuireadh tús le héisteachtaí ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020.

**10.22** I gcinneadh achoimre, déantar an t-achomharc a chinneadh ar bhonn na fianaise doiciméadaí. Is éard atá i gceist le héisteacht ó bhéal ná freastal an achomharcóra (a bhféadfadh ionadaíocht ghairmiúil a bheith aige/aici) agus d'fhéadfadh go mbeadh ionadaithe ón Roinn, lena n-áirítear an t-oifigeach breithiúnachta, i láthair.

**10.23** Cé go bhféadfaidh achomharcóirí éisteacht ó bhéal a iarraidh, is é an t-oifigeach achomhairc amháin a dhéanfaidh an cinneadh ar cibé acu éisteacht ó bhéal a cheadú.[1] Luaigh an Oifig Achomhairc gurb amhlaidh, i gcleachtas, go seoltar éisteacht ó bhéal i gcásanna ina bhfuil coinbhleacht fianaise nó ina bhfuil breithiúnas le déanamh, nó ina bhfuil ilpháirtithe i gceist (e.g. inárachaitheacht na fostaíochta). Níl nósanna imeachta i scríbhinn ag an Oifig Achomhairc chun oifigigh achomhairc a threorú agus í ag déanamh cinntí ar fhormáid an nós imeachta achomhairc i gcásanna aonair.

**10.24** Sna 75 chás a scrúdaíodh mar chuid den scrúdú sin, níor iarr ach ceathrar achomharcóirí (5%) éisteacht ó bhéal, agus deonaíodh í ngach cás.


**10.25** Ní hionann an ceart chun éisteachta ó bhéal ar fud na hearnála poiblí. Ligeann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta rogha don achomharcóir éisteacht ó bhéal a iarraidh. Tá sé de cheart ag cáiníocóir go n-éistfidh an Coimisiún um Achomhairc Chánach a achomharc/hachomharc, ach is féidir leis an gCoimisiún um Achomhairc Chánach breithiúnas a dhéanamh gan éisteacht, má chomhaontaíonn an dá pháirtí leis sin.

### *Tráthúlacht na gcinntí achomhairc*

**10.26** Tá sé tábhachtach go ndéantar achomhairc ar bhonn tráthúil. Tuairiscíonn an Príomhoifigeach Achomhairc go rialta ar thráthúlacht na próiseála cásanna ag Bord Bainistíochta na Roinne agus ceanglaítear air/uirthi tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na hOifige Achomhairc a chur faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí. Sa tuarascáil, nochtar dul chun cinn na gcásanna i rith na bliana, tráthúlacht na gcinntí achomhairc agus líon na gcásanna a bhí idir lámha ag deireadh na bliana.

1 Tar éis achomharc a chur isteach, féadfaidh achomharcóir éisteacht ó bhéal a iarraidh más mian leis/léi mionléiriú a dhéanamh ar ghné éigin den fhianaise nó a mheas gur féidir leo an cás a dhéanamh níos fearr má bhíonn siad i láthair i bpearsa chun a chuid/cuid fianaise a chur i láthair. Luaigh an Oifig Achomhairc, áfach, nach ndeonófar iarraidh ar éisteacht ó bhéal i gcás go gcinnfear nach bhfuil aon chosúlacht ann go bhféadfaí faisnéis bhreise a dhéanfadh difear do thoradh an achomhairc a sholáthar.

**Fíor 10.3 Meán-aga a thógtar chun achomhairc a phróiseáil[a, b]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Meastar go gcuireann achomharcóirí thart ar lá amháin leis an am próiseála achomhairc.

b Áirítear leis an aga a thógann sé i leith cásanna achomhairc a tharraing éilitheoir siar ag céim ar bith den phróiseas.

**10.27** Mhéadaigh an meán-aga chun achomharc a phróiseáil ó dhíreach os cionn 20 seachtain in 2016 go dtí timpeall 25 seachtaine in 2018/2019 (féach Fíor 10.3). Tháinig feabhas suntasach ar thráthúlacht an phróisis, áfach, in 2020 - ba é an meán-aga a glacadh ná 16.5 seachtaine.


**10.28** Tá sprioc trí seachtaine glactha ag an Roinn chun cás achomhairc a athbhreithniú agus achomharc a dhiúscairt - trí chinneadh athbhreithnithe a eisiúint, nó tríd an gcomhad cáis a aistriú chuig an Oifig Achomhairc.[1] Sháraigh an Roinn an sprioc trí seachtaine go suntasach i ngach ceann de na cúig bliana dheireanacha ach rinne sí feabhsúcháin in 2020 nuair ab ionann an meán-aga sular aistríodh comhad chuig an Oifig Achomhairc agus 8.8 seachtaine.

**10.29** In 2020, tháinig laghdú go 7.7 seachtaine ar an aga a thóg an Oifig Achomhairc chun achomhairc a thabhairt chun críche, i gcomparáid le 11.6 seachtaine in 2019. Léiríonn sé sin an cion i bhfad níos airde de chásanna a socraíodh tar éis próiseas achoimre in 2020. Taispeánann anailís ar shonraí maidir le cásanna 2019 gur thóg achomhairc a bhain le héisteacht ó bhéal ceithre seachtaine níos faide ar an meán ná iad siúd a tugadh chun críche tar éis cinneadh achoimre.

**10.30** Níor ghlac an Oifig Achomhairc sprioc-amanna dírithe chun achomhairc a thabhairt chun críche ach tá spriocanna leagtha síos aici maidir le líon na n-achomharc atá idir lámha ag deireadh na bliana. Cuirtear na spriocanna a leagtar síos in iúl mar raon (féach Fíor 10.4). Maidir le 2020, ba é an sprioc do na cásanna a bhí idir lámha ag deireadh na bliana ná raon idir 8,500 cás agus 9,500 cás. Tugann an sprioc seo le tuiscint go bhfuil riaráiste ag deireadh na bliana is comhionann le thart ar 33% den obair a tugadh chun críche in 2020 (nó obair ar fiú thart ar 17 seachtaine í).

1 Féadfaidh an Roinn, agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar chinntí bunaidh, dul i dteagmháil le héilitheoir chun an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann le teidlíocht a chinneadh. Cé gur féidir leis sin moill a chur ar an bpróiseas athbhreithnithe, luaigh an Roinn go bhféadfadh cinneadh athbhreithnithe a laghdaíonn líon na n-achomharc a chuirtear faoi bhráid na hOifige Achomhairc a bheith mar thoradh air.

**Fíor 10.4 Cásanna idir lámha ag deireadh na bliana, spriocanna i gcoinne torthaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**10.31** Idir 2017 agus 2019, bhí na cásanna idir lámha laistigh de na spriocraonta a glacadh. In 2020, bhí líon na gcásanna a bhí idir lámha ag deireadh na bliana i bhfad faoi bhun an spriocraoin a socraíodh.

### *Gníomhartha a rinneadh/atá beartaithe chun bainistíocht an phróisis achomhairc a fheabhsú*

**10.32** Luaigh an Oifig Achomhairc go ndearna sí roinnt tionscnamh le blianta beaga anuas chun tráthúlacht an phróisis achomhairc a fheabhsú, lena n-áirítear

- An t-idirchaidreamh idir an Roinn agus an Oifig Achomhairc a fheabhsú
- oiliúint bhreise a chur ar oifigigh achomhairc, agus
- iarraidh ar an lucht bainistíochta díriú ar chomhaid achomhairc a sholáthar go héifeachtach chuig oifigigh achomhairc agus foireann riaracháin na hOifige Achomhairc agus uathu araon.

**10.33** Ina theannta sin, tá nós imeachta 'soiléirithe' ag an Oifig Achomhairc trína ndéantar cásanna áirithe a tharchur ar ais chuig an Roinn má chreideann an Oifig Achomhairc nár thuig an t-achomharcóir an bunús le cinneadh na Roinne. Tá an próiseas soiléirithe i bhfeidhm do chúig scéim.[1] In 2020, déileáladh le 696 achomharc mar shoiléirithe. Chuaigh díreach faoi bhun dhá thrian de na cásanna sin ar aghaidh mar achomhairc a bhí le cinneadh ag an Oifig Achomhairc. Ní áirítear an trian eile de na cásanna ar dhéileáil an próiseas soiléirithe leo mar achomhairc mura dtéann siad ar aghaidh chuig gnáth-achomharc nó athbhreithniú nó go dtí go dtéann siad ar aghaidh chuig gnáth-achomharc nó athbhreithniú.

**10.34** Tá deiseanna ann le héifeachtúlacht an phróisis achomhairc a fheabhsú. Is comhaid pháipéarbhunaithe iad achomhairc a chuirtear ar aghaidh ón Roinn chuig an Oifig Achomhairc. In athbhreithniú ar phróisis ghnó a rinneadh in 2017, moladh tionscadal nuachóirithe achomhairc. Ba iad na príomhfheidhmeanna a bhí le soláthar ag an tionscadal ná bainistíocht doiciméad, bainistíocht cásanna agus soláthar staitisticí bainistíochta. Chuirfeadh an tionscadal ar chumas na hOifige Achomhairc rochtain a fháil ar phríomhchóras TF na Roinne (BOMI) agus laghdú a dhéanamh ar líon na ndoiciméad a chaithfear a phriontáil, a aistriú agus a stialladh ina dhiaidh sin. Amhail deireadh mhí Iúil 2021, áfach, níl aon dáta measta chun an tionscadal a chríochnú.

1 Pinsean stáit (ranníocach), sochar máithreachais, sochar atharthachta, gaolta faoi dhliteanas agus scéim sochair chóireála. Luaigh an Oifig Achomhairc gur díríodh ar na scéimeanna sin toisc go bhfuil na critéir incháilitheachta níos sainmhínithe ná scéimeanna eile.

## Dearbhú cáilíochta

**10.35** In 2019 agus 2020, tugadh os cionn 20,000 achomharc chun críche. Is é oifigeach breithiúnachta sa Roinn nó oifigeach achomhairc san Oifig Achomhairc a chinneann toradh an achomhairc.

### *Rialú cáilíochta ar chinntí an oifigigh achomhairc*

**10.36** Níl próiseas foirmiúil dearbhú cáilíochta ag an Oifig Achomhairc chun cáilíocht na gcinntí a athbhreithniú. Luaigh an Oifig Achomhairc, áfach,

- Gur baill foirne ag a bhfuil taithí iad tromlach an 42 oifigeach achomhairc atá ag fónamh ag grád an phríomhoifigigh chúnta.
- Go bhféadfar gach cinneadh a dhéanann oifigeach achomhairc a tharchur chuig an bPríomhoifigeach Achomhairc lena n-athbhreithniú, bíodh sé sin ag an achomharcóir nó ag an Roinn - fuarthas 45 iarratas ar athbhreithniú in 2020.[1]
- Go bhfuil clár oiliúna foirmiúil ann d'oifigigh achomhairc, atá faoi stiúir ag oiliúnóirí gairmiúla atá ag obair le hoifigigh achomhairc a bhfuil taithí acu. Cuimsítear sa chlár meascán de ríomhfhoghlaim, modúil foghlama arna seachadadh ag traenálaithe, meantóireacht agus tacaíocht piaraí.
- Gur forbraíodh dioplóma deimhnithe leibhéal 8 d'oifigigh achomhairc le Coláiste Náisiúnta na hÉireann - tá an clár seo curtha i gcrích ag os cionn leath na n-oifigeach achomhairc atá ag fónamh amhail deireadh mhí Iúil 2021.
- Go reáchtálann an Oifig Achomhairc dhá chomhdháil gach bliain inar féidir le hoifigigh achomhairc a gcuid oibre a phlé.

### *Rialú cáilíochta ar chinntí an oifigigh breithiúnachta*

**10.37** Tá nósanna imeachta rialaithe cáilíochta i bhfeidhm ag an Roinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí a dhéanann oifigigh bhreithiúnachta, a bhfuil a bhformhór ag grád an oifigigh cléireachais nó an oifigigh feidhmiúcháin. Déanann maoirseoirí sampla d'éilimh a phróiseáiltear a scrúdú ar bhonn rollach lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta na Roinne á leanúint i gceart ag na hoifigigh bhreithiúnachta agus gur leanadh coimircí chun a chinntiú go ndearnadh próiseáil chruinn ar éilimh. Díríonn na nósanna imeachta rialaithe cáilíochta sin go háirithe ar obair na mball foirne nach bhfuil mórán taithí acu, agus ar éilimh a sháraíonn tairseacha airgeadaíochta áirithe.

**10.38** Tá Oifig Chomhairleach Cinntí (DAO) ag an Roinn freisin, a bhfuil sé mar ról aici tacú le rannóga scéime sa Roinn. Soláthraíonn an DAO comhairle i gcásanna casta agus treoirlínte mionsonraithe maidir le cinnteoireacht agus forálacha reachtacha ábhartha ar fud na heagraíochta. Tá an DAO freagrach as stór lárnach de threoirlínte scéime agus beartais cothrom le dáta agus leabharlann comhairle ghaolmhar a bhainistiú.

**10.39** Ó dheireadh 2020 i leith, tuairiscíonn an DAO don Phríomhoifigeach Achomhairc. Luaigh an Roinn go bhfuil sé i gceist leis an athrú sin ar línte tuairiscithe an lúb aiseolais ó nithe a foghlaimíodh le linn an phróisis achomhairc a neartú i bpróiseas cinnteoireachta agus treoirlínte na Roinne. Roimh an atheagrú sin, thionóil an DAO cruinnithe ráithiúla chun aiseolas a fháil ón Oifig Achomhairc chun a chinntiú go gcuirtear an treoir, an chomhairle agus an oiliúint ábhartha ar fáil d'oifigigh bhreithiúnachta chun cabhrú leo cinntí a dhéanamh. Áiríodh ar chuid de na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu ag na cruinnithe sin

1 Alt 318 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

- grúpaí athbhreithnithe a bhunú maidir le scéimeanna ar leith
- dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha (inmheánacha agus seachtracha) ar shaincheisteanna dlí do phróisis chinnteoireachta agus achomhairc
- teimpléid litreach cinnidh a scrúdú lena chinntiú go soláthraítear dóthain faisnéise maidir leis an gcinneadh
- cásanna a chur in iúl ina raibh easpa soiléireachta sna litreacha cinnidh
- a thabhairt le fios go ndearnadh léirmhíniú mícheart ar reachtaíocht i gcinntí agus
- béim a leagan gur ghlac an Roinn foirmeacha iarratais neamhiomlána.

Luaigh an Roinn gurb amhlaidh, d'ainneoin an athraithe ar línte tuairiscithe, gur lean an t-aonad DAO ag reáchtáil, agus go leanfaidh sé ag reáchtáil, cruinnithe athbhreithnithe rialta le foireann na hoifige achomhairc chun a chinntiú go ndéantar aiseolas agus nithe a foghlaimíodh a dhoiciméadú agus a chur i ngníomh go cuí. Luaigh an Roinn freisin gur tionóladh cruinnithe ar bhonn níos minice de réir mar a thagann saincheisteanna chun cinn ó tháinig athrú ar an struchtúr tuairiscithe i leith.

**10.40** Úsáideann an DAO na cruinnithe sin le foireann na hOifige Achomhairc freisin chun a aiseolas féin a sholáthar faoin bpróiseas achomhairc. I measc na n-ábhar imní a ardaíodh roimhe seo leis an Oifig Achomhairc tá nithe ar a nós seo: an fhoclaíocht a úsáideadh i gcinntí achomhairc a chuaigh i bhfeidhm ar chumas na Roinne fiach a shaothrú; agus an cur chuige neamh-chomhsheasmhach a ghlacann oifigigh achomhairc maidir leis an gcineál fianaise a theastaíonn chun stádas cónaitheachta a chruthú agus maidir le léirmhíniú reachtaíochta.

**10.41** Ó am go ham, eisíonn an DAO feasacháin chás-staidéir d’oifigigh bhreithiúnachta. Eisíodh an feasachán DAO deireanach i mí Aibreáin 2018, áfach. Dréachtaíodh feasacháin roimhe seo mar thoradh ar thionscadal Roinne/Oifig Achomhairc a rinne scrúdú ar chinntí liúntais cuardaitheora poist chun na saincheisteanna a raibh achomhairc agus/nó athbhreithnithe ar chinntí mar thoradh orthu a shainaithint. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal scrúdú a dhéanamh ar roinnt comhad a bhaineann le measúnú acmhainne.

**10.42** Foilsíonn an Oifig Achomhairc tuarascáil bhliantúil ina mionsonraítear a cuid gníomhaíochtaí agus torthaí gaolmhara gach bliain. Mar sin féin, ní chuimsíonn an Roinn aon anailís ar rátaí achomhairc nó rátaí diúltaithe cinntí laistigh dá scéimeanna ina tuarascáil bhliantúil. D’fhéadfadh anailís den sórt sin cabhrú leis an Roinn a feasacht ar threochtaí laistigh de gach scéim a mhéadú ó thaobh an ráta achomhairc de, agus cabhrú léi na scéimeanna a bhféadfadh fócas breise a bheith ag teastáil uathu a shainaithint ó thaobh dearbhú cáilíochta agus oiliúna foirne de.

## Torthaí achomhairc


**10.43** Luaigh an Roinn gur dóichí go ndéanfar achomharc rathúil ar scéimeanna a éilíonn measúnuithe ar riachtanais leighis nó shóisialta agus chúraim toisc go soláthraíonn éilitheoirí faisnéis nua nó fhorlíontach go minic ag céim an achomhairc. Luaigh an Roinn go bhfuil bearta á ndéanamh aici chun éilitheoirí a dhéanamh níos feasaí ar an gcineál fianaise ar riachtanais leighis, shóisialta agus chúraim a theastaíonn. Maidir leis sin, téann an Roinn i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha, ag tabhairt páirt dóibh i bhfoirmeacha éilimh, treoracha faisnéise agus próisis fhoriomlána a dhearadh.[1]

1 Mar shampla, maidir le liúntas cúraim baile, críochnaíodh athbhreithniú iomlán ar an scéim in 2013, le hionchur ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus Lia-chleachtóirí Ginearálta (IMO). Le déanaí, rinneadh athbhreithniú ar fhoirmeacha iarratais agus treoirlínte i liúntas míchumais le hionchur ó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tá foirm iarratais nua ar liúntas míchumais á cur i bhfeidhm i láthair na huaire.

**10.44** Maidir leis an sampla de 75 chás achomhairc a scrúdaíodh, bhí toradh rathúil ar 57 gcinn díobh ó thaobh na n-achomharcóirí de - ba chinntí athbhreithnithe ón Roinn iad 20 ceann díobh agus ba chinntí ón Oifig Achomhairc iad 37 gcinn díobh. Rinne an fhoireann scrúdaithe anailís ar na cúiseanna doiciméadaithe leis na 57 n-achomharc rathúla.

**10.45** Taispeántar i bhFíor 10.5 miondealú ar na cúiseanna leis na 57 n-achomharc rathúla. I 40 ceann (70%) de na hachomhairc ar seasadh leo, sholáthair na hachomharcóirí faisnéis shuntasach bhreise. Sna 17 gcás eile (30%), níor sholáthair na hachomharcóirí aon fhaisnéis bhreise shuntasach.

**Fíor 10.5 Anailís ar na cúiseanna le hachomhairc rathúla a scrúdaíodh**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Achomhairc maidir le hiardhátú íocaíochtaí ab ea dhá cheann de na cásanna nach raibh aon fhianaise nua orthu.

**10.46** I gceithre cinn de na cásanna rathúla, fuarthas faisnéis le linn an achomhairc inar tagraíodh do thinneas breise nár breithníodh sa bhunchinneadh (e.g. níor bronnadh pinsean easláine ar dhuine ar bhonn díobhála brú athchleachtaigh, ach cuireadh béim ina dhiaidh sin ina achomharc/hachomharc gur fhulaing sé/sí pian ainsealach droma a chuir cosc orthu oibriú).

**10.47** I gcúig chás achomhairc rathúla (ar bhain cinntí ón Oifig Achomhairc le ceithre cinn díobh), ní raibh fianaise inar dearbhaíodh diagnóis amhrasta ach neamhdhearbhaithe ar fáil tráth an diúltaithe thosaigh ag an oifigeach breithiúnachta e.g. fuair leanbh, a raibh a thuismitheoirí ag déanamh iarratais ar liúntas cúraim baile diagnóis speisialaithe ar uathachas tar éis an chinnidh bhunaidh.

**10.48** San 31 chás eile, soláthraíodh fianaise bhreise shuntasach maidir leis an gcinneadh bunaidh. I measc samplaí den fhianaise sin bhí doiciméid nua ó shaineolaithe agus an fhianaise a thug na hoifigigh achomhairc ar aird ag na héisteachtaí ó bhéal, lena n-áirítear fianaise ó bhéal a thug an t-achomharcóir.

- I 24 chás, chuir na hachomharcóirí fianaise bhreise ar fáil chun a mhíniú go raibh a riochtaí leighis níos déine, nó go raibh tionchar níos díobhálaí acu ar a gcumas chun obair, ná mar a bhí le feiceáil ina n-iarratais tosaigh.
- I sé chás, ceadaíodh achomhairc na n-éilitheoirí tar éis dóibh faisnéis bhreise a chur isteach a mhéadaigh an fhianaise a soláthraíodh san iarratas tosaigh. I roinnt de na cásanna sin, d'fhéadfaí faisnéis den sórt sin a sholáthar ar an gcéad dul síos e.g. tuairiscí comhairleoirí, scanadh MRI.
- I gcás amháin, sholáthair an t-éilitheoir, a bhí ag achomharc i gcoinne cinnidh diúltú d'íocaíocht mar gheall ar acmhainn a gcéile, fianaise airgeadais nua.

**10.49** Maidir le 26% (15 chás) de chásanna samplacha a ndearnadh achomharc rathúil orthu, níor taifeadadh aon fhaisnéis bhreise ábhartha a bheith curtha ar fáil.[1] Toisc go bhfuil meastóireacht agus breithiúnas i gceist, tá sé dosheachanta go bhféadfadh roinnt difríochtaí teacht chun cinn agus cinneadh á dhéanamh ar chumas duine chun obair, nó leibhéal an chúraim a theastaíonn ó leanbh. Mar sin féin, ní raibh sé soiléir sna cásanna a scrúdaíodh cén fáth ar éirigh leis na hachomhairc, nuair nár éirigh leis na héilimh bhunaidh. Thug an Roinn faoi deara go ndéanann oifigigh achomhairc breithniú ar chásanna ar bhonn *de novo* seachas a chinneadh cibé an bhfuil cinneadh an oifigigh breithiúnachta ceart nó mícheart.

## Conclúidí agus moltaí

**10.50** D'eisigh an Roinn thart ar dhá mhilliún cinneadh in 2020 maidir le héilimh ar thacaíocht ioncaim agus sochair eile. Áiríodh leo sin cinntí ar iarratais nua, athbhreithnithe agus cinntí cothabhála ar éilimh reatha atá á n-íoc.

**10.51** Luaigh an Roinn go raibh an ráta achomhairc foriomlán thart ar 1.3% do 2020. Cé go bhfuil líon na gcásanna achomhairc íseal, d’fhéadfadh tionchar an achomhairc ar chúinsí na n-achomharcóirí aonair (agus ar aon chleithiúnaí a d’fhéadfadh a bheith acu) a bheith an-suntasach. Tá sé an-tábhachtach, dá bhrí sin, a chinntiú go bhfuil an próiseas achomhairc leasa shóisialaigh cothrom, trédhearcach agus éifeachtach.

**10.52** Cé go bhfuil an Oifig Achomhairc curtha ar bun mar chuid den Roinn, tá sí neamhspleách ó thaobh reachtúil de i bhfeidhmiú a feidhmeanna, agus tuairiscíonn sí ar leithligh ón Roinn ar a gníomhaíocht agus a feidhmíocht.

**10.53** Ceanglaítear ar oifigigh bhreithiúnachta cúis a sholáthar d’éilitheoirí a ndiúltaítear íocaíocht coimirce sóisialaí dóibh. De na cásanna achomhairc samplacha ó thrí scéim a scrúdaíodh chun críche an scrúdaithe seo, ba shuntasach go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le cinntí ar liúntais chúraim bhaile níos mionsonraithe ná mar a bhí i gcás cinntí eile scéimeanna, cé gur tugadh cúis i ngach cinneadh leis an gcinneadh a rinneadh.

### Moladh 10.1

Ba cheart don Roinn a nósanna imeachta reatha a athbhreithniú chun a chinntiú go gcuirtear gach éilitheoir ar an eolas go soiléir faoin gcúis/faoi na cúiseanna le diúltú d’éilimh. Ligfeadh sé sin d’éilitheoirí cinneadh níos eolasaí a dhéanamh maidir le hachomharc.

#### Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta

Aontaím.

Tá na treoirlínte atá ann faoi láthair á n-athbhreithniú ag an Oifig Chomhairleach Cinntí (DAO) agus eiseofar iad chuig gach oifigeach breithiúnachta/duine ainmnithe in am trátha.

D’fhoilsigh an DAO treoirlínte freisin (a ndearnadh athbhreithniú deireanach orthu i mí Iúil 2019) ar a dtugtar *Cúiseanna le Cinntí.* Leagtar amach iontu sin na prionsabail le haghaidh cinntí réasúnaithe de réir rialuithe cúirte chun cabhrú le hoifigigh bhreithiúnachta mionsonraí iomlána a sholáthar faoi na cúiseanna le cinntí. Tá an Roinn ag athbhreithniú na dtreoirlínte uile sin faoi láthair.

1 Ní áirítear leis sin dhá chás a bhaineann le siardhátú íocaíochtaí i leith éilimh a gceadaíonn oifigigh bhreithiúnachta iad. Luaigh an Roinn nach gá go mbeadh fianaise nua, bíodh fianaise leighis nó fianaise eile inti, i gceist le hachomharc chun éileamh a shiardhátú, ach údar le cén fáth ar cheart don Roinn an t-éileamh a shiardhátú.

**10.54** In 2020, cinneadh formhór na gcásanna achomhairc ar bhonn athbhreithnithe achoimre ar dhoiciméid cásanna. Bhí céatadán na gcásanna achomhairc inar tionóladh éisteachtaí ó bhéal i bhfad níos ísle ná in 2019. Luaigh an Roinn gur cuireadh éisteachtaí achomhairc i bpearsa/ó bhéal ar fionraí i mí an Mhárta 2020 agus gur tháinig éisteachtaí ar líne i ngníomh i mí Dheireadh Fómhair 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**10.55** Tugann éisteachtaí ó bhéal an deis d'achomharcóirí a gcásanna a chur in iúl i bpearsa. Is faoin oifigeach achomhairc amháin atá an cinneadh éisteacht ó bhéal a dheonú. Níl nósanna imeachta i scríbhinn ag an Oifig Achomhairc d'oifigigh achomhairc a mhíníonn cathain ba cheart éisteacht ó bhéal a sheoladh.

**Moladh 10.2**

Ba cheart treoirlínte i scríbhinn d'oifigigh achomhairc a ullmhú, ar treoirlínte iad lena mbunaítear go soiléir na himthosca a mbíonn éisteacht ó bhéal mar thoradh orthu de ghnáth. Ba cheart na treoirlínte sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na hOifige Achomhairc agus a chur ar fáil don phobal.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Aontaím.

De réir an dlí, áfach, is iad oifigigh achomhairc aonair atá freagrach as cinneadh a dhéanamh ar cé acu a sheolfar nó nach seolfar éisteacht ó bhéal. Déanfar athbhreithniú air sin freisin.

**10.56** Tháinig feabhas ar thráthúlacht na diúscartha achomharc in 2020 ach thóg sé thart ar 16.5 seachtaine fós chun cásanna a chuaigh chuig an Oifig Achomhairc a thabhairt chun críche. Idir 2016 agus 2019, bhí an meán-aga chun achomharc a réiteach idir 20.5 seachtain agus 25.1 seachtaine. Tá an córas reatha bunaithe ar pháipéar den chuid is mó agus is cosúil go bhfuil deiseanna ann tráthúlacht a fheabhsú trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as córais TFC agus as córais bhainistíochta cásanna.

**10.57** In athbhreithniú ar phróisis ghnó a rinneadh in 2017, moladh tionscadal nuachóirithe achomhairc ach, amhail deireadh mhí Iúil 2021, níor cuireadh tús leis an tionscadal fós.

**Moladh 10.3**

Ba cheart don Roinn agus don Oifig Achomhairc an tionscadal nuachóirithe achomhairc a chur chun cinn mar ábhar tosaíochta. Ba cheart an fráma ama don tionscadal a chríochnú a bheith ar áireamh leis sin.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Aontaím.

Is tosaíocht don Oifig Achomhairc agus don Roinn bailchríoch a chur ar an tionscadal agus córas nua achomhairc a chur i bhfeidhm. Réamhphíosa oibre a bhí san athbhreithniú a rinneadh in 2017, rud a chuir bonn eolais faoi fhorbairt agus dul chun cinn an tionscadail nuachóirithe achomhairc. Is tionscadal fairsing ilghnéitheach é sin atá i bhfad níos mionsonraithe agus níos casta ná mar a bhí an t-athbhreithniú. Tá obair an-suntasach déanta ar an tionscadal agus tá iarraidh ar thairiscintí chun na hacmhainní teicniúla riachtanacha a fháil á tabhairt chun críche faoi láthair.

**10.58** Léirigh anailís ar shampla d'achomhairc rathúla nár soláthraíodh aon fhianaise ábhartha nua i 26% de na cásanna.

**10.59** I 70% de na hachomhairc rathúla a scrúdaíodh, soláthraíodh fianaise ábhartha nua. In aon chúigiú de na cásanna sin, dhírigh an fhianaise nua ar thinneas breise nó dhearbhaigh sí diagnóis a raibh amhras fúithi roimhe seo. Sna cásanna eile, áfach, chuir an fhaisnéis bhreise a soláthraíodh leis an bhfaisnéis a soláthraíodh ag céim an iarratais.

**10.60** Cé go bhfuil sé oscailte d'achomharcóirí fianaise nua nó fianaise bhreise a chur isteach, b'amhlaidh, in an-chuid de na cásanna rathúla a scrúdaíodh, go raibh na héilitheoirí in ann, agus an t-iarratas tosaigh á dhéanamh acu, a leagan amach ar bhealach níos soiléire cén tionchar a bhí ag na riochtaí a nochtadh, mar shampla, ar a gcumas chun obair nó ar an am agus na hacmhainní a theastaíonn chun cúram a thabhairt do chleithiúnaí, nó na doiciméid leighis agus an stair leighis ábhartha ar fad a áireamh ina n-iarratais bhunaidh, rud a sheachnódh an gá le hachomharc.

**Moladh 10.4**

Ba cheart don Roinn athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar chásanna a ndearnadh achomharc rathúil ina leith agus nár soláthraíodh aon fhaisnéis ábhartha nua ná bhreise iontu. D'fhéadfadh na hathbhreithnithe sin cuidiú leis an Roinn foghlaim ó na cásanna a chinneann oifigigh achomhairc agus chun cáilíocht na gcinntí a dhéanann a hoifigigh bhreithiúnachta a fheabhsú agus éilimh á gcinneadh.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Aontaím.

Chuige sin, bhog an Roinn an Oifig Chomhairleach Cinntí (DAO) le déanaí chun tuairisc a thabhairt don Phríomhoifigeach Achomhairc. Is é aidhm an athraithe sin sa líne tuairiscithe an lúb aiseolais ón Oifig Achomhairc a neartú i bpróiseas cinnteoireachta na Roinne chun a chinntiú go bhfoghlaimíonn oifigigh bhreithiúnachta ó chinntí na n-oifigeach achomhairc. Beidh rochtain ag an DAO ar chinntí a ndéantar achomharc rathúil ina leith agus déanfaidh sé monatóireacht orthu agus eagróidh sé athbhreithnithe tréimhsiúla idir na hoifigigh achomhairc agus réimsí scéime ábhartha chun na nithe a foghlaimíodh a bhaint as na cásanna achomhairc sin.

**Moladh 10.5**

Ba cheart don Roinn scrúdú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais agus ar an treoir ghaolmhar do na scéimeanna sin a ndéantar measúnú orthu de réir leighis nó de réir riachtanais shóisialta agus chúraim chun a chinntiú go mbeidh éilitheoirí in ann an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun incháilitheacht a mheas agus iad ag déanamh éilimh.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Aontaím.

Tá bearta déanta ag an Roinn agus ag réimsí scéime leighis chun dul i ngleic leis an gceist seo.

Tionscnamh amháin is ea athdhearadh na bhfoirmeacha iarratais, rud atá ar siúl i réimse na scéimeanna liúntais míchumais agus easláine agus atá beagnach críochnaithe. Tabharfar isteach foirmeacha iarratais nua le haghaidh liúntas míchumais agus pinsean easláine roimh dheireadh 2021. Cuimsíonn cuid den athdhearadh atá ar bun aird a tharraingt go soiléir ar an bhfaisnéis is gá a chur isteach leis an iarratas chun an próiseas éilimh a bhrostú. Bhí baint ag na húinéirí scéime ábhartha leis na grúpaí ionadaíocha agus abhcóideachta éagsúla, tríd an bhFóram Comhairleach um Míchumas, sa phróiseas athdheartha

chun a chinntiú go bhfuil an leagan athbhreithnithe chomh cairdiúil agus is féidir do chustaiméirí.

D'iarr an Roinn freisin ar na grúpaí ionadaíocha agus abhcóideachta moladh a thabhairt dá gcuid ball foirne/abhcóidí atá os comhair an chustaiméara a chur in iúl do chustaiméirí gur cheart dóibh na sonraí/na doiciméid go léir a thacaíonn lena n-éileamh a chur san áireamh ag an gcéim iarratais bhunaidh. Cuideoidh sé sin lena chinntiú gur féidir níos mó éileamh a chinneadh i gceart ar an gcéad scrúdú agus nach gá athbhreithniú agus/ná achomharc a dhéanamh.

Tugann an Roinn cuireadh do, agus cuireann sí fáilte roimh, rannpháirtíocht leanúnach eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí abhcóideachta i ndearadh próiseas agus foirmeacha ag pointe ar bith ina gcuireann sí athruithe ar phróisis chun feidhme, amhail nuair atá córas nua TF á fhorbairt aici. Tugann an Roinn páirt ghníomhach do ghrúpaí ionadaíocha ina hiarracht gach iarratasóir a spreagadh chun a oiread faisnéise agus is féidir a sholáthar nuair a dhéantar a n-éileamh.

**10.61** Tá nósanna imeachta rialaithe cáilíochta ag an Roinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí a dhéanann oifigigh bhreithiúnachta mar cheann dá sásraí rialaithe. I gcodarsnacht leis sin, níl aon chóras foirmiúil dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht agus comhsheasmhacht na gcinntí ó oifigigh achomhairc.

**Moladh 10.6**

Ba cheart don Oifig Achomhairc smaoineamh ar chóras dearbhaithe cáilíochta a bhunú chun cabhrú le comhsheasmhacht sa chinnteoireacht agus chun riachtanais oiliúna na n-oifigeach achomhairc a shainaithint.


**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Aontaím.

Níor cheart glacadh leis, áfach, nach ndéanann an Oifig Achomhairc infheistíocht i gcáilíocht a cinntí a chinntiú. Is oifigigh shinsearacha sheanchleachta de chuid na Roinne iad oifigigh achomhairc (ag grád an phríomhoifigigh chúnta go príomha) agus tugtar oiliúint agus meantóireacht fhairsing dóibh. Tionóltar comhdhálacha agus ceardlanna freisin d'oifigigh achomhairc chun an dea-chleachtas agus foghlaim a roinnt.

Soláthraítear leis an Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005 deiseanna d'achomharcóirí atá míshásta le toradh achomhairc athbhreithniú a lorg ar an gcinneadh ó oifigeach achomhairc (alt 317 den Acht) nó ón bPríomhoifigeach Achomhairc (alt 318). Déanfaidh an Oifig Achomhairc breithniú breise ar an gcaoi ar féidir bearta dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le hoifigigh achomhairc agus chun an tseirbhís a fheabhsú i gcoitinne.

## Iarscríbhinn 10A Forbhreathnú ar an bpróiseas achomhairc




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Nótaí:
a Féadfaidh éilitheoir achomharc a tharraingt siar ag céim ar bith den phróiseas.
b I gcásanna ina bhfuil ilpháirtithe ann (e.g. inárachaitheacht fostaíochta), féadfar faisnéis a sholáthraíonn páirtí amháin a roinnt le páirtí leasmhar eile.

# 11 Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19

**11.1** Is scéim tacaíochta ioncaim í an íocaíocht dífhostaíochta paindéime (ÍDP) d'éilitheoirí fostaithe agus féinfhostaithe a chaill a n-ioncam go sealadach mar gheall ar phaindéim dhomhanda Covid-19. Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a riarann an scéim.

**11.2** Cuireadh tús le híocaíochtaí scéime ÍDP a dhéanamh an 24 Márta 2020. Nuair a seoladh é, íocadh ÍDP mar íocaíocht liúntais leasa fhorlíontaigh faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 (an tAcht). An 5 Lúnasa 2020, leis an Acht Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú), 2020, cuireadh ÍDP ar bhonn reachtúil scoite. B'ionann caiteachas iomlán na scéime ÍDP in 2020 agus beagnach €5 billiún, agus maoiníodh €3.66 billiún de sin ón gCiste Árachais Shóisialaigh agus maoiníodh €1.32 billiún ón vóta Coimirce Sóisialaí.[1] Tháinig athruithe suntasacha ar líon na n-éilitheoirí agus ar an gcaiteachas seachtainiúil don scéim (féach Fíor 11.1).

**Fíor 11.1 Líon na n-éilitheoirí ar ÍDP agus an caiteachas ÍDP, Márta 2020 go Feabhra 2021**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Íocaíocht aonair a eisíodh sa tseachtain dar tús an 21 Nollaig 2020 chun íocaíochtaí atá dlite i leith na seachtaine dár gcionn a áireamh freisin. Léirítear é sin sa laghdú ar chaiteachas an tseachtain dár gcionn.

## Rátaí íocaíochta

**11.3** Socraíodh an ráta íocaíochta ÍDP ar dtús ag ráta comhréidh €203 in aghaidh na seachtaine do gach éilitheoir. Maidir le dátaí íocaíochta ón 31 Márta 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2020, íocadh ráta comhréidh €350 in aghaidh na seachtaine le gach éilitheoir. Luaigh an Roinn gur méadaíodh an ráta íocaíochta go €350 in aghaidh na seachtaine

- chun aghaidh a thabhairt ar imní nach mbeadh an ráta €203 dóthanach do theaghlach beirte aosach trí ráta íocaíochta an chuardaitheora poist d'éilitheoir a bhfuil cleithiúnaí incháilithe aosach aige/aici (€338) a léiriú.

1 Maoiníodh an scéim ÍDP ón gCiste Árachais Shóisialaigh ón 6 Lúnasa 2020. Ina theannta sin, in Acht 2020, rinneadh foráil maidir le cion den chaiteachas ÍDP a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith na tréimhse ón 13 Márta 2020 go dtí an 5 Lúnasa 2020. Maidir leis sin, aisíocadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh suim €1.8 billiún i leith Vóta 37 Coimirce Shóisialach. Ba é an réasúnaíocht le haghaidh aisíocaíochta ná go mbeadh go leor éilitheoirí ÍDP tar éis iarratas a dhéanamh agus sochar cuardaitheora poist a fháil. Leis an vóta, iompraíodh an caiteachas eile a tabhaíodh roimh an 6 Lúnasa (€1.32 billiún).

- chun ioncam na ndaoine a ndearnadh difear dóibh a chothú chun tacaíocht phoiblí do na srianta sláinte poiblí a dhaingniú agus, ag an am céanna, chun laghdú a dhéanamh ar an mbrú a d'fhéadfadh a bheith ar an tseirbhís sláinte murach sin
- chun meánioncam oibrithe sa dá earnáil a ndearnadh an difear is mó dóibh a léiriú — miondíol agus fáilteachas.

**11.4** Ón 30 Meitheamh 2020, leasaíodh na rátaí chun comhghaol níos dlúithe a bhunú idir ioncam roimhe seo éilitheoirí aonair agus ráta seachtainiúil na híocaíochta ÍDP (féach Fíor 11.2).

**Fíor 11.2 Rátaí íocaíochta ÍDP, Márta 2020 go Lúnasa 2021**

<table>
<tr><th></th><th colspan="4">Rátaí ÍDP iníoctha, de réir dáta na híocaíochta</th></tr>
<tr><th>Ioncam seachtainiúil an éilitheora sa tréimhse thagartha</th><th>An 31 Márta go dtí an 30 Meitheamh 2020</th><th>An 7 Iúil go dtí an 15 Meán Fómhair 2020</th><th>An 22 Meán Fómhair go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2020</th><th>An 27 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021</th></tr>
<tr><td>< €200</td><td rowspan="4">€350</td><td>€203</td><td>€203</td><td>€203</td></tr>
<tr><td>€201 — €300</td><td rowspan="3">€350</td><td>€250</td><td>€250</td></tr>
<tr><td>€301 — €400</td><td rowspan="2">€300</td><td>€300</td></tr>
<tr><td>> €400</td><td>€350</td></tr>
</table>

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**11.5** Socraíodh meánioncam roimhe seo éilitheoirí ÍDP mar seo a leanas: maidir le fostaithe, an ceann is airde de mheán na dtuilleamh seachtainiúil in 2019 nó in Eanáir agus Feabhra 2020; maidir le daoine féinfhostaithe, measadh gurbh é an meánioncam seachtainiúil in 2018 an tréimhse thagartha.[1] Luaigh an Roinn go raibh sé cuí líon teoranta tréimhsí tagartha a úsáid, agus go raibh údar ann le déanamh amhlaidh, chun éagsúlachtaí tuillimh a cheadú, go háirithe d'earnálacha/slite beatha ina n-athraíonn tuilleamh ar bhonn séasúrach.

**11.6** Bhí tionchar suntasach ag na rátaí éagsúla íocaíochta a glacadh ó dheireadh mhí an Mheithimh 2020. Maidir le híocaíochtaí an 30 Meitheamh 2020, bhí €350 in aghaidh na seachtaine á fháil ag gach duine de na 439,000 éilitheoir. Maidir le híocaíochtaí an 27 Deireadh Fómhair 2020, ní raibh ach 41% den 296,000 éilitheoir ag fáil an ráta is airde.[2]

**11.7** Tugtar le fios sna sonraí ón Roinn

- Gur bhain éilitheoirí a raibh tuilleamh réasúnta íseal acu roimhe seo an tairbhe is mó agus ÍDP á éileamh acu. I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuair éilitheoirí fostaithe a fuair an ráta is ísle (€203), ar an meán, os cionn 40% níos mó ná a meántuilleamh roimhe seo.[3] I gcomparáid leis sin, níor íocadh le tairbhithe na scéime fóirdheontais shealadaigh pá (SFSP) níos mó ná a bpá mar a bhí roimh an bpaindéim (mhaoinigh SFSP suas le 85% den mheán-ghlanphá seachtainiúil agus d'fhéadfadh fostóirí a roghnú an t-easnamh a íoc).
- Bhí éilitheoirí fostaithe a bhí ag fáil an ráta is airde d'íocaíochtaí ÍDP (€350) ag fáil comhionann le thart ar 60% dá meántuilleamh roimhe seo.

**11.8** Ba ag an ráta €350 a íocadh le hoibrithe ócáideacha a bhí ag éileamh tacaíocht cuardaitheora poist roimhe seo. Luaigh an Roinn nár cuireadh san áireamh san íocaíocht ÍDP a bhí bunaithe ar ioncam oibrithe ócáideacha amháin (gan aird a thabhairt ar aon íocaíochtaí cuardaitheora poist a d'fhéadfadh a bheith faighte ag éilitheoir agus é/í ag obair) an caillteanas ioncaim iomlán a d'fhulaing éilitheoirí den sórt

1 Ó mhí an Mheithimh 2020, cuireadh tréimhse tagartha eile leis le haghaidh daoine féinfhostaithe (2019) agus, ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh tréimhse tagartha eile leis le haghaidh fostaithe (ó mhí Eanáir go mí Mheán Fómhair 2020).

2 Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na rátaí íocaíochta = ÍDP leagtha amach in Iarscríbhinn 11A.

3 Ní chuimsítear sa ríomh seo éilitheoirí nach raibh aon taifead ioncaim acu i dtréimhse tagartha. Luaigh an Roinn go n-áiríonn éilitheoirí nach raibh aon ioncam acu i dtréimhse tagartha éilitheoirí nach raibh incháilithe le haghaidh ÍDP, éilitheoirí nach raibh mar chuid den fhórsa saothair foirmiúil agus éilitheoirí nach raibh a dtaifid leis na Coimisinéirí Ioncaim cothrom le dáta.

sin: mar sin, ar mhaithe le cothroime, ba ag an uasráta a íocadh le gach oibrí ócáideach a bhí ag éileamh tacaíocht cuardaitheora poist roimhe seo.

**11.9** Is é cuspóir na tuarascála seo scrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- éifeachtacht na rialuithe ar éilimh agus íocaíochtaí le haghaidh ÍDP
- an fhaisnéis atá ar fáil maidir le hathbhreithnithe éilimh ÍDP a rinne an Roinn
- an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ar an scéim
- cé acu a rinne nó nach ndearna an Roinn ró-íocaíochtaí a bhaineann le ÍDP a shaothrú go gníomhach.

## Rialuithe ar an scéim ÍDP

**11.10** Chun cáiliú do ÍDP, ní mór, maidir le hiarratasóir

- gur chaill sé/sí a p(h)ost nó gur cuireadh as a p(h)ost é/í mar gheall ar COVID-19, nó go raibh sé/sí féinfhostaithe agus go raibh tionchar suntasach ann ar ioncam trádála (i gcás gur tháinig deireadh leis an ioncam mar gheall ar éigeandáil sláinte poiblí COVID-19 nó gur thit sé chomh mór sin go raibh an t-iarratasóir ar fáil chun dul i mbun fostaíocht lánaimseartha eile)
- go raibh sé/sí idir 18 mbliana d’aois agus 66 bliana d’aois
- go raibh sé/sí ina c(h)ónaí sa Stát
- go raibh sé/sí fostaithe nó féinfhostaithe in Éirinn díreach sular éiligh sé/sí ÍDP[1]
- i gcás é/í a bheith fostaithe, nach raibh aon ioncam á fháil aige/aici ó fhostaíocht.

**11.11** Ón 6 Lúnasa 2020, ní mór, maidir leis an iarratasóir

- go raibh sé/sí ina ranníocóir fostaithe an tseachtain sular scoir sé/sí d’ioncam a thuilleamh nó, i gcás é/í a bheith féinfhostaithe, go raibh sé/sí i bhfostaíocht inárachaithe sular scoir/laghdaíodh ioncam ináirithe, agus
- go raibh sé/sí ag lorg oibre i ndáiríre.

### *Próiseáil na n-iarratas ÍDP*

**11.12** Sa tréimhse idir mí an Mhárta 2020 agus deireadh mhí Feabhra 2021, fuair an Roinn 1.75 milliún iarratas, a chuimsigh 1.3 milliún iarratas ar líne agus 450,000 foirm pháipéarbhunaithe.[2,3] Tá próifíl na n-iarratas a fuarthas le himeacht ama leagtha amach i bhFíor 11.3.

**11.13** Fuarthas níos mó ná leath na n-iarratas go léir sa chéad chúig seachtaine den scéim. Cé gur phróiseáil an Roinn go leor foirmeacha iarratais páipéarbhunaithe sa chéad chúig seachtaine den scéim (400,000 ceann san iomlán), thit líon na n-iarratas páipéarbhunaithe go gasta ina dhiaidh sin, agus rinneadh níos lú ná 1,000 iarratas páipéir nua an chuid is mó de na seachtainí ina dhiaidh sin.


**11.14** Glacadh agus próiseáladh iarratais tríd an gcóras iarratais ar an toimhde oibre gurbh fhíor a bhí an fhaisnéis a chuir an t-éilitheoir ar fáil. Agus iarratas á dhéanamh ar ÍDP, ní mór dearbhú sínithe a bheith san áireamh i ngach iarratas — tháinig athrú ar na dearbhuithe a rinneadh le himeacht ama, go príomha mar fhreagairt d’athruithe ar incháilitheacht don scéim (féach Iarscríbhinn 11B).

1 Luaigh an Roinn go raibh an scéim ar fáil freisin do dhaoine nach meastar de ghnáth a bheith ‘fostaithe’ ar bhealach foirmiúil, lena n-áirítear, mar shampla, mic léinn, oibrithe gan cháipéisí, oibrithe sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus daoine eile nach mbeadh stair phárolla acu.

2 Sháraigh líon na n-iarratas a cuireadh isteach líon na n-éilitheoirí mar, i gcásanna áirithe, thaisc éilitheoirí níos mó ná iarratas amháin timpeall an ama chéanna (mar shampla, chun iarratas ar theip air roimhe a cheartú nó a leasú) nó de bhun tréimhsí athnuaite asleagain nó caillteanas fostaíochta.

3 Rinne foireann na Roinne sonraí ó fhoirmeacha iarratais páipéarbhunaithe a thras-scríobh ar fheidhmchlár a forbraíodh chun iarratais ÍDP a bhainistiú - an 'PowerApp', a cuireadh i bhfeidhm an 24 Márta 2020. Uaslódáladh sonraí ó iarratais ar líne chuig an 'PowerApp' go huathoibríoch.

**Fíor 11.3 Iarratais sheachtainiúla ÍDP ar pháipéar agus ar líne, Márta 2020 go hEanáir 2021**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**11.15** Mheas an Roinn go raibh na dearbhuithe a rinne éilitheoirí ina ngné thábhachtach den rialú ar incháilitheacht don scéim. Maidir leis sin, ba chóir a thabhairt faoi deara gurbh amhlaidh, cé gur tháinig laghdú suntasach ar iarratais pháipéarbhunaithe tar éis mhí Aibreáin 2020, gur cheangail an t-iarratas páipéarbhunaithe a bhí in úsáid suas go Deireadh Fómhair 2020 ar an iarratasóir a admháil gur cion é faisnéis bhréagach a sholáthar nó faisnéis a choinneáil siar chun cáiliú don íocaíocht ÍDP — níor iarr sé, mar a rinne an t-iarratas ar líne, faisnéis faoi na coinníollacha mionsonraithe (e.g. cónaitheacht), nó níor ghá don iarratasóir comhaontú a dhearbhú go mbeadh íocaíochtaí ÍDP inaisíoctha dá mbeadh aon chuid den fhaisnéis a cuireadh ar fáil bréagach. Ceanglaíodh ar éilitheoirí a chríochnaigh an próiseas incháilitheachta leanúnach (féach thíos) dearbhú maidir le cónaitheacht agus aisíocaíocht ÍDP a áireamh i gcás nach raibh an fhaisnéis a soláthraíodh bréagach.

**11.16** Tá trí phróiseas déanta ag an Roinn inar ceanglaíodh ar éilitheoir a (h)incháilitheacht leanúnach a dhearbhú.[1] Mar thoradh air sin, dhún líon suntasach éilitheoirí a n-éileamh gan freagra a chur isteach, nó dhún an Roinn an t-éileamh toisc nach bhfuarthas aon fhreagra.

- I mí Iúil 2020, ceanglaíodh ar gach éilitheoir a n-incháilitheacht leanúnach a dhearbhú, agus dúnadh 36,500 éileamh dá bharr sin.
- I mí an Mhárta 2021, ceanglaíodh ar chásanna (122,000 ceann) a bhí á n-íoc ó Aibreán 2020 a n-incháilitheacht leanúnach a dhearbhú agus, mar thoradh air sin, dhún an Roinn beagnach 10,600 éileamh.
- I mí Iúil 2021, ceanglaíodh ar gach éilitheoir a n-incháilitheacht leanúnach a dhearbhú, agus dhún an Roinn 18,500 éileamh dá bharr sin.

1 Ní gá fianaise tacaíochta ar dhearbhuithe a rinneadh a chur isteach chun an incháilitheacht leanúnach a dhearbhú. Luaigh an Roinn go mbeadh ualach mór riaracháin i gceist le fianaise tacaíochta a lorg, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar sheachadadh leanúnach íocaíochtaí. Ina theannta sin, b'fhéidir nach raibh roinnt éilitheoirí in ann fianaise a fháil ar chaillteanas fostaíochta le linn na paindéime.

### *Dearadh an chórais rialaithe*

**11.17** Nuair a seoladh an scéim ÍDP ar bhonn éigeandála, d'aithin an tOifigeach Cuntasaíochta nach mbeadh an córas rialaithe chomh dian agus a chuirtear i bhfeidhm de ghnáth i leith íocaíochtaí scéime eile agus, dá bhrí sin, go mbeadh an riosca go ndéanfaí ró-íocaíochtaí níos airde ná mar is gnách. Luaigh an Roinn gur measadh go raibh na rialuithe nach raibh chomh dian sin dosheachanta i bhfianaise líon ard na n-éileamh a bhí le próiseáil, i bhfianaise thionchar na mbeart um scaradh sóisialta ar chumas próiseála, i bhfianaise na féidearthachta go mbeadh baill foirne as láthair mar gheall ar bhreoiteacht Covid-19, i bhfianaise cúinsí sáraitheacha leasa phoiblí, lena n-áirítear seachaint a dhéanamh, tráth ina raibh imní mhór sa phobal, ar aon strus breise a tharlódh dá seasfaí le cloí le caighdeáin phróiseála iomlána le moilleanna fada comhghaolmhara ar íocaíochtaí, agus i bhfianaise luach cobhsaíochta eacnamaíoch na n-íocaíochtaí a dhéantar agus airgead agus leachtacht á n-instealladh isteach sa gheilleagar. Chuir an Roinn in iúl freisin go raibh sí ag súil, fiú dá bhféachfadh daoine áirithe le teacht i dtír ar an scéim, go ngníomhódh mórchuid na ndaoine, go tráthúil le chéile, go hionraic agus go macánta. Chuir an Roinn a rún in iúl freisin go ndéanfaí seiceálacha rialaithe tar éis tosú ar íocaíochtaí a dhéanamh.

**11.18** I bhFíor 11.4, déantar achoimre ar na rialuithe a sonraíodh i ndáil le híocaíochtaí ÍDP agus measúnú ar an leibhéal dearbhaithe a thug na rialuithe sin.

**11.19** Tagann ceist faoi leith chun cinn maidir le hincháilitheacht daoine aonair a bhí féinfhostaithe sular thosaigh an phaindéim a dhearbhú. Ní chuireann faisnéis a chuireann daoine féinfhostaithe ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar chumas na Roinne a mheas ar chomhlíon an t-éilitheoir na critéir incháilitheachta maidir le caillteanas ioncaim de bharr Covid-19 nó ioncam a gineadh agus é/í ag éileamh ÍDP.[1,2] Chun é sin a dhéanamh, chaithfeadh an Roinn faisnéis mhionsonraithe tuillimh a fháil ó éilitheoirí féinfhostaithe.

1 Tugadh neamhaird tuillimh €480 thar cheithre seachtaine isteach do dhaoine féinfhostaithe i mí Dheireadh Fómhair 2020 faoi Bhuiséad 2021. Méadaíodh í go €960 thar ocht seachtaine i mí na Nollag 2020.

2 Maidir leis an mbliain féilire 2020, caithfear tuairisceáin chánach a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair 2021 le haghaidh aighneachtaí páipéir (is gnách go ndeonaítear síneadh dhá sheachtain le haghaidh tuairisceáin ar líne). Nuair a chuirtear tuairisceáin chánach bhliantúla daoine féinfhostaithe faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, ní dhéantar ioncam a dhí-chomhbhailiú de réir seachtaine nó míosa ach luaitear go carnach é don bhliain.

**Fíor 11.4 Measúnú an scrúdaithe ar rialuithe ar éilimh**

| Critéir | Rialuithe glactha | Rialuithe ar éilimh a bhí á n-íoc | Trácht |
|---|---|---|---|
| Aitheantas | 🟢 | 🟢 | Sheiceáil an Roinn go raibh an uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP) a cuireadh ar fáil bailí agus go raibh an dáta breithe a cuireadh ar fáil comhoiriúnach leis an uimhir sin — ní raibh aon seiceáil ann go raibh an t-ainm, an seoladh nó na sonraí cuntas bainc a cuireadh ar fáil comhoiriúnach leis na sonraí a bhí ar thaifid na Roinne cheana féin.[a] |
| Cónaitheacht | 🔴 | 🔴 | Roimh an 26 Meitheamh 2020 — bhí an Roinn ag brath ar dhearbhú an éilitheora agus rinne sí cuardach ar an mbunachar sonraí le haghaidh príomhfhocail áirithe a thabharfadh le fios nach raibh éilitheoir ina c(h)ónaí sa Stát. |
| | 🟡 | 🟡 | Tar éis an 26 Meitheamh 2020 — le rialuithe i ndáil le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim, tugadh dearbhú páirteach go raibh an t-éilitheoir ina c(h)ónaí sa Stát |
| **Fostaíocht** | | | |
| Fostaíocht a cailleadh mar gheall ar Covid-19 | 🔴 | 🔴 | Bhí an Roinn ag brath ar dhearbhú an éilitheora. |
| I bhfostaíocht díreach sula ndearnadh éileamh ar ÍDP | 🔴 | Neamhbhainteach | Fostaithe — roimh an 26 Meitheamh 2020: bhí an Roinn ag brath ar dhearbhú an éilitheora agus rinne sí cuardach ar an mbunachar sonraí le haghaidh príomhfhocail áirithe a d'fhéadfadh imní a ardú faoi incháilitheacht fostaíochta roimhe seo. |
| | 🟢 | Neamhbhainteach | Fostaithe — tar éis an 26 Meitheamh 2020: bhain an Roinn úsáid as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar stair fostaíochta le déanaí. |
| | 🔴 | Neamhbhainteach | Féinfhostaithe — bhí an Roinn ag brath ar dhearbhú an éilitheora agus rinne sí cuardach ar an mbunachar sonraí le haghaidh príomhfhocail áirithe a d'fhéadfadh imní a ardú faoi incháilitheacht fostaíochta roimhe seo. |
| Fostaíocht reatha | Neamhbhainteach | 🟡 | Bhí an Roinn ag brath ar dhearbhú an éilitheora teagmháil a dhéanamh leis an Roinn dá mba rud é go dtiocfadh athrú ar na cúinsí. Bhain rialú na Roinne le comhoiriúnú sonraí idir éilitheoirí ÍDP agus faighteoirí tacaíochta SFSP nó SFPF agus, ó Lúnasa 2021, le seiceálacha coicíse i gcoinne shonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Ag fáil íocaíocht eile ón Roinn | 🟢 | 🟢 | Rinneadh seiceáil lena chinntiú nach raibh an t-éilitheoir ag fáil íocaíocht ábhartha tráth an ghlactha agus roimh gach seal íocaíochta. |
| Ag lorg oibre i ndáiríre | Neamhbhainteach | ○ | Ní dhearnadh aon seiceáil ar an gcritéar seo go dtí deireadh Aibreán 2021. |
| | Neamhbhainteach | 🟢 | Ó mhí na Bealtaine 2021, chuir an Roinn tús le teagmháil a dhéanamh le héilitheoirí ó earnálacha inar maolaíodh srianta. I mí Iúil 2021, thosaigh an Roinn ag iarraidh ar éilitheoirí ÍDP 'síniú isteach'. |

Eochair:
- 🟢 Tugann an rialú atá i bhfeidhm dearbhú dóthanach.
- 🟡 Tugann an rialú dearbhú páirteach.
- 🔴 Tugann an rialú dearbhú lag.
- ○ Níl aon rialú chun na críche seo i bhfeidhm.

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a B'fhéidir nach raibh sonraí cuntas bainc ar taifead ag an Roinn, mar shampla i gcás nach raibh aon idirghníomhú ag éilitheoir leis an Roinn roimhe seo.

**11.20** Bhí an Roinn ag brath go príomha ar dhearbhú an éilitheora maidir le cónaitheacht (seoladh) agus gurb é Covid-19 ba chúis leis an gcaillteanas fostaíochta.

**11.21** Tar éis an 6 Lúnasa 2020, bhí incháilitheacht do ÍDP ag brath ar an iarratasóir a bheith ag lorg oibre i ndáiríre. Foráladh leis na rialacháin ÍDP, áfach, gurbh amhlaidh, i gcás go raibh srianta Covid-19 ag cur teorainn shealadach le deis an éilitheora a bheith ag obair ina g(h)náthfhostaíocht agus go raibh súil réasúnach aige/aici go bhfillfeadh sé/sí ar an ngairm sin, nach gceanglófaí air/uirthi fostaíocht a lorg lasmuigh den fhostaíocht nó den ghairm sin ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag tar éis ÍDP a éileamh ar dtús. Mar thoradh air sin, ní dhearna an Roinn iarracht an ghné 'ag lorg oibre i ndáiríre' de chritéir incháilitheachta ÍDP a fhíorú in 2020 seachas líne theileafóin thiomnaithe a bhunú chun go bhféadfadh fostóirí cásanna den sórt sin a thuairisciú — den 2,500 tuairisc a fuarthas ó fhostóirí, cuireadh stop le thart ar 400 éileamh. Luaigh an Roinn go raibh scóip theoranta ann chun teagmháil a dhéanamh le héilitheoirí le linn 2020, toisc gur scoireadh go tapa de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a atosaíodh i rith an tsamhraidh 2020 de bharr srianta a thabhairt isteach arís. Ó dheireadh mhí na Bealtaine 2021, thosaigh an Roinn ag dul i dteagmháil le faighteoirí ÍDP a bhí ag obair in earnálacha inar maolaíodh na srianta trádála agus ina bhféadfadh deiseanna fostaíochta teacht chun cinn.

**11.22** Chuirfeadh úsáid níos mó as faisnéis fostaíochta agus tuillimh fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim, a bhfuil rochtain ag an Roinn uirthi, feabhas ar na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun incháilitheacht le haghaidh íocaíochta faoin scéim a dhearbhú ar roinnt bealaí.[1]

- ***Fostaíocht roimhe seo fostaithe —*** Roimh an 26 Meitheamh 2020, níor seiceáladh iarratais in aghaidh fhaisnéis fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go raibh an t-éilitheoir ag obair roimh a (h)iarratas ÍDP.[2] Tar éis an 26 Meitheamh 2020, rinneadh an tseiceáil sin, agus níor íocadh éilimh i gcás nach raibh ioncam ag an iarratasóir sa tréimhse tagartha ábhartha. Mar sin féin, i bhfianaise phróifíl ama na n-éileamh a fuarthas, is dóigh gur íocadh cuid mhór éileamh roimh Mheitheamh 2020 agus gur leanadh le hiad a íoc gan an tseiceáil sin a dhéanamh. Luaigh an Roinn nach raibh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla agus ar chúiseanna eile, sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid nuair a tugadh ÍDP isteach agus gur cuireadh an tseiceáil sin i bhfeidhm tar éis caidreamh comhoibritheach idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn ag deireadh mhí an Mheithimh 2020.[3] In Aibreán 2021, bhí níos mó ná 10,500 cás á n-íoc (ag ráta €203 in aghaidh na seachtaine) i gcás nach raibh aon sonraí tuillimh ann sna tréimhsí tagartha ináirithe — mar thoradh ar athbhreithniú a rinne an Roinn ar na héilimh sin, leanadh le thart ar leath acu a íoc, agus dhún éilitheoirí 11% de na héilimh sin sular tugadh an t-athbhreithniú sin i gcrích agus dhún an Roinn 40% díobh.
- ***Fostaíocht reatha fostaithe*** — ní dhearna an Roinn sonraí faoi íocaíochtaí ÍDP a mheaitseáil le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim trí úsáid a bhaint as próiseas uathoibrithe chun a chinntiú nach raibh an t-éilitheoir ag obair mar fhostaí agus é/í ag éileamh ÍDP nó chun an dáta deireanach fostaíochta a sheiceáil. Mar sin féin, rinne an Roinn seiceáil sheachtainiúil chun a chinntiú nach raibh éilitheoir ÍDP ag fáil tacaíochta ón scéim fóirdheontais pá, rud a bhí freagrach as sciar suntasach d'fhostaithe le linn 2020.[4]

**11.23** Ó mhí Lúnasa 2021 i leith, chuir an Roinn tús le héilimh ÍDP a bhí á n-íoc a sheiceáil gach coicís i gcoinne shonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim.

1 Ón 1 Eanáir 2019, ceanglaítear ar fhostóirí faisnéis phárolla a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim gach uair a íoctar le fostaithe, agus iad ag soláthar faisnéis fíor-ama do na Coimisinéirí Ioncaim ar luach an phá d'fhostaithe agus luach an árachais shóisialta phá-choibhneasa ghaolmhair(ÁSPC). Tá rochtain ag an Roinn ar an bhfaisnéis fíor-ama sin.

2 Fuarthas an chuid is mó d'iarratais roimh an 26 Meitheamh. Sna cásanna sin, bhí an tseiceáil ar fhostaíocht roimhe seo teoranta do roghnú randamach le haghaidh athbhreithnithe rialaithe agus, in Aibreán 2021, do gach éilitheoir leanúnach nach raibh aon ioncam acu in aon tréimhse tagartha.

3 I measc na gcúiseanna teicniúla agus na gcúiseanna eile dá dtagraíonn an Roinn tá socruithe malartaithe sonraí leis na Coimisinéirí Ioncaim do 2.7 milliún fostaí a thuairiscíonn 180,000 fostóir, minicíocht íocaíochta éagsúil (seachtainiúil, coicísiúil nó míosúil), pá/tuarastail a bheith á n-íoc i riaráistí, agus ceanglais chosanta sonraí.


4 Tar éis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2020, rinne an Roinn comhoiriúnú míosúil sonraí ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 ar éilitheoirí agus fostaithe ÍDP a bhí ag fáil SFPF.

### *Athbhreithniú ar incháilitheacht*

**11.24** Rinneadh athbhreithniú ar incháilitheacht d'íocaíochtaí ÍDP do 411 éilitheoir a roghnaíodh go randamach chun críche an scrúdaithe seo — bhain 329 n-éileamh le fostaithe agus bhain 82 cheann le hiarratasóirí a bhí féinfhostaithe roimhe seo (féach Fíor 11.5). I gcás go raibh fianaise ag éilitheoir ar fhostaíocht agus ar fhéinfhostaíocht araon, socraíodh an catagóiriú ar bhonn cás ar chás.

**11.25** Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh measúnú ar cibé an raibh an duine aonair i dteideal na híocaíochta a fuarthas sa tseachtain a scrúdaíodh nó nach raibh, bunaithe ar na sonraí a chuir an t-éilitheoir ar fáil ar an bhfoirm iarratais ÍDP agus ar thaifid ÁSPC a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil don Roinn.

**Fíor 11.5 Torthaí na tástála ar éilimh shamplacha**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**11.26** Maidir le gach éileamh a scrúdaíodh, is cosúil go bhfuil na rialuithe ag feidhmiú go héifeachtach maidir leis na nithe seo a leanas: aois an éilitheora a fhíorú; bailíocht na huimhir pearsanta seirbhíse poiblí agus na sonraí bainc (IBAN) a cuireadh ar fáil; agus an forluí le híocaíochtaí faoi scéimeanna eile de chuid na Roinne.[1,2]

### *Torthaí na gcásanna fostaithe a scrúdaíodh*

**11.27** Maidir le fostaithe, bhí na rialuithe sonraithe ag feidhmiú. Mar sin féin, in 31 chás, nó 9.4% de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu, bhí fianaise ann nach raibh an t-éilitheoir i dteideal na híocaíochta sa tseachtain a scrúdaíodh.[3] Tháinig neamh-incháilitheacht chun cinn ar chúiseanna éagsúla.

- I mbeagnach faoi bhun leath na gcásanna sin, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil gur lean an t-éilitheoir ag obair agus é/í ag éileamh ÍDP.
- I gceathrú cuid de na cásanna, ní raibh aon fhianaise ann go raibh an t-éilitheoir ag obair roimh an bpaindéim.
- I gceathrú cuid de na cásanna, tharla sé, cé go raibh an t-éilitheoir incháilithe nuair a rinneadh an t-iarratas ar ÍDP, go raibh fianaise ann gur fhill an t-iarratasóir ar an obair ina dhiaidh sin agus nár chuir sé/sí an Roinn ar an eolas faoi sin.[4]

1 Cinntíonn an tseiceáil bailíochta IBAN gur soláthraíodh an uimhir chuntais i gceart agus gur iontráladh í i gceart ar chóras na Roinne - ní fhéachann sí leis an uimhir chuntais a nascadh le sonraí a chuir éilitheoir ar fáil roimhe seo.

2 Is éard atá sa seiceáil forluí ná a fhíorú nach bhfuil éilitheoir ag fáil íocaíochta faoi láthair ó scéim de chuid na Roinne (lena n-áirítear SFSP) nach féidir a éileamh i gcomhthráth, mar shampla íocaíocht cuardaitheora poist.


3 Rinneadh an anailís ar bhonn pointe-ama - d'fhéadfadh go mbeadh roinnt éilitheoirí incháilithe le haghaidh na n-íocaíochtaí ar dhátaí seachas dáta na tástála. De na héilitheoirí a ndearnadh athbhreithniú orthu agus a measadh a bheith incháilithe don íocaíocht ar dháta na tástála, measadh go raibh 23 dhuine neamh-incháilithe le haghaidh íocaíochta ag am eile. Níor áiríodh na cásanna sin sna cásanna a rangaíodh mar chásanna neamh-incháilithe, ach tarraingíodh aird na Roinne orthu lena mbreithniú.

4 Rangaíodh san anailís daoine a d'fhill ar ais ar an obair sa choicís roimhe sin ach a bhí fós ag fáil íocaíocht ÍDP mar dhaoine a bhí incháilithe don íocaíocht sin.

**11.28** Maidir leis na cásanna samplacha a scrúdaíodh, measadh go raibh 9.4% de luach na n-íocaíochtaí scéime ÍDP neamh-incháilithe. Dá mba rud é nach mbainfeadh na héilitheoirí lena mbaineann leas as ÍDP, b'fhéidir go mbeadh cuid acu i dteideal íocaíochtaí tacaíochta ioncaim eile, rud a dhéanfadh aon íocaíocht de bhreis ar theidlíocht ar leibhéal na Roinne a fhritháireamh.

**11.29** Taispeántar i bhFíor 11.6 leibhéal na híocaíochta iomarcaí don sampla d'éilimh ÍDP a scrúdaíodh ó gach baisc íocaíochta a ndearnadh athbhreithniú uirthi. Bhí céatadán na n-íocaíochtaí a cinneadh a bheith neamh-incháilithe (de réir luacha) is airde i mí an Mheithimh, i mí Lúnasa agus i mí na Nollag.

**Fíor 11.6 Céatadán (de réir luacha) na n-íocaíochtaí a cinneadh a bheith neamh-incháilithe ó thorthaí tástála ar fhaighteoirí fostaithe ÍDP**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**11.30** Luaigh an Roinn gur mó an dóchúlacht go ndéanfadh duine mí-éileamh (e.g. gan éileamh a dhúnadh go pras ar fhilleadh ar an obair dó/di) nó go leanfaí le híocaíocht trí dhearmad ag na pointí ama sin nuair a bhíonn srianta á maolú/á bhforchur an athuair agus nuair a bhíonn coinníollacht na scéime ag athrú. Luaigh an Roinn go léirítear é sin sna sonraí i bhFíor 11.6 ina léirítear gurbh iad seo a leanas na trí mhí ina ndearnadh an tsuim is airde íocaíochta iomarcaí: mí an Mheithimh (ar lena linn a athraíodh coinníollacht na scéime), mí Lúnasa (ar lena linn a d'fhill líon ard daoine ar an obair tar éis mhaolú na srianta sa samhradh) agus mí na Nollag (ar lena linn a maolaíodh na srianta agus a d'fhill líon mór daoine go sealadach ar an obair) — gan na trí mhí sin a áireamh, bheadh luach na n-íocaíochtaí iomarcacha cothrom le 6% den tsuim a íocadh leis na héilitheoirí sa sampla.

*Torthaí na gcásanna féinfhostaíochta a scrúdaíodh*

**11.31** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar 82 chás féinfhostaíochta agus fuarthas amach gur cuireadh na rialuithe pleanáilte i gcrích iontu.

**11.32** Agus iarratais ó éilitheoirí féinfhostaithe á bpróiseáil, b'éigean don Roinn brath ar dhearbhú éilitheoirí maidir le tionchar Covid-19 ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar chaillteanas ioncaim. Níorbh fhéidir leis an bhfoireann scrúdaithe incháilitheacht do ÍDP a dhearbhú toisc nach raibh aon fhianaise ar fáil maidir le laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus caillteanas ioncaim de bharr Covid-19.

**11.33** Tar éis an 5 Lúnasa 2020, ceanglaíodh ar éilitheoirí féinfhostaithe ÍDP a bheith ina ranníocóirí árachaithe sa chóras ÁSPC. Íocadh trí cinn den 82 chás a scrúdaíodh tar éis an dáta sin. Cé gur dhearbhaigh na héilitheoirí a n-incháilitheacht do ÍDP, ní raibh aon taifead ann le déanaí gur ranníocóir árachaithe iad — is é sin, ní dhearna an t-éilitheoir tuairisceán chuig na Coimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas. Ar an mbonn sin, ní raibh siad incháilithe chun an íocaíocht a fháil.

## Athbhreithnithe rialaithe

*Éilimh ardriosca a mheasúnú*

**11.34** San áireamh i bpróiseas athbhreithnithe rialaithe na Roinne, tá scrúdú ar éilimh chun a chinntiú go raibh/go bhfuil an t-éilitheoir i dteideal íocaíochta agus go bhfuil/go raibh leibhéal na híocaíochta ceart. Tá roghnú na n-éileamh atá le hathbhreithniú bunaithe ar mheasúnú ar an riosca nach bhfuil an íocaíocht ceart. Thosaigh an Roinn ag déanamh athbhreithnithe rialaithe ar éilimh ÍDP go gairid tar éis an scéim a sheoladh.

**11.35** Cheal suirbhé rialaithe chun bonn eolais a chur faoi roghnú na gcritéar riosca, bhí an Roinn ag brath ar a taithí agus a heolas féin chun díriú ar chónaitheacht, ar gan aon fhostaíocht roimhe seo agus ar mhainneachtain fostaíocht leanúnach a dhearbhú mar phríomhbhoinn chun éilimh a roghnú lena n-athbhreithniú. In 2020, rinne an Roinn athbhreithniú ar 71,400 éileamh (arbh ionann iad agus thart ar 9% de dhaonra na n-éilitheoirí).[1]

- Rinne an tAonad Imscrúduithe Speisialta (SIU) níos mó ná 52,000 athbhreithniú, agus é ag díriú ar shaincheisteanna cónaitheachta agus ag cinntiú gur comhlíonadh an critéar fostaíochta, agus úsáid á baint as sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim. Thug SIU cuairteanna ar an láithreán ar ghnólachtaí ardriosca freisin, amhail láithreáin tógála agus tiománaithe tacsaí. Stopadh os cionn 17,000 éileamh mar thoradh ar an obair a rinne SIU.
- Rinne baill foirne eile de chuid na roinne 19,400 athbhreithniú eile, lena n-áirítear Cigirí áitiúla Leasa Shóisialaigh (SWI) agus dúnadh timpeall 5,800 éileamh. Áiríodh sna seiceálacha sin athbhreithnithe tar éis tuairiscí a chur in iúl ar an líne chabhrach d'fhostóirí, tar éis tuairiscí gan ainm a fháil, agus tar éis athbhreithnithe áitiúla ó SWInna a raibh mar aidhm leo a chinntiú go raibh fostaithe ag dúnadh a n-éileamh ÍDP tar éis dóibh filleadh ar obair.

**11.36** Déantar na athbhreithnithe rialaithe a dhéantar a thaifeadadh ar chóras TFC na Roinne ach níor thaifead an córas bunús na n-athbhreithnithe ÍDP agus, mar sin, is meastachán é an tionchar a bhí ag gach tionscadal athbhreithnithe rialaithe. Luaigh an Roinn nach mbeadh luach suntasach breise ag an bhforchostas breise a theastódh chun grúpaí imscrúdaithe a bhunú ar an gcóras TFC chun bunús na n-athbhreithnithe a thaifeadadh thar shaolré na scéime. Mar gheall nach bhfuiltear in ann toradh na n-athbhreithnithe rialaithe ÍDP a anailísiú, ina leagtar amach líon agus luach na n-éileamh a scrúdaíonn agus a dhúnann gach tionscadal athbhreithnithe rialaithe, cuirtear cosc ar an Roinn méid an riosca a shainaithníonn gach tionscadal a shainaithint go cruinn.

1 D'fhéadfadh sé go ndearnadh athbhreithniú ar éilitheoir aonair níos mó ná uair amháin i gcás go ndearna sé/sí níos mó ná éileamh amháin agus gur roghnaigh níos mó ná tionscadal athbhreithnithe rialaithe amháin é/í lena (h)athbhreithniú.

**11.37** Shainaithin an scrúdú roinnt deiseanna le haghaidh feabhas a chur ar na hathbhreithnithe incháilitheachta a dhéanann an Roinn.

- ***Faisnéis éilitheora ÍDP a mheaitseáil le faisnéis fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim*** — Tá rochtain ag an Roinn ar fhaisnéis fíor-ama a chuireann fostóirí isteach. D'fhéadfaí an fhaisnéis sin a úsáid go rialta chun éilitheoirí nach raibh tuilleamh ar bith acu ó fhostaíocht díreach roimh ÍDP a éileamh nó a raibh ioncam acu ó fhostaíocht agus iad ag éileamh ÍDP a bhrath. Mar sin féin, ní dhearna an Roinn ach trí chleachtadh meaitseála sonraí ar leith in 2020 — cuireadh éilitheoirí ÍDP ar na dátaí tástála i mí an Mhárta 2020 agus mí an Mheithimh 2020 i gcomparáid le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhonn iad siúd nach raibh stair ranníocaíochtaí fostaíochta acu a shainaithint agus cuireadh éilitheoirí ÍDP ar an dáta tástála i mí Dheireadh Fómhair 2020 i gcomparáid le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim chun iad siúd a raibh an chuma orthu go raibh ioncam fostaíochta á fháil acu a shainaithint. Luaigh an Roinn nach ndearnadh na seiceálacha sin ar bhonn níos minice mar gheall ar shaincheisteanna riaracháin agus teicniúla a théann i gcoinne spleáchas iomlán ar na sonraí, lena n-áirítear malartú sonraí a bhaineann le 2.7 milliún íocóir ar an meán a thuairiscíonn 180,000 fostóir do na Coimisinéirí Ioncaim gach mí agus ceanglais chosanta sonraí. Ó dheireadh mhí Lúnasa 2021, tá an Roinn tar éis tús a chur le seiceálacha gach coicís i gcoinne fhaisnéis fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim.
- ***Úsáid fhaisnéis na Roinne maidir le héilitheoirí a uasmhéadú chun calaois fhéideartha a bhrath*** — Níor bhain na hathbhreithnithe a rinne an Roinn úsáid as an bhfaisnéis uile a chuir éilitheoirí ar fáil don Roinn cheana féin. Mar shampla, níor sheol an Roinn comhoiriúnú idir foirmeacha iarratais ÍDP agus sonraí reatha na Roinne maidir le seoltaí ríomhphoist, uimhreacha fón póca nó uimhreacha cuntas bainc, a d'fhéadfadh sainaithint a dhéanamh ar chásanna inar éilíodh ÍDP trí úsáid a bhaint as sonraí duine eile.[1]

**11.38** Cé gurbh fhéidir nár éascaigh na hacmhainní a bhí ar fáil an tóir ar gach éilitheoir a d'oibrigh agus iad ag éileamh ÍDP, thabharfadh meaitseáil éilitheoirí le faisnéis fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim léargas ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus chabhródh sí le héilitheoirí a shainaithint ar ina leith a bhí riosca méadaithe ró-íocaíochta.

## Meastachán ar leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta

**11.39** I dtástáil an scrúdaithe seo ar shampla randamach de 329 n-éileamh ó fhostaithe ar ÍDP[2], aimsíodh gur measadh go raibh 9.4% den sampla a scrúdaíodh i dtéarmaí líon na gcásanna agus de réir luacha neamh-incháilithe lena n-íoc trí thagairt do na critéir a bhí i réim tráth a rinneadh an íocaíocht.[3] Ní chuimsítear sa ráta íocaíochta iomarcaí sin cásanna ina raibh teidlíocht roimhe seo ach inar tháinig athrú ar imthosca an éilitheora laistigh de choicís ó dháta na híocaíochta, e.g. i gcás gur atosaigh an t-éilitheoir fostaíocht agus gur mhainnigh sé/sí an fhíric sin a chur in iúl don Roinn, nó i gcás go bhfuair an Roinn fógra faoin méid sin ón éilitheoir ach nár ghníomhaigh sí fós chun an íocaíocht a stopadh.

**11.40** Mar thoradh ar thástáil athbhreithnithe rialaithe na Roinne ar éilimh ÍDP, sainaithníodh líon suntasach cásanna nach raibh aon teidlíocht iontu nó ina leith a tháinig deireadh le teidlíocht roimhe seo. Mar sin féin, toisc gur roghnaíodh na cásanna sin ar bhonn riosca, ní féidir na torthaí a eachtarshuí le héilimh ÍDP ina n-iomláine. Ní dhearna an Roinn suirbhé rialaithe bunaithe ar shampla randamach cásanna, rud a d'éascódh meastachán ar leibhéal na calaoise agus na hearráide amhrasta a tharla faoin scéim ÍDP in 2020.[4,5]

1 Ní raibh sonraí cuntas bainc ar taifead ag an Roinn do gach éilitheoir, mar shampla i gcás nár idirghníomhaigh duine leis an Roinn roimhe seo.

2 Measann an Roinn gur íocadh €4 billiún (80%) de chaiteachas na scéime ÍDP in 2020 le fostaithe agus gur íocadh €1 billiún (20%) le héilitheoirí féinfhostaithe.

3 Is é luach na n-íocaíochtaí neamh-incháilithe an t-ollráta íocaíochta iomarcaí.

4 Is éard is suirbhé rialaithe ann athbhreithniú ar shampla randamach d'éilimh atá á n-íoc chun a aimsiú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair agus má tá, an bhfuil na méideanna cearta á n-íoc.

5 Luaigh an Roinn, toisc go bhfuil an scéim ÍDP á foirceannadh anois, gur beag úsáid a bhainfí as suirbhé rialaithe ar an scéim ÍDP maidir le rialuithe na scéime a leasú.

**11.41** Ní raibh tástáil an scrúdaithe seo ar shampla d'éilimh ó fhostaithe ar ÍDP ceaptha chun measúnú críochnaitheach a sholáthar go han-mhuiníneach ar leibhéal na n-íocaíochtaí a bhí de bhreis ar an teidlíocht don scéim. Mar sin féin, tugann sé léiriú gur dóigh go raibh leibhéal na híocaíochta neamhrialta don scéim in 2020 ábhartha.

## Ró-íocaíochtaí a aisghabháil

**11.42** I gcás chás go bhfaigheann éilitheoir íocaíocht tacaíochta ioncaim atá níos mó ná an méid a bhí an duine i dteideal a fháil, féadfaidh an Roinn ró-íocaíocht a ardú agus tús a chur leis an bhfiachas sin a aisghabháil. Tá sé sin ag teacht le beartas agus cleachtas na Roinne maidir le scéimeanna eile tacaíochta ioncaim.

**11.43** Cé gur shainaithin an Roinn íocaíochtaí neamh-incháilithe ó athbhreithnithe rialaithe a dhéanamh agus gur scoir sí d'íocaíocht a dhéanamh, chuir sí moill ar ró-íocaíochtaí a ardú i gcoinne na n-éilitheoirí sin. Níor cuireadh tús le ró-íocaíochtaí a ardú i ndáil le haon íocaíocht faoin scéim ÍDP go dtí na seachtainí deireanacha de 2020 — ardaíodh ró-íocaíochtaí dar luach €295,000 i ndáil le 117 n-éilitheoir in 2020. Luaigh an Roinn gur iarradh comhairle dlí ón Ard-Aighne maidir le ró-íocaíochtaí a aisghabháil, go háirithe maidir le ró-íocaíochtaí a d'eascair as íocaíochtaí a rinneadh sular cuireadh an scéim ar bhonn reachtúil scoite i mí Lúnasa 2020, rud a chuir moill ar thús a chur le ró-íocaíochtaí a ardú.

**11.44** Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2021, bhí ró-íocaíochtaí dar luach €9 milliún bailithe ag an Roinn maidir le 3,000 éilitheoir — baineann gach ró-íocaíocht a ardaíodh go mí an Mheithimh 2021 le cásanna ina raibh forluí ann idir fostaíocht agus ÍDP a éileamh. Faoi dheireadh mhí Lúnasa, tháinig méadú air sin go €14.5 milliún i ndáil le 4,300 éilitheoir. Dúirt an Roinn nach ndearnadh aon mheastachán ar mhéid foriomlán na ró-íocaíochtaí le héilitheoirí ÍDP.

**11.45** Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2021, bhí aisíocaíochtaí deonacha €8.3 milliún faighte ag an Roinn ó 9,200 éilitheoir a rinne iarratas ar ÍDP agus a mheas ina dhiaidh sin nach raibh siad incháilithe don íocaíocht. Cuireadh na fáltais sin isteach sular ardaigh an Roinn ró-íocaíocht don éilitheoir ach tá cásanna iontu ina raibh feachtais meán á reáchtáil ag an Roinn nó ina ndearna sí teagmháil dhíreach leis an éilitheoir trí athbhreithniú rialaithe nó iarraidh incháilitheachta leanúnaí.

## Conclúidí agus moltaí

**11.46** In 2020, d'eisigh an Roinn íocaíochtaí arbh fhiú beagán faoi bhun €5 billiún iad i ndáil le ÍDP. Bhí sé sin comhionann le thart ar an gceathrú cuid de luach na tacaíochta ioncaim bliantúla a cuireadh ar fáil roimh an bpaindéim. Ceapadh agus cuireadh an scéim féin i bhfeidhm i dtréimhse an-ghearr, ag an am céanna ina raibh ar an Roinn cleachtais oibre shrianta a ghlacadh. Éacht mór ba ea scéim ar scála den sórt sin a sholáthar i mbeagán ama.

**11.47** Idir mí an Mhárta 2020 agus mí Feabhra 2021, phróiseáil an Roinn 1.75 milliún éileamh faoin scéim ÍDP — fuarthas níos mó ná leath díobh sin sa chéad chúig seachtaine den scéim.[1] Chuir sé sin dúshlán suntasach rialaithe roimh an Roinn.

**11.48** Chuir an Roinn rialuithe laghdaithe i bhfeidhm i gcomparáid le scéimeanna eile tacaíochta ioncaim — luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé sin riachtanach agus cuí i bhfianaise líon na n-éileamh a rabhthas ag súil leo (bheadh moill ar phróiseáil éileamh mar thoradh ar ghnáthrialuithe), i bhfianaise na féidearthachta go gcaillfí baill foirne mar gheall ar Covid-19, agus ar mhaithe le leas an phobail. D'admhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh riosca na ró-íocaíochtaí níos airde ná mar is gnách.

**11.49** Tá fianaise ann nach raibh níos mó ná 9% de na héilitheoirí incháilithe don íocaíocht ÍDP a fuarthas ar an dáta a tástáladh i gcás sampla d'éilimh fostaithe a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú seo — níor chosúil go raibh thart ar an gceathrú cuid de na héilitheoirí sin i mbun fostaíochta sular éilíodh ÍDP agus is cosúil gur oibrigh trí cheathrú agus iad ag cur isteach ar ÍDP nó gur fhill siad ar fhostaíocht ach nár chuir siad an Roinn ar an eolas faoi sin.

**11.50** Beag beann ar an ngéarghá a bhí ann le líon mór íocaíochtaí a eisiúint laistigh de thréimhse ama ghearr, bhí deiseanna ann incháilitheacht le haghaidh íocaíochtaí a athbhreithniú de réir mar a chuaigh an scéim ar aghaidh. Fuarthas na nithe seo a leanas amach sa scrúdú

- Sheol an Roinn roinnt tionscadal chun incháilitheacht roinnt éilitheoirí a mheasúnú ach ní dhearna sí anailís ar na torthaí i dtéarmaí líon na n-éileamh ar scoireadh díobh. Chuir sé sin cosc ar an Roinn cohóirt shonracha éilitheoirí a shainaithint a raibh riosca níos airde íocaíochta neamh-incháilithe acu.
- Le linn 2020, rinne an Roinn athbhreithniú rialaithe ar incháilitheacht le haghaidh íocaíochta i 71,400 cás, arbh ionann é agus thart ar 9% de líon iomlán na n-éilitheoirí.[2]
- Cé gur bhain an Roinn úsáid as na sonraí is éasca a bhí ar fáil, thóg sé tamall uirthi gnáthsheiceáil a chur ar bun trí úsáid a bhaint as sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí Ioncaim, rud a d'fhéadfadh torthaí rialaithe a fheabhsú.
- Ó dheireadh mhí an Mheithimh 2020, chinn an Roinn ar an ráta ba cheart d'éilitheoir a fháil bunaithe ar a (h)ioncam i dtréimhsí ar leith ('tréimhsí tagartha'), ach ní raibh aon taifead ioncaim ag roinnt éilitheoirí a bhí ag fáil ÍDP ag an am sin sna tréimhsí roimhe seo agus lean siad ag fáil ÍDP. Ag deireadh mhí Aibreáin 2021, bhí níos mó ná 10,500 éilitheoir nach raibh aon taifead ioncaim acu sna tréimhsí sonraithe fós ag fáil ÍDP, ach dúnadh timpeall leath de na héilimh sin tar éis don Roinn obair a dhéanamh ina dhiaidh sin.

1 Thaisc roinnt éilitheoirí níos mó ná iarratas amháin, go háirithe de bhun tréimhsí athnuaite leagan as nó cailliúint fostaíochta.

2 D'fhéadfadh sé go ndearnadh athbhreithniú ar éilitheoir aonair níos mó ná uair amháin i gcás go raibh níos mó ná éileamh amháin aige/aici agus gur roghnaigh níos mó ná tionscadal athbhreithnithe rialaithe amháin é/í lena n-athbhreithniú.

**Moladh 11.1**

Ba cheart don Roinn straitéis a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun éilitheoirí ÍDP is fostaithe a athbhreithniú agus iad ag aistriú chuig scéimeanna eile nó chuig fostaíocht, lena chinntiú go ngabhtar gach ró-íocaíocht. Ba cheart anailís ar na ró-íocaíochtaí a braitheadh, lena n-áirítear treochtaí earnála, a úsáid chun bonn eolais a chur faoi athbhreithnithe siarghabhálacha, nuair is cuí, ar éilimh a dúnadh cheana féin.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Bunóidh agus cuirfidh an Roinn straitéis i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid éilitheoirí ÍDP is fostaithe chun cásanna féideartha d'fhorluí idir íocaíochtaí ÍDP agus taifid fostaíochta a shainaithint nó i gcás ina dtugann fianaise le tuiscint go bhféadfadh saincheisteanna comhlíonta ÁSPC teacht chun cinn. Ansin úsáidfear torthaí an athbhreithnithe sin chun sainaithint a dhéanamh ar na cásanna sin ina raibh riosca níos airde go ndearnadh éilimh chaiteachais neamh-incháilithe.

**11.51** Bhí deacracht ar leith ann maidir le hincháilitheacht a dhearbhú d'éilitheoirí a bhí féinfhostaithe roimhe seo. Measann an Roinn go raibh na héilitheoirí sin freagrach as thart ar 20% den chaiteachas iomlán ar ÍDP. D'fhonn a bheith incháilithe, b'éigean go raibh titim shuntasach san ioncam ag éilitheoirí féinfhostaithe. Mar sin féin, ní chuirtear an chuid is mó de thuairisceáin ó dhaoine féinfhostaithe do bhliain airgeadais ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim ach amháin i mí Dheireadh Fómhair na bliana dár gcionn agus, nuair a chuirfear isteach iad, ní sholáthróidh siad an fhianaise riachtanach maidir le hioncam.

**11.52** Mar thoradh air sin, níor éascaigh dearadh na scéime seiceálacha chun a fhíorú go raibh an t-éilitheoir ag comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta gníomhaíochta eacnamaíche. Ní fhéadfadh an scrúdú seo teacht ar chonclúid maidir le hincháilitheacht chatagóir féinfhostaithe na n-éilitheoirí a ndearnadh athbhreithniú orthu mar gheall ar an easpa fianaise chun tacú le cailliúint gníomhaíochta eacnamaíche mar gheall ar Covid-19.

**Moladh 11.2**

Ba cheart don Roinn straitéis a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilitheoirí féinfhostaithe ÍDP trí anailís earnála a dhéanamh agus trí úsáid a bhaint as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim amhail tuairisceáin féinfhostaíochta ÁSPC chun sainaithint a dhéanamh ar na cásanna sin ina raibh riosca níos airde go ndearnadh éilimh chaiteachais neamh-incháilithe.


**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Bunóidh agus cuirfidh an Roinn straitéis i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilitheoirí féinfhostaithe ÍDP, trí úsáid a bhaint as sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim amhail tuairisceáin féinfhostaíochta ÁSPC agus trí uirlisí anailíse gnó a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar na cásanna sin ina raibh riosca níos airde go ndearnadh éilimh chaiteachais neamh-incháilithe.

**11.53** Le torthaí na scrúduithe ar shampla d'éilimh ó fhostaithe ar ÍDP, tugtar léiriú gur dócha go raibh leibhéal na híocaíochta neamhrialta don scéim in 2020 ábhartha.

## Iarscríbhinn 11A Dáileadh rátaí ÍDP do sheachtainí roghnaithe




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Iarscríbhinn 11B Éabhlóid an dearbhaithe a rinne iarratasóirí ÍDP

### Foirm ar líne

Bhí ceithre leagan den fhoirm iarratais ÍDP ar líne - ar eisíodh iad i mí an Mhárta, mí Aibreáin, mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2020. Ceanglaíodh ar éilitheoirí an méid seo a leanas a dhearbhú

- go bhfuil siad ina gcónaí sa Stát (ó mhí Aibreáin) agus, ó mhí Dheireadh Fómhair, nach raibh siad incháilithe nuair a bhí siad as láthair ón Stát seachas de réir na reachtaíochta
- nach bhfuil a bhfostóir ag tabhairt íocaíochta dóibh agus, ó mhí Dheireadh Fómhair, go bhfuil ioncam éilitheoirí féinfhostaithe scortha nó laghdaithe a mhéid go bhfuil an t-éilitheoir ar fáil le haghaidh obair lánaimseartha
- go bhfuil an fhaisnéis fíor agus iomlán (ní admhaítear gur cion é faisnéis bhréagach a sholáthar)
- gurb amhlaidh, mura bhfuil an fhaisnéis a cuireadh ar fáil fíor, gur féidir go n-iarrfar orthu aon íocaíochtaí a fuarthas a aisíoc
- go gcuirfidh siad an Roinn ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dteidlíocht
- go bhfuil siad ag lorg fostaíochta i ndáiríre.

### Foirm pháipéir

Eisíodh trí leagan den fhoirm iarratais pháipéarbhunaithe ÍDP, a eisíodh i mí an Mhárta 2020, mí Lúnasa 2020 agus mí Dheireadh Fómhair 2020.

Murab ionann agus na foirmeacha iarratais ar líne, ní cheanglaíonn aon cheann de na foirmeacha páipéir dearbhú go bhfuil an t-éilitheoir ina c(h)ónaí sa Stát nó go bhfuil an t-éilitheoir ag lorg oibre i ndáiríre ná admháil gur féidir go n-iarrfar ar an éilitheoir íocaíochtaí a fuarthas a aisíoc más rud é go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil bréagach nó míthreorach. Suas go mí Dheireadh Fómhair 2020, ní raibh aon dearbhú sonrach féinfhostaíochta ann maidir le hioncam. Mar sin féin, dhearbhaigh éilitheoirí

- nach raibh a bhfostóir ag tabhairt íocaíochta dóibh
- go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil fíor agus iomlán
- go gcuirfeadh siad an Roinn ar an eolas faoi aon athrú ar chúinsí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a dteidlíocht.

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

# 12 Rialuithe maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá

**12.1** Tugadh an scéim fóirdheontais shealadaigh pá (an scéim) isteach chun cur ar chumas fostóirí a raibh súil acu go mbeadh tionchar ag srianta phaindéim Covid-19 orthu tacaíocht a fháil ón Stát maidir lena gcostais phá.[1] Ba é príomhaidhm na scéime tacú le leanúnachas na gcaidreamh fostaíochta thar thréimhse thosaigh an chuir isteach a bhain le Covid-19. Bhí an scéim i bhfeidhm thar thréimhse 22 sheachtain ón 26 Márta go dtí an 31 Lúnasa 2020.[2]

**12.2** In 2020, íocadh fóirdheontais dar luach iomlán €2.8 billiún (oll-luach) faoin scéim le 66,370 fostóir i leith thart ar 678,000 fostaí.[3, 4] Is ionann é sin agus meáníocaíocht de thart ar €4,100 in aghaidh an fhostaí.[5] Ina dhiaidh sin, fuarthas tacaíocht maoinithe €2.49 billiún (89%) ón Aontas Eorpach (AE) i leith na scéime an 30 Márta 2021.[6]

**12.3** Ceanglaíodh ar fhostóirí agus ar fhostaithe roinnt critéar incháilitheachta a chomhlíonadh faoin scéim seo (féach Fíor 12.1).

**12.4** Díríonn an scrúdú seo ar na struchtúir rialachais a glacadh, ar an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm chun incháilitheacht éileamh faoin scéim a fhíorú agus ar aisghabháil na bhfóirdheontas a íocadh de bhreis ar theidlíocht.

**Fíor 12.1 Critéir incháilitheachta fostóirí agus fostaithe faoin scéim**

| | | |
|---|---|---|
| FOSTÓIR | Tá an fostóir ag súil go dtiocfaidh laghdú 25% ar a laghad ar a ghnó (arna thomhas de réir láimhdeachais, orduithe ó chustaiméirí nó aon 'bhunúis réasúnaigh' eile) i ráithe 2 de 2020[a] | Caithfidh cur isteach diúltach eacnamaíoch suntasach a bheith ar an ngnó mar gheall ar phaindéim Covid-19 |
| FOSTÓIR | Ba mhaith leis an bhfostóir a chuid fostaithe a choinneáil ar an bpárolla | Ní féidir leis an ngnó gnáthphá nó gnáth-aschuir agus aon táscairí eile a chomhlíonadh[b] |
| FOSTAÍ | Ní mór don fhostaí a bheith ar phárolla an fhostóra an 29 Feabhra 2020[c] | Ní mór don fhostaí a bheith ar áireamh in aighneacht párolla a rinneadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse ón 1 Feabhra go dtí an 15 Márta 2020 |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim, *Treoir maidir le hIncháilitheacht Fostóirí agus Cruthúnas Tacaíochta do Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19*, Aibreán 2020

Nótaí:

a Sa treoir uathu, chuir na Coimisinéirí Ioncaim samplaí ar fáil de 'bhunús réasúnach'. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, i gcás go raibh bunús réasúnach ag fostóir nach raibh san áireamh sa treoir, gur cheart comhairle a lorg ón gceantar ábhartha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

b Chuir na Coimisinéirí Ioncaim treoir ar fáil maidir le táscairí eile ar dheacracht gnó, ar nós bearta faoisimh a idirbheartú le hinstitiúidí airgeadais agus cumarsáid le fostaithe nó ceardchumainn maidir le ciorruithe tuarastail/pá.

c Leathnaíodh na rialacha incháilitheachta i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2020 chun daoine ar shaoire mháithreachais, uchtála nó tuismitheora agus printísigh atá ag filleadh ar fhostóirí ó chláir oiliúna a áireamh.

1 Tugadh an scéim isteach leis an Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

2 Chuir an scéim aisíocaíochta fostóra roimh an scéim go gairid agus tháinig an scéim fóirdheontais pá fostaíochta (SFPF) i gcomharbacht uirthi. Thosaigh SFPF an 1 Meán Fómhair 2020 agus tá sé fós i bhfeidhm.

3 San áireamh in íocaíochtaí scéime tá €3.4 milliún a bhaineann leis an scéim aisíocaíochta fostóra.

4 I mí an Mhárta 2021, bhí íocaíochtaí gan íoc i ndáil le thart ar 900 fostaí ar ina leith a bhí sé casta an fóirdheontas a bhí dlite a ríomh. Cuimsíonn sé sin printísigh agus fostaithe a ghlac saoire mháithreachais, atharthachta nó uchtála i mí Feabhra/i mí an Mhárta 2020.

5 Bhí an fóirdheontas a íocadh le fostaithe incháinaithe. Mar sin féin, níor gearradh an cháin tráth a rinneadh an íocaíocht. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an dliteanas cánach a bhí dlite ag gach fostaí a ríomh ag deireadh 2020.

6 Maoiniú AE a deonaíodh faoin tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála. Bhain an maoiniú le costais a caitheadh ar an scéim.

## Rialachas na scéime

**12.5** Foráladh sa reachtaíocht atá mar bhonn agus taca leis an scéim go ndéanfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) í a mhaoiniú ach go ndéanfadh na Coimisinéirí Ioncaim í a riar.

**12.6** Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, rinne grúpa formhaoirseachta scéime bainistíocht ar an scéim, rud a chuimsigh baill de choiste comhairleach bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear an Cathaoirleach, an bheirt Choimisinéirí eile agus ceannairí rannacha sinsearacha. Ba é príomhról an ghrúpa formhaoirseacht a dhéanamh ar an scéim, an treo foriomlán a leagan síos don tionscadal agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí beartais. Thacaigh roinnt grúpaí oibríochta leis an ngrúpa sin — grúpa stiúrtha ar leibhéal an Phríomhoifigigh agus grúpaí saineolaithe, comhlíonta agus réitigh.

**12.7** Bhí grúpa oibre idir-rannach a chuimsigh baill foirne ag leibhéal rúnaí chúnta ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón Roinn ann cheana féin. Ní raibh téarmaí tagartha foirmiúla ag an ngrúpa oibre sin, ach tháinig sé le chéile go tréimhsiúil chun raon saincheisteanna a bhaineann leis an dá eintiteas a phlé. Úsáideadh an grúpa chun idirchaidreamh idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn a éascú maidir le hoibriú na scéime.

**12.8** Tugann miontuairiscí an ghrúpa idir-rannaigh le fios gur tháinig an grúpa le chéile faoi dhó le linn oibriú na scéime i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2020, agus uair amháin i mí Mheán Fómhair 2020, tar éis chríochnú na scéime. Phléigh an grúpa sonraí faoin gclár comhlíonta atá á sheoladh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Úsáideadh na cruinnithe freisin chun an t-eolas is déanaí a sholáthar don Roinn, lena n-áirítear aon saincheisteanna a bhaineann le hoibriú na scéime. Dheimhnigh an Roinn go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim cinntí críochnaitheacha maidir le beartais agus nósanna imeachta oibríochta atá mar bhonn agus taca leis an scéim.

**12.9** Dúirt an Roinn go raibh rannpháirtíocht rialta ann freisin lasmuigh den phróiseas foirmiúil cruinnithe ar nós rannpháirtíochta leo seo a leanas

- na Coimisinéirí Ioncaim maidir le forbairt na scéime, bainistíocht cisteáin/maoiniú na scéime agus forbairt ábhar treorach d'fhostóirí agus do sholáthraithe párolla ar riarachán na scéime
- an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le maoiniú na scéime, coinníollacht na scéime agus rátaí fóirdheontais.

**12.10** An 4 Meitheamh 2020, chuir Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim litir fhoirmiúil dearbhaithe ar fáil d'Ard-Rúnaí na Roinne maidir le hoibriú na rialuithe ar an scéim. Sa litir, tugadh faoi deara go raibh struchtúir agus próisis rialachais láidre i bhfeidhm, lena n-áirítear an méid seo a leanas.

- Bhí grúpa stiúrtha trasfheidhmiúil tiomnaithe faoi chathaoirleacht Rúnaí Chúnta agus grúpa formhaoirseachta i bhfeidhm.
- Sular cuireadh san áireamh iad sa scéim, rinneadh seiceálacha comhlíonta fíor-ama lena chinntiú go raibh fostaithe ar éilíodh fóirdheontais ina leith ar phárolla an fhostóra.
- Rinneadh seiceálacha fíoraithe lena chinntiú go ndearnadh fóirdheontais a éileamh agus a íoc ag an méid ceart.[1]
- Bhí clár rioscaí i bhfeidhm chun na príomhrioscaí a bhaineann le Covid-19 a aithint, a mheas agus a ghrádú, lena n-áirítear laigí rialaithe féideartha sa scéim.

1 Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an fóirdheontas a bhí dlite do gach fostóir a ríomh bunaithe ar an meán-ghlanphá seachtainiúil ioncaim (MGPSI) do gach fostaí incháilithe. Tá MGPSI bunaithe ar aighneachtaí párolla le haghaidh mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2020 a rinneadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim do gach fostaí incháilithe.


## Oibriú na scéime

**12.11** Bhí ligean isteach sa scéim bunaithe ar fhéinmheasúnú agus chuir gach fostóir dearbhú isteach á rá go raibh cur isteach suntasach eacnamaíoch orthu mar gheall ar Covid-19 nó go raibh súil acu leis an gcur isteach sin. Bhain thart ar 36% de na fostóirí uile a bhí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim sular dearbhaíodh an phaindéim leas as an scéim. Tá líon na bhfostóirí agus na bhfostaithe de réir contae leagtha amach in Iarscríbhinn 12A.1.

**12.12** Bhí trí earnáil — mórdhíol agus miondíol, cóiríocht agus seirbhís bia (fáilteachas), agus déantúsaíocht — freagrach as beagnach leath (47%) de na fóirdheontais scéime go léir, agus b'ionann iad agus 51% de na fostaithe ar tugadh tacaíocht dá bhfostaíocht (féach Fíor 12.2).

**12.13** Bhí an mheántacaíocht in aghaidh an fhostaí sa raon idir €3,000 agus díreach os cionn €5,000 i ngach earnáil (féach Fíor 12.3).


**Fíor 12.2 Tacaíocht shealadach pá, de réir earnála, Márta go Lúnasa 2020**[a]




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Eisíodh roinnt íocaíochtaí tar éis na tréimhse a chuimsítear sa scéim. Is é luach na n-íocaíochtaí a thaispeántar an t-iomlán a íocadh suas go deireadh mhí na Nollag 2020.

**Fíor 12.3 Meánfhóirdheontas tacaíochta pá in aghaidh an fhostaí, de réir earnála, Márta go Lúnasa 2020**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Méideanna fóirdheontais*

**12.14** Luaitear i reachtaíocht na scéime gurb é an tAire Airgeadais (an tAire) a chinnfidh méid an fhóirdheontais. An 16 Aibreán 2020, d'eisigh an tAire litir chuig Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim inar leagadh amach na rátaí a socraíodh.

**12.15** D'oibrigh an scéim in dhá chéim — céim 'idirthréimhseach' lenar cumhdaíodh cúig seachtaine idir an 26 Márta agus an 3 Bealtaine 2020; agus céim 'oibríochtúil' lenar cumhdaíodh an tréimhse idir an 4 Bealtaine 2020 agus an 31 Lúnasa 2020. Cuireadh socruithe fóirdheontais éagsúla i bhfeidhm sna céimeanna éagsúla.

### *An chéim idirthréimhseach*

**12.16** Íocadh fóirdheontais arbh fhiú €728 milliún san iomlán iad i leith chéim idirthréimhseach na scéime.

**12.17** Íocadh fóirdheontas ar ráta comhréidh €410 in aghaidh an fhostaí cháilithigh in aghaidh na seachtaine le fostóirí incháilithe le linn na céime seo. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl d'fhostóirí, áfach, gurb amhlaidh, i gcásanna ina raibh glanphá roimh ré na bhfostaithe níos lú ná an fóirdheontas ar ráta comhréidh,

- gur cheart dóibh íocaíocht neamhchánaithe a dhéanamh le fostaithe ag ráta 70% de mheánthuilleamh seachtainiúil an fhostaí agus
- gur cheart dóibh barrachas an fhóirdheontais a fuarthas thar an méid a íocadh i ndáiríre le gach fostaí a choinneáil siar mar go mbeadh na suimeanna sin inaisíoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim.


### *An chéim oibríochtúil*

**12.18** Íocadh fóirdheontais dar luach iomlán €2.03 billiún i leith na céime oibríochtúla idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa 2020 — 17 seachtaine san iomlán. Sa chéim oibríochtúil, rinneadh an fóirdheontas a bhí iníoctha a ghrádú ag brath ar mheán-ghlanphá seachtainiúil ioncaim an fhostaí (MGPSI) le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2020, agus faoi réir caidhpeanna áirithe.

- Maidir le fostaithe a raibh a meán-ghlanphá seachtainiúil ioncaim cothrom le €500 nó níos lú ná sin, b'ionann méid an fhóirdheontais iníoctha agus 85% de MGPSI, ach rinneadh é sin a chaidhpeáil ag €350 in aghaidh na seachtaine.
- Maidir le fostaithe a raibh a meán-ghlanphá seachtainiúil ioncaim idir €500 agus €586, íocadh an fóirdheontas ag 70% de MGPSI agus rinneadh é sin a chaidhpeáil ag €410 in aghaidh na seachtaine.
- Nuair a sháraigh MGPSI €586, léirigh an fóirdheontas a bhí iníoctha an laghdú (más ann) i dtuilleamh seachtainiúil a thabhaigh an fostaí: má bhí an laghdú cothrom le 40% nó níos mó de MGPSI an fhostaí, b'ionann an fóirdheontas a bhí iníoctha agus méid comhréidh €350 in aghaidh na seachtaine; má bhí an laghdú sa raon idir 20% agus 40%, bhí fóirdheontas ar ráta comhréidh de €205 in aghaidh na seachtaine iníoctha; agus ní raibh aon fhóirdheontas iníoctha má bhí an laghdú ar thuilleamh seachtainiúil níos lú ná 20% de MGPSI.

**12.19** Ba é toradh an struchtúir fóirdheontais ná soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí nach mó ná €410 sa tseachtain, agus nach mó ná 85% den réamhthuilleamh seachtainiúil (féach Fíor 12.4 agus Iarscríbhinn 12B.1).

**Fíor 12.4 Ráta an fhóirdheontais pá, i gcoibhneas le meánphá roimh ré ó €100 sa tseachtain go €1,000 sa tseachtain[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá feidhm ag barrchaolú nó srianadh an fhóirdheontais i ngach cás ina sáraíonn MGPSI €412 chun a chinntiú nach sáraíonn an pá iomlán (ollphá an fhostóra móide an fóirdheontas) MGPSI nó €960 ar bhonn glan. Má tá MGPSI níos lú ná €412, ní bheidh an t-ollphá iomlán móide an fóirdheontas a níos mó ná €350.

- An fóirdheontas uasta is iníoctha bunaithe ar MGPSI, faoi réir barrchaolaithe.
- An fóirdheontas is iníoctha má tá an t-ollphá reatha níos lú ná 60% de MGPSI, is é an fóirdheontas uasta is iníoctha ná €350 in aghaidh na seachtaine, faoi réir barrchaolaithe.
- An fóirdheontas is iníoctha má tá an t-ollphá reatha idir 60% - 80% de MGPSI, is é an t-uasfhóirdheontas is iníoctha ná €205 faoi réir barrchaolaithe.
- Níl aon fhóirdheontas iníoctha má tá an t-ollphá reatha níos mó ná 80% de MGPSI.

### *Impleachtaí cánach d'fhostaithe a fuair fóirdheontas*

**12.20** Cé go raibh na híocaíochtaí fóirdheontais a fuair fostaithe faoi dhliteanas cánach ioncaim agus an Mhuirir Shóisialaigh Uilíoch (MSU), ní raibh aon cheanglas ar fhostóirí na hasbhaintí sin a dhéanamh ag an bhfoinse tráth na híocaíochta. I roinnt cásanna, ba é an toradh a bhí air sin gur íocadh dliteanais fostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain chánach 2020. Ina ionad sin, chinn na Coimisinéirí Ioncaim na dliteanais ag deireadh na bliana (2020).

**12.21** I mí Eanáir 2021, rinne na Coimisinéirí Ioncaim méideanna a ríomh agus a mheas go raibh €186 mhilliún dlite dóibh ó 198,400 fostaí — thart ar 30% d'fhostaithe a bhí ag fáil íocaíochtaí faoin scéim. Ba é an meándliteanas measta ná €938 in aghaidh an fhostaí faoi dhliteanas.

**12.22** Bhí roinnt roghanna ar fáil chun an dliteanas a íoc nó a ghlanadh.

- D'fhéadfadh fostóir dliteanais chánach na scéime a íoc thar ceann an fhostaí gan feidhm a bheith ag na gnáthrialacha sochair chomhchineáil.
- D'fhéadfadh an fostaí a roghnú an dliteanas iomlán, nó cuid den dliteanas a ghlanadh trí íocaíocht amháin, agus aon iarmhéid den dliteanas á bhailiú thar cheithre bliana ón 1 Eanáir 2022 trí chreidmheasanna cánach an fhostaí a laghdú.
- D'fhéadfadh fostaí a d(h)liteanas a fhritháireamh freisin má tá sé/sí i dteideal creidmheasanna breise a éileamh, mar shampla costais sláinte.

Go dtí seo, íocadh €30.8 milliún den dliteanas atá dlite agus thángthas ar chomhaontuithe maidir le creidmheasanna cánach a laghdú do bhlianta amach anseo maidir le €66.5 milliún. Maidir leis an iarmhéid measta €88.7 milliún, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil próiseas á fhorbairt acu le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta le fostaithe nár chríochnaigh a n-athbhreithniú do 2020 tar éis a réamhráiteas deireadh bliana a eisiúint.

**12.23** D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim freisin go raibh roinnt fostaithe i dteideal aisíocaíocht cánach ioncaim agus MSU a íocadh roimh mhí an Mhárta 2020 mar thoradh ar a bpá incháinaithe a bheith á laghdú mar gheall ar shrianta Covid-19 agus mar gheall ar bhonn carnach an chánachais a oibriú.[1]

## Athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar incháilitheacht

### *Seiceáil uathoibrithe*

**12.24** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim roinnt seiceálacha ar na héilimh a fuarthas sular íocadh fóirdheontais pá. Seiceálacha uathoibrithe ba ea iad sin, áit ar úsáideadh faisnéis a bhí ar fáil cheana féin ar chóras TFC na gCoimisinéirí Ioncaim, agus bhí an méid seo a leanas i gceist leo.

- Maidir le híocaíochtaí fóirdheontais roimh an 24 Aibreán 2020, rinne an córas seiceáil go ndearna an fostóir aighneacht párolla cháilitheach don fhostaí roimh an 15 Márta.
- Maidir le híocaíochtaí fóirdheontais an 24 Aibreán 2020 nó ina dhiaidh sin, rinne an córas seiceáil go ndearna an fostóir aighneacht párolla cháilitheach don fhostaí roimh an 1 Aibreán.
- Bhí na fostaithe sonraithe ar an bpárolla ag deireadh mhí Feabhra 2020.

**12.25** Mar thoradh ar na seiceálacha uathoibrithe, níor ghnóthaigh 22 fhostóir (as na 67,667 bhfostóir san iomlán a rinne iarratas) rochtain ar an scéim.[2]

### *Seiceáil mhionsonraithe*

**12.26** I mí an Mheithimh 2020, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le clár céimnithe seiceálacha incháilitheachta ar gach ceann de na 66,370 fostóir a chláraigh le haghaidh fóirdheontas faoin scéim agus a fuair na fóirdheontais sin. Eisíodh litreacha chuig gach gnólacht, inar iarradh dearbhaithe gur chomhlíon an fostóir na critéir incháilitheachta, go raibh an méid ceart fóirdheontais á íoc le fostaithe, agus gur sainaithníodh méid an fhóirdheontais ar leithligh ar dhuillín pá an fhostaí.

1 Is í an cháin charnach an cháin atá dlite ar ioncam iomlán an fhostaí ón 1 Eanáir go dtí an dáta reatha. Is í an cháin atá dlite d'aon tréimhse pá an cháin charnach is iníoctha lúide an cháin a asbhaineadh cheana féin le linn na bliana sin.

2 Níor lean 1,275 iarratasóir ar aghaidh le héilimh a dhéanamh.

**12.27** Agus na seiceálacha comhlíonta sin á ndéanamh acu, thug na Coimisinéirí Ioncaim tosaíocht d'fhostóirí a fuair na méideanna fóirdheontais is airde agus a raibh líon mór fostaithe acu. Chuir siad stair comhlíonta fhoriomlán an fhostóra san áireamh freisin agus rinne siad athbhreithniú ar roinnt táscairí a d'fhéadfadh neamh-incháilitheacht a léiriú, mar shampla an raibh an fostóir i dtionscal nach mbraitear go ginearálta go raibh tionchar diúltach ag Covid-19 air. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha incháilitheachta leis na fostóirí go léir agus d'iarr siad faisnéis chun tacú le hincháilitheacht faoin scéim.

**12.28** Ligeadh fostóirí isteach sa scéim ar an mbonn go raibh an fostóir ag súil go dtiocfadh laghdú 25% nó níos mó ar láimhdeachas gnó (e.g. i gcomparáid leis an gcéad ráithe de 2020 nó an dara ráithe de 2019). I gcásanna nár tháinig laghdú ar láimhdeachas i ndáiríre iontu, nó inar tháinig laghdú níos lú ná 25% air, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis bhreise ó fhostóirí go raibh bunús réasúnach acu lena bheith ag súil le laghdú den sórt sin agus iad ag déanamh iarratais ar rannpháirtíocht sa scéim. Sampla de bhunús den sórt sin le haghaidh éileamh ná fianaise ar na nithe seo a leanas

- orduithe nó áirithintí ó chustaiméirí i mí an Mhárta 2020 i gcomparáid le mí Feabhra 2020, rud a léiríonn titim shuntasach sa láimhdeachas
- doiciméid a cuireadh faoi bhráid institiúid airgeadais le linn bearta faoisimh a idirbheartú leis an institiúid airgeadais
- cumarsáidí chuig fostaithe nó ceardchumainn maidir le ciorruithe tuarastail/pá a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh díreach ar Covid-19.

**12.29** Má bhí an cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a rinne an tseiceáil sásta leis an bhfaisnéis a chuir an fostóir ar fáil, dúnadh an cás. Mura raibh an cásoibrí sásta léi, aistríodh an cás chuig idirghabháil neamhiniúchta le haghaidh obair leantach.[1]


**12.30** Ag deireadh mhí Feabhra 2021, dhún cásoibrithe na gCoimisinéirí Ioncaim 93% de na seiceálacha comhlíonta a rinneadh tar éis a dheimhniú go raibh an fostóir incháilithe bunaithe ar cheanglais na scéime. Dúnadh 1,371 cheann de na 2,376 chás a ardaíodh. Laistigh de na cásanna a dúnadh, bhí 109 bhfostóir a fuair fóirdheontais scéime dar luach iomlán €21 mhilliún. Sna cásanna sin, bhí an titim láimhdeachais a bhí ag na gnólachtaí níos lú ná 25%, ach ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leis go raibh ionchas réasúnach ag na fostóirí lena mbaineann agus iad ag dul isteach sa scéim go laghdódh an láimhdeachas go suntasach sa tréimhse ábhartha.

**12.31** Ag deireadh mhí Feabhra 2021, bhí 3,294 sheiceáil incháilitheachta scéime (5%) fós ar oscailt. Is ionann é sin agus 5% de na fostóirí agus €102 mhilliún (4%) de na fóirdheontais iomlána a íocadh. Tá níos mó ná 2,000 ceann díobh sin ar oscailt toisc nár thug an fostóir freagra ar chomhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh leis na cásanna sin a fhiosrú trí litreacha agus glaonna teileafóin.

**12.32** Tá achoimre ar ghníomhaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim leagtha amach i bhFíor 12.5.

1 Cinntear na cineálacha idirghabhála comhlíonta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim de réir na rioscaí a shainaithnítear. Áirítear le hidirghabhálacha neamhiniúchta seiceálacha dearbhaithe, ceisteanna gné agus agallaimh phróifíle.

**Fíor 12.5 Gníomhaíochtaí comhlíonta - Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Neamh-incháilitheacht bhraite*

**12.33** Faoin 28 Feabhra 2021, bhí measúnuithe ar dhliteanais ardaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus bhí €10.6 milliún gnóthaithe acu maidir le 524 fhostóir, tar éis dóibh seiceálacha incháilitheachta scéime a chríochnú.[1]

- I 300 cás, chinn na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh an fostóir incháilithe dá áireamh sa scéim agus lorgaíodh aisíocaíocht iomlán an fhóirdheontais. B'ionann é sin agus díreach faoi bhun €5.1 milliún. Sna cásanna sin, ardaíodh dliteanais os cionn €2.3 milliún a bhaineann le cánacha eile.
- I 90 cás, chinn na Coimisinéirí Ioncaim go raibh ionchas réasúnach ag an bhfostóir, ar dhul isteach sa scéim dó, go laghdódh láimhdeachas faoi 25%. Sna cásanna sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim iarracht méideanna a íocadh tar éis dháta na hidirghabhála nó tar éis an 30 Meitheamh 2020, cibé acu ba luaithe, a aisghabháil. Bailíodh ró-íocaíochtaí dar luach €2.1 milliún san iomlán arbh ionann iad agus thart ar 30% de na méideanna a íocadh leis na fostóirí sin.
- Ardaíodh ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €0.7 milliún i ndáil le 110 bhfostóir i ndáil le tréimhsí neamh-incháilitheachta nó fostaithe neamh-incháilithe.
- Ardaíodh ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €0.4 milliún i ndáil le 19 bhfostóir i gcás gur aisíoc an fostóir an t-airgead go léir a fuarthas tar éis litir a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim inar iarradh faisnéis tacaíochta ar theidlíocht don scéim.
- Bhain an €20,000 eile le ganníocaíochtaí cánach eile a sainaithníodh mar chuid den athbhreithniú.

### *Aisíocaíochtaí breise*

**12.34** Suas go lár mhí an Mhárta 2021, rinne fostóirí áirithe aisíocaíochtaí ar fhóirdheontais a fuarthas agus nach raibh mar thoradh díreach ar obair fhoirmiúil comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim.

- An 30 Deireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim liosta d'fhostóirí a bhain leas as an bhfóirdheontas. Roimhe sin, thug na Coimisinéirí Ioncaim rogha d'fhostóirí aon mhéideanna fóirdheontais a fuarthas a aisíoc chun go bhféadfaí iad a eisiamh ón liosta foilsithe. Bhain 406 fostóir leas as an rogha sin agus d'aisíoc siad na fóirdheontais a fuarthas — €6.2 milliún.[2]
- Fuarthas €72.6 milliún a bhain le méideanna a aisíocadh agus a sháraigh an fóirdheontas a bhí dlite bunaithe ar an meánphá seachtainiúil a íocadh leis an bhfostaí.

### *Athbhreithniú ar na seiceálacha comhlíonta a cuireadh i gcrích*

**12.35** Mar chuid den scrúdú seo, roghnaíodh 30 idirghabháil dhúnta lena n-athbhreithniú. I 22 chás, níor tugadh aon fhadhb faoi deara faoin gcaoi a ndearnadh seiceálacha comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim.

**12.36** In ocht gcinn de na cásanna a scrúdaíodh, rinne na fostóirí a láimhdeachas a thuar don dara ráithe de 2020 ar bhonn ioncaim phríobháidigh amháin, agus bhí íocaíochtaí Rialtais eisiata acu. Mar shampla, áiríodh ar na híocaíochtaí a d'aithin an scrúdú Scéim Íocaíochtaí Cúnaimh Shealadaigh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le tithe altranais príobhháideacha, agus íocaíochtaí seirbhíse aisíocaíochta cúraim phríomhúil le gairmithe cúram sláinte. Ní raibh cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith fóirdheontais a íocadh a aisghabháil comhsheasmhach d'eintitis san earnáil chéanna.

1 Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, cé go n-áirítear leis seo méideanna a ró-íocadh i ndáil leis an scéim, go gcuimsíonn sé freisin méideanna atá dlite ó na fostóirí lena mbaineann a bhaineann leis an scéim fóirdheontais pá fostaíochta (SFPF) agus cáin bhreisluacha (CBL) agus ÁSPC, mar a sainaithníodh i roinnt cásanna le linn an athbhreithnithe.

2 Bhí sé mar choinníoll den scéim go gceanglófaí ar fhostóirí cáin ioncaim, MSU agus ÁSPC gan íoc a íoc chun foilsiú a sheachaint. Níl méid na gcánacha agus na ranníocaíochtaí breise a íocadh ar fáil. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach bhféadfadh siad miondealú ar an gcáin ioncaim, MSU agus ÁSPC a bhaineann le fóirdheontas na scéime i gcomparáid le hasbhaintí a bhí dlite ar dhíolaíochtaí rialta a asbhaint ón tuairisceán foriomlán ó fhostóirí don tréimhse lena mbaineann.

- I gcás amháin a raibh fóirdheontais dar luach iomlán €3,908 i gceist leis, lorg na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht pháirteach €1,302.
- In dhá chás a raibh fóirdheontais scéime dar luach iomlán €132,057 i gceist leo, lorg na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht iomlán. Nuair a rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an doiciméadacht maidir lena láimhdeachas, mheas an cásoibrí go raibh na heintitis neamh-incháilithe don scéim nuair a cuireadh íocaíochtaí Rialtais san áireamh, agus dá bhrí sin, nár fhulaing na gnólachtaí laghdú 25% (nó níos mó) ar láimhdeachas sa tréimhse. Measadh gur theip ar an dá eintiteas fianaise dhóthanach a sholáthar go raibh ionchas réasúnach acu go ligfí isteach sa scéim iad.
- I gcúig chás a raibh fóirdheontais dar luach iomlán €234,147 i gceist leo, níor lorg na Coimisinéirí Ioncaim aon aisíocaíocht. Sna cásanna sin, thug na casoibrithe faoi deara gur chreid siad gur shuigh an fostóir ionchas réasúnach, bunaithe ar an bhfaisnéis uile a chuir an fostóir ar fáil, lena n-áirítear an gnólacht a dhúnadh agus ioncam éiginnte sa todhchaí, ar iarratas a dhéanamh ar an scéim. Mar sin féin, ní measúnuithe cearta iad sin mar ba cheart íocaíochtaí ionchais Rialtais sa tréimhse a chur ar áireamh sna ríomhanna ag na heintitis ar dhul isteach sa scéim dóibh.

**12.37** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh a gcur chuige sna cásanna sin bunaithe ar chúinsí iomlána an fhostóra, rud as ar tháinig torthaí difriúla do na fostóirí a scrúdaíodh.

**12.38** Foilsíodh treoir maidir le hoibriú na scéime ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. Cé gur nuashonraíodh an fhaisnéis roinnt uaireanta le linn oibriú na scéime, níor shonraigh an treoir ag aon chéim an ceanglas chun íocaíochtaí Rialtais a áireamh mar chuid de láimhdeachas.

### *Dearbhú cáilíochta*

**12.39** Bhunaigh rannáin ábhartha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim foireann láraithe dearbhaithe cáilíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheiceálacha incháilitheachta dúnta. Bhí béim na seiceálacha cáilíochta ar chaighdeáin seirbhíse do chustaiméirí, ar chruinneas na faisnéise ar chomhfhreagras a eisíodh d'fhostóirí, ar incháilitheacht fostóirí don scéim agus ar a dheimhniú go bhfuarthas an fhaisnéis uile a iarradh. Rinneadh 1,221 seiceáil cáilíochta san iomlán suas go deireadh mhí Feabhra 2021, rud a bhí cothrom le díreach faoi bhun 2% de na cásanna dúnta go léir.

**12.40** Bhí torthaí an phróisis dearbhaithe cáilíochta dearfach, tríd is tríd. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna maidir le beagnach dhá dtrian de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu. I 30% eile de na cásanna, aithníodh san athbhreithniú roinnt mion-saincheisteanna nós imeachta maidir le riarachán na seiceála comhlíonta, mar shampla i gcás nár eisíodh litir dúnta don fhostóir.

**12.41** Aithníodh saincheisteanna níos substaintiúla maidir le 5% de na cásanna. Thug an t-athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta faoi deara nach ndearna an cásoibrí aon obair leantach i roinnt cásanna.[1]

- ní bhfuarthas duillíní pá iarrtha mar a iarradh in 41 chás (3%)
- níor soláthraíodh freagra sásúil maidir le hincháilitheacht fostóra i 19 gcás (2%).

**12.42** Cuireadh torthaí an phróisis dearbhaithe cáilíochta ar fáil do ghrúpa formhaoirseachta na scéime ar bhonn seachtainiúil. Rinneadh an lámhleabhar treorach d'fhoireann a dhéanann idirghabhálacha comhlíonta a nuashonrú roinnt uaireanta chun ceanglais na foirne a shoiléiriú agus iad i mbun seiceálacha incháilitheachta.

1 I gcás inar shainaithin an próiseas dearbhaithe cáilíochta nár soláthraíodh freagra sásúil maidir le hincháilitheacht fostóirí, rinneadh athbhreithniú breise sna cásanna sin agus bhí gníomh ag teastáil i roinnt díobh.

### *Deireadh na scéime a réiteach*

**12.43** Bhí sé de dhualgas ar fhostóirí a bhain leas as an scéim cuid de na fóirdheontais a fuarthas nó iad go léir a aisíoc i gcás

- gur sháraigh an ráta comhréidh a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim le linn na céime idirthréimhsí an méid a bhí dlite d'fhostaithe
- gur sháraigh na méideanna a íocadh leis an bhfostóir le linn na céime oibríochtúla na méideanna a d'íoc an fostóir leis an bhfostaí (bunaithe ar MGPSI na bhfostaithe).

**12.44** I mí na Nollag 2020, ríomh na Coimisinéirí Ioncaim na méideanna a bhí iníoctha le fostaithe aonair (trí thagairt dá MGPSI) agus rinne siad comparáid idir sin agus an méid iomlán a íocadh lena bhfostóir.[1] I mí an Mhárta 2021, chuir na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis réitigh ar fáil do gach fostóir, agus torthaí an chleachtaidh sin á leagan amach acu. Mheas na Coimisinéirí Ioncaim go raibh réiteach cothrom ag 41% d'fhostóirí agus go raibh coigeartuithe réitigh ag an 59% eile mar a leanas

- Íocadh le 32,600 fostóir (56%) níos mó ná mar a d'íoc siad lena bhfostaithe ina dhiaidh sin. Bhí luach comhcheangailte €224 mhilliún ar na ró-íocaíochtaí a sainaithníodh. As seo, bhain díreach faoi bhun €200 milliún leis an gcéim idirthréimhseach ar lena linn a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim ráta comhréidh €410 in aghaidh an fhostaí in aghaidh na seachtaine. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim comhairle ar fhostóirí ag tús na scéime 70% dá meán-ghlanphá seachtainiúil a íoc le fostaithe incháilithe agus go n-aisíocfaí aon bharrachas níos déanaí.
- Aithníodh 1,800 fostóir (3%) mar chinn a bhféadfadh fóirdheontais bhreise dar luach €1.4 milliún a bheith dlite dóibh.

**12.45** Suas go deireadh mhí an Mheithimh 2021, bhí fostóirí in ann ceartúcháin a dhéanamh ar shonraí a tuairiscíodh roimhe seo agus glacadh leis an réiteach. Tar éis an phróisis sin, chinn na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é €311 mhilliún an dliteanas deiridh. Baineann €252 mhilliún de sin le fóirdheontais a íocadh le linn na céime idirthréimhsí.[2]

1 Níor chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim réiteach d'fhostóirí a bhí fós bainteach le hathbhreithniú comhlíonta nó i gcásanna ina raibh cásobair fós ar siúl.

2 Is é an dliteanas deiridh €311 mhilliún iomlán na n-íocaíochtaí fóirdheontais uile a shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim mar fhóirdheontais a bhí inaisíoctha.

## Conclúidí agus moltaí

**12.46** Thug an scéim fóirdheontais shealadaigh pá cúnamh an-suntasach d’fhostóirí a thuairiscigh go raibh siad ag súil le drochthionchar suntasach ar a ngnólacht mar gheall ar shrianta Covid-19. In 2020, íocadh €2.8 billiún san iomlán le 66,370 fostóir i leith 678,236 fhostaí. B’ionann na fostóirí a bhain leas as an scéim agus 36% de na fostóirí uile a bhí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh an bpaindéim.

**12.47** Rinneadh costas na scéime don Státchiste a fhritháireamh go mór le maoiniú a fuarthas ó AE faoin gclár chun freagairt d’éigeandáil Covid-19.

**12.48** Cosúil le riar an chórais chánach agus murab ionann agus scéimeanna caighdeánacha Leasa Shóisialaigh de chuid na Roinne, d’oibrigh an scéim ar bhonn féinmheasúnaithe. Chiallaigh sé sin gur dhearbhaigh fostóirí gur chomhlíon siad na critéir incháilitheachta agus an méid a bhí dlite dóibh agus go bhfuair siad an fóirdheontas ar an mbonn sin.

### *Rialachas*

**12.49** Cé gur iompair Vóta 37 Coimirce Shóisialach costas na scéime, chuidigh na Coimisinéirí Ioncaim le dearadh agus oibriú na scéime. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim struchtúr bainistíochta inmheánach foirmiúil i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an oibríocht agus d’úsáid siad grúpa idirchaidrimh ghinearálta a bhí ann cheana chun idirchaidreamh a éascú idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn maidir le hoibriú na scéime.

### *Bailíocht na n-éileamh a thástáil*

**12.50** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim córas cuimsitheach comhlíonta i bhfeidhm, rud a chuimsigh roinnt eilimintí.

**12.51** Agus úsáid á baint as faisnéis áirithe a bhíonn ar fáil de ghnáth ar chórais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim, rinneadh seiceálacha uathoibrithe chun a dhearbhú gur chuir an fostóir tuairisceáin ÍMAT isteach sa tréimhse roimhe sin agus go raibh na fostaithe a raibh éileamh á ndéanamh dóibh ar an tuairisceán sin.

**12.52** Cuireadh tús le seiceálacha comhlíonta ar gach fostóir a fuair fóirdheontais i mí an Mheithimh 2020. Bhí sé mar aidhm leis na seiceálacha sin athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht d’áireamh sa scéim. Faoi dheireadh mhí Feabhra 2021, bhí 63,076 athbhreithniú (95%) críochnaithe. Ní dhearna 2,000 fostóir (3%) a fuair fóirdheontais aon teagmháil fós leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Moladh 12.1**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar shaintréithe na seiceálacha comhlíonta atá fós ar oscailt d’fhonn plean a fhorbairt chun na hathbhreithnithe sin a thabhairt chun críche.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Ó mhí Feabhra 2021, lean gach Rannán ag déanamh teagmháil le fostóirí nár éirigh leo dul i dteagmháil leis an gclár seiceála comhlíonta. Mar shampla, reáchtáladh mórfheachtas eisiúna litreach chun a gcuid oibleagáidí a mheabhrú d'fhostóirí agus chun fógra a thabhairt d'fhostóirí go n-eiseofaí fógra measúnaithe ar "cháin ábhartha" mar thoradh ar neamh-rannpháirtíocht leanúnach. Foráiltear le halt 28(11) den Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020, go bhfuil dliteanais scéime faoi réir measúnaithe mar cháin ábhartha. Eisíodh 295 fhógra measúnaithe chuig na fostóirí sin nach ndeachaigh i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gceist seo. As na fostóirí sin a fuair fógra measúnaithe, chuaigh 201 cheann i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun saincheisteanna a bhí fós amuigh a réiteach, rud a d'fhág nach raibh líon beag fostóirí (94 cinn) i mbun rannpháirtíochta agus é seo á scríobh. Faoi réir cheart gach fostóra achomharc a dhéanamh, caithfear leis na méideanna sin amhail is dá mbeadh siad dlite agus iníoctha ach féadfar iad a trádstóráil i gcás go mbeidh an fostóir incháilithe le haghaidh trádstórála cánach. Mar thoradh ar na bearta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim chun seiceálacha comhlíonta na scéime a thabhairt i gcrích, bhí 99.6% de na seiceálacha comhlíonta curtha i gcrích go hiomlán amhail Lúnasa 2021, agus socraíochtaí dar luach iomlán €27.2m á ndéanamh ag fostóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**12.53** Scrúdaíodh sampla de 30 cás seiceála comhlíonta chun críche an scrúdaithe seo. In 22 cheann de na cásanna, níor tugadh aon ábhar imní faoi deara. Aimsíodh, áfach, go raibh cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le fóirdheontais a íocadh a aisghabháil neamh-chomhsheasmhach in ocht gcás, go háirithe maidir le fostóirí san earnáil chéanna nár tháinig laghdú 25% ar a láimhdeachas nuair a cuireadh íocaíochtaí Rialtais san áireamh.

**12.54** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha dearbhaithe cáilíochta ar shampla a bhí cothrom le 2% de na cásanna dúnta go léir. Aimsíodh sna seiceálacha sin nach raibh an fhaisnéis uile a bhí ag teastáil i gceann amháin as gach 20 ceann (5%) de na cásanna athbhreithnithe nó nach ndearnadh aon obair leantach i leith freagraí míshásúla, de réir mar ba ghá. Bhí fianaise ann go ndearna foireann na gCoimisinéirí Ioncaim obair leantach tar éis an phróisis dearbhaithe cáilíochta do na cásanna samplacha.

### *Leibhéal braite neamh-incháilitheachta*

**12.55** Ag deireadh mhí Iúil 2021, aithníodh gurbh inaisíoctha a bhí fóirdheontais dar luach iomlán €311 mhilliún, 11% d'eisíocaíocht iomlán na scéimeanna. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur aisíocadh €212 mhilliún de sin, agus go raibh €81 mhilliún i dtrádstóráil lena bhailiú sa todhchaí, trí chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí méid iarmharach €18 milliún fós le haisghabháil.

**12.56** As an €311 mhilliún a sainaithníodh lena aisíoc, bhain €252 mhilliún le fóirdheontais a íocadh le linn na céime idirthréimhsí agus tháinig sé chun cinn toisc gur sháraigh an fóirdheontas a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim (ráta comhréidh €410 in aghaidh na seachtaine in aghaidh an fhostaí incháilithe) na méideanna is iníoctha le roinnt fostaithe, a bhí caidhpeáiilte ag 70% den mheántuilleamh. B'ionann na ró-íocaíochtaí agus 35% de na fóirdheontais a íocadh le linn na céime idirthréimhsí.

**12.57** I measc na n-aisíocaíochtaí a fuarthas suas go lár mhí an Mhárta 2021 bhí: €10.6 milliún a aisghabhadh ó fhostóirí tar éis seiceálacha comhlíonta ó na Coimisinéirí Ioncaim; €6.2 milliún a aisghabhadh ó fhostóirí a d'imigh go deonach as an scéim; agus €72.6 milliún a aisghabhadh ó fhostóirí i gcásanna inar sháraigh an fóirdheontas a íocadh leis an bhfostóir an fóirdheontas a bhí dlite d'fhostaithe — bunaithe ar an meán-ghlanphá seachtainiúil ioncaim a íocadh leis an bhfostaí sa dá mhí roimh an bpaindéim.

**12.58** D'aithin na Coimisinéirí Ioncaim 109 gcás inar íocadh fóirdheontais chomhcheangailte dar luach €21 mhilliún le fostóirí a raibh súil acu go gcomhlíonfadh siad ceanglais incháilitheachta na scéime ach inar tharla sé nár chomhlíon siad ina dhiaidh sin iad, i.e. níor tharla an laghdú ionchasach ar láimhdeachas. Níor iarr na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht ar an mbonn go raibh ionchas réasúnach ag na fostóirí lena mbaineann agus iad ag déanamh an iarratais go n-imreofaí drochthionchar suntasach ar a ngnó.

**12.59** Cé go raibh leibhéal ábhartha maoinithe iomarcaí ann ar an scéim fóirdheontais shealadaigh pá de bharr na gcúinsí éigeandála inar tugadh isteach í, chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl d'fhostóirí go mbeadh orthu aon bharrachas a aisíoc. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim córas cuimsitheach rialaithe agus seiceála i bhfeidhm inar aithníodh ró-íocaíochtaí agus ina ndearnadh cuid mhór díobh a aisghabháil ina dhiaidh sin.

## Iarscríbhinn 12A.1 Líon na bhfostóirí agus na bhfostaithe a bhí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim sa scéim de réir contae

| Contae | Líon na bhfostóirí a bhí cláraithe don scéim | Líon iomlán na bhfostóirí a bhí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim | Líon na bhfostaithe a fuair airgead scéime[a] |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 806 | 2,195 | 8,509 |
| An Cabhán | 1,033 | 2,871 | 9,850 |
| An Clár | 1,433 | 4,232 | 12,690 |
| Corcaigh | 7,414 | 21,506 | 63,244 |
| Dún na nGall | 2,044 | 5,577 | 16,506 |
| Baile Átha Cliath | 19,845 | 53,386 | 267,570 |
| Gaillimh | 3,770 | 9,260 | 37,931 |
| Ciarraí | 2,200 | 5,975 | 19,239 |
| Cill Dara | 3,036 | 7,620 | 28,827 |
| Cill Chainnigh | 1,279 | 3,911 | 9,873 |
| Laois | 873 | 2,517 | 6,536 |
| Liatroim | 366 | 1,093 | 2,583 |
| Luimneach | 2,519 | 7,038 | 26,074 |
| An Longfort | 501 | 1,394 | 5,555 |
| Lú | 1,851 | 4,558 | 17,187 |
| Maigh Eo | 1,784 | 4,523 | 15,442 |
| An Mhí | 2,580 | 7,048 | 21,584 |
| Muineachán | 994 | 2,692 | 9,583 |
| Uíbh Fhailí | 931 | 2,731 | 7,297 |
| Ros Comáin | 672 | 2,069 | 5,517 |
| Sligeach | 825 | 2,190 | 6,814 |
| Tiobraid Árann | 1,960 | 6,666 | 14,211 |
| Port Láirge | 1,537 | 4,539 | 15,219 |
| An Iarmhí | 1,280 | 3,464 | 10,948 |
| Loch Garman | 2,212 | 6,097 | 19,417 |
| Cill Mhantáin | 2,052 | 5,492 | 14,775 |
| Eachtrach[b] | 573 | 2,700 | 5,255 |
| **Iomlán** | **66,370** | **183,344** | **678,236** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:

a Leithdháiltear fostaithe de réir contae bunaithe ar shuíomh an fhostóra agus ar an áit a ndéantar an párolla a phróiseáil seachas contae an chónaithe.

b D'fhéadfadh fostóirí an fóirdheontas a éileamh i leith aon fhostaí atá ag feidhmiú conradh fostaíochta Éireannach sa Stát agus i gcás ina gcomhlíonann an fostóir coinníollacha na scéime.

## Iarscríbhinn 12B.1 Rátaí fóirdheontais ag an gcéim idirthréimhseach agus ag an gcéim oibríochtúil

| | Fóirdheontas iníoctha |
|---|---|
| ***An chéim idirthréimhseach*** | Caidhpeáladh 70% den mheántuilleamh seachtainiúil ag €410 |
| ***An chéim oibríochtúil*** | |
| MGPSI < €412 | 85% de MGPSI caidhpeáilte ag €350 |
| MGPSI €412 — €500 | Ráta comhréidh €350 |
| MGPSI €500 — €586 | 70% de MGPSI caidhpeáilte ag €410 |
| MGPSI os cionn €586 | |
| • Ollphá reatha an fhostaí <60% de MGPSI | €350 |
| • Ollphá reatha an fhostaí 60% – 80% de MGPSI | €205 |
| • Ollphá reatha an fhostaí >80% de MGPSI | €0 |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Le linn na céime idirthréimhsí, íocadh an fóirdheontas bunaithe ar mheán-ghlantuilleamh seachtainiúil an fhostaí arna shainmhíniú ag na Coimisinéirí Ioncaim mar *'meánphá seachtainiúil fostaí bunaithe ar na haighneachtaí párolla do mhí Eanáir agus do mhí Feabhra a rinneadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim d'fhostaí incháilithe. Cuirfear bónais, coimisiúin agus íocaíochtaí eile san áireamh sa ríomh má áiríodh iad seo mar chuid den ollphá sna haighneachtaí párolla do mhí Eanáir/do mhí Feabhra 2020*'.
- Le linn na céime oibríochtúil, ríomh na Coimisinéirí Ioncaim MGPSI agus an fóirdheontas pá seachtainiúil uasta do gach fostaí agus chuir siad iad sin ar fáil d'fhostóirí. D'aisíoc na Coimisinéirí Ioncaim an fóirdheontas pá is infheidhme bunaithe ar leibhéal an ollphá a thuairiscigh an fostóir do gach fostaí incháilithe.
    - I gcás gur sháraigh MGPSI €586, bhí an fóirdheontas bunaithe freisin ar ollphá reatha na bhfostaithe mar a tuairiscíodh san aighneacht párolla reatha mar chéatadán de MGPSI.
    - Bhí feidhm ag barrchaolú nó srianadh an fhóirdheontais maidir le gach cás, ach amháin iad siúd nár sháraigh MGPSI €412 iontu agus ar ina leith a sháraigh an t-ollphá breise a d'íoc an fostóir agus a tuairiscíodh ar a n-aighneacht párolla, móide méid an fhóirdheontais pá, MGPSI an fhostaí.

# Ioncam an Stáit

# 13 Bainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim ar thuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha

**13.1** Tugadh an ceanglas isteach leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010 ('an tAcht), go gcuirfidh daoine ainmnithe tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha (tuarascálacha) isteach i gcás go mbeidh amhras orthu gur thit maoiniú sceimhlitheoireachta nó sciúradh airgid amach, sciúradh airgid ar fháltais na himghabhála cánach san áireamh.[1]

**13.2** Áirítear le daoine ainmnithe, i measc daoine eile, institiúidí airgeadais, iniúchóirí/cuntasóirí agus daoine den lucht dlí. Caithfear na tuarascálacha a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim agus chuig Aonad Faisnéise Airgeadais an Gharda Síochána.

**13.3** Fuair na Coimisinéirí Ioncaim thart ar 125,000 tuarascáil sa tréimhse cúig bliana idir 2016 agus 2020. D'fhéadfadh scrúdú ar thuarascálacha faisnéis áisiúil a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim chun gníomhaíocht scáthgheilleagair a chomhrac.

**13.4** Caitear súil sa scrúdú seo ar na próisis atá i bhfeidhm sna Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil tuarascáil á fáil acu, na córais chun torthaí a measúnuithe ar thuarascálacha a bhailiú agus a thuairisciú, agus éifeachtacht na gCoimisinéirí Ioncaim i dtaobh an próiseas tuarascálacha a bhainistiú.

## Rátáil riosca tuarascálacha

**13.5** Aistrítear na tuarascálacha a fhaightear chuig an Oifig um Thuarascálacha maidir le hIdirbhearta Amhrasacha sna Coimisinéirí Ioncaim (OTIA). Meaitseálann an Oifig sin gach tuarascáil a fhaightear le taifead cáiníocóra (sa chás gur féidir) agus sannann sí rátáil riosca don tuarascáil. Seoltar tuarascálacha ansin chuig na haonaid ábhartha chomhlíonta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim lena n-athbhreithniú.

**13.6** Déanann oifigigh OTIA tuarascálacha a chur i gcuntas i dtosach ar a córas Faisnéise Gnó Comhtháite (IBI).[2] A luaithe a chríochnaítear meaitseáil idir an tuarascáil agus taifead cáiníocóra, uaslódáiltear an tuarascáil go huathoibríoch chuig córas Bainistíochta Cásanna (RCM) na gCoimisinéirí Ioncaim — córas cásoibre ina gcuirtear gníomhaíochtaí idirghabhála comhlíonta i dtaifead.[3] Leanann tuarascálacha de bheith ar IBI mura féidir iad a mheaitseáil le taifead cáiníocóra. Leanann tuarascálacha a mheaitseáiltear le próifíl nach mbaineann ach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) de bheith ar IBI.[4]

**13.7** Sannann na Coimisinéirí Ioncaim rátáil riosca go huathoibríoch do gach tuarascáil. Forbraíodh an córas rátála riosca uathoibríoch in 2014. Tá sé bunaithe ar fhoirmle atá tógtha isteach sa chóras ina gcuirtear san áireamh raon sonraí struchtúracha agus neamhstruchtúracha, lena n-áirítear an tsuim airgeadaíochta, eochairfhocail agus an tír ónar tháinig na cistí nó a bhfuil na cistí á seoladh chuici. Ní imríonn foinse na tuarascála aon tionchar ar an rátáil riosca. (Ó institiúidí airgeadais a thagann breis agus 90% de na tuarascálacha a fhaightear.)

1 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2010/act/6/enacted/en/html

2 Is é IBI príomhuirlis tuairiscithe na gCoimisinéirí Ioncaim chun tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha a bhailiú agus a chur i dtaifead. Sular cuireadh isteach go leictreonach iad (Meán Fómhair 2020), rinneadh tuarascálacha a ionchur de láimh isteach in IBI.

3 D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim córas ar a dtugtar 'ICMLite' nuair a bhí cásobair ar bun le gach tuarascáil (mheaitseáilte agus neamh-mheaitseáilte) roimh Mheitheamh 2020. Ó Mheitheamh 2020 ar aghaidh, déantar gach cás meaitseáilte (seachas tuarascálacha a bhain rátáil D amach) a uaslódáil go huathoibríoch chuig RCM. Ní uaslódáiltear cásanna neamh-mheaitseáilte chuig RCM mar gheall nach féidir iad a nascadh le haonad comhlíonta (sa bhrainse ábhartha, ina ndéileáiltear le gnóthaí cánach an cháiníocóra). Is féidir amharc orthu agus cásobair a dhéanamh orthu trí chóras IBI, áfach.


4 Cé go n-aistrítear tuarascálacha a mheaitseáiltear le próifíl nach mbaineann ach le RCS chuig RCM, sanntar iad do bhrainse ábhartha agus rinneadh iad a chatagóiriú mar thuarascáil mheaitseáilte tríd an tuarascáil seo.

**13.8** Níor nuashonraíodh an córas rátála riosca ó 2014 agus, ar an ábhar sin, ní chuirtear focail nua agus dul chun cinn teicneolaíochta san áireamh ann. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur beartaíodh tabhairt faoi athbhreithniú ar rátáil riosca tuarascálacha in 2020. Cuireadh an t-athbhreithniú ar fionraí go sealadach mar gheall ar Covid-19 ach tá tús curtha leis anois.

**13.9** Titeann rátáil riosca amach ar roinnt leibhéal. Déanann oifigigh OTIA athbhreithniú de láimh ar gach tuarascáil agus is féidir leo an rátáil a ghineann an córas a leasú má bhraitheann siad go bhfuil an rátáil ró-íseal nó ró-ard. Chuir an scrúdú seo an rátáil uathoibríoch a shannann an córas i gcomparáid leis an rátáil a mheas OTIA. Dheimhnigh sé sin gur leasaigh OTIA an rátáil ar 8,552 thuarascáil (7%). Bhí an líon céanna, a bheag nó a mhór, den dá leasú seo ann, agus méadaíodh an rátáil riosca i measc beagán de bhreis ar leath na gcásanna agus laghdaíodh an rátáil riosca i measc beagán faoi bhun na leithe eile de na cásanna.

**13.10** Leagtar amach an rátáil deiridh a cuireadh i bhfeidhm ar gach ceann de na 124,988 dtuarascáil a fuarthas i gcaitheamh na tréimhse 2016-2020 i bhFíor 13.1.

**Fíor 13.1 Rátálacha tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha, 2016 go 2020**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Níl aon rátáil ag dhá thuarascáil.

b Anuas air sin, fuarthas 81 tuarascáil i gcruachóip nár ionchuireadh de láimh isteach sa chóras amhail Aibreán 2021. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil na cásanna go léir ar an gcóras amhail deireadh Lúnasa 2021.

**13.11** Trid is tríd, tugann an rátáil a sannadh don tuarascáil méid an athbhreithnithe a gheobhaidh sé ó oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim le fios.

- Meastar gurb ionann cásanna a bhfuil rátáil A+ agus A acu agus iad siúd lena mbaineann an riosca is airde agus, a luaithe a fhaigheann an brainse de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil úinéireacht aige ar an gcás iad, osclaítear iad chun go ndéanfar bainistíocht cáis ghníomhach orthu.

- Catagóirítear cásanna a bhfuil rátáil B agus C acu amhail cásanna ísealtosaíochta agus oibrítear orthu má bhíonn acmhainní ar fáil. Mura sannann an brainse a bhfuil úinéireacht aige ar an gcás cásanna lena n-athbhreithniú don fhoireann laistigh de 90 lá, baintear iad ón gcóras RCM ach leanann na tuarascálacha nár oibríodh orthu de bheith ar IBI.

- Baineann cásanna a bhfuil rátáil D acu le tuarascálacha ina rangaítear an duine a bheith ina neamhchónaitheoir. Ní théitear i mbun gnímh i leith thromlach na gcásanna seo.[1]


### *Tuarascálacha nach meaitseáiltear le cáiníocóir*

**13.12** Amhail Feabhra 2021, níor meaitseáladh 15,000 ceann (12%) de na tuarascálacha a fuarthas i rith na mblianta ó 2016 go 2020 le próifíl na gCoimisinéirí Ioncaim.[2]

**13.13** Catagóirítear 20% de na tuarascálacha neamh-mheaitseáilte, ar an meán, mar thuarascálacha ardriosca gach bliain (féach Fíor 13.2). Tríd is tríd, ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim tuarascálacha nach meaitseáiltear le cáiníocóir a fhiosrú ná a athfhiosrú.

**13.14** Thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim cleachtadh in Eanáir 2021, áfach, le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha neamh-mheaitseáilte a fuarthas in 2020 trí athbhreithniú de láimh a dhéanamh ar dhaoine aonair nó ar chuideachtaí a ainmnítear sna haighneachtaí tuarascála. Rinne an cleachtadh sin, a críochnaíodh in Aibreán 2021, 2,537 dtuarascáil (67%) a mheaitseáil le taifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbeartaíonn siad na blianta roimh 2020 a athfhiosrú i dtaobh cásanna neamh-mheaitseáilte chomh fada agus a bhíonn acmhainní ar fáil.

**Fíor 13.2 Tuarascálacha neamh-mheaitseáilte, 2016 go 2020 amhail Feabhra 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


1 Is féidir, i gcásanna áirithe, go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil leis an riarachán ábhartha cánach faoi phrótacail um 'malartú frithpháirteach eolais'. Tugann na Coimisinéirí Ioncaim le fios go ndearnadh 646 iarraidh ar chúnamh frithpháirteach in 2020 agus bhain 13 cinn díobh le tuarascálacha.

2 Tá beagán de bhreis ar 5,600 cás a bhain rátáil D amach san áireamh sna tuarascálacha neamh-mheaitseáilte. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim, bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil sa tuarascáil, nach féidir í a nascadh le UPSP Éireannach.

## Tuarascálacha meaitseáilte a bhainistiú

**13.15** D'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim thart ar 109,000 ceann (87%) de na tuarascálacha a fuarthas sna blianta 2016-2020 a mheaitseáil le cáiníocóirí sainaitheanta. Tugtar stádas na gcásanna seo amhail Feabhra 2021 le fios i bhFíor 13.3.

**Fíor 13.3 Stádas tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha a fuarthas in 2016-2020, amhail Feabhra 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Dúnta gan idirghabháil — is féidir an méid seo a leanas a áireamh leis na cúiseanna a bhíonn le dúnadh; ní raibh aon impleachtaí ioncaim i gceist; dúnadh an cás; faisnéis íseal-luacha; faisnéis ar luach maith lena húsáid amach anseo; ní raibh aon cháin ábhartha i mbaol, atreoraíodh go rannán eile é.

b Cuireadh dhá thuarascáil i gcuntas nach raibh aon rátáil acu — dúnadh ceann amháin gan idirghabháil agus tá an ceann eile ar oscailt go fóill.

c Ní chuirtear 518 gcás a bhfuil rátáil D acu san áireamh.

### *Tuarascálacha ardriosca*

**13.16** Measadh gur bhain rátáil riosca A+/A le 43,425 cinn (40%) de na tuarascálacha meaitseáilte, ar an iomlán. Astu seo, dúnadh beagnach leath díobh (48%) gan idirghabháil faoi Fheabhra 2021. Bhí 32% ar oscailt, agus lean an 20% eile ar aghaidh agus rinneadh cineál éigin de ghníomhaíocht comhlíonta ina leith — e.g. breithmheas, fiosrúchán faoi ghné, iniúchadh, imscrúdú nó agallamh próifíle.

**13.17** Scrúdaíodh sampla fánach 25 thuarascáil lenar bhain rátáil A+/A a dúnadh in 2020 chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an raibh nó nach raibh an gníomh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim comhsheasmhach lena mbeartais nós imeachta. Dheimhnigh an t-athbhreithniú an méid seo a leanas:

- Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi chineál éigin de ghníomhaíocht comhlíonta leantach i measc deich gcás.
- Chinn na Coimisinéirí Ioncaim in 12 chás nár theastaigh idirghabháil comhlíonta, agus i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil, chinn foireann an scrúdaithe go raibh seo réasúnta.
- Dúnadh tuarascáil amháin i gcás amháin ar chóras leagáide na gCoimisinéirí Ioncaim in Aibreán 2020 agus breacadh nóta leis an gcás sin go raibh sé le hathoscailt sa chóras RCM, ach níor athosclaíodh é seo.

- Measadh gur bhain na tuarascálacha in dhá chás le brainse eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim maidir lena n-imscrúdú féideartha breise. Dúnadh na cásanna, áfach, sula ndearnadh atreorú agus níl aon fhianaise ar comhad le haon ghníomhaíocht a thabhairt le fios i ndiaidh iad a atreorú chuig an mbrainse eile.

*Tuarascálacha ísealtosaíochta*

**13.18** Dúnadh 61% de na tuarascálacha meaitseáilte a chatagóirítear amhail rátáil B agus C gan idirghabháil. Níor lean ach 5.5% díobh ar aghaidh go ndéanfaí idirghabháil orthu.

**13.19** Rinne an scrúdú tástáil ar 25 thuarascáil a bhain rátáil B/C amach a dúnadh gan ghníomhaíocht.

- Ba dhealraitheach go raibh an dúnadh réasúnta i measc 20 ceann de na cásanna a scrúdaíodh, bunaithe ar na sonraí a cuireadh ar fáil sa tuarascáil nó sna nótaí a sholáthair an cásoibrí.
- Measadh gur bhain na tuarascálacha le brainse eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i gceithre chás maidir lena n-imscrúdú féideartha breise. Níl aon fhianaise ar comhad le haon ghníomhaíocht a thabhairt le fios i ndiaidh iad a atreorú chuig an mbrainse eile.
- I gcás amháin inar bhain suim idirbhirt nochta arbh fhiú breis agus €31,500 í, ba é an chúis a luadh a bheith leis an dúnadh a cuireadh i dtaifead ná gurbh ionann an tuarascáil agus 'faisnéis íseal-luacha'. Níor cuireadh aon sonraí breise ar fáil maidir leis an bhfáth ar measadh gur bhain íseal-luach léi.

**13.20** Déantar tuarascálacha a meastar gur tuarascálacha ísealtosaíochta iad (rátáil B/C) agus nár sannadh laistigh de 90 lá a scriosadh go huathoibríoch ó RCM. Leanann siad de bheith ar IDI na gCoimisinéirí Ioncaim ar feadh tréimhse éiginnte, áfach, agus de bheith nasctha le próifíl an cháiníocóra mheaitseáilte. Mar thoradh air sin, úsáidtear iad le heolas a chur ar fáil do rátáil riosca ghinearálta an cháiníocóra laistigh d'uirlis roghnaithe cásanna rioscabhunaithe na gCoimisinéirí Ioncaim — Measúnú, anailís agus próifíliú riosca (REAP). Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanann tuarascáil a bheith ann an scór riosca a mhéadú i leith an cháiníocóra ábhartha in REAP. Rangaítear na scóir riosca seo ansin agus cuirtear ar fáil iad do rannáin oibríochtúla. Déanann bainisteoirí atá bainteach in obair comhlíonta athbhreithniú ar thorthaí REAP agus cuireann seo eolas ar fáil do chásanna a roghnú ar a ndéantar gnáthimscrúdú.

## Tráthúlacht

**13.21** Baineann tábhacht le hathbhreithniú agus gníomh tráthúil i leith an eolais a chuimsítear i dtuarascálacha. Nuair a dhéantar measúnú ar thráthúlacht, is áisiúil scrúdú a dhéanamh ar aois tuarascálacha atá ar oscailt faoi láthair sa chóras.


**13.22** I gcásanna áirithe, ní féidir aon dliteanais chánach fhéideartha bunaithe ar an eolas sa tuarascáil a mheasúnú sa bhliain chánach i ndiaidh an tuarascáil a fháil, nuair a bhíonn tuairisceán cánach an chustaiméara le seoladh ar aghaidh. Cumasaíonn seo do na Coimisinéirí Ioncaim a dheimhniú cé acu atá nó nach bhfuil imghabháil cánach ar bun i bhfírinne nó cé acu atá nó nach bhfuil cúis bhailí ann leis an ioncam méadaithe sa bhliain atá i gceist.

[1] Tá an Rannán Pearsanta freagrach as feidhmeanna seirbhíse, comhlíonta agus iniúchta a bhainistiú agus a fhorbairt do dhaoine aonair nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu agus d'aonáin nach bhfuil aon ioncam trádála nó gairmiúil acu, cosúil le hiontaobhais, carthanais, comhlachtaí spóirt.

### *Anailís aoise ar thuarascálacha oscailte*

**13.23** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar an bhfad ama a bhí tuarascálacha a bhí ar láimh go fóill ar oscailt. Bhí beagnach 36,000 tuarascáil mheaitseáilte ar oscailt go fóill amhail 2021. Rangaíodh gur bhain ardriosca (A+/A) le 31% de na tuarascálacha a bhí ar oscailt ar feadh dhá bhliain nó níos faide (féach Fíor 13.4).

**Fíor 13.4 Anailís aoise ar thuarascálacha oscailte amhail Feabhra 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**13.24** Thug Rannán Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim faoi thionscadal in 2020 le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha a bhí imithe in aois agus a cuireadh faoina mbráid chun go dtabharfaí aird orthu.[1] D'fhéach an tionscadal le meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an Rannán a thug na tuarascálacha chun solais fad a bhí cásobair á déanamh freisin ar na cásanna a sannadh. Rinneadh 2,771 cháiníocóir lenar bhain 4,411 tuarascáil ghaolmhar a athbhreithniú. I measc na bpríomhthorthaí ón tionscadal, bhí an méid seo a leanas:

- sainaithníodh sna tuarascálacha a fuarthas fíor-rioscaí a bhaineann leis an Rannán
- níor ghnáthrioscaí a bhí sna rioscaí a sainaithníodh i dtaobh obair an Rannáin, agus áiríodh rioscaí leo a bhain le riosca i leith gníomhaíocht trádála agus scáthgheilleagair.


**13.25** Chinn an t-athbhreithniú gur theastaigh prótacal le bainistiú a dhéanamh ar roinnt tuarascálacha a aistriú chuig rannáin eile ina bhféadfadh cuairt fíor-ama ar an aonán cánach a bheith ag teastáil leis an riosca a sainaithníodh a sheiceáil.

**13.26** Tugadh na torthaí le fios i mBealtaine 2020 d'fhoireann bainistíochta an rannáin agus seoladh tuarascálacha scríofa chuig cruinniú phríomhoifigigh na foirne feidhmiúcháin bainistíochta gnó agus pléadh na torthaí ann i nDeireadh Fómhair 2020. Mar gheall ar thionchar Covid-19, níl dul chun cinn déanta go fóill ag an obair ar phrótacal a cheapadh chun tuarascálacha a aistriú idir rannáin.

### *Tuarascálacha is ábhar d'idirghabháil*

**13.27** Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi ghníomhaíocht comhlíonta amhail Feabhra 2021 ar 12,221 chás — 10% de na tuarascálacha go léir a tugadh le fios do na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse cúig bliana 2016-2020. Astu seo, níor sainaithníodh toradh breise cánach ach i measc sciar beag díobh. Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim gur bhain 497 gcás (4% díobh siúd ina n-ábhar d'idirghabháil comhlíonta) toradh €23.2 milliún amach (féach Fíor 13.5).

**Fíor 13.5 Toradh is inchurtha go díreach i leith tuarascálacha de réir na bliana a tugadh le fios iad, 2016 go 2020**





Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: Ríomhtar an toradh de láimh ó 2016 go 2018. I gcás na mblianta 2019 agus 2020, baintear an toradh ó RCM agus meastar gur cruinne atá sé dá bharr.

**13.28** Tugann anailís ar chásanna tuarascála a dhún na Coimisinéirí Ioncaim i ndiaidh idirghabhála le fios gur tháinig méadú mór ar an líon cásanna a dúnadh in 2020, tráth a tugadh breis agus 7,000 cás chun críche (féach Fíor 13.6). Ba sa bhliain 2017 a dúnadh an chéad líon eile ab airde de chásanna i ndiaidh idirghabhála, nuair a dúnadh beagán de bhreis ar 2,000 cás. Níorbh ionann an toradh in 2020, áfach, ach 7% de na cásanna uile a bhain toradh amach sa tréimhse 5 bliana. Bhí an chomhréir ab airde de chásanna ardriosca bainte amach ag na cásanna a dúnadh in 2020, i gcomparáid le blianta eile.

**Fíor 13.6 Tráthúlacht na dtuarascálacha a dúnadh le gníomhaíocht 2016-2020[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear le gníomhaíocht gníomhaíocht comhlíonta faoinar thug na Coimisinéirí Ioncaim, cosúil le breithmheas, iniúchadh nó agallamh próifíle.

**13.29** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar an bpróiseas sna Coimisinéirí Ioncaim ina ndéantar tuairisciú ar an toradh a bhaineann le himscrúduithe tuarascála. Níorbh fhéidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a liosta cásanna a sholáthar do na blianta 2016-2018 (na blianta siúd san áireamh) chun tacú le figiúr an toraidh a tugadh le fios. Níorbh fhéidir leis an bhfoireann scrúdaithe dá bharr sampla a roghnú lena dheimhniú go raibh an toradh a tugadh le fios inchurtha i leith tuarascála agus cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh an toradh a ríomh i gceart.

**13.30** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbaintear na sonraí a chuireann eolas ar fáil d'fhigiúr an toraidh a thugtar le fios ó RCM ón mbliain 2019.

**13.31** Roghnaíodh sampla fánach de dheich dtuarascáil a bhain toradh amach ó 2019 agus 2020 lena scrúdú. Dheimhnigh seo gur bhain an toradh a tugadh le fios i ngach cás go díreach le tuarascáil agus go ndearnadh é a ríomh i gceart.

## Tuarascálacha a bhainistiú

**13.32** Tugtar chun solais i dtuarascáil a rinne ECFE in 2015 ar rochtain riaracháin chánach ar thuarascálacha i dtaobh ceisteanna coiriúla agus sibhialta araon, bunaithe ar shonraí suirbhé a fuarthas ó 28 dtír, roinnt cásanna dea-chleachtais i dtaobh éifeachtacht a uasmhéadú san úsáid a bhaintear as tuarascálacha. Tugtar achoimre ar chleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le gach réimse i bhFíor 13.7.

**Fíor 13.7 Dea-chleachtas — éifeachtacht san úsáid a bhaintear as tuarascálacha a uasmhéadú**

| Réimse | Sonraí | Cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim |
|---|---|---|
| Idirchaidreamh dlúth a dhéanamh leis na hinstitiúidí airgeadais agus le haonáin eile tuairiscithe | Is féidir le clár for-rochtana nó oideachais a bhaineann le comhlachtaí ainmnithe cur go mór le caighdeán an tuairiscithe a fhaightear. | I rith 2020, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim páirt i dtrí sheimineár gréasáin frithsciúrtha airgid, a bhí dírithe go príomha ar chomhlachtaí ainmnithe a chuir Ranna agus/nó comhlachtaí cuntasaíochta eile ar bun.<br><br>Déanann na Coimisinéirí Ioncaim idirchaidreamh díreach freisin le comhlachtaí ainmnithe chun cúnamh a sholáthar nuair a thagann deacrachtaí in aighneachtaí aníos. |
| Acmhainn theicniúil | Is féidir le húsáid éifeachtach a bhaint as TFC le tuarascálacha a mheaitseáil le heolas an cháiníocóra acmhainní daonna a chur ar fáil chun díriú ar anailís a dhéanamh ar an scéal a chuimsítear i dtuairisciú ar thuarascálacha. | A bhuíochas le huathoibriú an phróisis tuarascálacha, baineadh an gá atá le tuarascálacha a ionchur de láimh. Tá/bhí an fhoireann a bhí bainteach sa phróiseas seo bunaithe in OTIA. Ní raibh baint acu, áfach, le tuarascálacha a phróifíliú nó le cásobair a dhéanamh ar thuarascálacha. Thug an fhoireann a leasaigh an rátáil riosca tuarascála faoi phróifíliú íosta ar an eolas a chuimsítear sa tuarascáil. |
| **Oiliúint** | Is féidir le hoiliúint a chur ar an bhfoireann san anailís ar agus san úsáid a bhaintear as tuarascálacha an breithniú a dhéantar ar mhír an scéil sa tuarascáil (an ghné a ghlacann an méid is mó ama) a dhéanamh níos éifeachtúla. | Níl clár oiliúna tiomnaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim atá dírithe go hiomlán ar thuarascálacha a oibriú. Cuireadh oiliúint chuimsitheach ar fáil don fhoireann a bhaineann le nósanna imeachta idirghabhála comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim, rud a chuireann san áireamh go hiomlán na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos i gcomhthéacs tuarascála agus atá bunaithe ar na lámhleabhair chánach agus dleachtanna. |
| Measúnú cánach | Is féidir le tuarascálacha cabhrú le cásanna nua de thromchoireanna a shainaithint, imghabháil cánach agus calaois chánach san áireamh, lena n-imscrúdú. | Measann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil tuarascálacha ina dtáscairí riosca tábhachtacha mar chuid de phróifíliú foriomlán riosca na gCoimisinéirí Ioncaim ar an mbonn cánach. |
| Aisghabháil fiachais | Is féidir le tuarascálacha tacú le haisghabháil fiachais trí chuntais bhainc agus foinsí cistí nach raibh eolas orthu roimhe seo a shainaithint. | Cé go mbíonn teacht ar an eolas an-áisiúil i dtaobh eolas a sholáthar don straitéis bailithe/forfheidhmithe, ní dhéantar tagairt do thuarascálacha riamh mar chuid de phróiseas/idirchaidreamh bainistíochta fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim mar gheall ar chineál rúnda an tuairiscithe ar thuarascálacha. |

Foinse: *Feabhas a chur ar Chomhoibriú idir Údaráis Chánach agus Frithsciúrtha Airgid (Improving Co-operation between Tax and Anti-Money Laundering Authorities),* ECFE, 2015. Arna oiriúnú ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Eolas bainistíochta*

**13.33** Cuireann OTIA staitisticí míosúla ar fáil don bhainistíocht (príomhoifigeach agus rúnaí cúnta) ina sonraítear an líon tuarascálacha a fuarthas sa mhí. Ní áirítear leis na tuairiscí eolas a mheasfaí a bheadh áisiúil chun tuarascálacha a bhainistiú agus chun measúnú a éascú ar fheidhmíocht, ar nós na nithe seo a leanas

- cá mhéad díobh atá ar oscailt go fóill agus cé chomh fada a leanann siad de bheith ar oscailt?
- cá mhéad díobh a dúnadh gan idirghabháil agus cén chúis a bhí leis?
- anailís ar fhoinse na tuarascála
- sonraí faoin leibhéal gníomhaíochta comhlíonta faoinar tugadh sa tréimhse agus an toradh
- an méid a foghlaimíodh ó chásanna a oibríodh chun cabhrú le heolas a chur ar fáil don phróiseas rátála riosca
- aiseolas ó na hoibrithe cásanna ar na sonraí a chuimsítear i dtuarascálacha chun cabhrú leis an bpróiseas tuairiscithe a fheabhsú ó dhaoine ainmnithe
- spriocanna nó tagarmharcanna chun teacht ar fheidhmíocht.

**13.34** Thug na Coimisinéirí Ioncaim tuairisciú clár eolais isteach a bhaineann le tuarascálacha go déanach in 2020 agus go luath in 2021 óna gcórais RCM agus IBI araon. Cumasaíonn na tuairiscí clár eolais d'úsáideoirí teacht ar eolas anois ar an líon cásanna oscailte agus dúnta anuas ar an gcúis a bhí leis an dúnadh. Bailítear eolas freisin ar fhoinse na tuarascála.


### *Tuairisciú seachtrach*

**13.35** Foilsíonn na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar bhonn bliantúil a bhaineann le luach na n-idirghabhálacha comhlíonta ar féidir nasc díreach a dhéanamh eatarthu agus tuarascáil.

## Conclúidí agus moltaí

**13.36** Tarchuireann institiúidí airgeadais agus comhlachtaí eile a ainmnítear ar bhonn reachtúil líon mór tuarascálacha maidir le hidirbhearta amhrasacha chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain. Fuair na Coimisinéirí Ioncaim 25,000 tuarascáil, ar an meán, gach bliain sa tréimhse cúig bliana idir 2016 agus 2020. Leagtar amach toradh na dtuarascálacha a bhainistigh na Coimisinéirí Ioncaim sa tréimhse 2016-2020 i bhFíor 13.8.

**Fíor 13.8 Toradh na dtuarascálacha a fuarthas ó 2016 go 2020, amhail Feabhra 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Cuimsítear sna 15,466 thuarascáil breis agus 5,600 tuarascáil lena mbaineann Rátáil D.

**13.37** D’eascair idirghabháil comhlíonta go díreach as thart ar thuarascáil amháin as gach deich gcinn gach bliain. Astu seo, níor eascair toradh díreach breise cánach ach as 497 dtuarascáil — 0.4% de na tuarascálacha a fuarthas. Imríonn tuarascáil a bheith ann i gcás meaitseáilte tionchar freisin, áfach, ar rátáil riosca an cháiníocóra ina dhiaidh sin agus ar an dóchúlacht go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh nó idirghabháil comhlíonta eile air/uirthi.

### *Meaitseáil agus rátáil riosca tuarascálacha*

**13.38** Nuair a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim tuarascáil, déanann siad iarracht í a mheaitseáil le taifid shainaitheanta cáiníocóirí, sa chás gur féidir. Tugann anailís ar chásanna a fuarthas i gcaitheamh na tréimhse nach ndearnadh 12% de na tuarascálacha go léir a fuarthas i dtosach le cáiníocóir. D’éirigh le tionscadal speisialta faoinar thug na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna neamh-mheaitseáilte 2020 meaitseáil a aimsiú do dhá dtrian de na cásanna nár meaitseáladh roimhe seo, áfach. Mar thoradh air sin, bhíothas in ann anailís bhreise agus fiosrú breise a dhéanamh ar thart ar 90% de na tuarascálacha a fuarthas i gcaitheamh na tréimhse 2016 go 2020.

**13.39** Cuirtear rátálacha riosca i bhfeidhm go huathoibríoch ar thuarascálacha nuair a fhaightear iad trí úsáid a bhaint as córas uathoibrithe. Mar thoradh ar ghnáth-athbhreithnithe bailíochtaithe a rinne oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin, leasaíodh 7% de na rátálacha. Ceapadh an córas rátála riosca uathoibríoch in 2014 bunaithe ar fhoirmle ina bhfuil eochairfhocail, agus luach airgeadaíochta. Níor nuashonraíodh an córas ó shin i leith chun dul chun cinn teicneolaíochta agus focail agus frásaí nuashonraithe a chur san áireamh ann a bhaineann leis an scáthgheilleagar agus a mb'fhéidir go bhfuil baint acu le tuarascálacha agus leis an bpróiseas rátála riosca. Anuas air sin, ní úsáidtear eolas a baineadh ó oibrithe cásanna tuarascála le heolas a chur ar fáil don chóras rátála riosca uathoibrithe agus/nó chun an córas sin a chuíchóiriú.

**Moladh 13.1**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú agus nuashonrú tréimhseachán a dhéanamh ar an gcóras rátála riosca a shannann rátáil do gach tuarascáil. Ba cheart leasú ar eochairfhocail reatha a bheith i gceist leis an nuashonrú chun forbairtí a a tháinig ar an scáthgheilleagar agus torthaí athbhreithnithe de láimh ar rátáil riosca uathoibrithe a chur san áireamh.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear

In 2020, bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim grúpa athbhreithnithe trasrannáin, ag féachaint leis an gcóras rátála riosca a nuashonrú. Cuireadh moill ar obair an ghrúpa mar gheall ar thionchar Covid-19. Tá an grúpa ag oibriú go gníomhach anois, áfach, chun córas rátála riosca nua a thabhairt isteach, atá le soláthar in 2022.

### *Tuarascálacha a bhainistiú*

**13.40** Ceadaíonn próiseas na gCoimisinéirí Ioncaim tuarascálacha a dhúnadh gan idirghabháil a bheith ag titim amach. Rinne an scrúdú athbhreithniú ar shampla 50 cás lena chinntiú gur tugadh faoin gcúrsa cuí gníomhaíochta agus níor sainaithníodh aon saincheisteanna i mbeagnach 85% de na cásanna a athbhreithníodh.

- Measadh gur bhain na tuarascálacha i sé chás le brainse eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le himscrúdú féideartha breise. Dúnadh na cásanna, áfach, sula ndearnadh atreorú agus níl aon fhianaise ar comhad le haon ghníomhaíocht a thabhairt le fios i ndiaidh iad a atreorú chuig an mbrainse eile.
- Dúnadh tuarascáil amháin i gcás amháin ar chóras leagáide na gCoimisinéirí Ioncaim in Aibreán 2020 agus breacadh nóta leis an gcás sin go raibh sé le hathoscailt sa chóras RCM, ach níor athosclaíodh é seo.

**13.41** Tá rannáin aonair na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as cinneadh a dhéanamh faoin gcúrsa cuí gníomhaíochta a theastaíonn do gach tuarascáil mheaitseáilte a seoladh chucu. Tugadh faoi deara i dtorthaí ó athbhreithniú a rinne Rannán Pearsanta na gCoimisinéirí Ioncaim ar chásanna a bhí imithe in aois an gá atá le prótacal a fhorbairt le haistriú tuarascálacha a bhainistiú chuig rannáin eile. D'imir Covid-19 tionchar ar obair sa réimse seo agus cuireadh stop le dul chun cinn chun prótacal a cheapadh.

**Moladh 13.2**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú, tríd an bprótacal a theastaíonn, go ndéantar bainistíocht cáis ghníomhach ar gach cás a atreoraítear chun go ndéanfar gníomh leantach ina leith sin laistigh den chóras bainistíochta cáis agus a chinntiú go dtugtar faoi bheart leantach.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear

Tá prótacal á fhorbairt ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair chun aistriú tuarascálacha chuig rannáin eile agus gníomh leantach, faoi mar is cuí, a bhainistiú. Críochnófar seo faoi dheireadh 2021.

### *Tráthúlacht agus toradh*

**13.42** Foinse áisiúil eolais iad tuarascálacha agus cuireann siad bealaí nua ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar riosca agus chun díriú ar iniúchtaí cánach. Fágann siad freisin gur féidir acmhainní a dhíriú ar bhealach níos éifeachtaí.

**13.43** Bhí beagnach 36,000 cás tuarascála ar oscailt go fóill i bhFeabhra 2021. Tá 14,426 cinn (40%) ar oscailt ar feadh breis agus dhá bhliain, agus astu seo, catagóirítear breis agus an tríú cuid díobh mar chásanna ardriosca.

**13.44** Tháinig méadú mór ar an líon cásanna a dúnadh in 2020, i ndiaidh tabhairt faoi idirghabháil. Bhí an chomhréir ab airde de chásanna a bhí imithe in aois agus cásanna ardriosca bainte amach ag na cásanna siúd ach bhain siad an toradh ab ísle amach i gcomparáid le blianta eile. D'fhéadfadh seo a thabhairt le fios go bhfuil an baol ann gur lú an dóchúlacht go n-aisghabhfar an cháin a bhíonn dlite má bhíonn moill ar imscrúdú tuarascála a chur i gcrích.

**Moladh 13.3**

Cosúil leis an athbhreithniú faoinar thug an Rannán Pearsanta, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt faoi athbhreithnithe rannáin ar thuarascálacha sannta chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an rannán agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhartha a theastaíonn i dtaobh tuarascálacha atá imithe in aois lena chinntiú nach mbaintear de luach na faisnéise le himeacht ama.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear

Tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi athbhreithniú breise ar thuarascálacha atá imithe in aois.

### *Éifeachtacht na próiseála ar thuarascálacha*

**13.45** Tríd is tríd, cloíonn na Coimisinéirí Ioncaim le dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaobh tuarascálacha a bhainistiú. Tá líon beag réimsí ann i gcleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim a d'fhéadfaí a fheabhsú d'fhonn éifeachtacht a mhéadú ina leith sin.

- Ní thugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi chláir shonracha for-rochtana le comhlachtaí ainmnithe maidir le cáilíocht na dtuarascálacha a fhaightear.

- Ní thugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi oiliúint a bhaineann go sonrach le tuarascalacha leis an bhfoireann ar úsáid éifeachtach a bhaint as tuarascálacha.

**Moladh 13.4**

Mar chuid den bhainistíocht a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ar thuarascálacha, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar chásanna dea-chleachtais i dtaobh éifeachtacht a uasmhéadú san úsáid a bhaintear as tuarascálacha agus, ach go háirithe, i réimsí na hoiliúna agus an idirchaidrimh le comhlachtaí ainmnithe.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear

Cuireadh tú le hidirchaidreamh le comhlachtaí ainmnithe mar chuid den chlár bainistíochta athruithe i dtaobh an córas uathoibrithe le haghaidh tuarascálacha a thabhairt isteach in 2020. Leanfaidh OTIA leis an gcaidreamh seo a fhorbairt agus le hidirchaidreamh níos foirmiúla agus níos rialta a dhéanamh.

Áirítear le cláir oiliúna comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim cheana féin treoir maidir le heolas tríú páirtí a bhainistiú, tuarascálacha san áireamh. Déantar na cláir oiliúna a nuashonrú go leanúnach chun treochtaí nó saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh fad a thagann siad chun solais, maidir le tuarascálacha freisin.

**13.46** Níl aon bhaint ag OTIA sa chásobair ar thuarascálacha. Cuireann OTIA staitisticí míosúla ar fáil don bhainistíocht ina sonraítear an líon tuarascálacha a fuarthas sa mhí. Ní chuimsítear san eolas a sholáthraítear eolas ar cheart dó bheith áisiúil chun tuarascálacha a bhainistiú ná riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar luach na dtuarascálacha ná éifeachtacht ghníomh leantach na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní chuireann na rannáin a oibríonn ar na tuarascálacha eolas bainistíochta ar fáil ar na cásanna a oibríodh, go hiondúil.

**Moladh 13.5**

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim tuairisciú eolas bainistíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar an mhaoirseacht leordhóthanach ar thuarascálacha a bhainistiú agus le cur ar a gcumas measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an dóigh a mbainistítear tuarascálacha.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**


Comhaontaítear

Chuir forbairt an chláir eolais tuarascála maoirseacht fheabhsaithe ar fáil ar thuarascálacha a bhainistiú cheana féin. Cuireann clár eolais RCM maoirseacht bainistíochta ar idirghabhálacha cásanna ar fáil freisin i gcás gur sainaithníodh gur tuarascáil ba chúis leis an riosca. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim lena sraith córas eolais bainistíochta comhlíonta a fhorbairt agus a fheabhsú lena chinntiú go ndéantar maoirseacht agus bainistíocht leanúnach ar riosca.

# 14 Tobhaigh an Chiste Cúitimh Árachais a mheasúnú agus a bhailiú

**14.1** Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais faoin Acht Árachais, 1964 (an tAcht). Tá sé deartha, de réir mar is gá, chun íocaíochtaí le sealbhóirí polasaí árachais a éascú i ndáil le rioscaí sa Stát i gcás, mar shampla, go dtéann árachóir neamhshaoil údaraithe Éireannach, nó árachóir neamhshaoil atá údaraithe i mballstát eile de AE, faoi leachtú. Tá forbairt an chiste ó 1980 leagtha amach i bhFíor 14.1.

**Fíor 14.1 Forbairt an Chiste Cúitimh Árachais, 1980 go 2020**





Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Bunaíodh faoin Acht Árachais, 1964.
b Leis an Acht Árachais (Leasú), 2011, teorannaíodh na rioscaí a chumhdaítear leis an gciste do rioscaí atá árachaithe sa Stát amháin.
c Rinneadh foráil san Acht Árachais (Leasú), 2018, maidir le feidhmeanna a aistriú ó Chuntasóir na hArd-Chúirte chuig Banc Ceannais na hÉireann.

**14.2** Ó 2018, tá an ciste á chothabháil agus á riar ag Banc Ceannais na hÉireann agus maoinítear é le tobhach a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim). Gearrtar an ráta tobhaigh reatha de 2% ar phréimheanna a íocann sealbhóirí polasaí le hárachóirí. In 2020, íocadh beagán os cionn €100 milliún d'fháltais tobhaigh ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig an mBanc Ceannais.

**14.3** Formheasann an Ard-Chúirt íocaíochtaí ón gciste chun éilimh a réiteach agus tá uasteorainn orthu ag 65% den éileamh nó €825,000, cibé acu is ísle.[1] Féadfaidh an tAire Airgeadais (an tAire) airleacain a dhéanamh ón Státchiste i gcás nach mbeidh an ciste in ann de thuras na huaire íocaíocht(aí) arna bhformheas ag an Ard-Chúirt a íoc. Tá forbhreathnú ar oibríochtaí an chiste leagtha amach i bhFíor 14.2.

**Fíor 14.2 Forbhreathnú ar phróiseas an Chiste Cúitimh Árachais**




Foinse: Banc Ceannais na hÉireann. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


Nóta: a I gcás leachtú cuideachta árachais, déanfaidh an leachtaitheoir iarratas chun na hArd-Chúirte ar íocaíochtaí a fhormheas (eintiteas árachais Éireannach). Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát iarratais chun na hArd-Chúirte thar ceann leachtaitheoirí i mballstáit eile AE i gcásanna a bhaineann le heintitis rialáilte neamh-Éireannacha.

## An ciste a mhaoiniú

**14.4** In 2011, chuaigh Quinn Insurance faoi leachtú. Ag an am, ba é an t-iarmhéid sa chiste ná €31 mhilliún, méid a bhí i bhfad níos lú ná an méid a measadh a theastódh chun éilimh Quinn Insurance a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, thug an tAire Airgeadais iasachtaí Státchiste dar luach €933 mhilliún don chiste idir 2011 agus 2013. Tugadh €79 milliún eile ar airleacan in 2015. Rinneadh glan-aisíocaíochtaí leis an Státchiste dar luach iomlán €599 milliún. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí an t-iarmhéid a bhí dlite don Aire beagán os cionn €610 milliún, lena n-áirítear ús (féach Fíor 14.3).

1 Faoin Acht Árachais (Leasú), 2018, méadaítear leibhéal an chúitimh ón gCiste go 100% d'éilimh árachas gluaisteáin tríú páirtí, agus maoinítear leis an gCiste Cúitimh Dócmhainneachta d'Árachóirí Mótair an clúdach breise.

**Fíor 14.3 Airleacain ón Aire don chiste agus aisíocaíochtaí 2011 - 2020[a]**




Foinse: Tuarascáil ar riarachán agus gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais 2011 - 2020, an tSeirbhís Chúirteanna agus Banc Ceannais na hÉireann. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Déanann an Banc Ceannais measúnú débhliantúil ar an gciste, agus aird á tabhairt ar staid airgid agus ar cheangaltais an chiste sa todhchaí mar a chuir an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát in iúl. Má tá barrachas ann, íoctar méid leis an Roinn Airgeadais chun airgead a d'íoc an tAire a aisíoc.

**14.5** Sa tréimhse 2012 go 2020, d'aistrigh na Coimisinéirí Ioncaim €696.3 milliún chuig an gciste i leith thobhaigh an chiste. D'éascaigh sé sin aisíocaíocht leanúnach iasachtaí an Státchiste.

**14.6** Rinneadh fáltais tobhaigh an Chiste Cúitimh Árachais dar luach iomlán €33 mhilliún a bhain leis an tréimhse 2016 - 2018 a mhí-aicmiú ar dtús sna Coimisinéirí Ioncaim mar fháltais dleachta stampa.[1] Níor aimsigh na sásraí rialaithe atá i bhfeidhm maidir le measúnú agus bailiú thobhach an chiste an t-easnamh sin sna fáltais a bailíodh. Mar thoradh air sin, cuireadh moill ar na fáltais sin a aistriú chuig an gciste.

1 Cuntas ar ioncam a fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.

**14.7** Bhí sé mar aidhm leis an scrúdú seo a fháil amach an bhfuil na rialuithe ar mheasúnú agus ar bhailiú thobhaigh an chiste éifeachtach agus an leor an tuairisciú airgeadais i leith an chiste.

## Freagracht as measúnú agus bailiú

**14.8** Tá freagrachtaí faoi seach na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Bhainc Ceannais faoin Acht i ndáil le tobhaigh a mheasúnú agus a bhailiú leagtha amach i bhFíor 14.4.

**Fíor 14.4 Freagrachtaí a bhaineann le measúnú agus bailiú an tobhaigh**

| An Banc Ceannais | Na Coimisinéirí Ioncaim |
|---|---|
| ▪ Tobhach cuí a chinneadh a bheidh le híoc ag árachóirí neamhshaoil leis an gCiste.<br>▪ Fógra a fhoilsiú ina sonrófar an tobhach a bheidh le híoc leis an gCiste agus fógraí dliteanais a eisiúint do chuideachtaí árachais neamhshaoil aonair.<br>▪ Ról forfheidhmithe maidir le hárachóirí neamhshaoil a mhainníonn an tobhach cuí a íoc. | ▪ An tobhach cuí a bhailiú agus an t-airgead a tharchur go pras chuig an mBanc Ceannais.<br>▪ Ainm an árachóra agus an méid a bailíodh a chur in iúl don Bhanc Ceannais.<br>▪ Ainm agus seoladh árachóirí a chur in iúl don Bhanc Ceannais má dhealraíonn sé nár íocadh tobhach. |

Foinse: An tAcht Árachais, 1964 (arna leasú). Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Measúnú ar thobhaigh a íocadh*

**14.9** Coinníonn an Banc Ceannais fógra ar a shuíomh gréasáin ina sonraítear an oibleagáid atá ar gach árachóir an tobhach 2% atá socraithe a íoc.[1]

*Na Coimisinéirí Ioncaim*

**14.10** Faoin reachtaíocht, ceanglaítear ar na Coimisinéirí Ioncaim mar bhailitheoir an tobhaigh ainm agus seoladh aon árachóra a mheasann sé nár íoc sé ranníocaíocht chuí a chur in iúl don Bhanc Ceannais.

**14.11** Agus an cleachtadh sin á dhéanamh acu, úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim scarbhileog chun an méid a chuireann árachóirí ar ais gach ráithe a thaifeadadh maidir leis an ngnáthdhleacht stampa Rialtais 3% agus tobhach an Chiste Cúitimh Árachais de 2%.[2] Déanann na Coimisinéirí Ioncaim comparáid idir an méid a fuarthas faoi dhleacht stampa an Rialtais agus an méid a fuarthas don Chiste Cúitimh Árachais i ngach ráithe. Ó tharla go bhfuil an bonn don dá thobhach mar an gcéanna, (seachas árachóirí faoi chuing nach bhfuil faoi dhliteanas an tobhach a íoc faoin Acht), ba cheart an cóimheas idir na fáltais dleachta stampa agus fáltais thobhaigh an chiste a bheith seasmhach.[3,4] Cuirtear aon difríocht idir an dá mhéid in iúl don Bhanc Ceannais.

**14.12** Seo a leanas na príomhthorthaí maidir le measúnú agus fógra tobhaigh ciste.

- Faightear íocaíochtaí ó thart ar 280 árachóir neamhshaoil, ceithre huaire gach bliain. Sa chomhthéacs sin, tá líon na n-aimhrialtachtaí a chuirtear in iúl don Bhanc Ceannais lena n-imscrúdú réasúnta beag, agus é cothrom le níos lú ná 50 ceann in aghaidh na bliana.
- Bhí moilleanna ann ar an réiteach a bheith á chríochnú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ar fhógra a bheith á thabhairt acu don Bhanc Ceannais (féach Fíor 14.5). Mar shampla, níor cuireadh aimhrialtachtaí maidir leis an gcéad ráithe de 2018 in iúl don Bhanc Ceannais ach i mí an Mhárta 2019.
- I roinnt de na haimhrialtachtaí a cuireadh in iúl, árachóirí faoi chuing ba ea na hárachóirí agus níl siad faoi dhliteanas íoc isteach sa Chiste faoin reachtaíocht.


1 Ní eisíonn an Banc Ceannais fógraí do chuideachtaí árachais neamhshaoil aonair á gcur in iúl dóibh faoin gceanglas an tobhach a íoc. Dúirt an Banc Ceannais gurb amhlaidh, nuair a chuireann rialálaí AE eile in iúl dó go bhfuil sé i gceist ag gnólacht árachais árachas a dhíol in Éirinn faoi shaoirse seirbhíse nó saoirse bhunaíochta, go luaitear sa litir freagartha chuig an rialálaí ón mBanc Ceannais go bhfuil sonraí i ndáil leis an gCiste Cúitimh Árachais ar fáil ar an suíomh gréasáin.

2 Faoi alt 125 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, tá dleacht stampa Rialtais 3% iníoctha ar phréimheanna árachais neamhshaoil.

3 Is éard is árachóir faoi chuing ann cuideachta árachais a bunaíodh agus atá faoi úinéireacht iomlán cuideachta neamhárachais chun a rioscaí sonracha féin a árachú amháin. Ní dhíolann sé árachas leis an bpobal. Faoin Acht, eisiatar árachóirí faoi chuing ón tobhach a íoc.

4 Tá sé luaite ag na Coimisinéirí Ioncaim gur nuashonraíodh an próiseas chun comparáid a dhéanamh idir an dleacht stampa agus fáltais tobhaigh. Ó mhí Lúnasa 2020, seiceálann siad anois an tobhach 2% i gcoinne an mhéid inmheasúnaithe arna dhearbhú ag árachóirí ar thuairisceáin chánach.

**Fíor 14.5 Moill ar fhógra a thabhairt don Bhanc Ceannais faoi aimhrialtachtaí i bhfáltais na gCoimisinéirí Ioncaim lena n-imscrúdú[a]**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Níor chuir na Coimisinéirí Ioncaim aon neamhréireachtaí in iúl don Bhanc Ceannais le linn ráithe 2 go ráithe 4 2020 toisc nár tháinig aon cheann chun cinn.

**14.13** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú freisin ar chláir an Bhainc Ceannais freisin. In 2017, agus na cláir á n-úsáid acu, d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim 456 árachóir ar fud na hEorpa a chuir in iúl go raibh rún acu nó a fuair údarú riarachain chun gnó árachais neamhshaoil a sheoladh in Éirinn agus nach raibh ag íoc méideanna tobhaigh. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim na cuideachtaí ar an eolas go díreach faoi na hoibleagáidí a bhí orthu maidir le dleacht stampa agus leis an gciste cúitimh árachais, má tá siad ag díol árachais in Éirinn. Bhí ráta freagartha 30% ó na cuideachtaí, lena n-áirítear seacht nochtadh le toradh comhcheangailte €203,000 i bhfáltais tobhaigh. Cuireadh beagnach an ceathrú cuid de na litreacha (24%) ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim toisc nach raibh oifig na n-árachóirí ann a thuilleadh nó nach raibh an t-árachóir lonnaithe ag an seoladh sin a thuilleadh. Ní dhearnadh aon obair leantach ar na cásanna sin. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil athbhreithniú pleanáilte ar chláir an Bhainc Ceannais do 2021 curtha siar go dtí go bhfillfidh baill foirne ó ghnóthais árachais ar ais san oifig mar gheall ar shrianta Covid-19.

**14.14** In 2017, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi thionscadal freisin chun comhlíonadh na dtobhach ar pholasaithe neamhshaoil a thástáil. Chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim 41 idirghabháil comhlíonta a raibh €823,000 mar thoradh orthu. As sin, is féidir thart ar €160,000 a bhaineann le trí eintiteas a chur síos don Chiste. Tá sé luaite ag na Coimisinéirí Ioncaim, cé nach ndearna siad an ghníomhaíocht comhlíonta sin arís ó 2017, gur rud é a mbreathnófar air ar bhonn timthriallach agus a d'fhéadfaí a mheas lena chur san áireamh sa Phlean Gnó Rannáin do 2022.

### *Banc Ceannais*

**14.15** Soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim don Bhanc Ceannais mionsonraí na n-árachóirí a measann siad go bhféadfaí nach bhfuil an tobhach ceart íoctha acu. Aimsíodh sa scrúdú go raibh an próiseas leantach ag an mBanc Ceannais teoranta.

- Eisíonn an Banc Ceannais litir chuig an gcuideachta árachais ina dtarraingítear aird ar aimhrialtacht agus ina n-iarrtar ar an gcuideachta teagmháil a dhéanamh go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an t-ábhar a shoiléiriú. Ní dhéanann an Banc Ceannais mar ghnás dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim ná leis an gcuideachta ach thug sé faoi deara go ndéanfadh sé obair leantach leis an gcuideachta dá n-iarrfadh na Coimisinéirí Ioncaim air é sin a dhéanamh.

- Litreacha an Bhainc Ceannais maidir le neamhréireachtaí a sainaithníodh do ráithe 4 2019 agus ráithe 2020 a eisíodh i mí an Mheithimh 2021, 17 mí tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim fógra a thabhairt.[1] Bhí luach iomlán na neamhréireachtaí a tugadh faoi deara beagáinín faoi bhun €53,000. Dúirt an Banc Ceannais ina leith sin gurbh amhlaidh, de réir threoir an rialtais ar shrianta Covid-19, go raibh baill foirne ag obair ón mbaile agus nár fhreastail siad ar an oifig ach ar chúiseanna riachtanacha.

**14.16** Ina ról mar mhaoirseoir ar an gciste, déanann an Banc Ceannais athbhreithniú ar iomláine na dtobhach a íocann árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim. Déanann an Banc Ceannais an t-athbhreithniú a chatagóiriú mar athbhreithniú réasúnachta nach bhfuil mar aidhm leis ach a chinntiú go bhfuil a sciar féin á íoc ag cuideachtaí a bhfuil dliteanas mór orthu don chiste. Cé go bhfuil cumhacht reachtúil ag an mBanc Ceannais maidir le fiachas a aisghabháil ó pháirtithe faoi dhliteanas nár íoc agus go bhfuil ról reachtúil aige chun cuntais cheart agus is gnách a choinneáil, tugann sé dá aire gur ról neamhreachtúil é an t-athbhreithniú réasúnachta a dhéantar.

**14.17** Is éard a bhíonn i gceist leis an athbhreithniú ná an Banc Ceannais a bheith ag déanamh comparáide idir luach na dtobhach a íocadh leis an gciste ó na Coimisinéirí Ioncaim le sonraí faoi luach na préimhe árachais a scríobh na cuideachtaí. Faigheann an Banc Ceannais an fhaisnéis deiridh sin go díreach uathu seo a leanas

- árachóirí baile trína chóras tuairiscithe ar líne i mí Aibreáin (don bhliain roimhe sin) agus
- ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) do bhrainsí atá ag feidhmiú in Éirinn faoi shaoirse bhunaíochta agus gnólachtaí a dhíolann le hÉirinn faoi bhonn saoirse seirbhíse i mí Mheán Fómhair (don bhliain roimhe sin).[2]

**14.18** Rinneadh athbhreithniú ar oibriú sheiceálacha an Bhainc Ceannais mar chuid den scrúdú seo agus tugadh an méid seo a leanas faoi deara.

- Baineann an fhaisnéis a fhaightear go díreach ó árachóirí baile agus ó EIOPA le luach na bpréimheanna a scríobhadh ach tá an tobhach iníoctha ar phréimheanna árachais a íocadh. Mar gheall go príomha ar uainiú na n-íocaíochtaí, is féidir go mbeidh luach na bpréimheanna a scríobhadh difriúil le luach na bpréimheanna a íocadh.[3]
- Tá sé luaite ag an mBanc Ceannais go gcaitear leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn árachóirí baile agus EIOPA mar mheastachán amháin agus nach n-úsáidtear í ach mar phointe tosaigh don athbhreithniú toisc gur féidir nach ndéanfaidh árachóirí áirithe na tuairisceáin rialála a chomhlánú i gceart agus/nó ní nach ndéanfaidh siad préimh a leithdháileadh i gceart bunaithe ar an áit a bhfuil an riosca lonnaithe in AE.
- Maidir le fáltais in 2018, tugadh an t-athbhreithniú i gcoibhneas leis na sonraí go léir chun críche i mí Lúnasa 2020, níos mó ná 19 mí tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe airgeadais. Thug an Banc Ceannais faoi deara, áfach, nach féidir tús a chur leis an athbhreithniú sin roimh mhí Dheireadh Fómhair toisc nach mbíonn an fhaisnéis ó EIOPA ar fáil ach naoi mí tar éis dheireadh na bliana. Is é tuairim an Bhainc Ceannais nach bhfuil an próiseas criticiúil ó thaobh ama de, toisc nach bhfuil aon teorainn ama ann maidir leis an muirear tobhaigh 2% a fhorfheidhmiú.
- Maidir le próiseas fíoraithe fáltas 2018, rinne an Banc Ceannais imscrúdú ar gach árachóir neamhshaoil údaraithe Éireannach agus gach árachóir neamhshaoil arna rialáil ag AE a bhfuil brainse acu in Éirinn. B'ionann iad sin agus €76.8 milliún, nó 83% de na tobhaigh iomlána a fuarthas in 2018. Rinneadh imscrúdú ar shampla de 17 n-árachóir neamhshaoil a scríobhann gnó go hÉirinn ar bhonn 'saoirse

1 Níor chuir na Coimisinéirí Ioncaim aon neamhréireachtaí in iúl don Bhanc Ceannais le linn ráithe 2 go ráithe 4 2020 toisc nár tháinig aon cheann chun cinn.

2 Faoin Treoir maidir le Sócmhainneacht II, tá ceanglais tuairiscithe ar leibhéal AE nach mór do gach eintiteas árachais iad a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar gach eintiteas sonraí mionsonraithe a thuairisciú gach bliain don rialálaí ina thír féin ar phréimheanna árachais a scríobhadh faoi gach cineál árachais ar leibhéal na mballstáit aonair. Soláthraíonn gach ceann de na rialálaithe ballstát na sonraí sin do EIOPA. Déanann EIOPA an fhaisnéis a shainscagadh agus a sholáthar do gach rialálaí, lena n-áirítear an Banc Ceannais, i mí Mheán Fómhair gach bliain.

3 Is í an ollphréimh a scíobhadh luach iomlán an pholasaí árachais a scríobhadh. Is í an ollphréimh a íocadh luach na bpréimheanna a d'íoc an tomhaltóir leis an árachóir sa tréimhse. Féadfar é sin a íoc ina thráthchodanna thar thréimhse 12 mhí nó thar dhá bhliain féilire, ag brath ar cathain a scríobhadh an conradh.

seirbhíse', rud a chuimsíonn 7% d'árachóirí sa chatagóir sin. Níor aisghabhadh aon airgead breise tar éis an cleachtadh sin a chur i gcrích.

- Roghnaigh an scrúdú sampla de 13 chás inar tharla difríochtaí idir méid an tobhaigh a fuarthas agus an tobhach réamh-mheasta iníoctha bunaithe ar thuairisceáin EIOPA chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh leantach a rinne an Banc Ceannais. Úsáideann an Banc Ceannais creat rioscabhunaithe chun gach gnólacht a rangú bunaithe ar an tionchar atá aige ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an tomhaltóir in Éirinn. Má mheasann an Banc Ceannais go bhfuil tionchar ard ag na rioscaí ar an ngeilleagar agus ar an tomhaltóir, ceadaítear neamhréireacht suas le 2% idir an méid iarbhír a fuarthas agus an luach réamh-mheasta. Ceadaíonn sé neamhréireacht suas le 10% i gcás gnólachtaí a rialáiltear i stáit eile AE agus a oibríonn in Éirinn faoi shaoirse bhunaíochta nó seirbhíse. In 12 cheann de na 13 chás, fiosraíodh neamhréireachtaí féideartha agus tháinig difríochtaí chun cinn toisc nach raibh na sonraí ó EIOPA oiriúnach dá n-úsáid mar sheiceáil réasúnachta i gcoinne an tobhaigh.[1]

### *Bailiú agus íocaíocht tobhaigh*

**14.19** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun aisíocaíocht thráthúil agus chruinn leis an mBanc Ceannais a chinntiú maidir le tobhaigh a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim. Aithníodh saincheisteanna maidir le fáltais tobhaigh a leithdháileadh ar thuairisceáin árachóirí aonair (nó a mheaitseáil leo).

**14.20** Comhlánaíonn gach cuideachta árachais atá faoi raon feidhme an tobhaigh tuairisceán ráithiúil a bhaineann leis an dá thobhach ar leith is iníoctha ag árachóirí neamhshaoil - an tobhach dleachta stampa 3% agus tobhach 2% an chiste cúitimh árachais.

**14.21** Tá an próiseas chun airgead a fhaightear a leithdháileadh dian ar shaothar. Caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim gach íocaíocht a fhaightear a mheaitseáil le foirmeacha comhlánaithe. Mhéadaigh an meán-am a glacadh chun fáltais a leithdháileadh ó 74 lá in 2019 go 83 lá in 2020. In 2020, i gcás sé cinn déag de na fáltais a leithdháileadh, fuarthas na híocaíochtaí breis agus trí bliana roimhe sin.

**14.22** I roinnt cásanna, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim fáltais a leithdháileadh ar árachóir aonair. Tarlaíonn sé sin i gcásanna nár comhlánaíodh tuairisceán meaitseála iontu nó ina bhfuil an fhaisnéis tagartha íocaíochta neamhiomlán. Ag an 31 Nollaig 2020, dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim go raibh acu fáltais neamh-leithdháilte arbh fhiú €2.2 milliún iad.[2]

- Baineann beagnach leath na bhfáltais neamh-leithdháilte le híocaíochtaí a rinneadh in 2017.
- Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil aon fháltais neamh-leithdháilte a bhaineann leis an gciste do thréimhsí roimh 2017 fágtha sa chuntas bainc.
- In 2018, tugadh faoi thionscadal chun gach íocaíocht aosaithe a phróiseáil agus fágadh suim €358,000 gan réiteach. I mí na Bealtaine 2018, aistríodh an t-iarmhéid gan réiteach chuig an Státchiste agus leithdháileadh é ar dhleacht stampa rialtais. Níor leithdháil na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead idir fáltais dleachta stampa agus an ciste ar bhonn pro rata.

1 I gcás amháin, bhí luach na difríochta idir an tobhach a fuarthas i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis bunaithe ar thuairisceáin EIOPA faoi bhun 10% agus ní dhearnadh aon bheart leantach ina leith, de réir bheartas an Bhainc Ceannais (luach na difríochta €16,000).

2 Baineann an méid neamh-leithdháilte le fáltais le haghaidh dleacht stampa agus le haghaidh thobhach an chiste cúitimh árachais araon.

**14.23** Sa scrúdú, rinneadh athbhreithniú ar shampla de 25 thuairisceán chomhlánaithe a leithdháileadh in 2020.

- Leithdháileadh i gceart 24 cinn de na 25 thuairisceán a ndearnadh athbhreithniú orthu.
- I gcás amháin, bhí an tuairisceán comhlánaithe go mícheart ag an gcuideachta árachais agus leithdháileadh an t-airgead go léir go mícheart ar dhleacht stampa (€53,295). B'ionann an méid ceart don chiste agus €21,318.

## Comhoibriú idir an Banc Ceannais agus na Coimisinéirí Ioncaim

**14.24** Cé go bhfuil freagrachtaí an Bhainc Ceannais agus na gCoimisinéirí Ioncaim araon leagtha amach sa reachtaíocht, níor cuireadh iad ar bhonn foirmiúil trí chomhaontú oibriúcháin idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Banc Ceannais ina leagtar amach na bhfreagrachtaí faoi seach. D'áireofaí le comhaontú den sórt sin sainmhíniú ar an bhfreagracht as seiceálacha agus rialuithe tráthúla ar mhéideanna a íocann árachóirí, leithdháileadh fáltas agus íoc tráthúil ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an mBanc Ceannais.

## Tuairisciú airgeadais

**14.25** Tá an ceanglas maidir le cuntais an chiste a ullmhú agus a iniúchadh leagtha amach san Acht.[1] Ceanglaítear leis an reachtaíocht go sonrach ar an mBanc Ceannais na nithe seo a leanas a dhéanamh

- 'cuntais is cuí agus is gnách' a choinneáil ar an airgead a íoctar isteach sa chiste nó amach as
- cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais, agus
- na cuntais iniúchta agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais.

**14.26** Críochnaíodh an t-iniúchadh ar na cuntais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus fuarthas tuairim iniúchta shoiléir maidir leis na cuntais. Scrúdaíodh formáid ráitis airgeadais 2019 chun críche an scrúdaithe seo.

- Ullmhaítear cuntas an chiste ar bhonn airgid thirim seachas ar bhonn fabhruithe. Is é an bonn fabhruithe an ceann is mó úsáid agus ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá sé á rialú ag caighdeáin. Mar sin, meastar gur dea-chleachtas é.
- Ní chuimsítear sna cuntais ráiteas faoin staid airgeadais nó ráiteas faoi shreabhadh airgid. Mar thoradh air sin, ní aithnítear príomhfhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don léitheoir, amhail méideanna atá dlite don Chiste, agus ní cuid de na cuntais iniúchta iad.
- Ní leagtar amach sna ráitis airgeadais na beartais nó na prionsabail chuntasaíochta lena rialaítear a n-ullmhú agus ní áirítear ráiteas faoi rialú inmheánach iontu.

1 Alt 2(5) den Acht Árachais (Leasú), 2018.

## Conclúidí agus moltaí

**14.27** Is substaintiúil a bhíonn na fáltais bhliantúla isteach sa Chiste Cúitimh Árachais. In 2020, b'ionann na fáltais agus os cionn €100 milliún. Tá barrachais thar na costais a thabhaíonn an ciste gach bliain ar fáil chun rannchuidiú le dliteanas an chiste i leith Phríomh-Chiste an Státchiste a laghdú. Tá dul chun cinn seasta déanta maidir leis an dliteanas a laghdú óna bhuaic de bheagnach €1 billiún in 2013.

**14.28** Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán agus bainistíocht an chiste in 2018. Tá freagracht reachtúil ar na Coimisinéirí Ioncaim fáltais an tobhaigh a bhailiú ar na préimheanna a íocann tomhaltóirí árachais neamhshaoil in Éirinn.

### *Rialuithe ar bhailiú ioncaim tobhaigh*

**14.29** Meaitseálann na Coimisinéirí Ioncaim na híocaíochtaí a fhaightear le tuairisceáin a chuirtear isteach ó árachóirí agus, ina dhiaidh sin, íocann siad na fáltais leis an mBanc Ceannais.

**14.30** Is próiseas fada láimhe é fáltais a mheaitseáil agus bíonn moilleanna ann maidir le fáltais a aithint agus a íoc leis an mBanc Ceannais. In 2019, aithníodh earráid mí-aicmithe. Mar thoradh air sin, íocadh thart ar €33 mhilliún d'fháltais tobhaigh a bhain leis an tréimhse 2016 go 2018 leis an mBanc Ceannais go déanach. Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí iarmhéid €2.2 milliún d'fháltais charntha thar an tréimhse 2017 go 2020 i gcuntas bainc de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Baineann cuid den airgead sin nach bhfuil cinnte fós le fáltais an tobhaigh.

**14.31** Tá córas i bhfeidhm cheana féin ag na Coimisinéirí Ioncaim do chuideachtaí AE agus neamh-AE a sholáthraíonn seirbhísí do chónaitheoirí Éireannacha trína n-ardán 'mion-ionaid ilfhreastail' CBL (CBL MOSS). Leis an ardán ar líne sin, cumasaítear do chuideachta tuairisceáin a chur isteach agus CBL a íoc ag an am céanna. D'fhéadfadh cur chuige den chineál céanna a bheith úsáideach maidir le fáltais tobhaigh ciste.

#### Moladh 14.1

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim machnamh a dhéanamh ar a gcóras chun an tobhach ciste a bhailiú agus a leithdháileadh a nuachóiriú, mar shampla foirm um thuairisceán tobhaigh ar líne a thabhairt isteach laistigh d'ardán íocaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, rud lena gcumasófaí an íocaíocht a a dhéanamh taobh leis an ollphréimh a íocadh sa ráithe a chur isteach.

#### Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá tionscadal ar bun cheana féin chun an córas bailiúcháin agus leithdháilte a nuachóiriú agus tá sé le bheith beo i mí Feabhra 2022. Cumasófar leis an gcóras nua sin do cháiníocóirí na tobhaigh dleachta stampa agus ranníocaíochtaí an Chiste Cúitimh Árachais (ICF) a íoc agus a chomhdú trí ROS. Cuirfidh sé sin deireadh leis an bpróiseas meaitseála agus réitigh reatha agus éascóidh sé aistriú tráthúil fáltas an tobhaigh chuig an mBanc Ceannais.

1 *Comhlíonadh cánach ioncaim a bhainistiú trí fhéinmeasúnú*, CAI, 2014.

### *Rialuithe ar mheasúnú ioncaim tobhaigh*

**14.32** Déanann árachóirí fáltais an tobhaigh ciste a ríomh agus a íoc ar bhonn féinmheasúnaithe. Teastaíonn córas rathúil féinmheasúnaithe[1]

- forfheidhmiú éifeachtach bailiúcháin - tá sé ríthábhachtach cáiníocóirí a mhainníonn tuairisceáin chánach a chomhdú agus/nó an cháin atá dlite a íoc a bhrath go pras chun comhlíonadh cánach a fheabhsú
- iniúchadh roghnach rioscabhunaithe - spleáchas ar chlár láidir iniúchta atá dírithe ar cháiníocóirí ardriosca, áit a ndéantar céatadán réasúnta a athbhreithniú gach bliain trí úsáid a bhaint as teicnící iniúchta éagsúla.

#### *Na Coimisinéirí Ioncaim*

**14.33** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ardleibhéil trí fháltais an chiste a chur i gcomparáid le fáltais dleachta stampa agus tugann siad fógra faoi neamhréireachtaí féideartha don Bhanc Ceannais. Ní raibh an próiseas fógartha tráthúil agus tharla moilleanna suas le bliain amháin. In 2017, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi thionscadal comhlíonta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tobhach dleachta stampa 3% agus an tobhach ciste comhthreomhar 2% arna fhorchur ag árachóirí. D'aithin an tionscadal ganníocaíochtaí de bheagnach €160,000 a bhain le trí eintiteas. Níor seoladh tionscadal den chineál céanna ó shin i leith.

**14.34** In 2017, rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar chláir an Bhainc Ceannais agus iad á gcur i gcomparáid le tobhaigh a fuair eintitis árachais neamhshaoil. Bhí sé beartaithe athbhreithniú den chineál céanna a dhéanamh in 2021 ach níl tús curtha leis fós.

#### *An Banc Ceannais*

**14.35** Déanann an Banc Ceannais athbhreithniú freisin ar réasúntacht luach na dtobhach a íocann na Coimisinéirí Ioncaim do na hárachóirí móra i gcoibhneas le faisnéis a fhaigheann sé go díreach ó árachóirí baile agus ó EIOPA (a bhíonn ar fáil naoi mí tar éis gach deireadh bliana). Tá an réiteach casta agus, tríd is tríd, bíonn gá le himscrúdú ar líon mór neamhréireachtaí dealraitheacha. Níl na tacair sonraí a úsáidtear deartha chun na críche sin, rud a fhágann go dtagann aimhrialtachtaí dosheachanta chun cinn. Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar fháltais 2018 19 mí tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe airgeadais. Ar an iomlán, ní éascaítear leis an bpróiseas atá i bhfeidhm tobhaigh neamhiomlána/neamhíocaíocht tobhach atá dlite ó árachóirí a bhrath.

**14.36** Ní raibh na hathbhreithnithe agus na seiceálacha a rinne an dá eintiteas suas go 2019 sách láidir chun fáltais tobhaigh a d'íoc cuideachtaí árachais ach nár aistríodh chuig an gciste a bhrath. Dúirt an Banc Ceannais, áfach, gur thug sé rialú nua isteach in 2020 chun aghaidh a thabhairt ar an laige sin.

**Moladh 14.2 (an dá eintiteas)**

> Ba cheart don Bhanc Ceannais agus do na Coimisinéirí Ioncaim araon iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cur chuige comhoibritheach a ghlacadh chun athbhreithnithe rioscabhunaithe a thabhairt isteach mar bhonn agus taca leis an gcur chuige féinmheasúnaithe a ghlactar le haghaidh an tobhaigh ciste agus chun dearbhú tráthúil a sholáthar maidir le cruinneas agus iomláine na n-íocaíochtaí tobhaigh ó árachóirí ábhartha.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Bhí cruinnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an mBanc Ceannais cheana féin chun plé a dhéanamh ar chur chuige comhoibritheach a chur i bhfeidhm. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim tuilleadh plé leis an mBanc Ceannais d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú agus róil faoi seach na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Bhainc Ceannais a shoiléiriú.

**Freagairt an Ghobharnóra (an Banc Ceannais)**

Comhaontaítear.

Leanfaidh an Banc Ceannais le dul i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim chun plé a dhéanamh ar chur chuige comhoibritheach a chur i bhfeidhm. Tá an Banc Ceannais sásta tuilleadh plé a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim d'fhonn comhlíonadh a uasmhéadú agus róil faoi seach na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Bhainc Ceannais a shoiléiriú.

**14.37** Níl comhaontú foirmiúil ann ina leagtar amach an chaoi ar cheart an tobhach a mheasúnú agus a bhailiú. Is doiciméad úsáideach é meabhrán tuisceana chun soiléire ról agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta agus struchtúr rialachais éifeachtach a chinntiú. D'áireofaí i gcomhaontú den sórt sin leithdháileadh soiléir freagrachta as seiceálacha agus rialuithe tráthúla ar mhéideanna a fhaightear, leithdháileadh fáltas agus íoc tráthúil leis an mBanc Ceannais.

**Moladh 14.3 (an dá eintiteas)**

Ba cheart don Bhanc Ceannais agus do na Coimisinéirí Ioncaim meabhrán tuisceana a chur i bhfeidhm a bhaineann go sonrach leis an gciste chun soiléire ról agus freagrachtaí a chinntiú chun rialuithe éifeachtacha a chinntiú ar an measúnú ar ioncam an chiste. Leagfaí amach sa mheabhrán tuisceana prótacail maidir leis an socrú riaracháin maidir le fáltais a bhailiú agus a aisíoc, réitigh a eisiúint, malartú sonraí agus socruithe idirchaidrimh.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Chuirfeadh na Coimisinéirí Ioncaim fáilte roimh mheabhrán tuisceana a chur i bhfeidhm de réir mar a mholtar agus cuirfidh siad tús le díospóireachtaí leis an mBanc Ceannais láithreach d'fhonn meabhrán tuisceana a chur i bhfeidhm in 2022.

**Freagairt an Ghobharnóra (an Banc Ceannais)**

Comhaontaítear.

Déanfaidh an Banc Ceannais plé ar ábhar an mheabhráin tuisceana a chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim, ag tabhairt mionsonraí ar róil gach páirtí agus ag comhaontú amlínte nuair is infheidhme.

### *Tuairisciú airgeadais ar an gCiste*

**14.38** Ullmhaítear cuntais an Chiste ar bhonn airgid thirim a sholáthraíonn tuairisc ar an méid a fuarthas sa bhliain seachas ar an méid atá le fáil, mar a cheanglaítear ar bhonn fabhruithe. Ní chuireann cuntais airgeadbhunaithe ráiteas faoin staid airgeadais i láthair. Ina theannta sin, níl ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta ná ráiteas faoi rialú inmheánach i gcuntas an chiste.

**14.39** Ní sholáthraíonn formáid airgid thirim na gcuntas airgeadais don chiste an cineál faisnéise a bhfuiltear ag súil leis chun an ciste a bhainistiú i gceart agus cuntas cuí a thabhairt air. Tá scóip ann cáilíocht na faisnéise d'úsáideoirí an chuntais a fheabhsú. Soláthraítear leis an gcuid is mó den reachtaíocht maidir le cuntas a thabhairt ar airgead poiblí ról do cheadú aireachta ar fhormáid na gcuntas, ach níl aon ról ag an Aire Airgeadais formáid chuntais an chiste a fhorordú nó a cheadú.

#### Moladh 14.4

Ba cheart don Bhanc Ceannais athbhreithniú a dhéanamh ar fhormáid na ráiteas airgeadais. San athbhreithniú sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí na cuntais a fheabhsú chun léargas níos iomláine a thabhairt ar staid airgeadais an chiste.

**Freagairt an Ghobharnóra (an Banc Ceannais)**

Comhaontaítear.

Bhreithnigh an Banc Ceannais roimhe seo formáid na Tuarascála ar Riarachán agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais (cuntais). Mar sin féin, i bhfianaise na saincheiste a sainaithníodh i ndáil le tearcthaisceadh don chiste, mheas an Banc Ceannais go mbeadh sé ciallmhar leanúint ar aghaidh ag ullmhú na gcuntas ar bhonn fáltas airgid thirim mar measadh go raibh sé sin ar an modh is iontaofa chun faisnéis a sholáthar d'úsáideoirí an chiste. Déanfaidh an Banc Ceannais athbhreithniú ar fhormáid na gcuntas le haghaidh 2021 agus breithneoidh sé conas a d'fhéadfaí na cuntais a fheabhsú chun léargas níos iomláine a thabhairt ar staid airgeadais an chiste. Tá ráiteas faoi rialú inmheánach curtha san áireamh i gcuntais 2020.

# Nithe eile

# 15 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**15.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) cuntais a choimeád den airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ar an iniúchadh a chríochnú, caithfidh NTMA na cuntais agus na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara a chur isteach chuig an Aire, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**15.2** Ar leithligh, ceanglaítear le halt 12 d’Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna arna gcur i gcuntas ag NTMA gach bliain. Is í seo an tuarascáil le haghaidh 2020 faoin alt sin d’Acht 1990.

## Cuntais NTMA 2020

**15.3** Seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d’Acht 1990

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin NTMA
- Ciste Bhanc Taisce an Phoist
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- An Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn (ISIF)
- Ciste eascró Apple na hÉireann[1]
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**15.4** Ar leithligh, ullmhaíonn NTMA ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoi Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001) agus an Chiste Carbóin (faoi Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn NTMA iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**15.5** Tá iniúchadh déanta ar na cuntais le haghaidh 2020. Eisíodh mo thuarascáil ar na hiniúchtaí ar an 11 Bealtaine 2021.

1 Féach Caibidil 16 *Ciste eascró Apple na hÉireann*, áit a bhfuil mionsonraí maidir le bunú an chiste, agus cuntas a dhéanamh ar an gciste.

## Struchtúr, costais agus foireann na gníomhaireachta


**15.6** Bunaíodh NTMA ar dtús sa bhliain 1990. Tá sé forbartha idir an dá linn agus is eagraíocht chasta atá ann anois ag a bhfuil feidhmeanna éagsúla a théann níos faide ná a ról bunaidh agus príomhról i ndáil le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 15.1). Tá achoimre le fáil i bhFíor 15.2 ar dháileadh chostais NTMA i ndáil leis na feidhmeanna ar fad.

**15.7** Ag deireadh 2020, bhí 787 mball foirne ar fad ag obair in NTMA ar bhonn coibhéise lánaimseartha. Tá léargas le fáil ar shannadh ball foirne chuig feidhmeanna agus gníomhaíochtaí éagsúla i bhFíor 15.3.

**15.8** Seo a leanas na daoine atá páirteach i bhfoireann ardbhainistíochta NTMA - an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Dlí, Stiúrthóir ISIF, Stiúrthóir na Bainistíochta Maoinithe agus Fiachais, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus *NewERA*, agus an Ceannasaí Baincéireachta.[1]

1 Tá an Ceannasaí Baincéireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais.

**Fíor 15.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh ghníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/eintitis seo.

b I gcás maoiniú Stáit, bainistiú fiachais agus seirbhís bainistithe státchiste, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus an fhiachais náisiúnta.

c Ghlac an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ISIF) seilbh ar shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) in 2014. Leanfar le ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh NPRF go dtí go mbeidh gach sócmhainn fágtha aistrithe go dleathach chuig ISIF. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí sócmhainní eachtracha dar luach €18,000 (2019: €51,000) ag NPRF.

d Rith Dáil Éireann rún an 13 Deireadh Fómhair 2020 lena gceadaítear íocaíocht airgid amach as Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) chun go bhféadfar caiteachas poiblí a úsáid chun tionchar phaindéim Covid-19 a mhaolú. An 28 Deireadh Fómhair 2020, aistríodh €1,500 milliún ón gCiste chuig Príomh-Chiste an Státchiste.

### Fíor 15.2 Costas oibríochtaí, de réir an réimse gnó, 2017 go 2020

| Aonaid ghnó NTMA | 2017<br>€m | 2018<br>€m | 2019<br>€m | 2020<br>€m |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 12.5 | 12.3 | 12.3 | 12.6 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 12.5 | 14.5 | 15.2 | 16.0 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 20.8 | 25.0 | 28.5 | 28.1 |
| *NewERA* | 5.4 | 6.1 | 6.0 | 5.8 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg um Chomhairle Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 4.3 | 3.8 | 3.9 | 1.8 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 10.1 | 11.3 | 12.6 | 11.3 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 38.1 | 40.8 | 40.7 | 33.9 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 5.2 | 5.9 | 5.9 | 6.2 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann[a] | — | — | 5.3 | 5.0 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **108.9** | **119.7** | **130.4** | **120.7** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níor tháinig aon chostais i ndáil le HBFI chun cinn roimh 2019.

### Fíor 15.3 Dáileadh foirne NTMA ag deireadh na bliana, 2017 go 2020[a]

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó NTMA** | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 24 | 24 | 23 | 23 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí na d'Éirinn | 44 | 42 | 47 | 53 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 138 | 148 | 156 | 166 |
| *NewERA* | 21 | 26 | 25 | 26 |
| Aonad Baincéireachta (An Rannóg um Chomhairle Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 11 | 11 | 11 | 9 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 67 | 63 | 64 | 67 |
| **Feidhmeanna corparáideacha NTMA** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 138 | 138 | 133 | 145 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach | 41 | 46 | 43 | 48 |
| Riosca | 20 | 21 | 20 | 20 |
| Eile | 4 | 9 | 3 | 1 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 264 | 236 | 210 | 174 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 18 | 17 | 23 | 28 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | — | 5 | 21 | 27 |
| **Iomlán** | **790** | **786** | **779** | **787** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá figiúirí 2018 - 2020 bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha. Tá figiúirí 2017 bunaithe ar líon na ndaoine.

### *Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht*

**15.9** I dteannta a oibríochtaí féin, sannann NTMA baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFI), agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar bhonn aisghabháil costas. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.

### *Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta*

**15.10** Tá Aonad Baincéireachta NTMA ar iasacht leis an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith, áit a bhfuil sé mar chuid den Rannóg um Chomhairle Scairsheilbhe agus Maoinithe sa Roinn. Ar ordú ón Aire, tá NTMA freagrach as déileáil le costais an Aonaid Baincéireachta, a gcuimsítear iontu costais foirne agus costais chomhairleora ghairmiúil áirithe eile. Bhí na costais ar thabhaigh NTMA iad in 2020 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta cothrom le €1.8 milliún (2019: €3.9 milliún). Níor tabhaíodh aon chostais chomhairleora ghairmiúil in 2020 (2019: €1.3 milliún).

## Príomhoibríochtaí NTMA in 2020

**15.11** In 2020, baineann na príomhfhorbairtí in oibríochtaí NTMA

- le méadú €12.75 billiún (6.2%) i leibhéal an ollfhiachas náisiúnta
- le laghdú €2.3 billiún i luach measta ghlansócmhainní an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
- le leanúint den treocht aníos i ndliteanas measta na n-éileamh atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- le hídiú glansócmhainní Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (Ciste éigeandála an Státchiste).

### *Iasachtú Státchiste in 2020*

**15.12** Is é príomhfheidhm NTMA iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Is é sin fiachas an Státchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire.[1]

**15.13** Ag an 31 Nollaig 2020, bhí ollfhiachas náisiúnta na hÉireann cothrom le €219,482 milliún (2019: €206,730 milliún). Bhain an méadú €12,752 milliún (nó beagnach 6.2%) in 2020 le ceanglais bhreise maoinithe an Stáit, mar thoradh ar an meath san airgeadas poiblí a bhain leis an bhfreagairt do phaindéim Covid-19.

**15.14** Bhí costais seirbhísithe fiachais a íocadh in 2020 cothrom le €4,676 milliún agus áiríodh leo glanús íoctha, táillí idirbhirt agus costais oibriúcháin. B'ionann é sin agus laghdú €5,220 milliún in 2019, agus fianaise ar threocht anuas atá ag tarlú ó 2014 i leith. Baineann sé sin go príomha le hathmhaoiniú leanúnach NTMA ar ollfhiachas náisiúnta na hÉireann i gcomhthéacs timpeallacht idirnáisiúnta ina bhfuil ráta íseal úis.


**15.15** Bhí sé beartaithe ag NTMA ar dtús idir €10 billiún agus €14 billiún a charnadh i maoiniú bannaí le linn 2020, ar aon dul lena chuspóirí athmhaoinithe fiachais. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, áfach, méadaíodh an spriocraon le haghaidh iasachtaithe sa bhliain go dtí idir €20 billiún agus €24 billiún. I gcaitheamh na bliana, chuir NTMA eisiúint bannaí tagarmhairc dar luach €24 billiún i gcrích. Eisíodh €0.6 billiún breise i gceantanna bannaí neamhiomaíocha, rud a d'fhág go raibh an eisiúint iomlán bannaí sa bhliain cothrom le €24.6 billiún.

**15.16** Reáchtáil NTMA sé cheant bannaí le linn 2020, agus eisíodh bannaí dar luach €8.6 billiún. Ina theannta sin, thug NTMA faoi thrí shindeacáit bannaí le linn na bliana, agus eisíodh €4 billiún de bhannaí nua 15 bliana, €6 billiún de bhannaí nua 7 mbliana agus €6 billiún de bhannaí nua 10 mbliana. Bhí na rátaí cúpóin a bhain leis na trí bhanna nua a eisíodh trí shindeacáitiú sa raon idir 0.2% agus 0.4%.[2]

1 Féach alt 1 d'Acht 1990.

2 Is é atá i gceist le sindeacáitiú bannaí sindeacáit príomhdhéileálaithe a bhunú ó líonra príomhdhéileálaithe. Díoltar bannaí a dhíoltar le sindeacáit infheisteoirí deiridh a d'fhéadfadh a roghnú seilbh a choinneáil ar bhannaí go dtí go dtéann siad in aibíocht nó iad a thrádáil iad féin.

**Fíor 15.4 Ollfhiachas náisiúnta agus costais seirbhísithe fiachais, 2007 go 2020**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**15.17** Bhí dhá fhuascailt bannaí ann in 2020. I mí Aibreáin 2020, rinneadh bannaí ag a raibh cúpón 4.5% agus a eisíodh ar dtús i mí Eanáir 2004 a fhuascailt ar luach €10.6 billiún. I mí Dheireadh Fómhair 2020, rinneadh bannaí ag a raibh cúpón 5% agus a eisíodh ar dtús i mí Eanáir 2010 a fhuascailt ar luach €6.5 billiún.

**15.18** Chruinnigh NTMA €1.4 billiún eile in 2020 trí láithriúcháin phríobháideacha a eisíodh faoin gClár Nóta Meántéarmach Euro de chuid NTMA. Bhí seacht láithriúchán ann ag a raibh aibíochtaí idir 58 mbliana agus 100 bliain agus ag a raibh rátaí cúpóin idir 0.7% agus 1.2%. D'fhág sé sin go raibh an láithriúchán fadtéarmach iomlán cothrom le €26 billiún in 2020; arbh ionann é agus an tsuim is mó in aon bhliain amháin ó bhí 2009 ann.

### *An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn*

**15.19** Bunaíodh an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ISIF) i mí na Nollag 2014, de bhun Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014.[1]


**15.20** Tá sócmhainní ISIF á gcoimeád in dhá phunann.

- Tá an ***phunann infheistíochta spriocdhírithe*** faoi réir orduithe arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.[2] Tá na sócmhainní sa phunann comhdhéanta d'infheistíochtaí i roinnt banc. D'ordaigh an tAire go ndéanfaí aon ús nó ioncam eile a fhaightear i ndáil le taiscí agus/nó urrúis atá i seilbh na punainne spriocdhírithe a aistriú chuig an bpunann lánroghnach infheistíochta atá i seilbh NTMA nó arna n-infheistiú aige.
- Tá an ***phunann lánroghnach infheistíochta*** comhdhéanta d'infheistíochtaí a rinneadh de réir ailt ábhartha Acht 2014, i gcás go sealbhaíonn nó go n-infheistíonn NTMA sócmhainní ISIF (seachas infheistíochtaí spriocdhírithe) ar bhonn tráchtála.

**15.21** Ag an 31 Nollaig 2020, bhí glansócmhainní dar luach €12.7 billiún i seilbh ISIF (2019: €15.0 billiún). Is é a bhí sna glansócmhainní €3.9 billiún sa phunann spriocdhírithe, ar laghdú é ó €6.9 billiún ag deireadh 2019; agus €8.8 billiún sa phunann lánroghnach, ar méadú é ó €8.1 billiún ag deireadh 2019 (féach Fíor 15.5).

**15.22** Baineann an laghdú €3 billiún i luach na punainne spriocdhírithe den chuid is mó le laghdú ar mhargadhluach scaireanna Bhanc-Aontas Éireann (AIB) agus Bhanc na hÉireann (BOI). Ag deireadh 2020, bhí luach €1.678 in aghaidh na scaire (2019: €3.104 in aghaidh na scaire) luaite le scaireanna in AIB agus bhí luach €3.296 in aghaidh na scaire (2019: €4.882 in aghaidh na scaire) luaite le scaireanna BOI.

**Fíor 15.5 Luach glansócmhainní ISIF, 2014 go 2020**




Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2014 - 2020. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Tráth a bhunaithe, d'éirigh sócmhainní agus dliteanais Chiste Barrachais an Chúlchiste Náisiúnta (NPRF) ina sócmhainní agus dliteanais de chuid ISIF, seachas suim bheag iarmharach (atá laghdaithe go dtí thart ar €18,000 anois) de shócmhainní agus dliteanais eachtracha atá fós á mbeachtú.

2 Foráiltear le alt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire ordú a thabhairt do NTMA i ndáil le hinfheistíocht threoraithe a shealbhú agus a bhainistiú, le haon chearta vótála a bhaineann le hinfheistíocht threoraithe a fheidhmiú, agus le h infheistíocht spriocdhírithe a dhiúscairt.

### *Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime*

**15.23** I mí na Bealtaine 2020, thug an tAire Airgeadais ordú do ISIF ciste €2 billiún a chur ar fáil, rud ar ar tugadh Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime (PSRF). Is é atá mar aidhm le PSRF tacaíocht a thabhairt (ar bhonn tráchtála) le fiontair mheánmhéide agus mhóra in Éirinn a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu, agus béim a leagan ar fhiontair ag a bhfuil breis is 250 fostaí fostaithe nó ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil sa bhreis ar €50 milliún. Tarlaíonn gníomhaíocht infheistíochta PSRF laistigh de phunann lánroghnach ISIF.

**15.24** In 2020, thacaigh punann PSRF le ceithre ghnó a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu. Áiríodh leis sin infheistíochtaí in Aer Lingus (€150 milliún), in Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (€40 milliún), in *Staycity* (€30 milliún) agus in Finance Ireland (€17 milliún).

### *Saoráid iasachta a cuireadh ar fáil do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann*

**15.25** Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) i mí Mheán Fómhair 2014 de bhun an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014. Is é an ról atá ag SBCI tacú le breis creidmheasa a chur ar fáil d’fhiontair agus do dhaoine eile sa Stát, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí chistí a fhoinsiú ó iasachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta (agus/nó ó infheisteoirí).[1]

**15.26** In 2015, ar ordú a fhail ón Aire Airgeadais, sholáthair ISIF saoráid iasachta arbh fhiú suas le €240 milliún do SBCI. In 2016, tharraing SBCI €25 mhilliún den tsaoráid sin anuas. In 2017, tiontaíodh iasacht €25 mhilliún ina scaireanna (ag €1 in aghaidh na scaire) in SBCI, a eisíodh chuig an Aire de réir Acht 2014.[2]

**15.27** I mí Dheireadh Fómhair 2020, shuibscríobh an tAire le haghaidh 50 milliún scair bhreise dar luach €1 in aghaidh na scaire in SBCI. Íocadh as an suibscríobh trí thiontú láithreach iasacht €50 milliún ar réamhíoc ISIF í ón bpunann spriocdhírithe chuig SBCI.[3] Tá na scaireanna ar fad atá eisithe ag SBCI i seilbh dhíreach an Aire Airgeadais.

**15.28** Ag an 31 Nollaig 2020, tá iarmhéid an cheangaltais atá ar fáil faoi shaoráid iasachta ISIF-SBCI cothrom le €165 mhilliún (2019: €215 mhilliún).

1 Tá FBManna á sainmhíniú de réir Airteagal 2 de Mholadh (CE) 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

2 Soláthraíodh €10 milliún i gcaipiteal (scaireanna dar luach €1 in aghaidh na scaire) do SBCI ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2014.

3 De bhun alt 11(7)(a) den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014.

### An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**15.29** Bainistíonn NTMA éilimh chúitimh a bhaineann le díobháil phearsanta, damáiste do réadmhaoin agus faillí chliniciúil thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis tharmligthe áirithe Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair d'údaráis Stáit chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh costais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir éileamh. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar 'an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA)' ar NTMA.

*Síneadh a chur le scóip na n-éileamh (mar thoradh ar an bhfreagairt do phaindéim Covid-19)*


**15.30** Le linn 2020, tarmligeadh do SCA bainistíocht éileamh i gcoinne saoráidí príobháideacha cúram sláinte agus cliniceoirí príobháideacha cúram sláinte a sholáthraíonn saoráidí agus acmhainní breise seirbhísí gairmiúla leighis don chóras sláinte poiblí i ndáil le bainistiú chásanna Covid-19 agus soláthar géarchúraim ospidéil ginearálta i rith na paindéime. Tarmligeadh bainistíocht éileamh i gcoinne cuideachta earnála príobháidí a bhí ag cabhrú le clár tástála Covid-19 do SCA freisin in 2020.

*Socrú éileamh in 2020*

**15.31** In 2020, bhí dámhachtainí agus costais ghaolmhara éilimh a bhain le SCA cothrom le €430 milliún san iomlán (2019: €431.4 milliún).[1] Tá na costais sin in-fhorchúitithe ó na húdaráis ábhartha Stáit atá ag baint tairbhe as seirbhísí SCA. Ina theannta sin, thabhaigh NTMA €28.1 milliún (2019: €28.5 milliún) i gcostais riaracháin a bhain le cur i gcrích fheidhmeanna SCA. Tá na costais riaracháin sin curtha ar áireamh i gcostais riaracháin NTMA, a mhuirearaítear ar an bPríomh-Chiste.

**15.32** Tá an costas measta a bhaineann le réiteach éileamh gan íoc ag méadú go seasta.[2] Mheas SCA go raibh an dliteanas measta gan íoc ag deireadh 2020 cothrom le €4.03 billiún — níos mó ná 3.5 oiread an dliteanais mheasta gan íoc a bhí ann ag deireadh 2012 (féach Fíor 15.6).

**Fíor 15.6 Dliteanas measta gan íoc, idir deireadh 2012 agus 2020**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 Cuimsítear ann gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dlíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.

2 As an dliteanas measta gan íoc ag deireadh nab liana, arbh ionann é agus €4.03 billiún, baineann €518.7 milliún le horduithe íocaíochta eatramhacha agus 'orduithe íocaíochta tréimhsiúla'.

**15.33** Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-éileamh faoi bhainistíocht ó 2012 i leith. Ag deireadh 2020, bhí 12,175 éileamh faoi bhainistíocht, lena n-áirítear 2,877 n-éileamh mar chuid de mhaisghníomhartha (ginearálta agus cliniciúil). In 2020, socraíodh 3,221 éileamh, ar méadú 22.9% é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (féach Fíor 15.7).


**Fíor 15.7 Éilimh a fuarthas agus a socraíodh gach bliain, agus éilimh faoi bhainistíocht, ag deireadh na bliana ó 2012 go 2020.**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**15.34** Ba le comhlachtaí san earnáil sláinte (lena n-áirítear FSS, Tusla agus an Roinn Sláinte) a bhain 92% den dliteanas measta gan íoc ag deireadh 2020. Ba le dhá earnáil eile (Dlí agus Ceart agus Cosaint, agus Oideachas) a bhain 6% eile (féach Fíor 15.8).

**Fíor 15.8 Céatadán an dliteanais mheasta gan íoc le haghaidh gach earnála údaráis Stáit, ag deireadh 2020**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Cuimsítear san earnáil sláinte FSS, an Roinn Sláinte agus comhlachtaí faoina coimirce, agus Tusla.

b Cuimsítear san earnáil Dlí agus Cirt agus Cosanta Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus comhlachtaí áirithe eile.

### *Dlíthíocht ailse cheirbheacs*

**15.35** Ag deireadh 2020, fuair SCA fógra SCA maidir le 234 éileamh i gcoinne chlár *CervicalCheck* FSS (deireadh-2019: 134 éileamh).[1] Cuimsítear ansin 44 éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh leis na mná i gceist. Tugadh 12 éileamh chun críche in 2020, rud a chiallaigh go raibh líon iomlán na n-éileamh a tugadh chun críche ag deireadh 2020 cothrom le 22 éileamh. As measc an 22 éileamh sin, socraíodh 19 n-éileamh agus b'ábhar breithiúnais cúirte é éileamh amháin. Níor leanadh ar aghaidh leis an dá éileamh eile. Tairgeadh seirbhísí idirghabhála i ndáil le 17 de na héilimh sin agus baineadh tairbhe as seirbhísí idirghabhála in 12 chás.

1 Tá Binse *CervicalCheck* i mbun feidhme ó mhí na Nollag 2020 i leith mar chóras malartach ar na cúirteanna chun éilimh a thagann chun cinn a phróiseáil.

### *Ídiú Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla)*

**15.36** Bunaíodh Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (NSRF) — ar a dtugtar an ‘ciste éigeandála’ freisin — i mí Dheireadh Fómhair 2019 nuair a cuireadh tús feidhme leis an Acht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla), 2019 (Acht NSRF). Tá sé mar aidhm leis an gciste cabhrú le tionchar tuairte geilleagraí suntasaí a mhaolú, seachas an méid a ghlactar leis mar ghnáthluaineacht timthrialla gheilleagraigh.

**15.37** Tá an ciste á rialú agus á bhainistiú ag an Aire Airgeadais. Tráth thosach feidhme Acht NSRF, tharmlig an tAire na feidhmeanna faoi alt 8 d’Acht NSRF chuig NTMA.[1] Ina theannta sin, thug an tAire ordú do NTMA

- plean infheistíochta bliantúil a ullmhú agus cóip den phlean a chur faoi bhráid an Aire roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair gach bliain (nó a luaithe is féidir le réasún ina dhiaidh sin)
- na cuntais go léir is cuí agus is gnách a ullmhú agus a choimeád i ndáil leis an gciste lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire mar chuid de thuarascáil bhliantúil NTMA.

**15.38** An 7 Samhain 2019, thug an tAire ordú do NTMA sócmhainní dar luach €1.5 billiún a aistriú ó ISIF chuig an gciste éigeandála.

**15.39** An 20 Deireadh Fómhair 2020, chúlghair an tAire Airgeadais roinnt d’orduithe an 7 Samhain 2019 agus thug sé ordú do NTMA, inter alia, sócmhainní an chiste éigeandála a aistriú ina n-airgead tirim agus an t-iarmhéid a aistriú chuig an Státchiste. Chomh maith leis sin, thug an tAire ordú do NTMA cuntas a choimeád don chiste éigeandála. An 28 Deireadh Fómhair 2020, aistríodh €1.5 billiún ón gciste chuig Príomh-Chiste an Státchiste. Dá bharr sin, bhí iarmhéid nialais i gcuntas an chiste ag deireadh 2020.

**15.40** D’ainneoin ídiú shócmhainní an chiste, beidh an ciste éigeandála fós ann, agus beidh sé ar fáil chun aon sócmhainní a d’fhéadfaí a aistriú isteach ann amach anseo a choimeád. Leanfaidh NTMA le tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile don chiste.

1 I.R. Uimh. 535/2019 — Ordú fán Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000 (Tarmligean Feidhmeanna Infheistíochta), 2019.

# 16 Ciste eascró Apple na hÉireann

**16.1** Is ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a choinnítear faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations Europe Limited (dá ngairtear Apple i gcomhpháirt), ar feitheamh thoradh deiridh na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh na gcinntí ó imscrúdú Státchabhrach a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún). Déanann an tAire agus Apple formhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste i gcomhpháirt. Tharmlig an tAire feidhmeanna ina leith sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

## Bunús an chiste eascró

**16.2** I mí an Mheithimh 2014, d'oscail an Coimisiún Eorpach nós imeachta foirmiúil imscrúdaithe ar na tuairimí cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim sna blianta 1991 agus 2007 chuig Apple. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a aimsiú ar thug na tuairimí sin aon bhuntáiste d'fhochuideachtaí Apple Ireland i gcoibhneas le hiomaitheoirí, sa chaoi is go mbeadh siad ina Státchabhair.

**16.3** I mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún cinneadh ('an cinneadh ón gCoimisiún') inar thángthas ar an gconclúid gur thug Éire Státchabhair mhídhleathach do Apple.[1]

**16.4** D'ordaigh an Coimisiún d'Éirinn an Státchabhair líomhnaithe móide ús a aisghabháil, rud a bhain le tréimhse deich mbliana ó 2003 suas go 2014.[2] Mheas an Coimisiún go raibh an Státchabhair a líomhnaítear gur deonaíodh í cothrom le thart ar €13 billiún. Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple achomharc ar leithligh i gcoinne an chinnidh ón gCoimisiún.

**16.5** D'ainneoin achomharc na hÉireann i gcoinne an chinnidh ón gCoimisiún, chomhlíon Rialtas na hÉireann an oibleagáid a bhí air an Státchabhair líomhnaithe móide ús a aisghabháil ó Apple. D'aontaigh an tAire le Apple go gcoinneofaí na suimeanna a bhaileofaí i gciste eascró go dtí go mbeadh an próiseas dlí críochnaithe.

**16.6** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim an Státchabhair líomhnaithe a bhí le bailiú trí thagairt a dhéanamh don chinneadh ón gCoimisiún. B'ionann an tsuim agus €13.1 billiún móide ús de €1.2 billiún. D'aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró in 2018.[3]

**16.7** I mí Iúil 2020, d'eisigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an breithiúnas uaithi i leith an cháis achomhairc. Chuir an Chúirt an cinneadh ón gCoimisiún gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple ar neamhní.

**16.8** Thaisc an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais ón gCúirt. Mar thoradh air sin, fanfaidh an t-airgead in eascró go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Eorpach cinneadh críochnaitheach. D'fhéadfadh go dtógfadh an próiseas dlíthíochta sin roinnt blianta.

1 Cinneadh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.38373 an 30 Lúnasa 2016.

2 Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004. Is é cás Apple na hÉireann an aisghabháil Státchabhrach is mó a ordaíodh riamh.

3 Tá na figiúirí sa tuarascáil seo slánaithe.

## Formhaoirseacht agus bainistíocht ar an gciste

**16.9** Le socrú na gcistí i gcuntas eascró, ligtear do na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) a chinneadh i gcomhpháirt conas a infheistítear na cistí sin go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Eorpach breithiúnas críochnaitheach agus go gcinnfear úinéir deiridh an chiste.

**16.10** I mí Aibreáin 2018, rinne an tAire agus Apple gníomhas creata eascró. Leagtar amach sa ghníomhas sin na socruithe mionsonraithe dlí lena rialaítear bailiú cistí ó Apple, an chaoi a mbainistítear iad agus aon eisiúintí riachtanacha ón gcuntas eascró. Déantar achoimre ar na socruithe maidir le formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht ar an gciste in Iarscríbhinn 16A.

## Straitéis infheistíochta

**16.11** Tá na prionsabail agus na paraiméadair infheistíochta don chiste eascró leagtha amach sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta luach caipitil an chiste eascró a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim. Tá an fonn riosca comhaontaithe i leith an chiste eascró 'íseal', agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach in urrúis a bhfuil leibhéal íseal riosca bunúsaigh acu, amhail urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte ar urrúis ghearrthéarmacha nó mheántéarmacha iad. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú tréimhsiúil ar oiriúnacht leanúnach an bheartais infheistíochta.[1]

**16.12** Tá an ciste eascró neamhchosanta ar rioscaí éagsúla margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachann an clár bainistíochta riosca don chiste le héifeachtaí díobhálacha féideartha na rioscaí ar a fheidhmíocht airgeadais a íoslaghdú.

**16.13** Is iad na bainisteoirí infheistíochta a dhéanann bainistíocht agus monatóireacht ar rioscaí. Déanann an gníomhaire/coimeádaí eascró monatóireacht neamhspleách ar an dóigh a mbíonn na bainisteoirí infheistíochta ag comhlíonadh a sainorduithe agus tuairiscíonn siad do GBCN agus Apple ar bhonn laethúil. Tá na sainorduithe a eisítear chuig na bainisteoirí infheistíochta comhsheasmhach leis an mbeartas infheistíochta don chiste. Déanann an coiste infheistíochta breithniú ar chomhlíonadh an bheartais infheistíochta ar bhonn ráithiúil. Tionóltar cruinnithe rialta idir an coiste infheistíochta agus na bainisteoirí infheistíochta chun feidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus feidhmíocht an chiste eascró foriomlán a athbhreithniú.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**16.14** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), de réir mar a threoraíonn an tAire.[2,3] Déantar luacháil ar shócmhainní airgeadais uile an chiste eascró ar luach cóir, arb é an luach margaidh luaite é ag deireadh na trádála ar dháta dheireadh na tréimhse.

**16.15** De réir an bheartais infheistíochta, infheistítear an ciste eascró in urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte ainmnithe in euro, nó coinnítear é mar airgead tirim agus mar choibhéisí airgid thirim. Cuimsítear in urrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, cuasacheannasacha agus corparáideacha. Cuimsítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (a bhfuil aibíochtaí de thrí mhí nó níos lú acu).


**16.16** Ag an 31 Nollaig 2020, b'ionann na sócmhainní iomlána a coinníodh sa chiste eascró agus €13,986 milliún (31 Nollaig 2019: €14,025 milliún). Tá miondealú ar na sócmhainní léirithe i bhFíor 16.1.

1 Tá triúir ionadaithe ó GBCN agus triúir ionadaithe ó Apple ar an gcoiste infheistíochta. Tá ionadaí ó GBCN ina chathaoirleach ar an gcoiste.

2 Mar thoradh ar tharmligean an Aire ar na feidhmeanna infheistíochta, ceanglaítear ar GBCN ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus le tíolacadh (tar éis iniúchta) do Thithe an Oireachtais. Eascraíonn sé seo as téarmaí Alt 12 d' Acht GBCN, 1990.

3 Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de bhun Alt 28(5) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

**Fíor 16.1 Sócmhainní ciste eascró amhail an 31 Nollaig 2020**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann 2020

**16.17** Laghdaigh glansócmhainní iomlána an chiste in 2020 faoi €36 mhilliún go €13,984 milliún (2019: €14,020 milliún).[1] Léiríonn an laghdú ar luach na bliana an timpeallacht reatha rátaí úis diúltacha agus táirgeacht dhiúltach ar bhannaí ceannasacha agus cuasacheannasacha euro ardrátáilte, agus costais oibriúcháin ciste.


**16.18** Thabhaigh an ciste eascró costais oibriúcháin de €7 milliún le linn 2020 (2019: €7 milliún). I measc na gcostas oibriúcháin, tá táillí bainisteoirí infheistíochta, táillí gníomhaire/coimeádaí eascró agus táillí eile.

**16.19** Áiríodh i ráitis airgeadais an chiste do 2019 costas de €2 mhilliún i leith cáin shiarchoinneálach. Chaith an gníomhaire/coimeádaí eascró é seo ar ghnóthachain infheistíochta áirithe. Tar éis plé le GBCN agus Apple, chinn an gníomhaire/coimeádaí eascró nár cheart dó an cháin shiarchoinneálach a chur i bhfeidhm sna cásanna sin. Aisíocadh an ciste in 2020 as na suimeanna a coinníodh siar.

1 Is é an difríocht idir na sócmhainní iomlána agus na glansócmhainní iomlána ná dliteanais an chiste atá gan íoc ag deireadh na bliana.

## Iarscríbhinn 16A

**Fíor 16A.1 Formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht ar an gciste eascró**[a, b, c]




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2020. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Nótaí:**

a Is é ról Bhanc Nua-Eabhrac Mellon, Brainse Londain (BNYM) mar ghníomhaire agus coimeádaí eascró ná cuntais eascró/urrús bainc a oscailt agus a chothabháil chomh maith leis na cistí eascró a shealbhú, a chur i bhfeidhm agus a réadú de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha den chomhaontú gníomhaire/coimeádaí eascró.

b Tá na bainisteoirí infheistíochta - Amundi Asset Management, BlackRock (An Ísiltír) BV agus Goldman Sachs Asset Management International - freagrach as bainistíocht infheistíochtaí de réir sainordú bainisteora infheistíochta chun caipiteal an chiste a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise dhálaí reatha an mhargaidh.

c Tá an ciste eascró i seilbh BNYM, mar ghníomhaire agus coimeádaí eascró. Déanann an tAire agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations Europe Limited maoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste eascró trí choiste infheistíochta. Is é an tAire Airgeadais an t-úinéir tairbhiúil ar feadh ré an chiste eascró de réir an ghníomhais chreata eascró chomhaontaithe.

# 17 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**17.1** Bunaíodh Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht), chun measúnuithe neamhspleácha a sholáthar ar phleananna agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus chun plé poiblí a threorú ar ábhair eacnamaíocha agus bhuiséadacha.

## Cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**17.2** Is é Cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí an t-oifigeach atá freagrach as a ráitis airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair lena n-iniúchadh.[1] Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Bhuiséadach cuntais ar fháltais agus ar chaiteachas a choinneáil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire)[2] agus iad a chur isteach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad. Ar chríochnú an iniúchta, caithfear cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchta a thabhairt don Aire, a chaithfidh iad a leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

**17.3** Ar leithligh, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thugann an Chomhairle Bhuiséadach chun cuntais gach bliain. Is í seo an tuarascáil do 2020.

**17.4** Rinneadh iniúchadh ar chuntais na Comhairle Buiséadaí do 2020, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh an 3 Meán Fómhair 2021.

**17.5** Táim sásta go dtugtar sna cuntais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle Buiséadaí ag deireadh 2020 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain.

## Maoiniú

**17.6** Maoinítear an Chomhairle Bhuiséadach ó Phríomh-Chiste an Státchiste, faoi réir méid 'uasteorann' bhliantúil atá innéacsaithe de réir boilscithe.[3] B'ionann an uasteorainn maoinithe do 2020 agus €838,000 (2019: €829,000).[4]

**17.7** B'ionann caiteachas na Comhairle Buiséadaí agus díreach faoi bhun €787,000 in 2020 (2019: €815,000), ar bhain 56% de (2019: 53%) le costais tuarastail.[5] Bhain an ghné is mó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Buiséadaí le táille riaracháin a bhí iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) maidir le costais chóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta in 2020, arbh ionann iad agus thart ar €132,000 san iomlán (2019: €136,000).

1 Is é an tUasal Sebastian Barnes (ECFE) Cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí.

2 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

3 Foráiltear le mír 9 den sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse maoinithe agus socraítear léi an leibhéal bunlíne caiteachais don Chomhairle ar thosach feidhme (an 31 Nollaig 2012) ag €800,000.

4 Chuir an Roinn Airgeadais Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna Tomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm agus an uasteorainn d'aon bhliain á cinneadh aici.

5 Cinntear caiteachas bunaithe ar an gcoinbhinsiún cuntasaíochta fabhraithe, cé go bhfuil an uasteorainn maoinithe bunaithe ar airgead tirim.

## Athbhreithniú piaraí

**17.8** I mí an Mheithimh 2020, de réir an phlean straitéisigh 2020-2022 uaithi, choimisiúnaigh an Chomhairle Bhuiséadach an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh.[1,2] Ba é cuspóir na meastóireachta feidhmiú na Comhairle Buiséadaí a mheas maidir lena sainordú faoin Acht, maidir lena struchtúir rialachais, maidir le cé chomh héifeachtach agus a chuireann sí a cuid oibre in iúl agus maidir le tionchar a cuid oibre.

**17.9** Bhí beirt bhall de Rannóg Bainistíochta Poiblí agus Buiséadaithe Rúnaíocht ECFE sa Stiúrthóireacht um Rialachas Poiblí i gceannas ar athbhreithniú ECFE. Áiríodh leis an bhfoireann athbhreithnithe beirt saineolaithe seachtracha idirnáisiúnta (ón Danmhairg agus ón tSualainn) agus saineolaí seachtrach Éireannach amháin. Ghlac ball d'Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh páirt ann freisin.

**17.10** Rinneadh an t-athbhreithniú go fíorúil I samhradh 2020 agus eisíodh tuarascáil deiridh i mí Feabhra 2021. Is é sin an dara hathbhreithniú seachtrach neamhspleách ar an gComhairle Bhuiséadach.[3]

**17.11** Fuair an fhoireann athbhreithnithe amach go bhfeidhmíonn an Chomhairle Bhuiséadach go maith de réir caighdeáin idirnáisiúnta, agus í ag comhlíonadh na bprionsabal agus na gcaighdeán i mbeagnach gach réimse nó ag feidhmiú os a gcionn. Luadh san athbhreithniú gur chuidigh an Chomhairle Bhuiséadach le bainistíocht bhuiséadach a neartú in Éirinn trí uirlisí nua a fhorbairt chun comhlíonadh rialacha buiséadacha a mheas agus chun an timthriall eacnamaíoch a thomhas. Fuarthas amach san athbhreithniú go léiríonn an Chomhairle leibhéil arda trédhearcachta maidir lena modheolaíochtaí agus go meastar í a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta.

**17.12** Rinneadh moltaí thar sé réimse san athbhreithniú, mar atá: buiséad, ceannaireacht, ceanglais rialachais, rochtain ar fhaisnéis, soláthar foirne agus saincheisteanna buiséadacha idir an meántéarma agus an fadtéarma. Áiríodh leis na príomh-mholtaí

- Gur cheart buiséad na Comhairle Buiséadaí a chosaint i dtéarmaí réadacha, rud a bhféadfadh go mbeadh athruithe reachtaíochta ag teastáil ina leith. Luaitear sa tuarascáil go bhfuil an buiséad ceangailte le boilsciú faoi láthair chun neamhspleáchas na Comhairle Buiséadaí a chosaint, ach tá méadú níos tapa tagtha ar phá agus ar chostais eile.
- Ba cheart socruithe ceannaireachta a neartú.
- Ba cheart cearta dlíthiúla a thabhairt don Chomhairle Bhuiséadach chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi ábhair bhuiséadacha, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Ba cheart don Chomhairle Bhuiséadach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar obair lena leagfaí béim ar shaincheisteanna buiséadacha idir an meántéarma agus an fadtéarma tríd an *Tuarascáil* nua *um Inbhuanaitheacht Fhadtéarmach* uaithi a fhoilsiú ar bhonn leantach.

**17.13** Tá sé luaite ag an gComhairle Bhuiséadach go bhfuil sí ag breithniú na moltaí agus go bhfuil tús curtha aici leis na moltaí sin atá faoina smacht díreach a chur chun feidhme, agus í ag idirchaidreamh leis an Rialtas ar shaincheisteanna eile.

1 Luaigh an Chomhairle Bhuiséadach gur roghnaíodh ECFE mar athbhreithneoir ar bhonn na tuisceana atá aige ar institiúidí buiséadacha neamhspleácha, a dhintiúr acmhainní tagarmharcála agus na cáile atá air as anailís chuimsitheach neamhspleách a dhéanamh.

2 Mhaoinigh an Coimisiún Eorpach an t-athbhreithniú faoina Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach.

3 Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach roimhe sin in 2015.